Is áis doiciméadúcháin amháin an téacs seo agus níl aon éifeacht dhlíthiúil aige. Ní ghabhann institiúidí an Aontais aon dliteanas orthu féin i leith inneachar an téacs. Is iad na leaganacha de na gníomhartha a foilsíodh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh agus atá ar fáil ar an suíomh gréasáin EUR-Lex na leaganacha barántúla de na gníomhartha ábhartha, brollach an téacs san áireamh. Is féidir teacht ar na téacsanna oifigiúla sin ach na naisc atá leabaithe sa doiciméad seo a bhrú

►B ►C2 RIALACHÁN (AE) Uimh. 1308/2013 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

an 17 Nollaig 2013

lena mbunaítear comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001 agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle ◄

(IO L 347, 20.12.2013, lch. 671)

Arna leasú le:

		Iris Oifigiúil		
		Uimh	Leathanach	Dáta
►M1	Rialachán (AE) Uimh. 1310/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013	L 347	865	20.12.2013
►M2	Rialachán (AE) 2016/791 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016	L 135	1	24.5.2016
►M3	Commission Delegated Regulation (EU) 2016/1166 of 17 May 2016 (*)	L 193	17	19.7.2016
►M4	Commission Delegated Regulation (EU) 2016/1226 of 4 May 2016 (*)	L 202	5	28.7.2016
►M5	Rialachán (AE) 2017/2393 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2017	L 350	15	29.12.2017
►M6	Rialachán (AE) 2020/2220 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Nollaig 2020	L 437	1	28.12.2020

Arna cheartú le:

►C1 Ceartúchán, IO L 189, 27.6.2014, lch. 164 (1308/2013)

►C2 Ceartúchán, IO L 130, 19.5.2016, lch. 14 (1308/2013)

(*) Níor foilsíodh an gníomh seo i nGaeilge.

▼B

▼C2

RIALACHÁN (AE) Uimh. 1308/2013 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

an 17 Nollaig 2013

lena mbunaítear comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001 agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle

▼B

CUID I

FORÁLACHA TOSAIGH

Airteagal 1

Raon Feidhme

1. Bunaítear leis an Rialachán seo comheagrú na margaí i gcás táirgí talmhaíochta, lena gcuimseofar na táirgí ar fad a ►C2 liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Conarthaí cé is moite de na táirgí iascaigh agus dobharshaothraithe mar a shainmhínítear iad i ngníomhartha reachtacha an Aontais maidir le comheagrú an mhargaidh i dtáirgí iascaigh agus dobharshaothraithe. ◄

2. Déanfar táirgí talmhaíochta mar atá sainithe i mír 1 a roinnt idir na hearnálacha a leanas mar atá liostaithe in Iarscríbhinn I:

(a) gránaigh, Cuid I;

(b) rís, Cuid II;

(c) siúcra, Cuid III;

(d) farae triomaithe, Cuid IV;

(e) síolta, Cuid V;

(f) leannlusanna, Cuid VI;

(g) ola olóige agus ológa boird, Cuid VII;

(h) líon agus cnáib, Cuid VIII;

(i) torthaí agus glasraí, Cuid IX

(j) táirgí torthaí agus glasraí próiseáilte, Cuid X;

(k) bananaí, Cuid XI;

(l) fíon, Cuid XII;

(m) crainn bheo agus plandaí eile, bleibeanna, fréamhacha agus rudaí mar iad, bláthanna gearrtha agus duilliúr ornáideach, Cuid XIII;

▼B

(n) tobac, Cuid XIV;

(o) mairteoil agus laofheoil, Cuid XV;

(p) bainne agus táirgí bainne, Cuid XVI;

(q) muiceoil, Cuid XVII;

(r) caoireoil agus feoil ghabhair, Cuid XVIII;

(s) uibheacha, Cuid XIX;

(t) feoil éanlaithe clóis, Cuid XX;

(u) alcól eitile de thionscnamh talmhaíochta, Cuid XXI;

(v) táirgí beachadóireachta, Cuid XXII;

(w) seiriceáin, Cuid XXIII;

(x) táirgí eile, Cuid XXIV.

Airteagal 2

Forálacha ginearálta an chomhbheartais talmhaíochta (CBT)

Beidh feidhm ag Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 agus ag na forálacha arna nglacadh dá bhun maidir leis na bearta a leagtar amach sa Rialachán seo.

Airteagal 3

Sainmhínithe

1. Chun críocha an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe maidir le hearnálacha áirithe mar atá siad leagtha amach in Iarscríbhinn II.

2. Ní bheidh feidhm ag na sainmhínithe a leagtar amach i Roinn B de Chuid II go dtí deireadh na bliana margaíochta 2016/2017 i gcás an tsiúcra.

3. Chun críocha an Rialacháin seo, ach amháin mar a bhforáiltear a mhalairt sa Rialachán seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe atá leagtha amach i Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013, i Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]) agus i Rialachán (AE) Uimh. ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]).

([1]) Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear rialacha le haghaidh íocaíochtaí díreacha d'fheirmeoirí faoi scéimeanna tacaíochta faoi chuimsiú an chomhbheartais talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 637/2008 agus 73/2009 ón gComhairle (Féach leathanach 608 den Iris Oifigiúil seo).

([2]) Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir le tacaíocht d'fhorbairt na tuaithe ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT), agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1698/2005 (Féach leathanach 487 den Iris Oifigiúil seo).

▼B

4. D'fhonn saintréithe sonracha earnáil na ríse a chur san áireamh, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 227 lena leasaítear na sainmhínithe a bhaineann le hearnáil na ríse atá leagtha amach i gCuid I d'Iarscríbhinn II a mhéid is gá chun na sainmhínithe a thabhairt cothrom le dáta i bhfianaise forbairtí sa mhargadh.

5. Chun críocha an Rialacháin seo:

(a) ciallaíonn “réigiúin lagfhorbartha” na réigiúin sin atá sainithe amhlaidh i bpointe (a) den chéad fhomhír d'Airteagal 90(2) de Rialachán (AE) Uimh 1303/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]).

(b) ciallaíonn 'teagmhas díobhálach aeráide atá inchurtha le tubaistí nádúrtha' aimsir amhail sioc, cloichshneachta, leac oighir, báisteach nó triomach a scriosann níos mó ná 30 % de mheántáirgeacht bhliantúil feirmeora ar leith sna trí bliana roimhe sin nó meán trí bliana bunaithe ar thréimhse cúig bliana roimhe sin, gan an iontráil is airde ná an ceann is ísle a áireamh.

Airteagal 4

Coigeartuithe ar ainmníocht na Comhtharaife Custaim a úsáidtear i gcás táirgí talmhaíochta

I gcás inar gá chun leasuithe ar an ainmníocht chomhcheangailte a chur san áireamh, beidh sé de chumhacht ag an gCoimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 227, lena ndéanfar coigeartú ar thuairisc táirgí agus ar thuairisc na dtagairtí sa Rialachán seo do cheannteidil nó d'fho-cheannteidil na hainmníochta comhcheangailte.

Airteagal 5

Rátaí comhshó i gcomhair ríse

Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh:

(a) lena socraífar na rátaí comhshó i gcomhair ríse ag céimeanna éagsúla próiseála, chomh maith leis na costais phróiseála agus luach na bhfotháirgí;

(b) lena nglactar na bearta riachtanacha uile maidir le rátaí comhshó a chur i bhfeidhm i gcomhair ríse.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 229(2).

([1]) Rialachán (AE) Uimh 1303/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, maidir le Ciste Sóisialta na hEorpa, maidir leis an gCiste Comhtháthaithe, maidir leis an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe agus maidir leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh atá cumhdaithe faoin gComhchreat Straitéiseach agus lena leagtar síos forálacha ginearálta maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, maidir le Ciste Sóisialta na hEorpa, maidir leis an gCiste Comhtháthaithe agus maidir leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1083/2006 ón gComhairle (Féach leathanach 85 den Iris Oifigiúil seo).

▼B

Airteagal 6

Blianta margaíochta

Bunófar na blianta margaíochta seo a leanas:

(a) an 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig de bhliain áirithe i gcomhair earnáil na dtorthaí agus na nglasraí, earnáil na dtorthaí agus na nglasraí próiseáilte agus earnáil na mbananaí;

(b) an 1 Aibreán go dtí 31 Márta na bliana dár gcionn i gcomhair d' earnáil an fharae thriomaithe agus d' earnáil na seiriceán:

(c) an 1 Iúil go dtí 30 Meitheamh na bliana dár gcionn i gcomhair:

(i) earnáil na ngránach;

(ii) earnáil na síolta;

(iii) earnáil na hola olóige agus na n-ológ boird;

(iv) earnáil an lín agus na cnáibe;

(v) earnáil an bhainne agus na dtáirgí bainne;

(d) an 1 Lúnasa go dtí 31 Iúil na bliana dár gcionn i gcomhair earnáil an fhíona;

(e) an 1 Meán Fómhair go dtí 31 Lúnasa na bliana dár gcionn i gcomhair earnáil na ríse;

(f) an 1 Deireadh Fómhair go dtí 30 Meán Fómhair na bliana dár gcionn i gcomhair earnáil an tsiúcra.

Airteagal 7

Tairseacha tagartha

1. Tá na tairseacha tagartha seo a leanas socraithe:

(a) maidir le hearnáil na ngránach, EUR 101,31 in aghaidh an tonna, i ndáil leis an gcéim mhórdhíola i gcás earraí arna seachadadh do thrádstóras, sula ndéanfar iad a dhíluchtú;

(b) maidir le rís gan scilligeadh, EUR 150 in aghaidh an tonna i gcás na cáilíochta caighdeánaí atá sainithe i bpointe A d'Iarscríbhinn III, i ndáil leis an gcéim mhórdhíola i gcás earraí arna seachadadh do thrádstóras, sula ndéanfar iad a dhíluchtú;

(c) maidir le siúcra de cháilíocht chaighdeánach atá sainithe i bpointe B d'Iarscríbhinn IV, i ndáil le siúcra nach bhfuil pacáilte, ón monarcha:

(i) i gcás siúcra bháin: EUR 404,4 in aghaidh an tona;

(ii) i gcás siúcra amh: EUR 335,2 in aghaidh an tona;

(d) maidir le hearnáil na mairteola agus na laofheola, EUR 2 224 in aghaidh an tona i gcomhair conablach bó-ainmhithe fireanna de ghrád aicme crutha/clúdach saille R3 mar a leagtar síos i scála an Aontais um aicmiú conablach bó-ainmhithe atá ocht mí d'aois nó níos sine dá dtagraítear i bpointe A d'Iarscríbhinn IV;

▼B

(e) maidir le hearnáil an bhainne agus na dtáirgí bainne:

(i) EUR 246,39 in aghaidh 100 cileagram i gcomhair ime;

(ii) EUR 169,80 in aghaidh 100 cileagram i gcomhair púdair bhainne bhearrtha;

(f) maidir le muiceoil, EUR 1 509,39 in aghaidh an tona i gcomhair conablach muc de cháilíocht chaighdeánach arna sainiú i dtéarmaí meáchain agus cion feola trua mar atá leagtha síos i scála an Aontais um aicmiú conablach muc dá dtagraítear i bpointe B d'Iarscríbhinn IV mar seo a leanas:

(i) conablaigh a bhfuil idir 60 agus níos lú ná 120 cileagram iontu: grád E;

(ii) conablaigh a bhfuil idir 120 agus 180 cileagram iontu: grádR;

(g) maidir le hearnáil na hola olóige:

(i) EUR 1 779/ an tona i gcomhair ola olóige úríon;

(ii) EUR 1 710 /an tona i gcomhair ola olóige íon;

(iii) EUR 1 524 i gcomhair ola olóige lampante a bhfuil dhá chéim saoraigéadachta inti arna laghdú faoi EUR 36,70 in aghaidh an tona i gcás gach céim aigéadachta bhreise eile.

2. Coimeádfaidh an Coimisiún na tairseacha tagartha dá bhforáiltear i mír 1 faoi athbhreithniú, agus cuirfidh sé na critéir oibiachtúla san áireamh, go háirithe forbairtí i dtáirgeadh, i gcostais táirgeachta (go háirithe ionchuir) agus i dtreochtaí an mhargaidh. Más gá, déanfar na tairseacha tagartha sin a nuashonrú i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachta i bhfianaise na bhforbairtí i dtáirgeadh agus sna margaí.

CUID II

AN MARGADH INMHEÁNACH

TEIDEAL I

IDIRGHABHÁIL MHARGAIDH

CAIBIDIL I

Idirghabháil phoiblí agus cabhair le haghaidh stórálá príobháidí

Roinn 1

Forálacha ginearálta maidir le hidirghabháil phoiblí agus cabhair le haghaidh stórálá príobháidí

Airteagal 8

Raon Feidhme

Leagtar síos sa Chaibidil seo rialacha maidir le hidirghabháil mhargaidh i dtaobh an méid seo a leanas:

(a) idirghabháil phoiblí, i gcás ina gceannaíonn údaráis inniúla na mBallstát táirgí isteach agus stórálann siad iad go dtí go ndiúscraítear iad, agus

▼B

(b) deonú cabhrach le haghaidh stórála táirgí ag oibreoirí príobháideacha.

Airteagal 9

Áit tionscnaimh táirgí incháilithe

Táirgí atá incháilithe i gcomhair a gceannaithe isteach faoi idirghabháil phoiblí nó i gcomhair deonú cabhrach le haghaidh stórála príobháidí, beidh siad de thionscnamh an Aontais. Ina theannta sin, má thagann siad ó bharra, beidh na barra sin arna mbuaineadh agus má thagann siad ó bhainne, beidh an bainne sin arna tháirgeadh san Aontas.

Airteagal 10

Scála an Aontais um aicmiú conablach muc

Beidh feidhm ag scálaí an Aontais um aicmiú conablach i gcomhréir le pointe A agus pointe B faoi seach d'Iarscríbhinn IV in earnálacha na mairteola agus na laofheola maidir le conablaigh bó-ainmhithe atá ocht mí d'aois nó níos sine agus in earnáil na muicfheola maidir le muca seachas iad sin a úsáideadh chun críche síolrúcháin.

In earnáil na caoireola agus na feola gabhair, féadfaidh Ballstáit scála an Aontais maidir le haicmiú conablach caorach a chur i bhfeidhm i gcomhréir leis na rialacha atá leagtha síos i bpointe C d'Iarscríbhinn IV.

Roinn 2

Idirghabháil phoiblí

Airteagal 11

Táirgí atá incháilithe le haghaidh idirghabhála poiblí

Beidh feidhm ag idirghabháil phoiblí maidir leis na táirgí seo a leanas i gcomhréir leis na coinníollacha atá leagtha síos sa Roinn seo agus le haon cheanglas agus coinníoll breise a d'fhéadfaí a bheith le cinneadh ag an gCoimisiún, trí bhíthin gníomhartha tarmligthe de bhun Airteagal 19 agus trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme de bhun Airteagal 20,

(a) gnáthchruithneacht, cruithneacht chrua (durum), eorna agus arbhar Indiach;

(b) rís gan scilligeadh;

(c) feoil úr nó fuaraithe ó earnáil na mairteola agus na laofheola a thagann faoi réim chóid AC 0201 10 00 agus 0201 20 20 go 0201 20 50;

(d) im a táirgeadh go díreach ó uachtar paistéartha agus uaidh sin amháin a fuarthas go díreach ó bhainne bó agus uaidh sin amháin i ngnóthas formheasta san Aontas agus a bhfuil cion saille ime íosta 82 % de réir meáchain agus cion uisce uasta 16 % de réir meáchain inti;

▼B

(e) púdar bainne bhearrtha den chaighdeán is airde a táirgeadh trí spraephróiseas ó bhainne bó i ngnóthas formheasta san Aontas agus a bhfuil cion próitéine íosta 34,0 % de réir meáchain ann san ábhar tirim saor ó shaill.

Airteagal 12

Tréimhsí idirghabhála poiblí

Beidh idirghabháil phoiblí le fáil i gcomhair an méid seo a leanas:

(a) gnáthchruithneacht, cruithneacht chrua (durum), eorna agus arbhar indiach, ón 1 Samhain go dtí an 31 Bealtaine;

(b) rís gan scilligeadh, ón 1 Aibreán go dtí an 31 Iúil;

(c) mairteoil agus laofheoil, ar feadh na bliana;

(d) im agus bainne bearrtha triomaithe, ón 1 Márta go 30 Meán Fómhair.

Airteagal 13

Idirghabháil phoiblí a oscailt agus a dhúnadh

▼C2

1. Maidir le hidirghabháil phoiblí, i gcaitheamh na dtréimhsí dá dtagraítear in Airteagal 12:

▼B

(a) beidh sí ar oscailt i gcomhair gnáthchruithneachta, ime agus púdair bhainne bhearrtha;

(b) féadfaidh an Coimisiún í a oscailt, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, i gcomhair cruithneachta crua (durum), eorna, arbhair indigh agus ríse gan scilleagadh (lena n-áirítear cineálacha nó tíopaí sonracha ríse gan scilleagadh), más gá de bharr staid an mhargaidh. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 229(2);

(c) féadfaidh an Coimisiún í a oscailt i gcomhair mairteola agus laofheola, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh gan an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 229(2) nó (3) a chur i bhfeidhm, más rud é gur lú ná 85 % den tairseach tagartha a leagtar síos i bpointe (d) d'Airteagal 7(1) meánphraghas an mhargaidh in imeacht tréimhse ionadaíche arna chinneadh de bhun phointe (c) den chéad mhír d'Airteagal 20 i mBallstát nó i réigiún i mBallstát agus arna thaifeadadh ar bhonn scála an Aontais um aicmiú conablach bó-ainmhithe dá dtagraítear i bpointe A d'Iarscríbhinn IV.

▼B

2. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena ndúntar idirghabháil phoiblí i gcomhair earnáil na mairteola agus na laofheola, i gcás nach gcomhlíontar a thuilleadh, thar thréimhse ionadaíoch arna chinneadh de bhun phointe (c) den chéad mhír d'Airteagal 20, na coinníollacha dá bhforáiltear i bpointe (c) de mhír 1 den Airteagal seo. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin gan an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 229(2) nó (3) a chur i bhfeidhm.

Airteagal 14

Ceannach isteach ar phraghas socruithe nó trí thairiscintí

I gcás ina bhfuil idirghabháil phoiblí ar oscailt de bhun Airteagal 13(1), déanfaidh an Chomhairle, i gcomhréir le hAirteagal 43(3) CFAE, bearta chun na praghsanna don cheannach isteach a shocrú do na táirgí dá dtagraítear in Airteagal 11 agus, i gcás inarb iomchuí, bearta maidir le srianta cainníochtúla i gcás ina ndéantar an ceannach isteach ar phraghas socraithe.

Airteagal 15

Praghasidirghabhála poiblí

1. Ciallaíonn praghas idirghabhála poiblí an méid seo a leanas:

(a) an praghas ar a gceannófar táirgí isteach faoi idirghabháil phoiblí i gcás ina ndéanfar sin ar phraghas socruithe; nó

(b) an t-uasphraghas ar ar féidir táirgí atá incháilithe le haghaidh idirghabhála poiblí a cheannach isteach i gcás ina ndéanfar sin trí thairiscintí.

2. Déanfaidh an Chomhairle na bearta chun leibhéal phraghas na hidirghabhála poiblí a shocrú, lena n-áirítear méid na méaduithe agus na laghduithe, i gcomhréir le hAirteagal 43(3) CAE.

Airteagal 16

Prionsabail ghinearálta maidir le diúscairt ó idirghabháil phoiblí

1. Déanfar táirgí arna gceannach isteach faoi idirghabháil phoiblí a dhiúscairt ar bhealach a dhéanfaidh an méid seo a leanas:

(a) aon suaitheadh sa mhargadh a sheachaint,

(b) rochtain chomhionann ar earraí agus cóireáil chomhionann ceannaitheoirí a áirithiú agus

(c) na gealltanais a chomhlíonadh a thagann as comhaontuithe idirnáisiúnta a tugadh i gcrích i gcomhréir le CFAE.

2. Féadfar táirgí arna gceannach isteach faoi idirghabháil phoiblí a dhiúscairt trína gcur ar fáil i gcomhair a n-úsáide sa scéim um dháileadh bia ar na daoine is díothaí san Aontas amhail a leagtar amach sma gníomrartha dlí ábhartha de chuid an Aontais. ►C2 I gcásanna den sórt sin, beidh luach cuntasaíochta na dtáirgí sin ar an leibhéal céanna leis an bpraghas socraithe idirghabhála poiblí ábhartha dá dtagraítear in Airteagal 15(2) den Rialachán seo. ◄

▼B

3. Foilseoidh an Coimisiún sonraí gach bliain faoi na coinníollacha faoinar díoladh táirgí arna gceannach isteach faoi idirghabháil phoiblí an bhliain roimhe sin.

Cuid 3

Cabhair le haghaidh stórála príobháidí

Airteagal 17

Táirgí cáilithe

Féadfar cabhair a dheonú le haghaidh stórála príobháidí i gcás na dtáirgí seo a leanas i gcomhréir leis na coinníollacha atá leagtha síos sa Roinn seo agus le haon cheanglas agus le haon choinníoll eile atá le glacadh ag an gCoimsiún, trí bhíthin gníomhartha tarmligthe de bhun Airteagal 18(1) nó Airteagal 19 agus gníomhartha cur chun feidhme de bhun Airteagal 18(2) nó Airteagal 20:

(a) siúcra bán;

(b) ola olóige;

(c) snáithín lín;

(d) feoil úr nó fuaraithe ó bhó-ainmhithe atá ocht mí d'aois nó níos sine;

(e) im a táirgeadh go díreach ó bhainne bó agus uaidh sin amháin;

(f) cáis;

(g) púdar bainne bhearrtha a rinneadh as bainne bó;

(h) muiceoil;

(i) caoireoil agus feoil ghabhair.

Tá pointe (f) den chéad mhír srianta do cháis a bheidh ag tairbhiú ►C2 d'ainmniúchán tionscnaimh ◄ faoi chosaint nó de thásc geografach faoi chosaint faoi Rialachán (EU) Uimh. 1151/2012, ar cáis é a stóráiltear níos sia ná an tréimhse aibiúcháin a leagtar síos sa tsonraíocht táirge i gcás an táirge dá dtagraítear in Airteagal 7 den Rialachán sin agus/nó, más iomchuí, ar feadh tréimhse aibiúcháin a chuireann le luach na cáise.

Airteagal 18

Coinníollacha maidir le deonú

1. D'fhonn trédhearcacht sa mhargadh a sholáthar, nuair is gá, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 227 lena leagtar síos na coinníollacha faoinar féidir leis cinneadh a dhéanamh cabhair stórála príobháidí a dheonú le haghaidh na dtáirgí atá liostaithe in Airteagal 17, agus an méid seo a leanas á gcur san áireamh:

(a) meánphraghsanna taifeadta an mhargaidh san Aontas na tairseacha tagartha agus na costais táirgthe le haghaidh na dtáirgí lena mbaineann; agus/nó

▼B

(b) an gá freagairt a thabhairt go tráthúil ar staid an-achrannach sa mhargadh nó ar dhálaí eacnamaíocha a bhfuil an-drochthionchar acu ar chorrlaigh san earnáil sin.

2. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh:

(a) lena ndeonaítear cabhair stórála príobháidí le haghaidh na dtáirgí atá liostaithe in Airteagal 17, ag cur na gcoinníollacha dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo san áireamh;

(b) lena gcuirtear srian ar dheonú cabhrach don stóráil phríobháideach

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 229(2).

3. Is í an Chomhairle a dhéanfaidh na bearta maidir leis na méideanna cabhrach a shocrú don stóráil phríobháideach i gcomhréir le hAirteagal 43(3) CFAE.

Roinn 4

Forálacha ginearálta maidir le hidirghabháil phoiblí agus cabhair le haghaidh stórála príobháidí

Airteagal 19

Cumhachtaí tarmligthe

1. D'fhonn a áirithiú go mbeidh táirgí a cheannaítear isteach faoi idirghabháil phoiblí nó atá faoi réir cabhrach le haghaidh stórála príobháidí oiriúnach chun a stórála fadtéarmaí agus gur de cháilíocht chothrom, fhónta agus indíolta a bheidh siad agus chun saintréithe sonracha na n-earnálacha éagsúla a chur san áireamh chun feidhmiú costéifeachtach na hidirghabhála poiblí agus na stórála príobháidí a áirithiú, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 227 lena leagtar síos na ceanglais agus na coinníollacha atá le comhlíonadh ag na táirgí sin, de bhreis ar na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán seo. Leis na ceanglais agus leis na coinníollacha sin, féachfar leis an méid a leanas a ráthú, i leith na dtáirgí a cheannaítear isteach agus a stóráiltear:

(a) a gcáilíocht maidir le paraiméadair cháilíochta, grúpaí cáilíochta, gráid cháilíochta, catagóirí, saintréithe táirgí agus maidir le haoiseanna;

(b) a gcáilitheacht, maidir le cainníochtaí, pacáistiú lena n-áirítear lipéadú, caomhnú, réamhchonarthaí stórála, formheas gnóthas agus céim na dtáirgí lena mbaineann na praghsanna idirghabhála poiblí agus an chabhair le haghaidh stórála príobháidí.

▼B

2. Chun saintréithe sonrachasaintréithe sonracha earnáil na ngránach agus earnáil na ríse gan scilligeadh a chur san áireamh, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 227, lena leagtar síos na critéir cháilíochta i ndáil le gnáthchruithneacht, cruithneacht chrua, eorna, arbhar indiach agus rís gan scilleagadh a cheannach isteach agus a dhíol araon.

3. D'fhonn a áirithiú go mbeidh toilleadh iomchuí stórála ann agus go mbeidh córas na hidirghabhála poiblí éifeachtúil a mhéid a bhaineann le costéifeachtacht, dáileadh agus rochtain d'oibreoirí, agus chun cáilíocht na dtáirgí sin a cheannaítear isteach faoi idirghabháil phoiblí lena ndiúscairt ag deireadh na tréimhse stórála a choinneáil, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 227 lena leagtar síos:

(a) na ceanglais atá le comhlíonadh ag áiteanna stórála do na táirgí uile a bheidh faoi réir na hidirghabhála poiblí;

(b) rialacha maidir le stóráil táirgí laistigh nó lasmuigh den Bhallstát atá freagrach astu agus as cóireáil na dtáirgí sin maidir le dleachtanna custaim agus aon mhéideanna eile atá le deonú nó le gearradh faoin CBT.

4. D'fhonn a áirithiú go mbeidh an éifeacht inmhianaithe ag stóráil phríobháideach ar an margadh, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 227 lena leagtar síos:

(a) na rialacha agus na coinníollacha is infheidhme i gcás inar lú an chainníocht atá á stóráil ná an chainníocht atá ar conradh;

(b) na coinníollacha faoina ndeonófar réamhíocaíocht den chabhair sin;

(c) na coinníollacha faoina bhféadfar cinneadh a dhéanamh go bhféadfar táirgí a chumhdaítear le conarthaí príobháideacha stórála a athmhargú nó a dhiúscairt.

5. Chun a áirithiú go bhfeidhmeoidh córais na hidirghabhála poiblí agus na stórála príobháidí mar is cuí, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 227:

(a) lena bhforáiltear d'úsáid nósanna imeachta tairisceana lena ráthaítear rochtain chomhionann ar earraí agus cóireáil chomhionann d'oibreoirí;

(b) lena leagtar síos na coinníollacha breise atá le comhlíonadh ag oibreoirí le gur fusa a bheidh sé do na Ballstáit agus do na hoibreoirí an córas a bhainistiú agus a rialú go héifeachtach;

(c) lena leagtar síos an ceanglas ar oibreoirí urrús a thaisceadh lena ráthaítear go gcuirfear a gcuid oibleagáidí i gcrích.

▼B

6. Chun na forbairtí teicniúla agus riachtanais na n-earnálacha dá dtagraítear in Airteagal 10 a chur san áireamh, chomh maith leis an ngá go ndéanfar cur i láthair na dtáirgí difriúla a chaighdeánú chun feabhas a chur ar thrédhearcacht an mhargaidh, ar thaifeadadh praghsanna agus ar chur i bhfeidhm na mbeart idirghabhála sa mhargadh, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 227 lena gcuirfear in oiriúint agus lena dtabharfar suas chun dáta forálacha Iarscríbhinn IIIa maidir le scálaí an Aontais um chonablaigh a aicmiú, a shainiú agus a chur i láthair agus:

(a) lena ndéantar fórálacha Iarscríbhinn IV maidir le scálaí an Aontais um chonablaigh a aicmiú, a shainiú agus a chur i láthair a mhodhnú agus a uasdatú;

(b) lena leagtar síos forálacha breise maidir le haicmiú, lena n-áirítear aicmiú á dhéanamh ag aicmitheoirí cáilithe, grádú lena n-áirítear grádú á dhéanamh le teicnící uathoibritheacha grádaithe, sainiú, meá agus marcáil conablach, agus maidir le ríomh gnáthphraghsanna an Aontais agus na comhéifeachtaí ualaitheacha a úsáidtear chun na praghsanna sin a ríomh;

(c) lena leagtar síos maoluithe ó fhorálacha agus maoluithe sonracha a d'fhéadfadh na Ballstáit a thabhairt do sheamlais nach maraítear ach líon beag bó-ainmhí iontu, agus forálacha breise i leith na dtáirgí lena mbaineann, lena n-áirítear na haicmí comhlíonta agus clúdaigh shaille in earnálacha na mairteola agus na laofheola agus in earnáil na caoireola, agus forálacha breise maidir le meáchan, dath na feola agus an chlúdaigh shaille agus na critéir aicmithe do chaoirigh éadroma;

(d) údarú a thabhairt do na Ballstáit gan an scála grádaithe a chur i bhfeidhm maidir le haicmiú conablach muc agus chun critéir mheasúnaithe a úsáid mar aon le meáchan agus leis an gcion feola trua measta nó lena leagtar síos maoluithe ón scála sin.

Airteagal 20

Cumhachtaí cur chun feidhme i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin

Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe lena leagtar síos na bearta is gá chun an Chaibidil seo a chur chun feidhme ar bhealach aonfhoirmeach. Féadfaidh baint a bheith ag na bearta sin leis an méid seo a leanas go háirithe:

(a) na costais is iníoctha ag an oibreoir i gcás nach gcomhlíontar, le táirgí a sheachadtar le haghaidh idirghabhála poiblí, na híoscheanglais cháilíochta;

(b) íostoilleadh stórála a shocrú d'áiteanna stórála idirghabhála;

(c) na tréimhsí, na margaí agus na praghsanna margaí ionadaíocha is gá chun an Chaibidil seo a chur i bhfeidhm;

▼B

(d) seachadadh na dtáirgí atá le ceannach isteach faoi idirghabháil phoiblí, na costais iompair atá le híoc ag an tairgeoir, gabháil ar láimh na dtáirgí ag na gníomhaireachtaí íocaíochta agus an íocaíocht;

(e) na hoibríochtaí éagsúla a bhaineann leis an bpróiseas díchnámhaithe i gcás earnáil na mairteola agus na laofheola;

(f) na socruithe praiticiúla do tháirgí a phacáistiú, a mhargú agus a lipéadú;

(g) na nósanna imeachta chun gnóthais a tháirgeann im agus púdar bainne bearrtha chun críocha na Caibidile seo;

(h) aon údarú ar stóráil lasmuigh de chríoch an Bhallstáit inar ceannaíodh isteach agus inar stóráladh na táirgí;

(i) díol nó diúscairt táirgí a cheannaítear isteach faoi idirghabháil phoiblí, go háirithe, maidir le praghsanna díolta, na coinníollacha maidir leis na táirgí a bhaint ó stóras, úsáid nó ceann scríbe iardain na dtáirgí a scaoiltear, lena n-áirítear nósanna imeachta a bhaineann le táirgí a chuirtear ar fáil i gcomhair a n-úsáide sa scéim dá dtagraítear in Airteagal 16(2), lena n-áirítear aistrithe idir Ballstáit;

(j) i leith táirgí a cheannaítear isteach faoi idirghabháil poiblí, na forálacha maidir le díol cainníochtaí beaga atá fós á stóráil nó cainníochtaí nach féidir a athphacáistiú a thuilleadh nó atá meathlaithe sna Ballstáit, atá le cur i gcrích faoina gcúram féin;

(k) maidir le stóráil phríobháideach, tabhairt i gcrích agus ábhar na gconarthaí idir údarás inniúil an Bhallstáit agus na hiarratasóirí;

(l) táirgí a chur agus a choimeád i stóráil phríobháideach agus iad a bhaint amach ón stóras;

(m) fad na tréimhse stórála príobháidí agus na forálacha ar dá réir a fhéadfar tréimhsí den sórt sin, ach iad a bheith sonraithe sna conarthaí, a chiorrú nó a fhadú;

(n) na nósanna imeachta atá le leanúint chun ceannach isteach ar phraghas socraithe, lena n-áirítear na nósanna imeachta don urrús atá le taisceadh agus méid an urrúis sin nó do chabhair a réamhshocraítear a dheonú do stóráil phríobháideach;

▼B

(o) úsáid nósanna imeachta tairisceana, i gcomhair idirghabhála poiblí agus stórála príobháidí, go háirithe maidir leis an méid seo a leanas:

(i) forthairiscintí nó tairiscintí a chur isteach, agus an t-íosmhéid i gcomhair iarratais nó tíolactha;

(ii) na nósanna imeachta don urrús atá le taisceadh agus méid an urrúis sin; agus

(iii) tairiscintí a roghnú lena n-áiritear go dtabharfar tús áite do na cinn sin is fabhraí ó thaobh an Aontais de, ach a cheadú nach gá go mbronnfar conradh dá bharr.

(p) scálaí an Aontais um chonablaigh mart, muc nó caoracha a aicmiú a chur chun feidhme;

(q) cur i láthair eile conablach agus leathchonablach seachas an ceann a leagtar síos i bpointe A.IV d'Iarscríbhinn IV chun praghsanna margaidh a chinneadh;

(r) na fachtóirí ceartaitheacha atá le cur i bhfeidhm ag na Ballstáit a úsáidfear do chur i láthair difriúil conablach mairteola agus caorach i gcás nach n-úsáidtear an cur i láthair tagartha;

(s) na socruithe praiticiúla chun conablaigh aicmithe a mharcáil agus le go ríomhfaidh an Coimisiún meánphraghas ualaithe an Aontais do chonablaigh mairt, muc agus caorach;

(t) a údarú do Bhallstáit go bhforálfaí, i ndáil le muca a mharaítear ina gcríoch féin, go bhféadfaí conablaigh muc a chur i láthair ar bhealach eile seachas an cur i láthair a leagtar amach i bpointe B.III d'Iarscríbhinn IV, má chomhlíontar ceann amháin de na coinníollacha seo a leanas:

(i) má tá an gnáthchleachtas tráchtála ar a gcríoch difriúil ón gcur i láthair caighdeánach a shainmhínítear sa chéad fhomhír de phointe B III d'Iarscríbhinn IV;

(ii) má dhlíonn na ceanglais theicniúla é;

(iii) má dhéantar seithe conablach a bhaint ar bhealach aonfhoirmeach.

(u) na forálacha go ndéanfadh coiste de chuid an Aontais, ar a mbeidh saineolaithe ón gCoimisiún agus saineolaithe a cheapfaidh na Ballstáit, athbhreithniú ar an láthair ar chur i bhfeidhm aicmiú conablach sna Ballstáit, chun cruinneas agus iontaofacht a áirithiú i leith aicmiú conablach. Leis na forálacha sin, féadfar a fhoráil gurb é an tAontas a íocfaidh na costais a bheidh ann de bharr an athbhreithnithe.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 229(2).

▼B

Airteagal 21

Cumhachtaí eile cur chun feidhme

Glacfaidh an Coimisiún na gníomhartha cur chun feidhme chun údarú a thabhairt do na Ballstáit i ndáil le huain ar lú meáchan a gconablach ná 13 kg, na critéir a leanas a úsáid don aicmiú, de mhaolú ar phointe C.III d'Iarscríbhinn IV:

(a) meáchan an chonablaigh;

(b) dath na feola;

(c) clúdach saille.

Glacfar na gniomhartha cur chun feidhme sin gan an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 229(2) nó (3) a chur i bhfeidhm.

CAIBIDIL II

Scéimeanna cabhrach

▼M2

Roinn 1

Cabhair i dtaca le torthaí agus glasraí agus bainne agus táirgí bainne a sholáthar i bhforais oideachais

Airteagal 22

Spriocghrúpa

An scéim cabhrach atá ceaptha le feabhas a chur ar dháileadh táirgí talmhaíochta agus ar nósanna itheacháin i measc páistí, tá sí dírithe ar pháistí a fhreastalaíonn go rialta ar naíonraí, réamhscoileanna nó ar fhorais oideachais bunscoile nó dara leibhéil atá á riaradh ag údaráis inniúla na mBallstát nó a bhfuil aitheantas acu uathu.

Airteagal 23

Cabhair i dtaca le soláthar torthaí agus glasraí do scoileanna, agus soláthar bainne do scoileanna, bearta tionlacain oideachais agus na costais ghaolmhara

1. Deonófar cabhair ón Aontas le haghaidh leanaí sna forais oideachais dá dtagraítear in Airteagal 22:

(a) maidir le soláthar agus dáileadh táirgí incháilithe dá dtagraítear i mír 3, i mír 4 agus i mír 5 den Airteagal seo;

(b) maidir le bearta tionlacain oideachais; agus

(c) chun costais ghaolmhara a chumhdach a bhaineann le trealamh, le poiblíocht, le faireachán agus le meastóireacht, agus, a mhéid is nach bhfuil na costais sin cumhdaithe faoi phointe (a) den fhomhír seo, le cúrsaí lóistíochta agus le dáileacháin.

Leagfaidh an Chomhairle síos teorainneacha, i gcomhréir le Airteagal 43(3) CFAE, maidir leis an gcion de chabhair ón Aontas a chlúdóidh na bearta agus na costais dá dtagraítear i bpointe (b) agus i bpointe (c) den chéad fhomhír den mhír seo.

▼**M2**

2. Chun críocha na Roinne seo:

(a) ciallaíonn “torthaí agus glasraí do scoileanna” na táirgí dá dtagraítear i bpointe (a) de mhír 3 agus i bpointe (a) de mhír 4;

(b) ciallaíonn “bainne do scoileanna” na táirgí dá dtagraítear i bpointe (b) de mhír 3 agus i bpointe (b) de mhír 4, chomh maith leis na táirgí dá dtagraítear in Iarscríbhinn V.

3. Na Ballstáit sin ar mhian leo a bheith rannpháirteach sa scéim cabhrach a bunaíodh de bhun mhír 1 (“an scéim scoilev”) agus a iarrann an chabhair chomhfhreagrach ón Aontas, agus imthosca náisiúnta á gcur san áireamh, tabharfaidh siad tosaíocht do dháileadh na dtáirgí as an ngrúpa seo a leanas nó as an dá ghrúpa seo a leanas:

(a) torthaí agus glasraí agus táirgí úra ó earnáil na mbananaí;

(b) bainne óil agus leaganacha saor ó lachtós de.

4. D'ainneoin mhír 3, chun tomhaltas táirgí sonracha a chur chun cinn agus/nó chun freagairt do riachtanais áirithe chothaithe atá ag leanaí ar a gcríoch, féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh do tháirgí as ceann den dá ghrúpa seo a leanas a dháileadh:

(a) táirgí torthaí agus glasraí próiseáilte, sa bhreis ar na táirgí dá dtagraítear i bpointe (a) de mhír 3;

(b) cáis, gruth, iógart agus táirgí eile bainne coipthe nó aigéadaithe nach bhfuil blaistiú, torthaí, cnónna nó cócó breise curtha leo, chomh maith leis na táirgí dá dtagraítear i bpointe (b) de mhír 3.

5. I gcásanna ina measann na Ballstáit gur gá sin chun go mbainfear amach cuspóirí na scéime scoile agus na spriocanna a leagtar síos sna straitéisí dá dtagraítear i mír 8, féadfaidh siad dáileadh na dtáirgí dá dtagraítear i mír 3 agus i mír 4 a chomhlánú le táirgí atá liostaithe in Iarscríbhinn V.

I gcásanna den sórt sin, ní dhéanfar an chabhair ón Aontas a íoc ach i leith chomhchuid an bhainne den táirge dáilte. Ní bheidh comhchuid an bhainne sin faoi bhun 90 % de réir meáchain do tháirgí Chatagóir I d'Iarscríbhinn V agus 75 % de réir meáchain do tháirgí Chatagóir II d'Iarscríbhinn V.

Déanfaidh an Chomhairle leibhéal na cabhrach ón Aontas do chomhchuid an bhainne a shocrú i gcomhréir le hAirteagal 43(3) CFAE.

6. Na táirgí a dháilfear faoin scéim scoile, ní bheidh aon cheann de na nithe seo a leanas iontu:

(a) siúcraí breise,

(b) salann breise,

(c) saill bhreise,

▼M2

(d) milseoirí breise,

(e) na méadaitheoirí blastachta saorga E 620 go E 650 a shainítear i Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]).

D'aineoinn na chéad fhomhíre den mhír seo, féadfaidh aon Bhallstát a chinneadh, tar éis dó an t-údarú iomchuí a fháil óna údaráis náisiúnta atá freagrach as sláinte agus cothú i gcomhréir lena chuid nósanna imeachta náisiúnta, go bhféadfaidh cainníochtaí teoranta de shiúcra breise, salann breise agus/nó saill bhreise a bheith i dtáirgí incháilithe dá dtagraítear i mír 4 agus mír 5.

7. De bhreis ar na táirgí dá dtagraítear i mír 3, i mír 4 agus i mír 5 den Airteagal seo, féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh do chuimsiú táirgí talmhaíochta eile faoi na bearta tionlacain oideachais, go háirithe iad siúd a liostaítear i bpointe (g) agus i bpointe (v) d'Airteagal 1(2).

8. Mar choinníoll dá rannpháirtíocht sa scéim scoile agus sula mbeidh sé rannpháirteach sa scéim scoile, déanfaidh Ballstát straitéis a tharraingt suas ar an leibhéal náisiúnta nó ar an leibhéal réigiúnach le haghaidh chur chun feidhme na scéime agus déanfar sin gach sé bliana ina dhiaidh sin. Féadfaidh an t-údarás atá freagrach as í a tharraingt suas ar an leibhéal náisiúnta nó ar an leibhéal réigiúnach an straitéis a leasú, go háirithe i bhfianaise faireachán agus meastóireacht a bheith déanta agus i bhfianaise na dtorthaí a baineadh amach. Sa straitéis sin, sainaithneofar ar a laghad na riachtanais is gá a chomhlíonadh, ord tosaíochta na riachtanas i dtéarmaí tosaíochtaí, an spriocghrúpa, na torthaí a bhfuiltear ag súil lena mbaint amach, agus, má tá siad ar fáil, na spriocanna cainníochtaithe atá le baint amach i ndáil leis an staid tosaigh, agus leagfar síos na hionstraimí agus na gníomhaíochtaí is iomchuí chun na cuspóirí sin a bhaint amach.

Féadfar gnéithe sonracha a bhaineann le cur chun feidhme na scéime scoile a bheith sa straitéis, lena n-áirítear iad sin atá ceaptha chun bainistiú na scéime a shimpliú.

9. Cinnfidh na Ballstáit ina gcuid straitéisí liosta na dtáirgí ar fad atá le soláthar faoin scéim scoile trí ghnáthdháileadh nó faoi bhearta tionlacain oideachais. Gan dochar do mhír 6, nuair a tharraingeofar suas an liosta sin, déanfaidh na Ballstáit a áirithiú freisin go mbeidh baint iomchuí ag a n-údaráis náisiúnta atá freagrach as sláinte agus cothú, nó go dtabharfaidh na húdaráis sin an t-údarú iomchuí maidir leis an liosta sin, i gcomhréir le nósanna imeachta náisiúnta.

10. Ionas go mbeidh éifeacht ag an scéim scoile, deanfaidh na Ballstáit foráil freisin do bhearta tionlacain oideachais, lenar féidir a áirithiú, *inter alia*, bearta agus gníomhaíochtaí lena ndíreofar ar shuim leanaí sa talmhaíocht a athmhúscailt trí ghníomhaíochtaí amhail cuairteanna ar fheirmeacha, agus lena ndáilfear réimse níos leithne táirgí talmhaíochta de réir mar a dtagraítear dó sin i mír 7. Féadfar na bearta sin a cheapadh le hoideachas a chur ar leanaí faoi shaincheisteanna gaolmhara, amhail nósanna itheacháin sláintiúla, slabhraí bia áitiúla, feirmeoireacht orgánach, táirgiúlacht inbhuanaithe nó an comhrac i gcoinne cur amú bia.

([1]) Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le breiseáin bhia (IO L 354, 31.12.2008, lch. 16).

▼M2

11. Roghnóidh na Ballstáit na táirgí a bheidh le dáileadh nó a bheidh le háireamh sna bearta tionlacain oideachais ar bhonn critéir oibiachtúla ar a n-áireofar ceann amháin nó níos mó den mhéid a leanas: cúrsaí sláinte agus comhshaoil, séasúracht, éagsúlacht táirgí áitiúla nó réigiúnacha agus teacht a bheith orthu, agus tabharfar tús áite a mhéid is féidir do tháirgí de thionscnamh an Aontais. Féadfaidh na Ballstáit ceannach táirgí áitiúla nó réigiúnacha, táirgí orgánacha, slabhraí gearra soláthair nó tairbhí don chomhshaol agus, más iomchuí, táirgí a aithnítear faoi na scéimeanna cáilíochta arna mbunú le Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012, a spreagadh go háirithe.

Féadfaidh na Ballstáit machnamh a dhéanamh ar thús áite a thabhairt d'inbhuanaitheacht agus trádáil chóir a áireamh ina gcuid straitéisí.

Airteagal 23a

Forálacha maidir le maoiniú

1. Gan dochar do mhír 4 den Airteagal seo, an chabhair faoin scéim scoile a leithdháilfear ar dháileadh táirgí, na bearta tionlacain oideachais agus na costais ghaolmhara dá dtagraítear in Airteagal 23(1), ní bheidh siad níos mó ná EUR 250 milliún in aghaidh na bliana scoile.

Laistigh den teorainn fhoriomlán sin, ní bheidh an chabhair níos mó ná na méideanna seo a leanas:

(a) le haghaidh torthaí agus glasraí do scoileanna: EUR 150 milliún in aghaidh na bliana scoile;

(b) le haghaidh bainne do scoileanna: EUR 100 milliún in aghaidh na bliana scoile.

2. Leithdháilfear an chabhair dá dtagraítear i mír 1 ar gach Ballstát agus an méid seo a leanas á chur san áireamh:

(a) líon na leanaí idir sé bliana agus deich mbliana d'aois sa Bhallstát i dtrácht;

(b) a fhorbartha agus atá na réigiúin laistigh den Bhallstát i dtrácht lena áirithiú go leithdháiltear níos mó cabhrach do réigiúin lagfhorbartha agus do na hOileáin bheaga Aeigéacha de réir bhrí Airteagal 1(2) de Rialachán (AE) Uimh. 229/2013; agus

(c) maidir le bainne do scoileanna, chomh maith leis na critéir dá dtagraítear i bpointe (a) agus i bpointe (b), an leas a baineadh as an gcabhair ón Aontas le haghaidh soláthar bainne agus tairgí bainne do leanaí.

Leis na leithdháiltí le haghaidh na mBallstát lena mbaineann, áiritheofar go leithdháilfear níos mó cabhrach ar na réigiúin is forimeallaí a liostaítear in Airteagal 349 CFAE, chun go gcuirfear san áireamh staid shonrach na réigiún sin i dtaca le foinsiú na dtáirgí agus chun go gcuirfear chun cinn foinsiú den sórt sin idir réigiúin is forimeallaí atá gar dá chéile go geografach.

Na leithdháiltí le haghaidh bainne do scoileanna, ar leithdháiltí iad a thig as na critéir a leagtar síos sa mhír seo a chur i bhfeidhm, áiritheofar leo go mbeidh na Ballstáit go léir i dteideal íosmhéid de chabhair ón Aontas ar a laghad a fháil in aghaidh an linbh san aoisghrúpa dá dtagraítear i bpointe (a) den chéad fhomhír. Ní bheidh an méid sin níos ísle ná méid an leasa a bhaintear as cabhair ón Aontas ar an meán in aghaidh an linbh ar fud na mBallstát uile faoin scéim bainne scoile a bhí i bhfeidhm roimh an 1 Lúnasa 2017.

▼M2

Glacfaidh an Chomhairle bearta i gcomhréir le hAirteagal 43(3) CFAE maidir le leithdháiltí táscacha agus críochnaitheacha a shocrú agus maidir le cabhair ón Aontas i dtaca le torthaí agus glasraí do scoileanna agus i dtaca le bainne do scoileanna a ath-leithdháileadh.

3. Cuirfidh na Ballstáit ar mhian leo a bheith rannpháirteach sa scéim scoile a n-iarraidh isteach gach bliain ar chabhair ón Aontas, agus sonrófar an méid a iarrtar le haghaidh na dtorthaí agus na nglasraí do scoileanna, agus an méid a iarrtar le haghaidh an bhainne do scoileanna arb iad na méideanna is mian leo a dháileadh.

4. Gan dul thar an teorainn fhoriomlán de EUR 250 milliún a leagtar síos i mír 1, féadfaidh aon Bhallstát suas le 20 % de cheann amháin nó ceann eile dá leithdháiltí táscacha a aistriú uair amháin in aghaidh na bliana scoile.

Féadfar an céatadán sin a mhéadú suas le 25 % do na Ballstáit leis na réigiúin is forimeallaí mar a liostaítear in Airteagal 349 CFAE agus i gcásanna eile a bhfuil údar cuí leo, mar shampla i gcás inar gá do Bhallstát aghaidh a thabhairt ar staid shonrach margaidh san earnáil a chumhdaítear leis an scéim scoile, ar chaitheamh íseal ceann amháin nó ceann eile de na grúpaí táirgí ar údar imní ar leith dó an caitheamh sin, nó ar athruithe eile a tháinig ar an tsochaí.

Féadfar aistrithe a dhéanamh mar a leanas:

(a) roimh na leithdháiltí cinntitheacha a shocrú le haghaidh na bliana scoile dár gcionn, idir leithdháiltí táscacha an Bhallstáit; nó

(b) tar éis thús na bliana scoile, idir leithdháiltí críochnaitheacha an Bhallstáit, i gcás inar socraíodh leithdháiltí den sórt sin don Bhallstát i dtrácht.

Ní fhéadfar na haistrithe dá dtagraítear i bpointe (a) den tríú fomhír a dhéanamh ón leithdháileadh táscach i gcomhair an ghrúpa táirgí a bhfuil iarraidh curtha isteach ag an mBallstát lena mbaineann ar mhéid atá níos mó ná a leithdháileadh táscach. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún i dtaobh méid aon aistrithe idir leithdháiltí táscacha.

5. Beidh an scéim scoile gan dochar d'aon scéimeanna eile náisiúnta scoile a luíonn le reachtaíocht an Aontais. Féadfar leas a bhaint as an gcabhair ón Aontas dá bhforáiltear in Airteagal 23 chun cur le raon feidhme nó éifeachtacht aon scéimeanna náisiúnta do scoileanna nó aon scéimeanna dáiliúcháin do scoileanna, ar scéimeanna iad atá ann cheana agus lena soláthraítear torthaí agus glasraí do scoileanna agus bainne do scoileanna ach ní thiocfaidh an chabhair sin in ionad cistiú le haghaidh na scéimeanna náisiúnta sin atá ann cheana, ach amháin i gcás béilí a dháileadh saor in aisce ar leanaí i bhforais oideachais. Más rud é go gcinneann Ballstát raon feidhme scéime náisiúnta scoileanna atá ann cheana féin a leathnú nó é a dhéanamh níos éifeachtaí trí chabhair ón Aontas a iarraidh, cuirfidh sé in iúl sa straitéis dá dtagraítear in Airteagal 23(8) an chaoi a ndéanfar é sin a bhaint amach.

6. Féadfaidh na Ballstáit, de bhreis ar chabhair ón Aontas, cabhair náisiúnta a thabhairt le haghaidh mhaoiniú na scéime scoile.

Féadfaidh na Ballstáit an chabhair sin a mhaoiniú trí thobhach a ghearradh ar an earnáil lena mbaineann nó trí bhíthin aon ranníocaíocht eile ón earnáil phríobháideach.

▼M2

7. Féadfaidh an tAontas maoiniú a thabhairt freisin, de bhun Airteagal 6 de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013, chun bearta faisnéise, poiblíochta, faireacháin agus measúireachta a dhéanamh i ndáil leis an scéim scoile, lena n-áirítear bearta le feasacht an phobail ar chuspóirí na scéime a ardú, agus bearta líonraithe gaolmhara lena ndírítear ar mhalartú na taithí agus na gcleachtas is fearr chun cur chun feidhme agus bainistiú na scéime a éascú.

Féadfaidh an Coimisiún forbairt a dhéanamh, i gcomhréir le hAirteagal 24(4) den Rialachán seo, ar chomh-aitheantóir nó ar ghnéithe grafacha chun go gcuirfear feabhas ar infheictheacht na scéime scoile.

8. Cuirfidh na Ballstáit sin atá rannpháirteach sa scéim scoile in iúl go poiblí ar áitribh scoile nó in áiteanna ábhartha eile go bhfuil siad páirteach sa scéim agus go bhfuil fóirdheontas á fháil ón Aontas. Féadfaidh na Ballstáit leas a bhaint as aon uirlisí poiblíochta oiriúnacha, ar féidir póstaeir, suíomhanna tiomnaithe gréasáin, ábhar grafach faisnéiseach agus feachtais ardaithe faisnéise agus feasachta a áireamh. Áiritheoidh na Ballstáit breisluach agus infheictheacht scéim scoile an Aontais le hais soláthair béilí eile i bhforais oideachais.

Airteagal 24

Cumhachtaí tarmligthe

1. Chun nósanna itheacháin sláintiúla leanaí a chur chun cinn agus lena áirithiú go mbeidh an chabhair faoin scéim scoile dírithe ar leanaí atá sa spriocghrúpa dá dtagraítear in Airteagal 22, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 227 i dtaobh rialacha maidir leis an méid seo a leanas:

(a) na critéir bhreise maidir le hincháilitheacht an spriocghrúpa dá dtagraítear in Airteagal 22;

(b) na hiarratasóirí ar chabhair a bheith á bhformheas agus á roghnú ag na Ballstáit;

(c) rialacha maidir le tarraingt suas na straitéisí náisiúnta nó réigiúnacha agus maidir le bearta tionlacain oideachais.

2. Chun a áirithiú go mbainfear leas éifeachtúil agus spriocdhírithe as cistí an Aontais agus chun go n-éascófar cur chun feidhme na scéime scoile, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 227 maidir leis an méid seo a leanas:

(a) sainaithint na gcostas agus na mbeart atá incháilithe cabhair a fháil ón Aontas;

(b) an oibleagáid atá ar na Ballstáit faireachán agus measúireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a scéimeanna scoile.

3. D'fhonn forbairtí eolaíocha a chur san áireamh, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 227 leis an liosta de mhéadaitheoirí blastachta saorga dá dtagraítear i bpointe (e) den chéad fhomhír d'Airteagal 23(6) a fhorlíonadh.

▼M2

D'fhonn a áirithiú go gcomhlíonann táirgí a dháiltear i gcomhréir le hAirteagal 23(3), (4) agus (5) cuspóirí na scéime scoile, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 227 leis na leibhéil uasta a shainiú do shiúcra bhreise, do shalainn bhreise agus do shaill bhreise a fhéadfaidh na Ballstáit a cheadú faoin dara fomhír d'Airteagal 23(6) agus ar gá ar bhonn teicniúil iad chun go n-ullmhófar táirgí próiseáilte nó go ndéanfar iad a mhonarú.

4. Chun go gcuirfear feasacht ar an scéim scoile chun cinn agus chun go méadófar infheictheacht na cabhrach ón Aontas, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 227 lena n-éilítear ar na Ballstáit atá rannpháirteach sa scéim scoile a phoibliú go soiléir go bhfuil tacaíocht ón Aontas á fáil acu leis an scéim a chur chun feidhme, lena n-áirítear maidir leis an méid seo a leanas:

(a) más iomchuí, bunú critéar sonrach maidir le cur i láthair, comhdhéanamh, méid agus dearadh an chomh-aitheantóra nó na ngnéithe grafacha;

(b) na critéir shonracha a bhaineann le húsáid uirlisí poiblíochta.

5. Chun breisluach agus infheictheacht na scéime scoile a áirithiú, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 227 i dtaobh rialacha a bhaineann le dáileadh táirgí le hais soláthair béilí eile i bhforais oideachais.

6. Ag cur san áireamh gur gá a áirithiú gur léir tionchar na cabhrach ón Aontas sna praghsanna ar a gcuirtear na táirgí ar fáil faoin scéim scoile, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 227, lena n-éilítear ar na Ballstáit míniú a thabhairt, ina gcuid straitéisí, ar an gcaoi ina mbainfear an méid sin amach.

Airteagal 25

Cumhachtaí cur chun feidhme i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin

Féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na bearta is gá a ghlacadh chun an Roinn seo a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann leis an méid seo a leanas:

(a) an fhaisnéis atá le háireamh i straitéisí na mBallstát;

(b) na hiarratais ar chabhair agus na híocaíochtaí cabhrach, lena n-áirítear simpliú a dhéanamh ar na nósanna imeachta a eascraíonn as an gcomhchreat don scéim scoile;

(c) na modhanna poiblithe, agus bearta líonraithe i leith na scéime scoile;

(d) tíolacadh, formáid agus inneachar na n-iarrataí bliantúla ar chabhair, agus na dtuarascálacha ar fhaireachán agus ar mheastóireacht a sholáthraíonn na Ballstáit atá rannpháirteach sa scéim scoile;

(e) cur i bhfeidhm Airteagal 23a(4), lena n-áirítear maidir leis na spriocdhátaí le haghaidh na n-aistrithe agus maidir le tíolacadh, formáid agus inneachar na bhfógraí faoi aistriú.

▼M2

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 229(2).

▼B

Roinn 2

Cabhair in earnáil na hola olóige agus na nológ boird

Airteagal 29

Cláir chun tacú le hearnáil na hola olóige agus na n-ológ boird

1. Maoineoidh an tAontas cláir oibre trí bliana atá le tarraingt suas ag na heagraíochtaí oibreoirí a aithnítear faoi Airteagal 152, ag comhlachais eagraíochtaí táirgeoirí a aithnítear faoi Airteagal 156 nó ag na heagraíochtaí idirchraoibhe a aithnítear faoi Airteagal 157 i gceann amháin nó níos mó de na réimsí seo a leanas:

(a) monatóireacht ar an margadh agus bainistiú an mhargaidh in earnáil na hola olóige agus na n-ológ boird;

(b) feabhas a chur ar an tionchar atá ag saothrú ológ ar an gcomhshaol;

(c) feabhas a chur ar an iomaíochas i dtaca le saothrú ológ trí nuachóiriú;

(d) cáilíocht táirgthe na hola olóige agus na n-ológ boird a fheabhsú;

(e) an córas inrianaitheachta, deimhniúchán agus cosaint cháilíocht ola olóige agus ológ boird, faoi údarás na riarachán náisiúnta, go háirithe trí fhaireachán a dhéanamh ar cháilíocht olaí olóige a dhíoltar chuig na tomhaltóirí deireanacha;

(f) faisnéis a scaipeadh maidir leis na bearta atá á gcur i gcrích ag eagraíochtaí táirgeoirí, ag comhlachais eagraíochtaí táirgeoirí nó ag eagraíochtaí idirchraoibhe chun feabhas a chur ar cháilíocht na hola olóige agus na n-ológ boird.

▼M6

Cláir oibre arna dtarraingt suas don tréimhse dár tús 1 Aibreán 2021, tiocfaidh deireadh leo an 31 Nollaig 2022.

2. Is mar a leanas a bheidh maoiniú an Aontais do na cláir oibre i gcomhair 2020 dá dtagraítear i mír 1:

(a) EUR 11 098 000 i gcomhair na Gréige;

(b) EUR 576 000 i gcomhair na Fraince;

(c) EUR 35 991 000 i gcomhair na hIodáile.

Is mar a leanas a bheidh maoiniú an Aontais do na cláir oibre i gcomhair gach ceann de na blianta 2021 agus 2022 dá dtagraítear i mír 1:

(a) EUR 10 666 000 i gcomhair na Gréige;

(b) EUR 554 000 i gcomhair na Fraince;

(c) EUR 34 590 000 i gcomhair na hIodáile.

▼B

3. Beidh uasmhéid an chistithe ón Aontas i gcomhair na gclár oibre dá dtagraítear i mír 1 cothrom leis na méideanna a choinníonn na Ballstáit siar. Is iad seo a leanas uasmhéideanna an chistithe don chostas incháilithe:

▼B

(a) 75 % i gcomhair gníomhaíochtaí sna réimsí dá dtagraítear i bpointí (a), (b) agus (c) de mhír 1;

(b) 75 % i gcomhair infheistíochtaí i sócmhainní seasta agus 50 % i gcomhair gníomhaíochtaí eile sa réimse dá dtagraítear i bpointe (d) de mhír 1;

(c) 75 % i gcomhair clár oibre a dhéanann eagraíochtaí aitheanta dá dtagraítear i mír 1 ó dhá Bhallstát táirgeora ar a laghad a chur i gcrích i dtrí thríú tír ar a laghad nó i mBallstáit nach dtáirgeann na hearraí sin, agus an obair sin sna réimsí dá dtagraítear i bpointe (e) agus i bpointe (f) de mhír 1, agus 50 % i gcomhair na ngníomhaíochtaí eile sna réimsí sin.

Áiritheoidh an Ballstát go gcuirfear maoiniú comhlántach ar fáil suas le 50 % de na costais nach bhfuil cumhdaithe ag cistiú ón Aontas.

Airteagal 30

Cumhachtaí tarmligthe

D'fhonn a áirithiú go mbainfear leas éifeachtúil, éifeachtach as an gcabhair ón Aontas dá bhforáiltear in Airteagal 27 chun cáilíocht táirgthe ola olóige agus ológ boird a fheabhsú, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 227 maidir leis an méid seo a leanas:

(a) i leith na réimsí sin dá dtagraítear in Airteagal 29(1), na bearta sonracha a fhéadfar a mhaoiniú leis an gcabhair ón Aontas agus na gníomhaíochtaí agus na costais nach bhféadfar a mhaoiniú;

(b) leithdháileadh íosta na mBallstát, ar réimsí sonracha, de mhaoiniú ón Aontas;

(c) an ceanglas chun urrús a thaisceadh nuair a thíolactar iarratas ar chlár oibre a fhormheas agus nuair a dhéantar réamhíocaíocht de chabhair;

(d) na critéir atá le cur san áireamh ag na Ballstáit agus cláir oibre á roghnú agus á bhformheas.

Airteagal 31

Cumhachtaí cur chun feidhme i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin

Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar síos na bearta ar fad is gá chun an Roinn seo a chur chun feidhme maidir leis an méid a leanas:

(a) cláir oibre a chur chun feidhme agus leasuithe ar na cláir sin;

(b) cabhair a íoc, lena n-áirítear réamhíocaíochtaí de chabhair;

(c) na nósanna imeachta don urrús atá le taisceadh agus méid an urrúis sin nuair a thíolactar iarratas ar chlár oibre a fhormheas agus nuair a dhéantar réamhíocaíocht de chabhair.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 229(2).

▼B

Roinn 3

Cabhair in earnáil na dtorthaí agus na nglasraí

Airteagal 32

Cistí oibriúcháin

1. Féadfaidh eagraíochtaí táirgeoirí in earnáil na dtorthaí agus na nglasraí agus/nó a gcomhlachais agus na nglasraí ciste oibriúcháin a bhunú. Cuirfear maoiniú ar fáil don chiste:

(a) trí ranníocaíochtaí airgeadais uathu seo a leanas:

(i) comhaltaí d'eagraíochtaí táirgeoirí agusnó an eagraíocht táirgeoirí í féin; nó

(ii) comhlachais d'eagraíochtaí táirgeoirí trí chomhaltaí na gcomhlachas sin;

(b) trí chúnamh airgeadais ón Aontas a fhéadfar a dheonú d'eagraíochtaí táirgeoirí, nó do chomhlachais dá gcuid, i gcás ina bhfuil clár oibriúcháin nó cuid de chlár oibriúcháin á thíolacadh, á bhainistiú agus á chur chun feidhme acu, i gcomhréir leis na téarmaí agus na coinníollacha a bheidh le glacadh ag an gCoimisiún trí bhíthin gníomhartha tarmligthe de bhun Airteagal 37 agus trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme de bhun Airteagal 38.

2. Ní úsáidfear cistí oibriúcháin ach amháin chun cláir oibriúcháin a cuireadh faoi bhráid na mBallstát agus a d'fhormheas siad a mhaoiniú.

Airteagal 33

Cláir oibriúcháin

1. Maidir le cláir oibriúcháin in earnáil na dtorthaí agus na nglasraí, mairfidh siad ar feadh trí bliana ar a laghad agus ar feadh cúig bliana ar a mhéid. Beidh dhá cheann ar a laghad de na cuspóirí dá dtagraítear i bpointe (c) d'Airteagal 152(1) nó dhá cheann de na cuspóirí seo a leanas ag baint leo:

(a) táirgeadh a phleanáil, lena n-áirítear réamh-mheastachán ar tháirgeadh agus ar thomhaltas agus obair leantach ina leith;

(b) cáilíocht na dtáirgí a fheabhsú, bíodh siad úr nó próiseáilte;

(c) luach tráchtála na dtáirgí a mhéadú;

(d) cur chun cinn na dtáirgí, bíodh siad úr nó próiseáilte;

(e) bearta comhshaoil, go háirithe iad siúd a bhaineann le huisce, agus modhanna táirgthe a chosnaíonn an comhshaol, lena n-áirítear feirmeoireacht orgánach;

▼M5

(f) géarchéimeanna a chosc agus a bhainistiú, lena n-áirítear traenáil a chur ar fáil d'eagraíochtaí táirgeoirí eile, do chomhlachais eagraíochtaí táirgeoirí mar aon le grúpaí táirgeoirí nó táirgeoirí aonair.

▼B

Cuirfear cláir oibríochta faoi bhráid na mBallstát lena bhformheas.

▼M6

Maidir le cláir oibríochtúla a bhfuil síneadh i gcomhréir leis an uastréimhse de chúig bliana dá dtagraítear sa chéad fhomhír le formheas ina leith tar éis an 29 Nollaig 2020, ní fhéadfar iad a shíneadh ach amháin go dtí an 31 Nollaig 2022.

De mhaolú ar an gcéad fhomhír, cláir oibríochtúla nua a fhormheasfar tar éis an 29 Nollaig 2020, ní mhairfidh siad ar feadh tréimhse is faide ná 3 bliana.

▼B

2. Féadfaidh comhlachais eagraíochtaí táirgeoirí clár iomlán oibriúcháin nó páirt de chlár oibriúcháin a thíolacadh freisin ar a mbeidh na bearta a shainaithin eagraíochtaí is comhaltaí faoina gcláir oibriúcháin, ach nach mbeidh curtha i bhfeidhm acu. Beidh na cláir oibriúcháin faoi réir na rialacha céanna is atá cláir oibriúcháin na eagraíochtaí is comhaltaí agus breithneofar iad in éindí le cláir oibriúcháin na n-eagraíochtaí is comhaltaí.

Chuige sin, áiritheoidh na Ballstáit an méid seo a leanas:

(a) go ndéanfar bearta faoi chláir oibriúcháin chomhlachas eagraíochtaí táirgeoirí a mhaoiniú go hiomlán le ranníocaíochtaí ó na heagraíochtaí is comhaltaí den chomhlachas i dtrácht agus go mbaileofar an maoiniú sin ó chistí oibriúcháin na n-eagraíochtaí sin is comhaltaí;

(b) go sainaithnítear na bearta agus a gcion airgeadais chomhfhreagrach i gclár oibriúcháin gach eagraíochta is comhalta;

(c) nach bhfuil aon dúbláil ar an maoiniú.

3. Bainfidh cosc agus bainistiú géarchéimeanna, dá dtagraítear i bpointe (f) den chéad fhomhír de mhír 1, le géarchéimeanna i margaí na dtorthaí agus na nglasraí a sheachaint agus déileáil leo má tharlaíonn siad, agus sa chomhthéacs sin beidh an méid seo a leanas cumhdaithe:

(a) infheistíochtaí a fhágann go ndéanfar na méideanna a chuirtear ar an margadh a bhainistiú ar bhealach níos éifeachtúla;

(b) bearta oiliúna agus malartú dea-chleachtais;

▼M5

(c) cur chun cinn agus cumarsáid, lena n-áirítear gníomhartha agus gníomhaíochtaí lena ndírítear ar éagsúlú agus ar chomhdhlúthú i margaí na dtorthaí agus na nglasraí, ar mhaithe le cosc nó le linn géarchéime;

(d) tacaíocht maidir leis na costais riaracháin a bhaineann le bunú cistí frithpháirteacha agus ranníocaíochtaí airgeadais le cistí frithpháirteacha a athlíonadh, tar éis an chúitimh a íocadh le comhaltaí ar táirgeoirí iad a mbíonn titim ghéar ar a n-ioncam de dheasca dálaí díobhálacha sa mhargadh;

▼B

(e) athphlandú úllord más gá sin tar éis grafa éigeantaigh ar chúiseanna sláinte nó fíteashláintíochta ar threoir a fháil chuige sin ó údarás inniúil an Bhallstáit;

(f) tarraingt siar ón margadh;

(g) glasbhuaint torthaí agus glasraí nó gan iad a bhuaint in aon chor;

(h) árachas buainte;

▼M5

(i) traenáil a chur ar eagraíochtaí táirgeoirí eile, comhlachais eagraíochtaí táirgeoirí mar aon le grúpaí táirgeoirí nó táirgeoirí aonair.

▼B

Cabhróidh tacaíocht i gcomhair árachais bhuainte le hioncam táirgeoirí a chosaint nuair a théann tubaistí nádúrtha, teagmhais dhíobhálacha aeráide, galair nó inmhíolú lotnaidí i gcion ar a n-ioncam.

▼B

Éileofar le conarthaí árachais go gcuirfidh tairbhithe na bearta is gá i bhfeidhm maidir le riosca a chosc.

Ní chosnóidh bearta chun géarchéimeanna a chosc agus a bhainistiú, lena n-áirítear aon aisíocaíocht caipitil agus úis dá dtagraítear sa chúigiú fomhír, níos mó ná aon trian den chaiteachas faoin gclár oibriúcháin.

Féadfaidh eagraíochtaí táirgeoirí iasachtaí a fháil ar théarmaí tráchtála chun bearta chun géarchéimeanna a chosc agus a bhainistiú a mhaoiniú. Féadfaidh aisíocaíocht ar chaipiteal agus ús na n-iasachtaí sin a bheith mar chuid den chlár oibriúcháin sa chás sin agus féadfaidh sé a bheith incháilithe chun cúnamh airgeadais a fháil ón Aontas faoi Airteagal 34. Féadfar aon bheart sonrach um chosc agus um bainistiú géarchéimeanna a mhaoiniú trí na hiasachtaí sin, go díreach nó ar an dá bhealach.

4. Chun críocha na Roinne seo:

(a) ciallaíonn "glasbhuaint" buaint iomlán táirgí réamhaibí i limistéar áirithe ar táirgí iad nach féidir a mhargú agus nach ndearnadh damáiste dóibh roimh an nglasbhuaint, bíodh sin i ngeall ar chúiseanna aeráide, galair nó eile;

(b) ciallaíonn "gan bhuaint" go bhfuil deireadh leis an timthriall reatha táirgthe sa limistéar lena mbaineann i gcás ina bhfuil an táirge forbartha go maith, de cháilíocht shlán, chóir agus indíolta. Ní mheastar go bhfuil táirgí "gan bhuaint" má scriostar iad de dheasca na drochaimsire nó de dheasca galair.

5. Áiritheoidh na Ballstáit:

(a) go mbeidh dhá bheart comhshaoil nó níos mó ar áireamh sna cláir oibriúcháin; nó

(b) go mbainfidh 10 % ar a laghad den chaiteachas faoi na cláir oibriúcháin le bearta comhshaoil.

▼M5

Urramóidh na bearta comhshaoil na ceanglais agra-chomhshaoil-aeráide nó gealltanais maidir le feirmeoireacht orgánach a leagtar síos in Airteagal 28(3) agus in Airteagal 29(2) agus (3) de Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013.

I gcás ina mbeidh 80 % ar a laghad de na comhaltaí ar táirgeoirí iad in eagraíocht táirgeoirí faoi réir gealltanas agra-chomhshaoil-aeráide nó gealltanas feirmeoireachta orgánaí comhionann amháin nó níos mó dá bhforáiltear in Airteagal 28(3) agus Airteagal 29(2) agus (3) de Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013, glacfar le gach ceann de na gealltanais sin mar bheart comhshaoil dá dtagraítear i bpointe (a) den chéad fhomhír den mhír seo.

▼B

Cumhdóidh tacaíocht i gcomhair na mbeart comhshaoil dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo costais bhreise agus ioncam tarscaoilte de thoradh an bhirt.

6. Áiritheoidh na Ballstáit nach gceadófar infheistíochtaí a chuireann brú breise ar an gcomhshaol ach amháin sna cásanna sin ina gcuirtear cosaintí éifeachtacha i bhfeidhm chun an comhshaol a chosaint ó na brúnna sin.

▼B

Airteagal 34

Cúnamh airgeadais ón Aontas

1. Beidh an cúnamh airgeadais ón Aontas cothrom le méid na rannícaíochtaí airgeadais dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 32(1) a íoctar go hiarbhír iad agus ní bheidh sé níos mó ná 50 % den chaiteachas iarbhír a thabhaítear.

2. Do gach eagraíochta táirgeoirí agus comhlachas eagraíochtaí táirgeoirí, Cuirfear teorainn uasmhéid ar chúnamh airgeadais ón Aontas i dtreo nach sáróidh sé 4,1 % de luach a táirgthe arna mhargú

Féadfar, áfach, i gcás na n-eagraíochtaí is comhaltaí an céatadán sin a mhéadú go 4,6 % de luach an táirgthe arna mhargú ar choinníoll go mbaintear leas as an méid atá de bhreis ar 4,1 % de luach an táirgthe arna mhargú le haghaidh beart chun géarchéimeanna a chosc agus a bhainistiú agus lena n-aghaidh sin amháin.

I gcás comhlachais eagraíochtaí táirgeoirí, féadfar an céatadán sin a ardú go 4,7 % de luach an táirgthe arna mhargú, ar choinníoll go n-úsáidtear an méid atá de bhreis ar 4,1 % de luach an táirgthe arna mhargú le haghaidh beart chun géarchéimeanna a chosc agus a bhainistiú agus lena n-aghaidh sin amháin, ar bearta iad a bheidh á gcur chun feidhme ag an gcomhlachas eagraíochtaí táirgeoirí thar ceann na gcomhaltaí.

3. Arna iarraidh sin d'eagraíocht táirgeoirí, méadófar an teorainn 50 % dá bhforáiltear i mír 1 go 60 % i gcomhair cláir oibriúcháin nó i gcomhair cuid de chlár oibriúcháin nuair a chomhlíonann sé ceann amháin ar a laghad de na coinníollacha seo a leanas:

(a) thíolaic roinnt eagraíochtaí táirgeoirí de chuid an Aontais é, ar eagraíochtaí iad a oibríonn i mBallstáit éagsúla ar scéimeanna trasnáisiúnta;

(b) thíolaic eagraíocht táirgeoirí amháin nó níos mó é, ar eagraíocht í nó ar eagraíochtaí iad a oibríonn ar scéimeanna a chuirtear i gcrích ar bhonn idirchraoibhe;

(c) ní chumhdaíonn an clár nó cuid de ach tacaíocht shonrach chun táirgí orgánacha a chumhdaítear i Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle ([1]) a tháirgeadh;

(d) is é an chéad cheann é a thíolaic eagraíocht aitheanta táirgeoirí atá mar thoradh ar chumasc idir dhá eagraíocht aitheanta táirgeoirí;

(e) is é an chéad cheann é a thíolaic comhlachas aitheanta eagraíochtaí táirgeoirí;

(f) thíolaic eagraíochtaí táirgeoirí é, ar eagraíochtaí táirgeoirí iad i mBallstáit ina gcuireann eagraíochtaí táirgeoirí níos lú ná 20 % den táirgeadh torthaí agus glasraí ar an margadh;

(g) thíolaic eagraíocht táirgeoirí i gceann de na réigiúin is forimeallaí san Aontas dá dtagraítear in Airteagal 349 CFAEé.

([1]) Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle an 28 Meitheamh 2007 maidir le táirgeacht orgánach agus lipéadú táirgí orgánacha agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 2092/91 (IO L 189, 20.7.2007, lch. 1).

▼M5

4. Méadófar an teorainn 50 % dá bhforáiltear i mír 1 go 100 % sna cásanna seo a leanas:

(a) i gcásanna ina dtarraingeofar siar torthaí agus glasraí ón margadh, ach nach sáraíonn an tarraingt siar 5 % de mhéid an táirgthe arna mhargú de chuid gach eagraíochta táirgeoirí, agus ina ndéanfar iad a dhiúscairt:

(i) trína ndáileadh saor in aisce ar eagraíochtaí agus ar fhondúireachtaí carthanacha, arna bhformheas chuige sin ag na Ballstáit, lena n-úsáid ina ngníomhaíochtaí le cabhrú le daoine a aithnítear sa dlí náisiúnta go bhfuil siad i dteideal cúnamh poiblí a fháil, go háirithe toisc nach bhfuil an chóir mhaireachtála riachtanach acu;

(ii) trína ndáileadh saor in aisce ar fhorais phionóis, ar scoileanna agus ar institiúidí oideachais phoiblí, forais dá dtagraítear in Airteagal 22 agus ar champaí saoire leanaí chomh maith le hospidéil agus le hárais seanóirí arna n-ainmniú ag na Ballstáit, a dhéanfaidh na bearta ar fad is gá lena áirithiú i gcás na gcainníochtaí a dháiltear gur cainníochtaí sa bhreis iad ar na cainníochtaí a dhéanann na forais sin a cheannach isteach de ghnáth;

(b) gníomhaíochtaí a bhaineann le traenáil a chur ar eagraíochtaí táirgeoirí eile, nó ar ghrúpaí táirgeoirí a aithnítear i gcomhréir le hAirteagal 125e de Rialachán (CE) Uimh. 1234/2007 nó i gcomhréir le hAirteagal 27 de Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013, ar an gcoinníoll gurb ó réigiúin de chuid na mBallstát dá dtagraítear in Airteagal 35(1) den Rialachán seo, nó ó tháirgeoirí aonair, iad na heagraíochtaí nó na grúpaí sin.

Airteagal 35

Cúnamh airgeadais náisiúnta

1. I réigiúin de chuid na mBallstát ina bhfuil leibhéal eagrúcháin na dtáirgeoirí in earnáil na dtorthaí agus na nglasraí go mór faoi bhun mheán an Aontais, féadfaidh na Ballstáit cúnamh airgeadais náisiúnta a thabhairt d'eagraíochtaí táirgeoirí arb ionann é agus 80 % ar a mhéad de na ranníocaíochtaí airgeadais dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 32(1) agus suas le 10 % de luach an táirgthe arna mhargú ag aon eagraíocht táirgeoirí den sórt sin. Beidh an cúnamh sin sa bhreis ar an gciste oibriúcháin.

2. Measfar go mbeidh leibhéal eagrúcháin na dtáirgeoirí i réigiún de chuid Ballstáit go mór faoi bhun mheán an Aontais i gcás inar lú ná 20 % an meáneagrú le haghaidh 3 bliana as a chéile roimh chur chun feidhme an chláir oibriúcháin. Ríomhfar an leibhéal eagrúcháin sin mar luach an táirgthe torthaí agus glasraí a fuarthas sa réigiún lena mbaineann agus arna mhargú ag na heagraíochtaí táirgeoirí, comhlachais eagraíochtaí táirgeoirí agus grúpaí táirgeoirí a aithnítear i gcomhréir le hAirteagal 125e de Rialachán (CE) Uimh. 1234/2007 nó le hAirteagal 27 de Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013, arna roinnt ar luach iomlán an táirgthe torthaí agus glasraí a fuarthas sa réigiún sin.

3. Ballstáit a dheonaíonn cúnamh airgeadais náisiúnta i gcomhréir le mír 1, cuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas faoi na réigiúin a chomhlíonann na critéir dá dtagraítear i mír 2 agus faoin gcúnamh airgeadais náisiúnta arna dheonú d'eagraíochtaí táirgeoirí sna réigiúin sin.

▼B

Airteagal 36

Creat náisiúnta agus straitéis náisiúnta i gcomhair clár oibriúcháin

1. Déanfaidh na Ballstáit creat náisiúnta a bhunú chun coinníollacha ginearálta a tharraingt suas ina mbeidh na bearta comhshaoil dá dtagraítear in Airteagal 33(5). Sa chreat sin forálfar, go háirithe, go gcomhlíonfaidh na bearta sin na ceanglais iomchuí i Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013, go háirithe iad siúd a leagtar amach in Airteagal 6 de.

Cuirfidh na Ballstáit a gcreat beartaithe faoi bhráid an Choimisiúin, a fhéadfaidh, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh gan an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 229(2) nó (3) a chur i bhfeidhm, modhnuithe a éileamh laistigh de thrí mhí ón dáta a dtíolacfar an creat beartaithte má chinneann sé nach gcuirfeadh an togra leis na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 191 CFAE agus sa seachtú clár beart comhshaoil de chuid an Aontais a bhaint amach. Déanfaidh infheistíochtaí ar ghabháltais indibhidiúla a bhfuil tacaíocht ó chláir oibriúcháin acu na cuspóirí sin a urramú freisin.

2. Bunóidh gach Ballstát straitéis náisiúnta i gcomhair clár oibriúcháin inbhuanaithe i margadh na dtorthaí agus na nglasraí. Beidh an méid seo a leanas ar áireamh sa straitéis sin:

(a) anailís ar an staid ina bhfuil cúrsaí ó thaobh láidreachtaí agus laigí agus ó thaobh acmhainneachta forbartha;

(b) fírinniú maidir leis na tosaíochtaí a roghnaíodh;

(c) cuspóirí na gclár oibriúcháin agus ionstraimí, mar aon le táscairí feidhmíochta;

(d) measúnú ar chláir oibriúcháin;

(e) oibleagáidí tuairiscithe i gcomhair eagraíochtaí táirgeoirí.

Lena chois sin déanfaidh an straitéis náisiúnta an creat náisiúnta dá dtagraítear i mír 1 a chomhtháthú.

3. Ní bheidh feidhm ag mír 1 ná ag mír 2 maidir leis na Ballstáit nach bhfuil aon eagraíochtaí aitheanta táirgeoirí iontu.

Airteagal 37

Cumhachtaí tarmligthe

D'fhonn tacaíocht éifeachtúil, spriocdhírithe agus inbhuanaithe a áirithiú d'eagraíochtaí táirgeoirí agus dá gcomhlachais in earnáil na dtorthaí agus na nglasraí, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 227 chun rialacha a bhunú maidir leis an méid seo a leanas:

(a) cistí oibriúcháin agus cláir oibriúcháin, maidir leis an méid seo a leanas:

(i) na méideanna a mheastar, cinntí na n-eagraíochtaí táirgeoirí agus a gcomhlachas maidir le ranníocaíochtaí airgeadais agus úsáid na gcistí oibríochtúla;

(ii) na bearta, na gníomhaíochtaí, an caiteachas agus na costais riaracháin agus pearsanra atá le cur san áireamh nó le heisiamh faoi chláir oibriúcháin, modhnú na gclár agus na riachtanais bhreise a bheidh le cinneadh ag na Ballstáit;

▼B

(iii) cistiú dúbláilte idir cláir oibriúcháin agus cláir forbartha tuaithe a sheachaint;

(iv) cláir oibriúcháin comhlachas eagraíochtaí táirgeoirí;

(v) na rialacha sonracha is infheidhme i gcásanna ina bhfuil clár oibriúcháin nó cuid de chlár oibriúcháin á bhainistiú, á phróiseáil, á chur chun feidhme agus á thíolacadh ag comhlachais eagraíochtaí táirgeoirí;

(vi) an oibleagáid atá ann i leith comhtháscairí a úsáid chun faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar chláir oibriúcháin;

(b) an creat náisiúnta agus an straitéis náisiúnta le haghaidh clár oibriúcháin a bhaineann leis an oibleagáid chun faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar a éifeachtaí atá na creataí náisiúnta agus na straitéisí náisiúnta;

(c) cúnamh airgeadais ón Aontas, maidir leis an méid seo a leanas:

(i) an bonn ar a ríomhfar cúnamh airgeadais ón Aontas agus luach an táirgthe arna mhargú dá dtagraítear in Airteagal 34(2);

(ii) tréimhsí tagartha is infheidhme maidir le ríomh na cabhrach;

(iii) réamhíocaíochtaí a sholáthar agus an ceanglas chun urrús a thaisceadh i gcás ina ndéantar réamhíocaíocht cabhrach;

(iv) na rialacha sonracha is infheidhme maidir le cláir oibriúcháin chomhlachais eagraíochtaí táirgeoirí a mhaoiniú, go háirithe na rialacha sin a bhaineann leis na teorainneacha dá bhforáiltear in Airteagal 34(2) a chur i bhfeidhm;

(d) bearta chun géarchéimeanna a chosc agus a bhainistiú, maidir leis an méid seo a leanas:

(i) go bhféadfadh na Ballstáit a chinneadh gan ceann amháin nó níos mó de na bearta chun géarchéimeanna a chosc agus a bhainistiú a chur i bhfeidhm;

▼M5

(ii) coinníollacha a bhaineann le pointí (a), (b), (c) agus (i) den chéad fhomhír d'Airteagal 33(3);

▼B

(iii) cinn scríbe ceadaithe a bheidh le cinneadh ag na Ballstáit i leith táirgí aistarraingthe;

(iv) an t-uasleibhéal tacaíochta do tháirgí a tarraingíodh siar ón margadh;

(v) an ceanglas maidir le fógra a thabhairt roimh ré i gcás táirgí a tarraingíodh siar ón margadh;

(vi) bunús an ríomha a dhéantar ar mhéid an táirgthe arna mhargú lena leithdháileadh saor in aisce dá dtagraítear in Airteagal 34(4) agus uasmhéid an táirgthe arna mhargú a chinneadh i gcás táirgí a tarraingíodh siar;

(vii) an ceanglas chun suaitheantas an Aontais a thaispeáint ar phacáistí táirgí atá le dáileadh saor in aisce;

(viii) na coinníollacha d'fhaighteoirí táirgí a tarraingíodh siar;

▼B

(ix) úsáid na dtéarmaí chun críocha na Roinne seo;

(x) na coinníollacha, a bheidh le glacadh ag na Ballstáit, i ndáil leis an nglasbhuaint agus leis an ngan bhuaint;

(xi) árachas buainte;

(xii) cistí frithpháirteacha; agus

(xiii) na coinníollacha a bhaineann le huasteorainneacha don chaiteachas maidir le athphlandú úllord ar chúiseanna sláinte/ nó fíteashláintíochta i gcomhréir le pointe (e) den chéad fhomhír d'Airteagal 33(3), agus na coinníollacha maidir leis na huasteorainneacha sin a shocrú;

(e) cúnamh airgeadais náisiúnta, maidir leis an méid seo a leanas:

(i) leibhéal eagrúcháin na dtáirgeoirí;

(ii) an ceanglas maidir le hurrús a thaisceadh i gcás ina ndéantar réamhíocaíocht;

(iii) an t-uaschion aisíocaíochta ón Aontas den chúnamh airgeadais náisiúnta.

Airteagal 38

Cumhachtaí cur chun feidhme i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin

Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar síos bearta maidir leis an méid seo a leanas:

(a) bainistiú na gclár oibriúcháin;

(b) an fhaisnéis atá le coinneáil i gcláir oibriúcháin, i gcreata náisiúnta agus i straitéisí naisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 36, cláir oibriúcháin a chur faoi bhráid na mBallstát, sprioc-amanna, doiciméid tionlacain agus formheas ó na Ballstáit;

(c) cláir oibriúcháin a bheith á gcur chun feidhme ag eagraíochtaí táirgeoirí agus ag comhlachais eagraíochtaí táirgeoirí;

(d) formáid agus ábhar na dtuarascálacha faireacháin agus meastóireachta ar straitéisí náisiúnta agus ar chláir oibriúcháin agus iad a chur isteach;

(e) iarratais ar chabhair agus íocaíochtaí cabhrach, lena n-áirítear réamhíocaíochtaí agus íocaíochtaí páirteacha cabhrach;

(f) socruithe praiticiúla chun suaitheantas an Aontais a thaispeáint ar phacáistí táirgí atá le dáileadh saor in aisce;

(g) urramú na gcaighdeán margaíochta i gcás táirgí a tarraingíodh siar;

(h) costais iompair, sórtála agus pacáistithe i gcás go ndéanfar dáileadh saor in aisce;

▼M5

(i) bearta cur chun cinn, cumarsáide, oiliúna agus traenála i gcásanna a bhaineann le géarchéimeanna a chosc agus a bhainistiú;

▼B

(j) oibríochtaí tarraingthe siar, bearta glasbhuainte, bearta gan bhuaint agus bearta árachais bhuainte a chur chun feidhme;

(k) an cúnamh airgeadais náisiúnta a chur i bhfeidhm, a údarú, a íoc agus a aisíoc;

▼B

(l) nósanna imeachta le haghaidh slándála, agus méid na slándála atá le taisceadh i gcás ina ndéantar réamhíocaíocht.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 229(2).

Roinn 4

Cláir thacaíochta in earnáil an fhíona

Foroinn1

Forálacha ginearálta agus bearta incháilithe

Airteagal 39

Raon Feidhme

Sa Roinn seo, leagtar síos na rialacha a rialaíonn leithdháileadh chistí an Aontais ar Bhallstáit agus úsáid na gcistí sin ag Ballstáit trí chláir náisiúnta thacaíochta cúig bliana ("cláir thacaíochta") chun bearta sonracha tacaíochta a mhaoiniú chun cabhrú le hearnáil an fhíona.

Airteagal 40

Comhoiriúnacht agus comhsheasmhacht

1. Luífidh na cláir thacaíochta le dlí an Aontais agus beidh siad comhsheasmhach le gníomhaíochtaí, beartais agus tosaíochtaí an Aontais.

2. Beidh na Ballstáit féin freagrach as cláir thacaíochta agus áiritheoidh siad go bhfuil siad comhsheasmhach iontu féin agus go ndréachtófar iad agus go gcuirfear chun feidhme iad ar bhealach oibiachtúil, ag cur san áireamh staid eacnamaíoch na dtáirgeoirí lena mbaineann agus an gá atá ann gan caitheamh go míchothrom le táirgeoirí éagsúla mura bhfuil údar leis.

3. Ní dheonófar aon tacaíocht maidir leis an méid seo a leanas:

(a) tionscadail taighde agus bearta chun tacú le tionscadail taighde seachas na tionscadail dá dtagraítear i bpointe (d) agus i bpointe (e) d'Airteagal 45(2);

(b) bearta atá ina gcuid de chláir forbartha tuaithe na mBallstát faoi Rialachán (CE) Uimh. 1305/2013

Airteagal 41

Cláir thacaíochta a thíolacadh

▼C2

1. Cuirfidh gach Ballstát ar táirgeoir é agus a liostaítear in Iarscríbhinn VI dréachtchlár tacaíochta cúig bliana faoi bhráid an Choimisiúin ina bhfuil ceann amháin ar a laghad de na bearta incháilithe a leagtar amach in Airteagal 43.

▼B

2. Déanfar dréachtchláir tacaíochta na gclár tacaíochta a tharraingt suas ar an leibhéal geografach is iomchuí dar leis na Ballstáit. Rachaidh an Ballstát i gcomhairle leis na húdaráis inniúla agus leis na heagraíochtaí ag an leibhéal críochach iomchuí maidir leis an dréachtchlár tacaíochta sula gcuirfidh sé faoi bhráid an Choimisiúin é.

▼B

3. Tíolacfaidh gach Ballstát dréachtchlár tacaíochta amháin agus féadfaidh an clár tréithe réigiúnacha ar leith a chur san áireamh.

4. Beidh na cláir thacaíochta infheidhme trí mhí tar éis don dréachtchlár a bheith tíolactha don Choimisiún.

Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha chur chun feidhme a ghlacadh lena suítear nach gcomhlíonann an clár tacaíochta a tíolacadh na rialacha atá leagtha síos sa Roinn seo agus féadfaidh sé an Ballstát a chur ar an eolas ina leith sin. I gcás den sórt sin, cuirfidh an Ballstát dréachtchlár tacaíochta athbhreithnithe faoi bhráid an Choimisiúin. Beidh an clár tacaíochta athbhreithnithe infheidhme dhá mhí tar éis a thíolactha mura bhfuil neamhluí fós ann agus sa chás sin beidh feidhm ag an bhfomhír seo.

Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin gan an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 229(2) nó (3) a chur i bhfeidhm.

5. Beidh feidhm ag mír 4 mutatis mutandis maidir le hathruithe ar na cláir thacaíochta is infheidhme a thíolacfaidh na Ballstáit.

Airteagal 42

Ábhar na gclár tacaíochta

Beidh na gnéithe seo a leanas ar a laghad i gcláir thacaíochta:

(a) tuairisc mhionsonraithe ar na bearta a bheartaítear chomh maith lena gcuspóirí cainníochtaithe;

(b) torthaí na gcomhairliúchán a tharla;

(c) breithmheas a léiríonn an tionchar teicniúil, eacnamaíoch, comhshaoil agus sóisialta a bhfuiltear ag súil leis;

(d) sceideal maidir leis na bearta a chur chun feidhme;

(e) tábla ginearálta um maoiniú a léiríonn na hacmhainní atá le húsáid agus leithdháileadh táscach na n-acmhainní dá bhforáiltear i measc na mbeart i gcomhréir le huasteorainneacha búiséadacha dá bhforáiltear in Iarscríbhinn VI;

(f) na critéir agus na táscairí cainníochtúla atá le húsáid chun faireachán agus meastóireacht a dhéanamh chomh maith leis na bearta arna ndéanamh lena áirithiú go gcuirfear na cláir thacaíochta chun feidhme go hiomchuí agus go héifeachtach; agus

(g) ainmniú na n-údarás inniúil agus na gcomhlachtaí a bheidh freagrach as cur chun feidhme an chláir thacaíochta.

Airteagal 43

Bearta incháilithe

Ní fhéadfaidh ach ceann amháin nó níos mó de na bearta seo a leanas a bheith sna cláir thacaíochta:

(a) cur chun cinn i gcomhréir le hAirteagal 45;

▼B

(b) athstruchtúrú agus athchóiriú fíonghort i gcomhréir le hAirteagal 46;

(c) glasbhuaint i gcomhréir le hAirteagal 47;

(d) cistí frithpháirteacha i gcomhréir le hAirteagal 48;

(e) árachas buainte i gcomhréir le hAirteagal 49;

(f) infheistíochtaí i gcomhréir le hAirteagal 50;

(g) nuáil in earnáil an fhíona i gcomhréir le hAirteagal 51;

(h) driogadh fotháirgí i gcomhréir le hAirteagal 52.

Airteagal 44

Rialacha ginearálta maidir le cláir thacaíochta

1. Leithdháilfear na cistí atá ar fáil ón Aontas laistigh de na teorainneacha fioscacha dá bhforáiltear in Iarscríbhinn VI.

2. Ní dheonófar tacaíocht ón Aontas ach do chaiteachas incháilithe arna thabhú tar éis thíolacadh an dréachtchláir tacaíochta ábhartha.

3. Ní rannchuideoidh na Ballstáit le costais na mbeart arna maoiniú ag an Aontas faoi na cláir thacaíochta.

Foroinn 2

Bearta sonracha tacaíochta

Airteagal 45

Cur chun cinn

1. Cumhdóidh tacaíocht faoin Airteagal seo bearta faisnéise nó bearta cur chun cinn maidir le fíonta de chuid an Aontais:

(a) sna Ballstáit, d'fhonn tomhaltóirí a chur ar an eolas maidir le fíon a thomhailt ar bhealach freagrach agus maidir le córais an Aontais lena gcumhdaítear ►C2 ainmniúcháin tionscnaimh ◄ agus tásca geografacha; nó

(b) i dtríú tíortha, agus ar an gcaoi sin ag féachaint lena n-iomaíochas a fheabhsú.

2. Beidh feidhm ag na bearta dá dtagraítear i bpointe (b) de mhír 1maidir le fíonta a bhfuil ►C2 ainmniúchán tionscnaimh ◄ faoi chosaint nó tásc geografach faoi chosaint acu nó fíonta a bhfuil tásc faoin gcineál fíonchaor acu agus ní áireofar sna bearta sin ach ceann amháin de na nithe seo a leanas:

(a) bearta caidrimh phoiblí, bearta cur chun cinn nó bearta fógraíochta, go háirithe bearta a leagann béim ar na hardchaighdeáin a bhaineann le táirgí an Aontais, go háirithe ó thaobh cáilíochta agus sábháilteachta bia de nó ó thaobh an chomhshaoil de;

(b) páirt a ghlacadh in imeachtaí, in aontaí nó i dtaispeántais a bhfuil tábhacht idirnáisiúnta ag baint leo;

(c) feachtais faisnéise, go háirithe faoi chórais de chuid an Aontais lena gcumhdaítear ►C2 ainmniúcháin tionscnaimh ◄, tásca geografacha agus táirgeadh orgánach;

▼B

(d) staidéir ar mhargaí nua, atá riachtanach chun asraonta margaidh a leathnú;

(e) staidéir chun meastóireacht a dhéanamh ar thorthaí na mbeart faisnéise agus na mbeart cur chun cinn.

3. Ní sháróidh ranníocaíocht an Aontais do bhearta faisnéise nó cur chun cinn dá dtagraítear i mír 1, 50 % den chaiteachas incháilithe.

Airteagal 46

Athstruchtúrú agus athchóiriú fíonghort

1. Is é an cuspóir a bheidh ag bearta a bhaineann le hathstruchtúrú agus le hathchóiriú fíonghort cur le hiomaíochas táirgeoirí fíona.

2. Tabharfar tacaíocht d'athstruchtúrú agus d'athchóiriú fíonghort má thíolacann na Ballstáit fardal a gcumais táirgthe i gcomhréir le hAirteagal 145(3).

3. Tacaíocht i gcomhair athstruchtúrú agus athchóiriú fíonghort, ar tacaíocht é a d'fhéadfadh córais inbhuanaithe táirgthe a fheabhsú agus lorg earnáil an fhíona ar an gcomhshaol a laghdú, ní fhéadfaidh an tacaíocht sin ach ceann amháin nó níos mó de na gníomhaíochtaí seo a leanas a chumhdach:

(a) athchóiriú cineálacha, lena n-áirítear athchóiriú trí bheangú;

(b) athlonnú fíonghort;

(c) athphlandú fíonghort más gá sin tar éis grafa éigeantaigh ar chúiseanna sláinte nó fíteashláintíochta, ar threoir a fháil chuige sin ó údarás inniúil an Bhallstáit;

(d) teicnící bainistithe fíonghort a fheabhsú, go háirithe ardchórais táirgthe inbhuanaithe a thabhairt isteach.

Ní thabharfar aon tacaíocht maidir le gnáth-athnuachan fíonghort, is é sin le rá, athphlandáil na dáileachta talún céanna leis an gcineál fíonchaoire céanna i gcomhréir leis an gcóras céanna saothraithe fíniúna, nuair atá deireadh tagtha le saolré nádúrtha na bhfíniúnacha.

Féadfaidh na Ballstáit tuilleadh sonraíochtaí a leagan síos, go háirithe maidir le haois na bhfíonghort a gcuirfear fíonghoirt nua ina n-áit.

4. Ní fhéadfar tacaíocht a thabhairt i gcomhair athstruchtúrú agus athchóiriú fíonghort, lena n-áirítear teicnící bainistithe fíonghort a fheabhsú, ach amháin ar na bealaí seo a leanas:

(a) cúiteamh a thabhairt do na táirgeoirí maidir le caillteanas ioncaim de bharr chur chun feidhme an bhirt;

(b) ranníocaíocht a dhéanamh i leith chostais an athstruchtúraithe agus an athchóirithe.

▼B

5. Féadfaidh an cúiteamh do tháirgeoirí de bharr caillteanais ioncaim dá dtagraítear i bpointe (a) de mhír 4 suas le 100 % den chaillteanas ábhartha a chumhdach agus féadfar é a dhéanamh ar cheann amháin de na bealaí seo a leanas:

(a) d'ainneoin Fhoroinn II de Roinn IVa de Chaibidil III de Theideal I de Chuid II de Rialachán (CE) Uimh. 1234/2007 lena leagtar amach an córas idirthréimhseach do chearta um plandú, cead fíniúnacha nua agus seanfhíniúnacha a fhás le chéile go dtí go mbeidh deireadh leis an gcóras idirthréimhseach ar feadh tréimhse uasta nach sáróidh trí bliana;

(b) cúiteamh airgeadais.

6. Ní sháróidh ranníocaíocht an Aontais i leith na gcostas iarbhír le haghaidh athstruchtúrú agus athchóiriú fíonghort 50 %. I réigiúin lagfhorbartha, ní sháróidh ranníocaíocht an Aontais i leith chostais an athstruchtúraithe agus an athchóirithe 75 %.

Airteagal 47

Glasbhuaint

1. Chun críocha an Airteagail seo, ciallaíonn "glasbhuaint" scriosadh iomlán nó asbhaint triopall fíonchaor fad is atá siad fós neamhaibí, ar an mbealach sin ag scriosadh tháirgeacht iomlán an limistéir sin.

Ní fhéachfar ar fhíonchaora tráchtála a bhfágfar ar na plandaí ag deireadh an ghnáth-thimthrialla táirgthe (gan bhaint) mar ghlasbhuaint.

2. Cuideoidh an tacaíocht a thabharfar i gcomhair glasbhuainte le hathchothromú a dhéanamh ar sholáthar agus ar éileamh i margadh fíona an Aontais chun géarchéimeanna sa mhargadh a chosc.

3. Féadfar tacaíocht a thabhairt i gcomhair glasbhuainte mar chúiteamh i bhfoirm íocaíochta ar ráta comhréidh in aghaidh an heicteáir atá le cinneadh ag an mBallstát lena mbaineann. Ní sháróidh an íocaíocht sin 50 % de shuim na gcostas díreach maidir le scriosadh nó baint na dtriopall fíonchaor agus an chaillteanais ioncaim de bharr an scriosta nó na bainte sin.

4. Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann córas ar bun a bheidh bunaithe ar chritéir oibiachtúla lena áirithiú nach dtabharfar cúiteamh níos airde ná an uasteorainn a leagtar síos i mír 3 do tháirgeoirí aonair fíona de thoradh an bhirt maidir le glasbhuaint.

Airteagal 48

Cistí frithpháirteacha

1. Cuirfidh an tacaíocht i gcomhair bunú cistí frithpháirteacha cúnamh ar fáil do tháirgeoirí ar mian leo árachas a fháil dóibh féin i gcoinne luaineachta margaidh.

2. Féadfar tacaíocht i gcomhair bunú cistí frithpháirteacha a dheonú i bhfoirm cabhrach sealadaí agus cabhrach ar bhonn céimlaghdaitheach chun costais riaracháin na gcistí a chumhdach.

▼B

Airteagal 49

Árachas buainte

1. Cabhróidh tacaíocht i gcomhair árachais bhuainte le hioncam táirgeoirí a chosaint nuair a bhíonn caillteanais de dheasca tubaistí nádúrtha, teagmhas díobhálach aeráide, galair nó inmhíolú lotnaidí.

Éileofar le conarthaí árachais go gcuirfidh tairbhithe na bearta is gá i bhfeidhm maidir le riosca a chosc.

2. Féadfar tacaíocht a dheonú i gcomhair árachais bhuainte i bhfoirm ranníocaíochta airgeadais ón Aontas nach mbeidh níos airde ná:

(a) 80 % de chostas na bpréimheanna árachais íoctha ag na táirgeoirí i gcomhair árachais in aghaidh caillteanas de bharr teagmhas díobhálach aeráide atá inchurtha le tubaistí nádúrtha;

(b) 50 % de chostas na bpréimheanna árachais íoctha ag na táirgeoirí i gcomhair árachais:

(i) in aghaidh caillteanas dá dtagraítear i bpointe (a) agus in aghaidh caillteanas eile de bharr drochaimsire;

(ii) in aghaidh caillteanas de bharr ainmhithe, galar plandaí nó inmhíolú lotnaidí.

3. Féadfar tacaíocht a dheonú i gcomhair árachais bhuainte mura dtugann na híocaíochtaí árachais cúiteamh do tháirgeoirí i gcomhair breis agus 100 % den chaillteanas ioncaim arna fhulaingt, ag cur san áireamh aon chúitimh a d'fhéadfadh a bheith faighte ag na táirgeoirí ó scéimeanna tacaíochta eile a bhaineann leis an riosca a bhfuarthas árachas ina aghaidh.

4. Ní dhéanfaidh tacaíocht i gcomhair árachais bhuainte saobhadh ar iomaíocht sa mhargadh árachais.

Airteagal 50

Infheistíochtaí

1. Féadfar tacaíocht a dheonú i gcomhair infheistíochtaí inláimhsithe agus doláimhsithe i saoráidí próiseála, i mbonneagar fíonghort agus i struchtúir agus in uirlisí margaíochta. Beidh na hinfheistíochtaí sin beartaithe chun feabhas a chur ar fheidhmíocht fhoriomlán an fhiontair agus lena oiriúnú don éileamh ar an margadh, agus cur lena chumas iomaíochta, agus bainfidh siad le táirgeadh nó le margaíocht táirgí finiúna dá dtagraítear i gCuid II d'Iarscríbhinn VI, lena n-áirítear d'fhonn coigiltis fhuinnimh agus éifeachtúlacht fuinnimh ar fud an domhain a fheabhsú agus d'fhonn próisis inbhuanaithe a fheabhsú freisin.

2. Maidir le tacaíocht faoi mhír 1 ag an ráta is airde:

(a) ní bheidh feidhm aici ach amháin maidir le micrifhiontair, fiontair bheaga nó fiontair mheánmhéide de réir bhrí Mholadh 2003/361/CE ón gCoimisiún ([1])

([1]) Moladh 2003/361/CE ón gCoimisiún an 6 Bealtaine 2003 maidir leis an sainmhíniú ar mhicrifhiontair agus ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide (IO L 124, 20.5.2003, lch. 36).

▼B

(b) lena chois sin, féadfaidh feidhm a bheith aici maidir le gach fiontar i gcás na réigiún is forimeallaí dá dtagraítear in Airteagal 349 CFAE agus na n-oileán beag Aeigéach de réir mar atá sainithe in Airteagal 1(2) de Rialachán (AE) Uimh. 229/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]).

Ní thabharfar ach leath den dhlús uasta cabhrach i gcás fiontar nach gcumhdaítear ag Airteagal 2(1) de Theideal I den Iarscríbhinn a ghabhann le Moladh 2003/361/CE a bhfuil níos lú ná 750 fostaí acu nó a bhfuil láimhdeachas níos lú ná EUR 200 milliún acu.

Ní dheonófar cabhair d'fhiontair atá i gcruachás de réir bhrí threoirlínte an Chomhphobail faoi Státchabhair chun teacht i gcabhair ar ghnólachtaí atá i gcruachás agus athstruchtúrú a dhéanamh orthu ([2]).

3. Ní áireofar sa chaiteachas incháilithe na costais nach bhfuil incháilithe dá dtagraítear in 'Airteagal 59(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013.

4. Beidh feidhm ag na rátaí uasta cabhrach seo a leanas maidir le ranníocaíocht an Aontais do na costais infheistíochta incháilithe:

(a) 50 % i réigiúin lagfhorbartha;

(b) 40 % i réigiúin eile seachas réigiúin lagfhorbartha;

(c) 75 % sna réigiúin is forimeallaí dá dtagraítear in Airteagal 349 CFAE;

(d) 65 % sna hoileáin Aeigéacha bheaga mar atá sainithe in Airteagal 1(2) de Rialachán (AE) Uimh. 229/2013.

5. Beidh feidhm ag Airteagal 71 de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 mutatis mutandis maidir leis an tacaíocht dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo.

Airteagal 51

Nuáil in earnáil an fhíonar

Féadfar tacaíocht a dheonú d'infheistíochtaí inláimsithe nó doláimhsithe atá dírithe ar tháirgí nua, próisis nua agus teicneolaíochtaúí nua a fhorbairt maidir leis na táirgí dá dtagraítear i gCuid II d'Iarscríbhinn VII. Beidh sé beartaithe leis an tacaíocht indíoltacht agus iomaíochas thairgí finiúna an Aontais a fhebhas agus féadfaidh aistriú eolais bheith san áireamh ann. Beidh na huasrátaí cabhrach maidir le ranníocaíocht an Aontais ton tacaíocht arna sholáthar faoin Airteagal seo mar an gcéanna leo siúd a leagtar amach in Airteagal 508(4).

([1]) Rialachán (AE) Uimh. 229/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Márta 2013 lena leagtar síos bearta sonracha don talmhaíocht i bhfabhar na n-oileán beag Aeigéach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1405/2006 ón gComhairle (IO L 78, 20.3.2013, lch. 41).

([2]) IO C 244, 1.10.2004, lch. 2.

▼B

Airteagal 52

Driogadh fotháirgí

1. Féadfar tacaíocht a dheonú i gcomhair driogadh deonach nó éigeantach fotháirgí fíona arna dhéanamh i gcomhréir leis na coinníollacha atá leagtha síos i Roinn D de Chuid II d'Iarscríbhinn VIII.

Déanfar méid na cabhrach a shocrú de réir % de thoirt agus in aghaidh an heictilítir alcóil arna tháirgeadh. Ní dheonfar aon chabhair i gcomhair mhéid an alcóil sna fotháirgí atá le driogadh atá nios mó ná 10 % de mhéid an alcóil atá san fhíon arna tháirgeadh

2. Íocfar an chabhair le driogairí a phróiseálann fotháirgí na fíonóireachta a sheachadtar chun iad a dhriogadh ina n-alcól amh ag a bhfuil cion alcóil de 92 % toirte ar a laghad.

Féadfaidh na Ballstáit deonú na tacaíochta a dhéanamh coinníollach ar go ndéanfadh an tairbhí urrús a thaisceadh.

3. Socróidh an Coimisiún na leibhéil uasta atá infheidhme i gcomhair cabhrach trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme de bhun Airteagal 54 agus beidh siad bunaithe ar chostais bhailithe agus phróiseála.

4. Áireoidh an chabhair ábhartha cnapshuim lena gcúiteofar na costais a bhaineann le fotháirgí na fíonóireachta a bhailiú. Déanfar an méid sin a aistriú ón driogaire chuig an táirgeoir, i gcás gurb é an táirgeoir a chlúdaíonn na costais ábhartha sin.

5. Úsáidfear an t-alcól a thagann ón driogadh a fhaigheann tacaíocht dá dtagraítear i mír 1 le haghaidh cuspóirí tionsclaíocha nó fuinnimh agus chucu sin amháin chun saobhadh na hiomaíochta a sheachaint.

Foroinn 3

Forálacha nós imeachta

Airteagal 53

Cumhachtaí tarmligthe

D'fhonn a áirithiú go mbainfidh cláir thacaíochta na mBallstát in earnáil an fhíona a gcuspóirí amach agus go n-úsáidfear cistí de chuid an Aontais ar bhealach éifeachtúil agus éifeachtach, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 227 chun an méid seo a leanas a bhunú:

(a) rialacha maidir leis an bhfreagracht as caiteachas idir an dáta a bhfaigheann an Coimisiún na cláir thacaíochta agus ar a ndéantar leasuithe ar na cláir agus dáta a n-infheidhmeachta;

(b) rialacha maidir le hábhar na gclár tacaíochta agus maidir leis an gcaiteachas, na costais riaracháin agus pearsanra agus na hoibríochtaí a fhéadfar a áireamh i gcláir thacaíochta na mBallstát agus na coinníollacha faoina bhféadfar íocaíochtaí a dhéanamh trí idirghabhálaithe i gcás na tacaíochta d'árachás buainte dá bhforáiltear in Airteagal 49 agus an deis atá ann íocaíochtaí a dhéanamh ar an mbealach sin;

▼B

(c) rialacha maidir leis an gceanglas chun urrús a thaisceadh i gcás ina ndéantar réamhíocaíocht;

(d) rialacha maidir le húsáid na dtéarmaí chun críocha na Roinne seo;

(e) rialacha maidir le huasteorainneacha a shocrú don chaiteachas ar athphlandú fíonghort ar chúiseanna sláintenó fíteashláintíochta i gcomhréir le pointe (c) den chéad fomhír d'Airteagal 46(3);

(f) rialacha maidir le cistiú dúbailte idir na gnéithe seo a leanas a sheachaint:

(i) oibríochtaí difriúla chlár tacaíochta Ballstáit in earnáil an fhíona, agus

(ii) clár tacaíochta Ballstáit in earnáil an fhíona agus cláir fhorbartha tuaithe nó cláir chur chun cinn an Bhallstáit;

(g) rialacha faoina bhfuil táirgeoirí le fotháirgí na fíonóireachta a aistarraingt, agus eisceachtaí ón oibleagáid sin chun ualach breise riaracháin a sheachaint agus rialacha maidir le deimhniúchán deonach na ndriogairí;

(h) rialacha lena gcceadaítear do na Ballstáit coinníollacha a chur ar bun chun bearta tacaíochta ina gcláir a chur ag feidhmiú ar bhealach cuí.

Airteagal 54

Cumhachtaí cur chun feidhme i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin

Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar síos bearta maidir leis an méid seo a leanas:

(a) tíolacadh na gclár tacaíochta, an phleanáil airgeadais chomhfhreagrach agus athbhreithniú ar chláir thacaíochta;

(b) nósanna imeachta cur i bhfeidhm, roghnúcháin agus íocaíochta;

(c) tíolacadh, formáid agus ábhar thuarascálacha agus mheastóireachtaí chláir thacaíochta na mBallstát;

(d) rátaí na cabhrach le haghaidh na glasbhuainte agus dhriogadh na bhfotháirgí a bheith á socrú ag na Ballstáit;

(e) bainistiú airgeadais agus forálacha a bhaineann leis na bearta tacaíochta a bheith á gcur i bhfeidhm ag na Ballstáit;

(f) nósanna imeachta le haghaidh slándála, agus méid na slándála atá le taisceadh i gcás ina ndéantar réamhíocaíocht.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 229(2).

▼B

Roinn 5

Cabhair in earnáil na beachadóireachta

Airteagal 55

Cláir náisiúnta agus maoiniú

1. Chun feabhas a chur ar dhálaí ginearálta maidir le táirgeadh agus margú táirgí beachadóireachta, féadfaidh na Ballstáit cláir náisiúnta d'earnáil na beachadóireachta a tharraingt suas lena gcumhdófar tréimhse trí bliana ('cláir bheachadóireachta'). Forbrófar na cláir sin i gcomhar le heagraíochtaí ionadaíocha i réimse na beachadóireachta.

▼M6

De mhaolú ar an gcéad fhomhír, cuirfear síneadh go dtí an 31 Nollaig 2022 le cláir náisiúnta arna dtarraingt suas don tréimhse ón 1 Lúnasa 2019 go dtí an 31 Iúil 2022. Modhnóidh na Ballstáit a gcláir náisiúnta chun an síneadh sin a chur san áireamh agus tabharfaidh siad fógra don Choimisiún faoi na cláir mhodhnaithe lena bhformheas.

▼B

2. Beidh ranníocaíocht an Aontais i leith na gclár beachadóireachta comhionann le 50 % den chaiteachas a luífidh ar na Ballstáit do na cláir sin, arna bhformheas i gcomhréir le pointe (c) den chéad fhomhír d'Airteagal 57.

3. Chun a bheith incháilithe i gcomhair na ranníocaíochta ón Aontas dá bhforáiltear i mír 2, déanfaidh na Ballstáit staidéar ar an struchtúr táirgthe agus margaíochta in earnáil na beachaireachta ina gcríocha féin.

4. Féadtar na bearta seo a leanas a áireamh i gcláir bheachadóireachta:

(a) cúnamh teicniúil do bheachairí agus do ghrúpaí beachairí;

(b) ionróirí coirceog beach agus galair sna coirceoga beach a chomhrac, go háirithe an varróis;

(c) cuíchóiriú buailteachais;

(d) bearta chun tacú le saotharlanna chun anailís a dhéanamh ar tháirgí beachadóireachta chun cuidiú le beachairí a gcuid táirgí a chur ar an margadh agus cur le luach na dtáirgí sin;

(e) bearta le tacú le hathstocáil coirceog san Aontas;

(f) comhoibriú le comhlachtaí speisialaithe maidir le cur chun feidhme na gclár taighde feidhmeach i réimse na beachadóireachta agus na dtáirgí beachadóireachta;

(g) faireachán ar an margadh;

(h) cur le cáilíocht na dtáirgí chun an leas is mó is féidir a bhaint as na táirgí atá ar an margadh.

Airteagal 56

Cumhachtaí tarmligthe

1. D'fhonn a áirithiú go n-úsáidfear cistí an Aontais ar bhealach éifeachtach agus éifeachtúil i gcomhair na beachadóireachta, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 227 maidir leis an méid seo a leanas:

▼B

(a) cistiú dúbailte idir cláir bheachadóireachta na mBallstát agus cláir forbartha tuaithe a sheachaint;

(b) bunús leithdháileadh ranníocaíocht an Aontais ar gach Ballstát rannpháirteach bunaithe ar, inter alia, líon iomlán na gcoirceog beach san Aontas.

2. Chun a áirithiú go gcuirfear scéim cabhrach an Aontais in oiriúint do na forbairtí is déanaí agus go mbeidh na bearta a chlúdófar éifeachtach ó thaobh feabhas a chur ar na coinníollacha ginearálta do tháirgeadh agus margú táirgí beachadóireachta, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 227 lena dtabharfar cothrom le dáta na bearta dá dtagraítear in Airteagal 55(4) ar féidir a áireamh i gcláir bheachadóireachta na mBallstát, trí bhearta eile a chur leo nó trí na bearta sin a oiriúnú ach gan aon cheann acu a scriosadh. Agus na bearta sin á dtabhairt cothrom le dáta, ní bheidh aon tionchar ar na cláir náisiúnta a glacadh sular tháinig an gníomh tarmligthe i bhfeidhm.

Airteagal 57

Cumhachtaí cur chun feidhme i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin

Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar síos na bearta atá riachtanach chun an Roinn seo a chur i bhfeidhm maidir leis an méid a leanas:

(a) ábhar na gclár náisiúnta agus na staidéar a dhéanfaidh na Ballstáit maidir le struchtúr táirgthe agus margaíochta a n-earnálacha beachaireachta;

(b) an nós imeachta maidir le cistí nár úsáideadh a ath-leithdháileadh;

(c) na cláir bheachadóireachta atá curtha isteach ag na Ballstáit a fhormheas, lena n-áirítear leithdháileadh ranníocaíocht an Aontais do gach Ballstát rannpháirteach agus an leibhéal uasta cistiúcháin óna mBallstáit.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 229(2).

Roinn 6

Cabhair in earnáil na leannlusanna

Airteagal 58

Cabhair d'eagraíochtaí táirgeoirí

1. Deonóidh an tAontas cabhair d'eagraíochtaí táirgeoirí in earnáil na leannlusanna ar tugadh aitheantas dóibh i gcomhréir le hAirteagal 152 chun maoiniú a chur ar fáil d'fhonn na cuspóirí dá dtagraítear i bpointí (c)(i),(ii) nó (iii) d'Airteagal 152(1) a bhaint amach.

▼M6

2. I gcás na Gearmáine, deonófar EUR 2 277 000 i gcomhair 2020 mar mhaoiniú ón Aontas don chabhair d'eagraíochtaí táirgeoirí dá bhforáiltear i mír 1.

I gcás na Gearmáine, deonófar EUR 2 188 000 i gcomhair gach ceann de na blianta 2021 agus 2022 mar mhaoiniú ón Aontas don chabhair d'eagraíochtaí táirgeoirí dá bhforáiltear i mír 1.

▼B

Airteagal 59

Cumhachtaí tarmligthe

D'fhonn a áirithiú go maoineoidh an chabhair dá dtagraítear in Airteagal 58 an obair a bheidh ar bun chun na cuspóirí dá dtagraítear in Airteagal 152 a bhaint amach, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 227, maidir leis an méid seo a leanas:

(a) iarratais ar chabhair, lena n-áirítear rialacha maidir le spriocdhátaí agus doiciméid tionlacain;

(b) rialacha maidir le limistéir leannlusanna cháilithe agus ríomh na méideanna atá le híoc le gach eagraíocht táirgeoirí.

Airteagal 60

Cumhachtaí cur chun feidhme i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin

Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar síos na bearta uile is gá a ghlacadh chun an Roinn seo a chur i bhfeidhm i dtaca le cabhair a íoc.

Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 229(2).

CAIBIDIL III

Scéim na n-údaruithe i gcomhair planduithe fíniúnacha

Airteagal 61

Ré

Scéim na n-údaruithe i gcomhair planduithe fíniúnacha a bunaíodh sa Chaibidil seo, beidh feidhm aici ón 1 Eanáir 2016 go dtí an 31 Nollaig 2030, agus déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú meántéarma chun measúireacht a dhéanamh ar oibriú na scéime agus, más iomchuí, tograí a dhéanamh.

Roinn 1

Bainistiú scéim na n-údaruithe i gcomhair planduithe fíniúnacha

Airteagal 62

Údaruithe

►C2 1. Féadfar fíniúnacha de chineálacha fíonchaor arna n-aicmiú i gcomhréir le hAirteagal 81(2) a phlandú nó a athphlandú ◄ má thugtar údarú i gcomhréir le hAirteagal 64, le hAirteagal 66 agus le hAirteagal 68 faoi na coinníollacha a leagtar síos sa Chaibidil seo.

2. Deonóidh na Ballstáit an t-údarú dá dtagraítear i mír 1, a chomhfhreagraíonn do limistéar sonrach arna léiriú i heicteáir, ar iarratas a chur isteach ó tháirgeoirí a chomhlíonann an sprioc agus critéir neamh-idirdhealaitheacha maidir le hincháilitheacht. Déanfar an t-údarú sin a dheonú gan táille a ghearradh ar na táirgeoirí.

3. Beidh na húdaruithe dá dtagraítear i mír 1 bailí ar feadh trí bliana ón dáta ar deonaíodh iad. Táirgeoir nach mbainfidh leas as údarú a deonaíodh le linn tréimhse bailíochta an údaraithe sin, beidh sé faoi réir pionós riaracháin mar a fhoráiltear in Airteagal 89(4) de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013.

▼M6

De mhaolú ar an gcéad fhomhír, cuirfear síneadh ama le bailíocht na n-údaruithe a deonaíodh i gcomhréir le hAirteagal 64 agus Airteagal 66(1), a rachaidh in éag sa bhliain 2020 go dtí an 31 Nollaig 2021.

Táirgeoirí a bhfuil údaruithe ina seilbh acu i gcomhréir le hAirteagal 64 agus Airteagal 66(1) den Rialachán seo, a rachaidh in éag in 2020, ní bheidh siad, de mhaolú ar an gcéad fhomhír den mhír seo, faoi réir an phionóis riaracháin dá dtagraítear in Airteagal 89(4) de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ar choinníoll go gcuirfidh siad na húdaráis inniúla ar an eolas faoin 28 Feabhra 2021 nach bhfuil rún acu úsáid a bhaint as a n-údarú agus nach mian leo leas a bhaint as síneadh a mbailíochta dá dtagraítear sa dara fomhír den mhír seo.

▼B

4. Ní bheidh feidhm ag an gCaibidil seo maidir le limistéir a phlandú nó a athphlandú, ar limistéir iad atá beartaithe chun críocha turgnamhacha nó do phlandlanna beangaithe, ►C2 ná maidir le limistéir a bhfuil a gcuid fíona nó a gcuid táirgí fíniúnacha beartaithe lena gcaitheamh ag teaghlach an saothraí fíona amháin ◄ ná maidir le limistéir atá le plandú as an nua mar thoradh ar cheannach éigeantach ar mhaithe le leas an phobail a glacadh faoin dlí náisiúnta.

▼M5

5. Féadfaidh na Ballstáit an Chaibidil seo a chur i bhfeidhm maidir le limistéir ina dtáirgtear fíon atá oiriúnach do tháirgeacht biotáillí fíona lena ngabhann tásc geografach arna chlárú i gcomhréir le hIarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 110/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]). Chun críocha na Caibidle seo, féadfar caitheamh leis na limistéir sin mar limistéir inar féidir fíonta a bhfuil sonrúchán tionscnaimh faoi chosaint nó tásc geografach faoi chosaint acu a tháirgeadh.

▼B

Airteagal 63

Sásra cosanta do phlanduithe nua

1. Cuirfidh na Ballstáit údaruithe i gcomhair planduithe nua ar fáil gach bliain a chomhfhreagraíonn do 1 % den limistéar iomlán atá plandaithe go hiarbhír le fíniúnacha ar a gcríoch, mar a thomhaistear iad an 31 Iúil an bhliain roimhe.

2. Déanfaidh na Ballstáit:

(a) céatadán níos ísle a chur i bhfeidhm ar an leibhéal náisiúnta ná an céatadán atá leagtha amach i mír 1;

(b) teorainn a chur le húdaruithe a eisiúint ar an leibhéal réigiúnach, do limistéir shonracha atá i dteideal fíon a tháirgeadh faoi ►C2 ainmniúchán tionscnaimh ◄ faoi chosaint, do limistéir atá i dteideal fíon a tháirgeadh faoi thásc geografach faoi chosaint, nó do limistéir gan tásc geografach.

3. Aon cheann de na teorainneacha dá dtagraítear i mhír 2, cuideoidh siad le fás ordúil phlanduithe fíniúnacha, socrófar iad ar leibhéal a bheidh os cionn 0 % agus beidh bonn cirt leo ar cheann amháin nó níos mó de na forais sonracha seo a leanas:

(a) chun riosca dea-léirithe de rósholáthar táirgí fíona a sheachaint maidir le hionchais don mhargadh i leith na dtáirgí sin, gan níos mó ná an méid a bhfuil gá leis a dhéanamh chun an riachtanas sin a chomhlíonadh;

([1]) Rialachán (CE) Uimh. 110/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Eanáir 2008 maidir le sainmhíniú, tuairisc, cur i láthair, lipéadú agus cosaint sonraí geografacha deochanna biotáilleacha agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 1576/89 ón gComhairle (IO L 39, 13.2.2008, lch. 16).

▼B

(b) chun riosca dea-léirithe díluachála a sheachaint i gcás ►C2 ainmniúchán tionscnaimh ◄ áirithe faoi chosaint nó tásc geografach áirithe faoi chosaint.

4. Cuirfidh na Ballstáit in iúl go poiblí aon chinntí a ghlactar de bhun mhír 2, agus tabharfar bonn cirt cuí leis na cinntí sin. Tabharfaidh na Ballstáit fógra láithreach don Choimisiún faoi na cinntí agus na boinn chirt sin.

Airteagal 64

Údaruithe a dheonú i gcomhair planduithe nua

1. Mura rachaidh méid an limistéir iomláin a chumhdaítear leis na hiarratais incháilithe i mbliain ar leith thar mhéid an limistéir a chuir an Ballstát ar fáil, glacfar leis na hiarratais sin ar fad.

Féadfaidh na Ballstáit, chun críche an Airteagail seo, ceann amháin nó níos mó de na critéir incháilitheachta, atá oibiachtúil agus neamh-idirdhealaitheach, a chur i bhfeidhm:

(a) beidh limistéar talmhaíochta ag an iarratasóir nach lú é ná an limistéar a bhfuil an t-údarú á lorg aige ina leith;

(b) beidh scileanna gairme agus inniúlacht ghairme leordhóthanach ag an iarratasóir;

(c) ní baol go ndéanfar mí-leithreasú ar chlú na ►C2 n-ainmniúchán tionscnaimh ◄ faoi leith atá faoi chosaint i ngeall ar an iarratas, rud a nglactar leis mura léiríonn na húdaráis phoiblí gurb ann don riosca sin;

▼M5

(ca) níl fíniúnacha plandaithe ag an iarratasóir gan údarú dá dtagraítear in Airteagal 71 den Rialachán seo nó gan ceart plandaithe dá dtagraítear in Airteagal 85a agus in Airteagal 85b de Rialachán (CE) Uimh. 1234/2007;

▼B

(d) má tá bonn cirt cuí leis, ceann amháin nó níos mó de na critéir dá dtagraítear i mír 2 ar choinníoll go gcuirtear i bhfeidhm iad ar bhealach oibiachtúil agus neamh-idirdhealaitheach.

▼M5

2. Má tá méid an limistéir iomláin a chumhdaítear leis na hiarratais incháilithe dá dtagraítear i mír 1, i mbliain ar leith, thar mhéid an limistéir a chuir an Ballstát ar fáil, deonófar údaruithe, de réir dháileadh pro-rata na heicteár, do na hiarratasóirí go léir ar bhonn an limistéir a ndearna siad iarratas ar údarú ina leith. Tríd an deonú sin, féadfar limistéar íosta agus/nó uasta a bhunú de réir iarratasóra agus féadfar é a dhéanamh go páirteach nó go hiomlán freisin i gcomhréir le ceann amháin nó níos mó de na critéir oibiachtúla agus neamh-idirdhealaitheacha thosaíochta seo a leanas:

▼B

(a) táirgeoirí atá ag dul i mbun na hoibre den chéad uair, agus arb iad ceann a ngabháltais iad (iontrálaithe nua);

(b) limistéir ina rannchuidíonn fíonghoirt leis an gcomhshaol a chaomhnú;

(c) limistéir atá nua-phlandaithe i gcomhthéacs tionscadal um chomhdhlúthú talún;

(d) limistéir a bhfuil srianta nádúrtha nó srianta sonracha eile le sárú acu

(e) inbhuanaitheacht tionscadail forbraíochta nó athphlandaithe bunaithe ar mheastóireacht eacnamaíoch;

▼B

(f) limistéir a bheidh le plandú as an nua agus a chuirfidh leis an iomaíochas i ngabháltas feirme agus ar an leibhéal réigiúnach;

(g) tionscadail lena bhféadfaí feabhas a chur ar cháilíocht na dtáirgí le tásca geografacha;

(h) limistéir a bheidh le plandú as an nua i gcomhthéacs gabháltais bheaga agus mheánmhéide a mhéadú.

▼M5

2a. Má chinneann an Ballstát ceann amháin nó níos mó de na critéir dá dtagraítear i mír 2 a chur i bhfeidhm, féadfaidh an Ballstát an coinníoll breise a chur leis go mbeidh an t-iarratasóir ina dhuine nádúrtha nach bhfuil os cionn 40 bliain d'aois an bhliain a dtíolactar an t-iarratas.

3. Poibleoidh na Ballstáit na critéir dá dtagraítear i mír 1, i mír 2 agus i mír 2a a bheidh á gcur i bhfeidhm acu agus tabharfaidh siad fógra láithreach don Choimisiún faoi na critéir sin.

▼B

Airteagal 65

Ról na n-eagraíochtaí gairmiúla

Agus Airteagal 63(2) á chur i bhfeidhm aige, féadfaidh an Ballstát a chur san áireamh na moltaí a thíolaic eagraíochtaí gairmiúla aitheanta a fheidhmíonn san earnáil fíona dá dtagraítear in Airteagail 152, in Airteagal 156 agusin Airteagal 157, nó na cinn a thíolaic grúpaí táirgeoirí leasmhara dá dtagraítear in Airteagal 95, nó cineálacha eile eagraíochtaí gairmiúla a n-aithnítear iad ar bhonn reachtaíocht Bhallstáit, ar choinníoll go dtiocfaidh na páirtithe ionadaíochta ábhartha sa limistéar geografach tagartha ar chomhaontú roimh ré.

Ní bheidh feidhm ag na moltaí sin ar feadh níos mó ná trí bliana.

Airteagal 66

Athphlandú

1. Deonóidh na Ballstáit údarú go huathoibríoch do tháirgeoirí a chuireann iarratas isteach a bhfuil limistéar grafta acu ar limistéar é a bhí faoi fhíniúnacha amhail ón 1 Eanáir 2016. Beidh údarú den sórt sin ar aon dul le coibhéis an limistéir sin ó thaobh bairr iarbhír de. Ní ríomhfar na limistéir a chumhdaítear le húdaruithe den sórt sin chun críocha Airteagal 63.

2. Féadfaidh na Ballstáit údarú dá dtagraítear i mír 1 a dheonú do tháirgeoirí a thugann orthu féin limistéar a ghrafadh atá faoi fhíniúnacha má dhéantar grafadh an limistéir gheallta faoi dheireadh na ceathrú bliana ar a dhéanaí ón dáta ar cuireadh na fíniúnacha nua síos.

3. Úsáidfear an t-údarú dá dtagraítear i mír 1 ar an ngabháltas céanna ar a ndearnadh an grafadh. Féadfaidh na Ballstáit, i limistéir fíona a tháirgeadh atá i dteideal ►C2 ainmniúcháin tionscnaimh ◄ atá faoi chosaint nó tásca geografacha atá faoi chosaint, srian a chur ar an athphlandú, bunaithe ar mholadh ó eagraíocht ghairmiúil i gcomhréir le hAirteagal 65, agus é a theorannú go fíniúnacha a bhfuil an tsonraíocht chéanna acu, maidir le ►C2 ainmniúchán tionscnaimh ◄ atá faoi chosaint nó tásc geografach atá faoi chosaint, is atá ag an limistéar a grafadh.

▼B

4. Ní bheidh feidhm ag an Airteagal seo i gcás planduithe neamhúdaraithe a ghrafadh

Airteagal 67

De minimis

1. Ní bheidh feidhm ag scéim na n-údaruithe i gcomhair planduithe fíniúnacha a bunaíodh sa Chaibidil seo sna Ballstáit sin nach raibh feidhm an 31 Nollaig 2007 ag an gcóras idirthréimhseach do chearta um plandú a bunaíodh i bhForoinn II de Roinn IVa de Chaibidil III de Theideal I de Chuid II de Rialachán (CE) Uimh. 1234/2007.

2. Na Ballstáit sin ina raibh feidhm ag an gcóras dá dtagraítear i mír 1 an 31 Nollaig 2007, agus nach mó ná 10 000 heicteár na limistéir ina bhfuil fíniúnacha curtha i láthair na huaire, féadfaidh siad cinneadh a dhéanamh gan scéim na n-údaruithe i gcomhair planduithe fíniúnacha a bunaíodh sa Chaibidil seo a chur chun feidhme.

Airteagal 68

Forálacha idirthréimhseacha

1. Cearta um plandú a dheonaítear do tháirgeoirí i gcomhréir le hAirteagal 85h, le hAirteagal 85i nó le hAirteagal 85k de Rialachán (CE) Uimhir 1234/2007 roimh an 31 Nollaig 2015, nár úsáid na táirgeoirí sin agus atá fós bailí faoin dáta sin, féadfar iad a thiontú ina n-údaruithe faoin gCaibidil seo amhail ón 1 Eanáir 2016.

▼M6

Tarlóidh tiontú den sórt sin arna iarraidh sin do na táirgeoirí sin roimh an 31 Nollaig 2015. Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh cead a thabhairt do tháirgeoirí an iarraidh sin a chur isteach ar chearta a thiontú ina n-údaruithe go dtí an 31 Nollaig 2022.

2. Na húdaruithe a dheonaítear de bhun mhír 1, beidh an tréimhse bailíochta chéanna acu is atá ag na cearta um plandú dá dtagraítear i mír 1. Mura mbaintear leas as na húdaruithe sin, rachaidh siad in éag ar a dhéanaí faoin 31 Nollaig 2018, nó, más rud é go mbeidh an cinneadh dá dtagraítear sa dara fomhír de mhír 1 glactha ag Ballstát, ar a dhéanaí faoin 31 Nollaig 2025.

▼B

3. Ní ríomhfar chun críocha Airteagal 63 na limistéir a chumhdaítear le húdaruithe a dheonaítear de bhun mhír 1.

Airteagal 69

Cumhachtaí tarmligthe

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 227 maidir leis an méid a leanas:

(a) na coinníollacha maidir leis an díolúine dá dtagraítear in Airteagal 62(4) a chur i bhfeidhm;

(b) na rialacha a bhaineann leis na critéir dá dtagraítear in Airteagal 64(1) agus (2);

▼B

(c) critéir a chur leis na cinn atá liostaithe in Airteagal 64 (1) (2);

(d) fíniúnacha ar gheall an táirgeoir go ndéanfadh sé iad a ghrafadh a bheith ann taobh le fíniúnacha nua-phlandaithe de bhun Airteagal 66(2);

(e) an bunús atá le cinntí na mBallstát faoi Airteagal 66(3).

Airteagal 70

Cumhachtaí cur chun feidhme i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin

Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar síos na bearta riachtanacha maidir leis:

(a) na nósanna imeachta maidir le húdaruithe a dheonú;

(b) na taifid le coinneáil ag na Ballstáit agus na fógraí le cur chuig an gCoimisiún.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 229(2).

Roinn 2

Rialú scéim na n-údaruithe i gcomhair planduithe fíniúnacha

Airteagal 71

Planduithe neamhúdaraithe

1. Déanfaidh táirgeoirí grafadh ar a gcostas féin ar na limistéir a cuireadh faoi fhíniúnacha gan údarú.

2. Mura ndéanfaidh táirgeoirí grafadh laistigh de cheithre mhí ón dáta a fuair siad fógra faoi neamhrialtacht, áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar na planduithe neamh-údaraithe sin a ghrafadh laistigh de dhá bhliain tar éis dul in éag don tréimhse ceithre mhí. Gearrfar an costas ábhartha ar na táirgeoirí lena mbaineann.

3. Cuirfidh na Ballstáit in iúl don Choimisiún faoin 1 Márta gach bliain méid iomlán na limistéar ar fionnadh gur cuireadh faoi fhíniúnacha iad gan údarú tar éis an 1 Eanáir 2016, chomh maith leis na limistéir a grafadh i gcomhréir le mír 1 agus mír 2.

4. I gcás nár chomhlíon táirgeoir na hoibleagáidí atá leagtha amach i mír 1 den Airteagal seo, beidh sé faoi réir pionóis a bheidh le leagan síos i gcomhréir le hAirteagal 64 de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013

5. Ní bhainfidh limistéir ar cuireadh fíniúnacha iontu gan údarú leas as aon bhearta tacaíochta náisiúnta nó aon bhearta tacaíochta de chuid an Aontais.

Airteagal 72

Cumhachtaí cur chun feidhme i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin

Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar sios na bearta riachtanacha lena leagtar amach na sonraí faoi riachtanais chumarsáide atá le comhlíonadh ag na mBallstáit, lena n-áirítear laghduithe a d'fhéadfaí a bheith i gceist ar uasteorainneacha buiséadacha dá dtagraítear in Iarscríbhinn VI i gcás neamhchomhlíonta.

▼B

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 229(2).

TEIDEAL II

RIALACHA MAIDIR LE MARGAÍOCHT AGUS EAGRAÍOCHTAÍ TÁIRGEOIRÍ

CAIBIDIL I

Rialacha maidir le margaíocht

Roinn 1

Caighdeáin mhargaíochta

Foroinn 1

Forálacha tosaigh

Airteagal 73

Raon Feidhme

Gan dochar d'aon fhorálacha eile is infheidhme maidir le táirgí talmhaíochta, agus gan dochar do na forálacha a glacadh in earnáil na tréidliachta, san earnáil fíteashláintíochta agus in earnáil an bhia lena áirithiú go gcomhlíonann táirgí caighdeáin sláinteachais agus sláinte agus chun sláinte ainmhithe, plandaí agus daoine a chosaint, leagtar síos sa Roinn seo na rialacha maidir leis na caighdeáin mhargaíochta Roinnfear na rialacha éigeantacha agus ina dtéarmaí roghnacha forchoimeádta do tháirgí talmhaíochta.

Foroinn 2

Foroinn iii caighdeáin mhargaíochta de réir earnálacha nó táirgí

Airteagal 74

Prionsabal ginearálta

Ní fhéadfar na táirgí a bhfuil caighdeáin mhargaithe de réir earnálacha nó táirgí leagtha síos ina leith i gcomhréir leis an Roinn seo a chur ar an margadh san Aontas ach má tá siad i gcomhréir leis na caighdeáin sin.

Airteagal 75

Bunú agus ábhar

1. Féadfaidh feidhm a bheith ag caighdeáin mhargaíochta maidir le ceann amháin nó níos mó de na hearnálacha agus/nó de na táirgí seo a leanas:

(a) ola olóige agus ológa boird;

(b) torthaí agus glasraí;

(c) táirgí torthaí agus glasraí próiseáilte;

▼B

(d) earnáil na mbananaí;

(e) plandaí beo;

(f) uibheacha;

(g) feoil éanlaithe;

(h) saillte inleata atá ceaptha lena gcaitheamh ag an duine;

(i) leannlusanna;

2. Chun ionchas na dtomhaltóirí a chur san áireamh agus chun na dálaí eacnamaíocha do tháirgeadh agus do mhargú táirgí thalmhaíochta a fheabhsú chomh maith le cáilíocht na dtáirgí talmhaíochta a chumhdaítear faoi mhír 1 agus faoi mhír 4 den Airteagal seo, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 227 maidir le caighdeáin mhargaithe de réir earnálacha nó táirgí, ag gach céim sa mhargú, chomh maith le maoluithe agus díolúintí ó na caighdeáin sin chun iad a chur in oiriúint do dhálaí síorathraitheacha an mhargaidh, do na hathruithe ar éilimh na dtomhaltóirí, d'fhorbairtí i gcaighdeáin idirnáisiúnta ábhartha agus ionas nach gcruthófar constaicí do nuáil táirgí.

3. Gan dochar d'Airteagal 26 de Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]), féadfaidh na caighdeáin mhargaíochta dá dtagraítear i mír 1 ceann amháin nó níos mó de nanithe seo a leanas a chuimsiú, ar nithe iad atá le cinneadh ar bhonn earnála nó táirge agus atá bunaithe ar shaintréithe gach earnála, an gá chun an margú a rialáil agus na coinníollacha atá sainithe i mír 5 den Airteagal seo:

(a) na sainmhínithe teicniúla, an sonrúchán agus tuairiscí díolacháin d'earnálacha seachas na hearnálacha a leagtar amach in Airteagal 78;

(b) critéir aicmithe amhail grádú in aicmí, i meáchain, i méideanna, in aois agus i gcatagóirí;

(c) an speiceas, cineál an phlanda nó cine an ainmhí nó an cineál tráchtála;

(d) an cur i láthair, lipéadú a bhaineann le caighdeáin éigeantacha mhargaíochta, pacáistiú, rialacha atá le cur i bhfeidhm maidir le hionaid phacála, marcáil, bliain na buainte agus úsáid téarmaí sonracha, gan dochar d'Airteagail 92 go 123;

(e) critéir amhail cruth, comhsheasmhacht, comhlíonadh, saintréithe an táirge agus céatadán an chion uisce;

(f) substaintí sonracha a úsáidtear i dtáirgeadh, nó comhpháirteanna nó comhábhair, lena n-áirítear a gcion cainníochtúil, a n-íonacht agus a n-aitheantas;

([1]) Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2011 maidir leis an soláthar faisnéise bia do thomhaltóirí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1924/2006 agus (CE) Uimh. 1925/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Treoir 87/250/CEE ón gCoimisiún, Treoir 90/496/CEE ón gComhairle, Treoir 1999/10/CE ón gCoimisiún, Treoir 2000/13/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 2002/67/CE agus 2008/5/CE ón gCoimisiún agus Rialachán (CE) Uimh. 608/2004 ón gCoimisiún (IO L 304, 22.11.2011, lch. 18).

▼B

(g) cineál na feirmeoireachta agus an modh táirgeachta lena n-áirítear cleachtais fhíoneolaíocha agus ardchórais táirgthe inbhuanaithe;

(h) cumasc úrfhíona agus fíona lena n-áirítear sainmhínithe ar an gcumasc sin, meascadh agus srianta ar an meascadh sin;

(i) an mhiníocht lena mbailítear, lena seachadtar, an leasú agus an láimhseáil, an modh caomhnaithe agus an teocht, an stóráil agus an t-iompar;

(j) an áit ina ndéantar an fheirmeoireacht agus/nó an áit tionscnaimh, gan feoil éanlaithe ná saillte inleata a áireamh;

(k) srianta maidir le húsáid substaintí agus cleachtas áirithe;

(l) úsáid shonrach;

(m) na coinníollacha a rialaíonn diúscairt, coimeád, cúrsaíocht agus úsáid táirgí nach gcomhlíonann na caighdeáin mhargaíochta arna nglacadh de bhun mhír 1 agus na sainmhínithe, sonrúcháin agus tuairiscí díolacháin mar a thagraítear dóibh in Airteagal 78, chomh maith le diúscairt fotháirgí.

4. De theannta ar mhír 1, féadfaidh feidhm a bheith ag na caighdeáin margaíochta maidir le hearnáil an fhíonaBeidh feidhm ag pointí (f), (g), (h), (k) agus (m) de mhír 3 maidir leis an earnáil sin.

5. Déanfar na caighdeáin mhargaíochta a ghlactar de bhun mhír 1 den Airteagal seo a leagan síos gan dochar d' Airteagail 84 go 88 agus d'Iarscríbhinn IX agus cuirfear an méid seo a leanas san áireamh:

(a) saintréithe sonracha an táirge lena mbaineann;

(b) an gá lena áirithiú go bhfuil na dálaí lena gcabhrófar leis na táirgí sin a chur ar an margadh;

(c) leas na dtáirgeoirí saintréithe an táirge agus na feirmeoireachta a chur in iúl, agus leas na dtomhaltóirí i dtaca le faisnéis leordhóthanach agus thrédhearcach a fháil faoi tháirgí, lena n-áirítear an áit ina ndéantar an fheirmeoireacht atá le cinneadh ar bhonn gach cáis faoi leith ar an leibhéal geografach is iomchuí, tar éis meastóireacht a dhéanamh ar na costais agus ar na hualaí riaracháin a chuirfear ar oibreoirí go háirithe, agus ar na tairbhí atá ann do tháirgeoirí agus don tomhaltóir deiridh;

(d) na modhanna atá ar fáil chun saintréithe fisiceacha, ceimiceacha agus orgánaileipteacha na dtáirgí a chinneadh;

(e) na moltaí caighdeánacha a ghlac comhlachtaí idirnáisiúnta;

▼B

(f) an gá atá ann saintréithe nádúrtha bunúsacha na dtáirgí a chaomhnú agus gan athrú substaintiúil a dhéanamh ar chomhdhéanamh an táirge lena mbaineann.

6. Chun ionchas na dtomhaltóirí a chur san áireamh mar aon leis an ngá atá ann na dálaí eacnamaíocha do tháirgeadh agus do mhargaíocht táirgí talmhaíochta a fheabhsú, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 227 chun liosta na n-earnálacha i mír 1 a mhodhnú. Beidh na gníomhartha tarmligthe sin teoranta go docht do riachtanais a léiríodh a bheith ann de thoradh ar athruithe in éilimh na dtomhaltóirí, ar dhul chun cinn teicniúil nó ar an ngá atá le nuálaíocht táirgí, agus beidh siad faoi réir Thuarascáil an Choimisiúin chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle lena ndéanfar meastóireacht, go háirithe, ar riachtanais an tomhaltóra, ar na costais agus ar na hualaí riaracháin atá ar oibreoirí lena n-áirítear an tionchar ar an margadh inmheánach agus ar thrádáil idirnáisiúnta, agus ar na tairbhí atá ann do tháirgeoirí agus don tomhaltóir deiridh.

Airteagal 76

Ceanglais bhreise chun táirgí in earnáil na dtorthaí agus na nglasraí a mhargú

1. Chomh maith leis sin, sa chás inarb ábhartha do na caighdeáin mhargaíochta dá dtagraítear in Airteagal 75, ní fhéadfar táirgí de chuid earnáil na dtorthaí agus na nglasraí atá ceaptha lena ndíol leis an tomhaltóir agus iad úr, a mhargú ach amháin má tá siad de cháilíocht shlán chóir agus indíolta agus má léirítear an tír tionscnaimh.

2. Na caighdeáin mhargaíochta dá dtagraítear i mír 1, agus aon chaighdeán margaíochta is infheidhme maidir le hearnáil na dtorthaí agus na nglasraí a leagtar síos i gcomhréir leis an bhforoinn seo, beidh feidhm acu ag gach céim mhargaíochta lena n-áirítear allmhairiú agus onnmhairiú, agus féadfar cáilíocht, aicmiú, meáchan, toirt, pacáil, pacáistiú, stóráil, iompar, cur i láthair agus margú a chumhdach leo.

3. Ní chuirfidh sealbhóir táirgí in earnáil na dtorthaí agus na nglasraí a chumhdaítear le caighdeáin mhargaíochta na táirgí sin ar taispeáint, ní dhíolfaidh sé iad ná ní dhéanfaidh sé iad a sheachadadh ná a mhargú ar aon bhealach laistigh den Aontas ach amháin i gcomhréir leis na caighdeáin sin agus beidh sé freagrach as a áirithiú go gcloífear leis na caighdeáin sin.

4. D'fhonn cur i bhfeidhm chuí na gceanglas atá leagtha amach i mír 1 den Airteagal seo a áirithiú, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 227 maidir le maoluithe sonracha ón Airteagal seo atá riachtanach chun an tAirteagal seo a chur i bhfeidhm i gceart.

Airteagal 77

Deimhniú leannlusanna

1. Chomh maith leis sin, sa chás inarb ábhartha do na caighdeáin mhargaíochta infheidhme, beidh táirgí de chuid earnáil na leannlusanna faoi réir nós imeachta deimhniúcháin faoin Airteagal seo.

▼B

2. Ní fhéadfar deimhnithe a eisiúint ach amháin i gcás táirgí a bhfuil na saintréithe íosta cáilíochta acu atá oiriúnach do chéim shonrach mhargaíochta. I gcás púdair leannlusanna, púdair leannlusanna a bhfuil cion níos airde lúpailin ann, eastóscán leannlusanna, agus táirgí leannlusanna measctha, ní fhéadfar an deimhniú a eisiúint ach amháin mura bhfuil cion aigéid alfa na dtáirgí sin níos ísle ná cion aigéid alfa na leannlusanna ónar ullmhaíodh iad.

3. Léireofar na nithe seo a leanas ar a laghad sna deimhnithe:

(a) an áit/na háiteanna a dtáirgtear na leannlusanna;

(b) an bhliain/na blianta a saothraíodh iad;

(c) an cineál nó na cineálacha.

4. Ní fhéadfar táirgí earnáil na leannlusanna a mhargú ná a onnmhairiú ach amháin má chumhdaítear iad le deimhniú a eisíodh i gcomhréir leis an Airteagal seo.

I gcás táirgí earnáil na leannlusanna a allmhairítear, measfar go mbeidh an fianú dá bhforáiltear in Airteagal 190(2) coibhéiseach leis an deimhniú sin.

5. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 227 chun bearta a leagan síos mar mhaolú ó mhír 4 den Airteagal seo:

(a) chun ceanglais trádála tríú tíortha áirithe a chomhlíonadh; nó

(b) i gcás táirgí a mbainfear úsáid speisialta astu.

Na bearta dá dtagraítear sa chéad fhomhír:

(i) beidh siad gan dochar do ghnáthmhargú na dtáirgí ar eisíodh deimhniú ina leith; agus

(ii) beidh ráthaíochtaí ag gabháil leo chun aon mhearbhall maidir leis na táirgí sin a sheachaint.

Airteagal 78

Sainmhínithe, sonrúcháin agus tuairiscí díolacháin i gcomhair earnálacha agus táirgí áirithe

1. Chomh maith leis sin, sa chás inarb ábhartha do na caighdeáin mhargaíocht, beidh feidhm ag na sainmhínithe agus na tuairiscí díolacháin dá bhforáiltear in Iarscríbhinn VII maidir leis na hearnálacha agus na táirgí seo a leanas:

(a) mairteoil agus laofheoil;

(b) fíon;

(c) bainne agus táirgí bainne atá ceaptha lena gcaitheamh ag an duine;

(d) feoil éanlaithe

▼B

(e) uibheacha;

(f) saillte inleata atá ceaptha lena gcaitheamh ag an duine; agus

(g) ola olóige agus ológa ológa boird

2. Ní fhéadfar na sainmhínithe, sonrúcháin nó tuairiscí díolacháin dá bhforáiltear in Iarscríbhinn VII a úsáid san Aontas ach amháin le haghaidh margaíocht táirge a chomhlíonann na ceanglais chomhfhreagracha atá leagtha síos san Iarscríbhinn sin.

3. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 227 maidir le leasuithe, maoluithe nó díolúintí i ndáil leis na sainmhínithe agus na tuairiscí díolacháin dá bhforáiltear in Iarscríbhinn VII. Beidh na gníomhartha tarmligthe sin teorannta go docht do riachtanais a léiríodh a bheith ann agus ar toradh iad ar athruithe in éilimh na dtomhaltóirí, ar dhul chun cinn teicniúil nó ar an gá atá le nuálaíocht táirgí.

4. Chun a áirithiú go bhfuil tuiscint shoiléir cheart ag oibritheoirí agus ag na Ballstáit ar na sainmhínithe agus na tuairiscí díolacháin dá bhforáiltear in Iarscríbhinn VII, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 227 maidir leis na rialacha dá sonrúchán agus dá gcur i bhfeidhm.

5. D'fhonn ionchais na dtomhaltóirí a chur san áireamh mar aon le forbairt an mhargaidh do tháirgí bainne, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 227, lena sonrófar na táirgí bainne a luafar an speiceas ainmhí óna dtagann an bainne ina leith, mura bó-ainmhí atá i gceist, agus chun na rialacha riachtanacha a leagan síos.

Airteagal 79

Lamháltas

1. Chun saintréithe sonracha gach táirge nó earnála a chur san áireamh, mar aon leis na céimeanna difriúla margaíochta, na coinníollacha teicniúla, aon mhórdheacracht phraiticiúil a d'fhéadfadh a bheith ann, agus cruinneas agus in-atrialltacht na modhanna anailíse, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 227 maidir le lamháltas le haghaidh ceann amháin nó níos mó de chaighdeáin shonracha faoina bhféadfaí a mheas go raibh ag teip ar bhaisc iomlán na dtáirgí an caighdeán sin a chomhlíonadh.

2. Agus na gníomhartha dá dtagraítear i mír 1 á nglacadh aige, cuirfidh an Coimisiún san áireamh an gá atá ann gan saintréithe intreacha an táirge a athrú agus gan cáilíocht a tháirgí a laghdú.

Airteagal 80

Cleachtais fhíoneolaíocha agus modhanna anailíse

1. Ní úsáidfear ach cleachtais fhíoneolaíocha atá údaraithe i gcomhréir le hIarscríbhinn VIII agus dá bhforáiltear i bpointe (g) d'Airteagal 75(3) agus in in Airteagal 83(2) agus (3) i dtáirgeadh agus i gcaomhnú na dtáirgí atá liostaithe i gCuid II d'Iarscríbhinn VII san Aontas.

▼B

Ní bheidh feidhm ag an gcéad fhomhír maidir le:

(a) sú fíonchaor agus sú fíonchaor tiubhaithe; ná

(b) úrfhíon fíonchaor agus úrfhíon fíonchaor tiubhaithe atá beartaithe le haghaidh sú fíonchaor a ullmhú.

Ní úsáidfear cleachtais fhíoneolaíocha údaraithe ach amháin chun fíonóireacht cheart, leasú ceart nó mínineacht cheart an táirge a áirithiú.

Déanfar táirgí atá liostaithe i gCuid II d'Iarscríbhinn VII a tháirgeadh san Aontas i gcomhréir leis na rialacha atá leagtha síos in Iarscríbhinn VIII.

2. Ní dhéanfar táirgí atá liostaithe i gCuid II d'Iarscríbhinn VII a mhargú san Aontas i gcás:

(a) inar cuireadh cleachtais fhíoneolaíocha neamhúdaraithe de chuid an Aontais i bhfeidhm orthu;

(b) inar cuireadh cleachtais fhíoneolaíocha neamhúdaraithe náisiúnta i bhfeidhm orthu; nó

(c) nach gcomhlíonann siad na rialacha atá leagtha síos in Iarscríbhinn VIII.

Scriosfar na táirgí fíniúnacha sin nach féidir a mhargú i gcomhréir leis an gcéad fhomhír. De mhaolú ar an riail sin, féadfaidh na Ballstáit a údarú go n-úsáidfeadh driogairí nó monarchana fínéagair táirgí áirithe, a saineoidh siad na saintréithe a bheidh acu, chun críocha tionsclaíocha, ar choinníoll nach dreasacht é an t-údarú sin chun táirgí fíniúna a tháirgeadh trí bhíthin cleachtas neamhúdaraithe fíoneolaíoch.

3. Agus cleachtais fhíoneolaíocha i gcomhair fíona dá dtagraítear i bpointe (g) d'Airteagal 75(3) á n-údarú aige, déanfaidh an Coimisiún mar seo a leanas:

(a) cuirfidh sé san áireamh na cleachtais fhíoneolaíocha agus na modhanna anailíse atá molta agus foilsithe ag an OIV agus torthaí úsáide turgnamhaí cleachtas fíoneolaíoch atá fós gan údarú;

(b) cuirfidh sé cosaint shláinte an duine san áireamh;

(c) cuirfidh sé san áireamh an baol go bhféadfaí tomhaltóirí a chur amú mar gheall ar na barúlacha seanbhunaithe atá acu faoin táirge agus mar gheall ar na hionchais chomhfhreagracha atá acu, ag féachaint d'infhaighteacht agus indéantacht modhanna faisnéise chun a leithéid de bhaol a eisiamh;

(d) ceadóidh sé go gcaomhnófar saintréithe nádúrtha bunúsacha an fhíona agus ní bheidh sé ina chúis go ndéanfar athrú substaintiúil ar chomhdhéanamh an táirge lena mbaineann;

(e) áiritheoidh sé leibhéal inghlactha íosta cúraim don chomhshaol;

(f) urramóidh sé na rialacha ginearálta i dtaobh cleachtas fíoneolaíoch agus na rialacha atá leagtha síos in Iarscríbhinn VIII.

▼B

4. Chun a áirithiú go ndéanfar táirgí neamh-inmhargaithe fíona a chóireáil mar is ceart, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 227 maidir le rialacha i leith na nósanna imeachta náisiúnta dá dagraítear sa dara fhomhír den dara mír den Airteagal seo agus leis na maoluithe a ghabhann leo i ndáil le táirgí fíona a tharraingt siar nó a scriosadh más táirgí iad nach gcomhlíonann na ceanglais

5. I gcás inarb iomchuí, déanfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar síos na modhanna dá dtagraítear i bpointe (d) d'Airteagal 75(5) do tháirgí atá liostaithe i gCuid II d'Iarscríbhinn VII Beidh na modhanna sin bunaithe ar aon mhodhanna ábhartha arna moladh agus arna bhfoilsiú ag an OIV, mura mbeadh siad neamhéifeachtach nó neamhchuí i bhfianaise an chuspóra atá á shaothrú ag an Aontas. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 229(2).

Go dtí go nglacfar na gniomhartha cur chun feidhme sin, is iad na modhanna agus na rialacha a bheidh le húsáid na modhanna a cheadaíonn an Ballstát lena mbaineann.

Airteagal 81

Cineálacha fíonchaor

1. I gcás na dtáirgí atá liostaithe i gCuid II d'Iarscríbhinn VII agus a tháirgtear san Aontas, is de chineálacha fíonchaor ar féidir iad a aicmiú i gcomhréir le mír 2 den Airteagal seo a dhéanfar iad.

2. Faoi réir mhír 3, déanfaidh na Ballstáit aicmiú ar na cineálacha fíonchaor a fhéadfar a phlandú, a athphlandú nó a bheangú ina gcríocha chun fíon a tháirgeadh.

Ní fhéadfaidh Ballstáit ach na cineálacha fíonchaor a chomhlíonann na coinníollacha seo a leanas a aicmiú:

(a) is cineálacha iad a bhaineann leis an speiceas Vitis vinifera nó a fhaightear nuair a chrosáiltear an speiceas Vitis vinifera le speicis eile den ghéineas Vitis;

(b) ní ceann de na cineálacha seo a leanas iad: Noah, Othello, Isabelle, Jacquez, Clinton ná Herbemont.

I gcás ina scriostar cineál fíonchaor ón aicmiú dá dtagraítear sa chéad fhomhír, déanfar an cineál sin a ghrafadh laistigh de 15 bliana ó thráth a scriosta.

3. Tabharfar díolúine ón oibleagáid aicmithe dá bhforáiltear sa chéad fhomhír de mhír 2 do na Ballstáit sin nach sáraíonn a dtáirgeadh fíona 50 000 heictilítear in aghaidh na bliana fíona arna ríomh ar bhonn mheántáirgeadh na gcúig bliana fíona roimhe sin.

Mar sin féin, sna Ballstáit sin freisinní cheadófar ach cineálacha fíonchaor a chomhlíonann an dara fomhír de mhír 2 a phlandú, a athphlandú nó a bheangú chun fíon a tháirgeadh.

▼B

4. De mhaolú ar an gcéad fhomhír agus ar an tríú fomhír de mhír 2 agus ar an dara fomhír de mhír 3 ceadóidh na Ballstáit plandú, athphlandú nó beangú na gcineálacha fíonchaor a leanas ar mhaithe le taighde eolaíoch agus chun críoch turgnamhach:

(a) cineálacha fíonchaor nach n-aicmítear i gcás Ballstáit seachas na Ballstáit sin dá tagraítear i mír 3;

(b) cineálacha fíonchaor nach gcomhlíonann an dara fomhír de mhír 2 fad is a bhaineann le Ballstáit dá dtagraítear i mír 3.

5. Maidir le limistéir a bhfuil cineálacha fíonchaor curtha iontu chun fíon a tháirgeadh, agus sin ag sárú mhír 2, mhír 3 agus mhír 4, déanfar na limistéir sin a ghrafadh.

Mar sin féin, ní bheidh aon dualgas na limistéir sin a ghrafadh nuair atá an táirgeadh ábhartha beartaithe lena thomhailt ag teaghlaigh na dtáirgeoirí fíona féin amháin.

Airteagal 82

Úsáid shonrach fíona nach gcomhlíonann na catagóirí atá liostaithe i gCuid II d'Iarscríbhinn VII

Seachas fíon buidéalaithe a bhfuil fianaise ann gur cuireadh i mbuidéal é roimh an 1 Meán Fómhair 1971, ní úsáidfear fíon a táirgeadh ó na cineálacha fíonchaor atá liostaithe san aicmiú arna tharraingt suas i gcomhréir leis an gcéad fhomhír d'Airteagal 81(2) ach nach gcomhlíonann ceann de na catagóirí atá leagtha síos i gCuid II d'Iarscríbhinn VII ach amháin lena chaitheamh ag teaghlaigh táirgeoirí fíona indibhidiúla, nó chun fínéagar fíona a tháirgeadh nó lena dhriogadh.

Airteagal 83

Rialacha náisiúnta i gcomhair táirgí agus earnálacha áirithe

1. D'ainneoin Airteagal 75(2), féadfaidh Ballstáit rialacha náisiúnta a ghlacadh nó a choimeád lena leagtar síos leibhéil éagsúla caighdeáin i gcomhair saillte inleata. Leis na rialacha sin féadfar na leibhéil cháilíochta sin a mheasúnú ar bhonn critéar a bhaineann go háirithe leis na hamhábhair a úsáidtear, saintréithe orgánaileipteacha na dtáirgí agus a gcobhsaíocht fhisiciúil agus mhicreabhitheolaíoch.

Maidir le Ballstáit atá ag baint úsáide as an rogha dá bhforáiltear sa chéad fhomhír, áiritheoidh siad gur féidir le táirgí Ballstát eile a chomhlíonann na critéir a leagtar síos leis na rialacha náisiúnta sin, faoi choinníollacha neamh-idirdhealaitheacha, úsáid a bhaint as téarmaí a shonraíonn go gcloítear leis na critéir sin.

2. Féadfaidh Ballstáit teorainn a chur le húsáid cleachtas fíoneolaíoch áirithe nó na cleachtais sin a thoirmeasc agus féadfaidh siad foráil a dhéanamh maidir le rialacha níos déine i gcás fíonta atá údaraithe faoi dhlí an Aontais agus a tháirgtear ina gcríocha chun treise a chur le caomhnú saintréithe bunúsacha fíonta ag a bhfuil ►C2 ainmniúchán tionscnaimh ◄ faoi chosaint nó tásc geografach faoi chosaint agus chun treise a chur le caomhnú saintréithe bunúsacha fíonta súilíneacha agus fíonta licéir.

▼B

3. Féadfaidh Ballstáit úsáid thurgnamhach cleachtas fíoneolaíoch neamhúdaraithe a cheadú.

4. Chun a áirithiú go gcuirfear an tAirteagal seo i bhfeidhm ar bhealach ceart agus trédhearcach, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 227, lena leagtar amach na coinníollacha faoina gcuirfear mír 1, mír 2 agus mír 3 den Airteagal seo i bhfeidhm, chomh maith leis na coinníollacha maidir le coimeád, cúrsaíocht agus úsáid na dtáirgí a fhaightear ó na cleachtais thurgnamhacha dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo.

5. Ní fhéadfaidh na Ballstáit forálacha breise náisiúnta a ghlacadh ná a chothabháil i gcás táirgí a chumhdaítear le caighdeán margaíochta de chuid an Aontais ach amháin má chomhlíonann na forálacha sin dlí an Aontais, go háirithe prionsabal na saorghluaiseachta earraí, agus faoi réir Threoir 98/34/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]).

Foroinn 3

Téarmaí roghnacha coimeádta

Airteagal 84

Foráil ghinearálta

Bunófar scéim do théarmaí roghnacha forchoimeádta de réir earnála nó táirgí le gurbh fhusa do tháirgeoirí táirgí talmhaíochta a bhfuil saintréithe nó cáilíochtaí luach-bhreisitheacha acu na saintréithe nó na cáilíochtaí sin a chur in iúl laistigh den mhargadh inmheánach, agus go háirithe chun tacú leis na caighdeáin shonracha mhargaíochta agus chun iad a chomhlánú.

Ní bheidh feidhm ag an bhForoinn seo maidir le táirgí fíona dá dtagraítear in Airteagal 92(1).

Airteagal 85

Téarmaí roghnacha coimeádta atá ann cheana

1. Na téarmaí roghnacha coimeádta atá cumhdaithe faoin scéim 17 Nollaig 2013 sin, liostaítear iad in Iarscríbhinn IX agus leagfar síos a gcoinníollacha úsáide de bhun pointe (a) d'Airteagal 86.

2. Leanfaidh na téarmaí roghnacha coimeádta dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo d'fheidhm a bheith acu, faoi réir a leasaithe, mura gcuirfear ar ceal iad de bhun Airteagal 86.

Airteagal 86

Forchoimeád, leasú agus cealú na dtéarmaí roghnacha coimeádta

Chun ionchais na dtomhaltóirí, forbairtí san eolas eolaíoch agus teicniúil, an staid sa mhargadh agus forbairtí sna caighdeáin mhargaíochta agus na caighdeáin idirnáisiúnta a chur san áireamh, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 227:

([1]) Treoir 98/34/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meitheamh 1998 lena leagtar síos nós imeachta maidir le soláthar faisnéise i réimse na gcaighdeán agus na rialachán teicniúil agus rialacha maidir le seirbhísí na Sochaí Faisnéise (IO L 204, 21.7.1998, lch. 37).

▼B

(a) téarma roghnach coimeádta breise a fhorchoimeád, lena leagtar síos a choinníollacha úsáide;

(b) lena leasófar coinníollacha úsáide téarma roghnaigh choimeádta; nó

(c) téarma roghnach coimeádta a chur ar ceal.

Airteagal 87

Téarmaí roghnacha coimeádta breise

1. Beidhbheidh téarma incháilithe mar théarma roghnach coimeádta breise ach amháin má chomhlíonann sé gach ceann de na ceanglais seo a leanas:

(a) baineann an téarma le saintréith de chuid táirge nó le cáilíocht feirmeoireachta nó próiseála agus baineann sé le hearnáil nó le táirge;

(b) le húsáid an téarma is féidir breisluach an táirge de bharr a saintréithe sonracha nó de bharr a cháilíochta ar leith feirmeoireachta nó próiseála a chur in iúl ar bhealach níos soiléire;

(c) gur inaitheanta saintréith nó cáilíocht an táirge dá dtagraítear i bpointe (a), nuair a chuirtear ar an margadh é, do thomhaltóirí i roinnt Ballstát;

(d) go bhfuil na coinníollacha agus úsáid an téarma i gcomhréir le Treoir 2000/13/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]) nó le Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011.

Agus téarma roghnach coimeádta breise á chur isteach aige, cuirfidh an Coimisiún aon chaighdeán ábhartha idirnáisiúnta san áireamh chomh maith leis na téarmaí coimeádta atá ann cheana i gcás na dtáirgí nó na n-earnálacha lena mbaineann.

2. Chun saintréithe earnálacha ar leith a chur san áireamh, chomh maith le hionchais na dtomhaltóirí, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 227 lena leagtar síos mionsonraí breise i ndáil leis na ceanglais ó thaobh téarma coimeádta breise dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo a thabhairt isteach.

Airteagal 88

Srianta ar úsáid na dtéarmaí roghnacha coimeádta

1. Ní fhéadfar téarma roghnach cáilíochta a úsáid ach amháin chun tuairisc a dhéanamh ar tháirgí a chomhlíonann na coinníollacha úsáide comhfhreagracha.

2. Déanfaidh na Ballstáit gach beart iomchuí lena áirithiú nach gcruthóidh lipéadú an táirge mearbhall maidir le téarmaí roghnacha forcoimeádta.

([1]) Treoir 2000/13/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Márta 2000 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát i ndáil le lipéadú, le cur i láthair agus le fógraíocht ar earraí bia (IO L 109, 6.5.2000, lch 29).

▼B

3. Chun a áirithiú go mbeidh na táirgí a ndéantar tuairisc orthu le téarmaí roghnacha coimeádta i gcomhréir leis na coinníollacha úsáide infheidhme, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 227 lena leagtar síos rialacha breise i ndáil le húsáid téarmaí roghnacha coimeádta.

Foroinn 4

Caighdeáin mhargaíochta maidir le hallmhairiú agus le honnmhairiú

Airteagal 89

Forálacha ginearálta

Chun na saintréithe sonrachasaintréithe sonracha i dtrádáil idir an tAontas agus tríú tíortha áirithe agus nádúr speisialta roinnt táirgí talmhaíochta a chur san áireamh, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 227 maidir leis:

(a) na coinníollacha faoina meastar go bhfuil leibhéal comhionann comhréireachta ag táirgí allmhairithe le caighdeáin mhargaíochta an Aontais agus le coinníollacha lena bhféadfar maolú ó Airteagal 74;

(b) na rialacha maidir le cur i bhfeidhm na gcaighdeán margaíochta ar tháirgí a onnmhairítear ón Aontas.

Airteagal 90

Forálacha speisialta i gcás allmhairí fíona

1. Ach amháin nuair a fhoráiltear a mhalairt i gcomhaontuithe idirnáisiúnta a tugadh i gcrích i gcomhréir le CFAE, beidh feidhm ag na forálacha i dtaobh ►C2 ainmniúchán tionscnaimh ◄ agus tásca geografacha agus lipéadú fíona atá leagtha amach i Roinn 2 den Chaibidil seo, agus sna sainmhínithe, sonrúcháin agus tuairiscí díolacháin dá dtagraítear in Airteagal 78 den Rialachán seo, maidir le táirgí a allmhairítear isteach san Aontas agus a thagann faoi chóid AC 2009 61, 2009 69 agus 2204.

2. Ach amháin nuair a fhoráiltear a mhalairt i gcomhaontuithe idirnáisiúnta a tugadh i gcrích i gcomhréir le CFAE, déanfar táirgí dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo a tháirgeadh i gcomhréir le cleachtais fíoneolaíocha atá údaraithe ag an Aontas de bhun an Rialacháin seo nó, sula ndeonaítear an t-údarú de bhun Airteagal 80(3), déanfar iad a tháirgeadh i gcomhréir le cleachtais fíoneolaíocha atá molta agus foilsithe ag an OIV.

3. Beidh allmhairiú na dtáirgí dá dtagraítear i mír 1 faoi réir an méid seo a leanas a thíolacadh:

(a) deimhniú lena léirítear go gcomhlíontar na forálacha dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2, ar deimhniú é arna tharraingt suas ag comhlacht inniúil a bheidh san áireamh ar liosta a phoibleoidh an Coimisiún, i dtír thionscnaimh an táirge;

(b) tuarascáil anailíse arna tarraingt suas ag comhlacht arna cheapadh nó roinn arna ceapadh ag tír thionscnaimh an táirge, a mhéid is atá an táirge ceaptha lena chaitheamh go díreach ag an duine.

▼B

Roinn 5

Forálacha coiteanna

Airteagal 91

Cumhachtaí cur chun feidhme i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin

Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh:

►C2 (a) lena mbunaítear liosta an bhainne agus na dtáirgí bainne dá dtagraítear sa dara mír de phointe 5 de Chuid III d'Iarscríbhinn VII, mar aon le liosta na saillte inleata dá dtagraítear i bpointe (a) den séú mír de phointe I de Chuid VII d'Iarscríbhinn VII ◄, ar bhonn liostaí táscacha táirgí a measann Ballstáit go gcomhfhreagraíonn siad ina gcríocha do na forálacha sin agus ar liostaí iad a sheolfaidh na Ballstáit chuig an gCoimisiún;

(b) lena leagtar síos rialacha maidir le cur chun feidhme na gcaighdeán margaíochta de réir earnála nó de réir táirge;

(c) lena leagtar síos rialacha chun a chinneadh ar cuireadh próisis a sháraíonn na cleachtais údaraithe fhíoneolaíocha i bhfeidhm ar tháirgí;

(d) lena leagtar síos rialacha do na modhanna anailíse chun saintréithe táirgí a chinneadh;

(e) lena leagtar síos rialacha maidir leis an leibhéal lamháltais a shocrú;

(f) lena leagtar síos rialacha chun na bearta dá dtagraítear in Airteagal 89 a chur chun feidhme;

(g) lena leagtar síos rialacha maidir le haithint nó clárú an táirgeora agus/nó na saoráidí tionsclaíocha inar ullmhaíodh nó inar próiseáladh an táirge, na nósanna imeachta deimhniúcháin agus na doiciméid tráchtála, na doiciméid tionlacain agus na taifid a choimeádfar.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 229(2).

Roinn 2

Sonrúcháin tionscnaimh, tásca geografacha agus téarmaí traidisiúnta in earnáil an fhíona

Foroinn 1

Forálacha tosaigh

Airteagal 92

Raon Feidhme

1. Beidh feidhm ag rialacha a bhaineann le ►C2 ainmniúcháin tionscnaimh ◄, tásca geografacha agus téarmaí traidisiúnta atá leagtha síos sa Roinn seo maidir leis na táirgí dá dtagraítear i míreanna 1, 3 go 6, 8, 9, 11, 15 agus 16 de Chuid II d'Iarscríbhinn VII.

▼B

2. Bunófar na rialacha dá dtagraítear i mír 1 ar na nithe seo a leanas:

(a) leasanna dlisteanacha tomhaltóirí agus táirgeoirí a chosaint;

(b) feidhmiú rianúil an mhargaidh inmheánaigh sna táirgí i gceist a áirithiú; agus

(c) táirgeadh táirgí ardchaighdeáin dá dtagraítear sa Roinn seo a chur chun cinn agus bearta maidir le beartais náisiúnta cháilíochta a cheadú ag an am céanna.

Foroinn 2

Sonrúcháin tionscnaimh agus tásca geografacha

Airteagal 93

Sainmhínithe

1. Chun críocha na Roinne seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(a) ciallaionn ►C2 "ainmniúchán tionscnaimh" ◄ ainm réigiúin, ainm áite faoi leith nó i gcásanna eisceachtúla a bhfuil call cuí leo, ainm tíre, a úsáidtear le cur síos a dhéanamh ar tháirge dá dtagraítear in Airteagal 92(1) a chomhlíonann na ceanglais seo a leanas:

(i) timpeallacht gheografach ar leith agus gnéithe dúchasacha nádúrtha agus daonna na timpeallachta sin is cúis, go bunúsach nó go heisiach, le cáilíocht agus saintréithe an táirge;

(ii) is ón limistéar geografach sin amháin a thagann na fíonchaora óna dtáirgtear é;

(iii) táirgtear é sa limistéar geografach sin; agus

(iv) faightear é ó chineálacha fíniúna Vitis vinifera;

(b) ciallóidh "tásc geografach" tásc a dhéanann tagairt do réigiún, d'áit faoi leith, nó i gcásanna eisceachtúla agus a bhfuil údar cuí leo, do thír, a úsáidtear le cur síos a dhéanamh ar tháirge dá dtagraítear in Airteagal 92(1) a chomhlíonann na ceanglais seo a leanas:

(i) tá cáilíocht faoi leith, cáil nó saintréithe eile aige is féidir a chur i leith an tionscnaimh gheografaigh sin;

(ii) is ón limistéar geografach sin amháin a thagann 85 % ar a laghad de na fíonchaora a úsáideadh lena tháirgeadh;

(iii) táirgtear é sa limistéar geografach sin; agus

(iv) faightear é ó fhíniúna den chineál Vitis vinifera nó ó fhíniúna a fhaightear nuair a chrosáiltear fíniúna den speiceas Vitis vinifera le speicis eile den ghéineas Vitis.

▼B

2. Beidh logainmneacha áirithe a úsáidtear go traidisiúnta ina ►C2 n-ainmniúchán tionscnaimh ◄:

(a) má shonraíonn siad fíon;

(b) má thagraíonn siad d'ainm geografach;

(c) má chomhlíonann siad na ceanglais dá dtagraítear i mír 1(a)(i) go (iv); agus

(d) má chuirtear an nós imeachta i bhfeidhm orthu lena dtugtar cosaint ►C2 d'ainmniúcháin tionscnaimh ◄ agus do thásca geografacha atá leagtha síos san Fhoroinn seo.

3. Beidh ►C2 ainmniúcháin tionscnaimh ◄ agus tásca geografacha, lena n-áirítear cinn a bhaineann le limistéir gheografacha i dtríú tíortha, cáilithe chun cosaint a fháil san Aontas i gcomhréir leis na rialacha atá leagtha síos san Fhoroinn seo.

4. Clúdóidh an 'táirgeadh' dá dtagraítear i bpoint (a)(iii) de mhír 1 gach oibríocht a bheidh bainteach, ó bhaint na bhfíonchaora go dtí críoch na bpróiseas déanta fíona, ach amháin na próisis iartháirgthe.

5. Chun críche chur i bhfeidhm phointe (b)(ii) de mhír 1, eascróidh an sciar uasta de 15 % na bhfíonchaora ar féidir leo teacht de bhunadh a bheidh lasmuigh den limistéar críochaithe ón mBallstát nó ón tríú tír ina bhfuil an limistéar críochaithe suite.

Airteagal 94

Iarratais ar chosaint

1. Ní mór comhad teicniúil ina mbeidh na nithe seo a leanas a bheith in éineacht le hiarratais ar chosaint ainmneacha mar ►C2 ainmniúcháin tionscnaimh ◄ nó mar thásca geografacha:

(a) an t-ainm atá le cosaint;

(b) ainm agus seoladh an iarratasóra;

(c) sonraíocht táirge dá dtagraítear i mír 2; agus

(d) doiciméad aonair ina ndéantar achoimre ar an tsonraíocht táirge dá dtagraítear i mír 2.

2. Cuirfidh an tsonraíocht táirge ar chumas páirtithe leasmhara dálaí ábhartha táirgthe i ndail leis an ►C2 t-ainmniúchán tionscnaimh ◄ nó an táisc gheografaigh a fhíorú.

Beidh an méid seo a leanas ar a laghad sa tsonraíocht táirge:

(a) an t-ainm atá le cosaint;

(b) tuairisc ar an bhfíon nó ar na fíonta:

(i) cur síos ar a bpríomhthréithe anailíseacha agus orgánaileipteacha i gcás fíonta a bhfuil ►C2 ainmniúchán tionscnaimh ◄ acu;

(ii) cur síos ar a bpríomhthréithe anailíseacha mar aon le measúireacht nó tásc ar a dtréithe orgánaileipteacha i gcás fíonta a bhfuil tásc geografach acu;

▼B

(c) nuair is infheidhme, na cleachtais fhíoneolaíocha shonracha a úsáideadh chun an fíon nó na fíonta a dhéanamh mar aon leis na srianta ábhartha maidir le déanamh an fhíona nó na bhfíonta;

(d) teorainneacha an limistéir gheografaigh lena mbaineann;

(e) an táirgeacht uasta in aghaidh an heicteáir;

(f) tásc faoin gcineál fíonchaoire nó faoi na cineálacha fíonchaoire óna dtáirgtear an fíon nó na fíonta;

(g) na mionsonraí a dhearbhaíonn an nasc dá dtagraítear i bpointe (a)(i) nó, de réir an cháis, i bpointe (b)(i) d'Airteagal 93(1);

(h) na ceanglais is infheidhme arna leagan síos i reachtaíocht an Aontais nó i reachtaíocht náisiúnta, nó nuair a dhéanann Ballstát foráil amhlaidh, ag eagraíocht a bhainistíonn an ►C2 t-ainmniúchán tionscnaimh ◄ faoi chosaint nó an tásc geografach faoi chosaint, ag féachaint dó go mbeidh na ceanglais sin oibiachtúil agus neamh-idirdhealaitheach agus ag luí le dlí an Aontais;

(i) ainmneacha agus seoltaí na n-údarás nó na gcomhlachtaí a fhíoraíonn gur comhlíonadh forálacha na sonraíochta táirge agus a gcuid cúraimí sonracha.

3. I gcás ina mbaineann an t-iarratas ar chosaint le limistéar geografach i dtríú tír, beidh istigh ann, i dteannta na nithe dá bhforáiltear i mír 1 agus mír 2, cruthúnas go bhfuil an t-ainm lena mbaineann faoi chosaint ina thír thionscnaimh.

Airteagal 95

Iarratasóirí

1. Féadfaidh aon ghrúpa leasmhar táirgeoirí, nó táirgeoir aonair i gcásanna eisceachtúla a bhfuil údar cuí leo, cur isteach ar chosaint ►C2 ainmniúcháin tionscnaimh ◄ nó táisc gheografaigh. Féadfaidh páirtithe leasmhara eile páirt a ghlacadh san iarratas.

2. Féadfaidh táirgeoirí cur isteach ar chosaint i gcomhair na bhfíonta a tháirgeann siad féin agus ina gcomhair siúd amháin.

3. Féadfar comhiarratas a thíolacadh i gcás ainm a shonraíonn limistéar geografach trasteorann nó ainm traidisiúnta a bhaineann le limistéar geografach trasteorann.

Airteagal 96

Réamh-nós imeachta náisiúnta

1. Iarratais ar chosaint ►C2 ainmniúcháin tionscnaimh ◄ nó táisc gheografaigh d'fhíonta a thionscnaítear san Aontas, beidh siad faoi réir réamh-nós imeachta náisiúnta.

2. Déanfar an t-iarratas ar chosaint a chomhdú sa Bhallstát sin a dtionscnaíonn an ►C2 t-ainmniúchán tionscnaimh ◄ nó an tásc geografach ina chríocha.

3. Scrúdóidh an Ballstát an t-iarratas ar chosaint le fíorú an gcomhlíonann sé na coinníollacha atá leagtha amach san Fhoroinn seo.

▼B

Leanfaidh an Ballstát nós imeachta náisiúnta lena gcinnteofar go bhfoilseofar an t-iarratas go leordhóthanach agus lena ndéantar foráil do thréimhse dhá mhí ar a laghad ó dháta fhoilsiú an iarratais ina bhféadfaidh aon duine nádúrtha nó duine dlítheanach a bhfuil leas dlisteanach aige sa chás agus atá ina chónaí nó bunaithe ar chríocha an Bhallstáit agóid a dhéanamh in aghaidh na cosanta atá beartaithe trí ráiteas a bhfuil bonn maith údair leis a thaisceadh leis an mBallstát.

4. Má mheasann an Ballstát atá ag déanamh measúnú ar an iarratas nach gcomhlíonann an ►C2 t-ainmniúchán tionscnaimh ◄ nó an tásc geografach na coinníollacha a leagtar síos san Fhoroinn seo nó nach bhfuil sé ag luí le dlí an Aontais, diúltóidh sé an t-iarratas.

5. Má mheasann an Ballstát atá ag déanamh measúnú ar an iarratas go gcomhlíontar na ceanglais, leanfaidh sé nós imeachta náisiúnta lena gcinnteofar go bhfoilseofar an tsonraíocht táirge go leordhóthanach ar a laghad ar an Idirlíon agus go seolfar an t-iarratas chuig an gCoimisiún.

Airteagal 97

Grinnscrúdú á dhéanamh ag an gCoimisiún

1. Fógróidh an Coimisiún don phobal an dáta a gcuirfear an t-iarratas isteach ar chosaint an ►C2 ainmniúcháin tionscnaimh ◄ nó an táisc gheografaigh.

2. Scrúdóidh an Coimisiún na hiarratais ar chosaint dá dtagraítear in Airteagal 94 le féachaint an gcomhlíonann siad na coinníollacha atá leagtha síos san Fhoroinn seo.

3. I gcás ina measann an Coimisiún go gcomhlíontar na coinníollacha atá leagtha síos san Fhoroinn seo, glacfaidh sé gníomhartha cur chun feidhme, maidir le foilseachán an doiciméid aonair dá dtagraítear i bpointe (d) d'Airteagal 94(1) agus an tagairt d'fhoilsiú na sonraíochta táirge a rinneadh le linn an réamh-nós imeachta náisiúnta, a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin gan an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 229(2) nó (3) a fheidhmiú.

4. I gcás ina measann an Coimisiún nach gcomhlíontar na coinníollacha atá leagtha síos san Fhoroinn seo, glacfaidh sé gníomhartha cur chun feidhme.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 229(2).

Airteagal 98

Nós imeachta agóide

Laistigh de dhá mhí ó dháta fhoilsiú an doiciméid aonair dá dtagraítear in Airteagal 94(1)(d), féadfaidh Ballstát nó tríú tír ar bith, nó duine nádúrtha nó dlítheanach ar bith a bhfuil leas dlisteanach aige agus, atá ina chónaí nó bunaithe i mBallstát eile seachas an ceann atá ag déanamh iarratais ar chosaint nó i dtríú tír, agóid a dhéanamh in aghaidh na cosanta atá beartaithe trí ráiteas cuí-réasúnaithe maidir leis na coinníollacha cáilitheachta mar atá siad leagtha síos san Fhoroinn seo a thíolacadh don Choimisiún.

I gcás daoine nádúrtha nó dlítheanacha atá ina gcónaí nó bunaithe i dtríú tíortha, tíolacfar an ráiteas sin, go díreach nó trí údaráis na tríú tíre lena mbaineann, laistigh den tréimhse dhá mhí dá dtagraítear sa chéad mhír.

▼B

Airteagal 99

Cinneadh maidir le cosaint

Ar bhonn na faisnéise atá ar fáil dó ag deireadh an nós imeachta agóide dá dtagraítear in Airteagal 98, glacfaidh an Coimisiún, gníomhartha cur chun feidhmelena dtabharfar cosaint don ►C2 ainmniúchán tionscnaimh ◄ nó don tásc geografach a chomhlíonann na coinníollacha atá leagtha síos san Fhoroinn seo agus atá ag luí le dlí an Aontais, nó lena ndiúltófar don iarratasi gcás nach gcomhlíontar na coinníollacha sin.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 229(2).

Airteagal 100

Comhainmneacha

1. I gcás ainm a dtíolactar iarratas ina leith agus atá comhainmneach go hiomlán nó go páirteach le hainm atá cláraithe faoin Rialachán seo cheana, clárófar an t-ainm sin ag tabhairt aird chuí ar an gcaoi a n-úsáidtear é go traidisiúnta agus go háitiúil agus ar aon bhaol mearbhaill a d'fhéadfadh a bheith ann.

Ní chlárófar ainm comhainmneach a chuireann an tomhaltóir amú sa chaoi go gcreideann sé gur tháinig na táirgí ó chríoch eile fiú má tá an t-ainm cruinn fad is a bhaineann le críoch, le réigiún nó le háit tionscnaimh iarbhír na dtáirgí sin.

Ní fhéadfar ainm comhainmneach cláraithe a úsáid ach amháin más leor an t-idirdhealú sa chleachtas idir an t-ainm atá sa chlár cheana féin agus an comhainm a cláraíodh ina dhiaidh sin, ag féachaint don ghá atá ann caitheamh go cothrom leis na táirgeoirí lena mbaineann agus an gá atá ann gan an tomhaltóir a chur amú.

2. Beidh feidhm ag mír 1 mutatis mutandis má tá ainm a bhfuil iarratas tíolactha ina leith, comhainmneach go hiomlán nó i bpáirt le tásc geografach atá faoi chosaint faoi dhlí náisiúnta na mBallstát.

3. I gcás ina bhfuil ►C2 ainmniúchán tionscnaimh ◄ faoi chosaint nó tásc geografach faoi chosaint in ainm cineáil fíonchaor nó inarb é ►C2 ainmniúchán tionscnaimh ◄ faoi chosaint nó tásc geografach faoi chosaint atá san ainm sin, ní úsáidfear an t-ainm sin chun táirgí talmhaíochta a lipéadú.

Chun na cleachtais lipéadaithe atá ann cheana a chur san áireamh, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 227 lena leagtar síos eisceachtaí ón riail sin.

4. Beidh cosaint ►C2 ainmniúcháin tionscnaimh ◄ agus tásca geografacha táirgí atá cumhdaithe ag Airteagal 93 den Rialachán seo gan dochar do na tásca geografacha faoi chosaint a bhfuil feidhm acu maidir le deochanna biotáileacha mar atá siad sainmhínithe in Airteagal 2 de Rialachán (CE) Uimh. 110/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]).

([1]) Rialachán (CE) Uimh. 110/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Eanáir 2008 maidir le sainmhíniú, tuairisc, cur i láthair, lipéadú agus cosaint sonraí geografacha deochanna biotáilleacha (IO L 39, 13.2.2008, lch. 16).

▼B

Airteagal 101

Forais bhreise maidir le diúltú cosanta

1. Ní dhéanfar ainm a tháinig chun bheith cineálach a chosaint mar ►C2 ainmniúchán tionscnaimh ◄ nó mar thásc geografach.

Chun críocha na Roinne seo, ciallóidh "ainm a tháinig chun bheith cineálach" ainm fíona, agus bíodh is go mbaineann sé leis an áit nó an réigiún inar táirgeadh nó inar margaíodh an táirge sin ar dtús, is ainm coitianta fíona anois é san Aontas.

Le suíomh cibé atá ainm tagtha chun bheith cineálach nó nach bhfuil cuirfear na tosca ábhartha san áireamh, go háirithe:

(a) an staid mar atá sé san Aontas, go mór mór i réimsí tomhaltais;

(b) dlí ábhartha an Aontais nó an reachtaíocht ábhartha náisiúnta.

2. Ní dhéanfar ainm a chosaint mar ►C2 ainmniúchán tionscnaimh ◄ nó mar thásc geografach más rud é, i bhfianaise an chlú agus na cáile atá ar thrádmharc, go bhféadfadh an chosaint sin an tomhaltóir a chur amú maidir le fíorchéannacht an fhíona.

Airteagal 102

An gaol le trádmharcanna

1. Maidir le trádmharc a chlárú arb é atá ann ►C2 ainmniúchán tionscnaimh ◄ nó tásc geografach faoi chosaint nó ina bhfuil an sonrúchán sin nó an tásc sin ann agus nach gcomhlíonann an sonrúchán táirge lena mbaineann, nó a dtig a úsáid faoi Airteagal 103(2) agus a bhaineann le táirge a thig faoi cheann de na catagóirí atá liostaithe faoi Chuid II d'Iarscríbhinn VII:

(a) diúltófar é má chuirtear isteach an t-iarratas ar chlárú an trádmhairc i ndiaidh an dáta ar cuireadh isteach iarratas ar chosaint ►C2 ainmniúcháin tionscnaimh ◄ nó táisc gheografaigh chuig an gCoimisiún agus má chosnaítear an ►C2 t-ainmniúchán tionscnaimh ◄ nó an tásc geografach ina dhiaidh sin, nó

(b) cuirfear ó bhail é.

2. Gan dochar d'Airteagal 101(2), maidir le trádmharc dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, agus a ndearnadh iarratas ina leith, nó a cláraíodh nó a bunaíodh trína úsáid de mheon macánta, agus má dhéantar foráil don fhéidearthacht sin sa dlí lena mbaineann i gcríoch an Aontais roimh an dáta a gcosnófar an ►C2 ainmniúchán tionscnaimh ◄ nó an tásc geografach sa tír tionscnaimh, nó roimh an 1 Eanáir 1996, féadfar leanúint dá úsáid agus dá athnuachan d'ainneoin cosanta ►C2 ainmniúcháin tionscnaimh ◄ nó táisc gheografaigh, ar choinníoll nach bhfuil aon fhoras ann go mbeadh an trádmharc neamhbhailí nó go n-aisghairfí é faoi Threoir 2008/95/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]) nó i Rialachán (CE) Uimh. 207/2009 ([2]).

([1]) Treoir 2008/95/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2008 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le trádmharcanna (IO L 299, 8.11.2008, lch. 25).

([2]) Rialachán (CE) Uimh. 207/2009 ón gComhairle an 26 Feabhra 2009 maidir leis an trádmharc Comhphobail (IO L 78, 24.3.2009, lch. 1).

▼B

Sna cásanna sin féadfar an ►C2 t-ainmniúchán tionscnaimh ◄ nó an tásc geografach a úsáid taobh leis na trádmharcanna ábhartha.

Airteagal 103

Cosaint

1. Féadfaidh aon oibreoir atá ag margú fíona ►C2 t-ainmniúchán tionscnaimh ◄ faoi chosaint agus tásc geografach faoi chosaint a úsáid má táirgeadh an fíon i gcomhréir leis an tsonraíocht táirge chomhfhreagrach.

2. Déanfar ►C2 ainmniúchán tionscnaimh ◄ faoi chosaint agus tásc geografach faoi chosaint agus an fíon a úsáideann an t-ainm sin faoi chosaint i gcomhréir leis na sonraíochtaí táirge a chosaint in aghaidh:

(a) aon úsáide tráchtála dírí nó indírí an ainm sin faoi chosaint:

(i) do tháirgí inchomparáide nach gcomhlíonann sonraíocht táirge an ainm faoi chosaint;

(ii) a mhéid is a bhaineann an úsáid sin leas as an gcáil atá ag ►C2 ainmniúchán tionscnaimh ◄ nó ag tásc geografach;

(b) aon mhí-úsáide, aithrise nó tabhartha chun cuimhne, fiú má shonraítear fíorthionscnamh an táirge nó na seirbhíse nó má aistrítear, má thrascríobhtar nó má thraslitrítear an t-ainm faoi chosaint nó má chuirtear slonn mar “stíl”, “cineál”, “modh”, “mar a tháirgtear i”, “aithris”, “blas”, “cosúil” nó nath éigin dá samhail leis;

(c) aon táisc bhréagaigh nó mhíthreoraigh eile maidir le foinse, tionscnamh, nádúr nó cáilíochtaí bunúsacha an táirge, ar an bpacáistiú laistigh nó ar an bpacáistiú lasmuigh, san ábhar fógraíochta nó sna doiciméid a bhaineann leis an táirge áirithe fíona, agus pacáistiú an táirge i gcoimeádán a d'fhéadfadh barúil bhréige a thabhairt faoina thionscnamh;

(d) ar chleachtas ar bith eile a d'fhéadfadh an tomhaltóir a chur amú maidir le fíorthionscnamh an táirge.

3. Ní thiocfaidh ►C2 ainmniúcháin tionscnaimh ◄ faoi chosaint ná tásca geografacha faoi chosaint chun bheith cineálach san Aontas de réir bhrí Airteagal 101(1).

Airteagal 104

An Clár

Bunóidh agus coimeádfaidh an Coimisiún clár leictreonach ►C2 ainmniúchán tionscnaimh ◄ faoi chosaint agus tásc geografach faoi chosaint i gcomhair fíona agus beidh rochtain ag an bpobal air. Féadfar ►C2 ainmniúcháin tionscnaimh ◄ agus tásca geografacha a bhaineann le táirgí ó thríú tíortha agus atá faoi chosaint san Aontas faoi chomhaontú idirnáisiúnta a bhfuil an tAontas ina pháirtí conarthach ann a chlárú sa chlár. Clárófar ainmneacha den sórt sin sa chlár mar thásca geografacha faoi chosaint, ach amháin má sainaithníodh iad go sonrach sa chomhaontú sin mar ►C2 ainmniúcháin tionscnaimh ◄ faoi chosaint faoin Rialachán seo.

▼B

Airteagal 105

Leasuithe ar shonraíochtaí táirgí

Féadfaidh iarratasóir a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 95 cur isteach ar fhormheas i gcomhair leasú a dhéanamh ar shonraíocht táirge ►C2 ainmniúcháin tionscnaimh ◄ faoi chosaint nó tásc gheografaigh faoi chosaint aige, go háirithe chun forbairtí in eolas teicniúil agus eolaíoch a chur san áireamh nó chun an limistéar geografach dá dtagraítear i bpointe (d) den dara fomhír d'Airteagal 94(2) a athchríochú. Tabharfar tuairisc sna hiarratais ar na leasuithe sin agus luafar na cúiseanna atá leo.

Airteagal 106

Cealú

Féadfaidh an Coimisiún, ar a thionscnamh féin nó ar iarraidh chuí-réasúnaithe ó Bhallstát, ó thríú tír nó ó dhuine nádúrtha nó dlítheanach a bhfuil leas dlisteanach aige, cinneadh a dhéanamh, gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena gcealófar cosaint ►C2 ainmniúcháin tionscnaimh ◄ nó táisc gheografaigh a chealú mura n-áirithítear go gcomhlíontar an tsonraíocht táirge chomhfhreagrach a thuilleadh.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 229(2).

Airteagal 107

Ainmneacha fíonta cosanta atá ann cheana féin

1. Ainmneacha fíonta dá dtagraítear in Airteagal 51 agus in Airteagal 54 de Rialachán (CE) Uimh. 1493/1999 ón gComhairle [1] agus in Airteagal 28 de Rialachán (CE) Uimh. 753/2002 ón gCoimisiún [2],beidh siad cosanta go huathoibríochfaoin Rialachán seo. Liostóidh an Coimisiún iad sa chlár dá ndéantar foráil in Airteagal 104 den Rialachán seo.

2. Déanfaidh an Coimisiún an beart comhfhreagrach foirmeálta, eadhon ainmneacha fíonta a bhfuil feidhm ag Airteagal 118s(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1234/2007 maidir leo a bhaint den chlár dá bhforáiltear in Airteagal 81 den Rialachán seo trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh gan an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 229(2) nó (3) den Rialachán seo a chur i bhfeidhm.

3. Ní bheidh feidhm ag Airteagal 106 maidir le hainmneacha cosanta fíonta atá ann cheana agus dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo.

Go dtí an 31 Nollaig 2014 féadfaidh an Coimisiún, ar a thionscnamh féin, gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena gcealófar cosaint ainmneacha fíonta cosanta atá ann cheana féin dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo a mura gcomhlíonann siad na coinníollacha atá leagtha síos in Airteagal 93.

([1]) Rialachán (CE) Uimh. 1493/1999 ón gComhairle an 17 Bealtaine 1999 maidir le comheagrú an fhíonmhargaidh (IO L 179, 14.7.1999, lch. 1).

([2]) Rialachán (CE) Uimh. 753/2002 ón gCoimisiún an 29 Aibreán 2002 ag leagan síos rialacha mionsonraithe chur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh 1493/1999 maidir le táirgí áirithe d'earnáil an fhíona a shainmhíniú, a thuairisciú, a thíolacadh agus a chosaint (IO L 118, 4.5.2002, lch. 1).

▼B

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 229(2).

4. I gcás na Cróite, beidh na hainmneacha fíonta a fhoilsítear in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* [1] cosanta faoin Rialachán seo, faoi réir toraidh fhabhraigh a bheith ann ar an nós imeachta agóide. Liostóidh an Coimisiún iad sa chlár dá bhforáiltear in Airteagal 81.

Airteagal 108

Táillí

Féadfaidh Ballstáit táillí a ghearradh chun a gcostais a chlúdach, lena n-áirítear na cinn a thabhaíonn siad ag scrúdú iarratas um chosaint, ráiteas agóide, iarratas ar leasuithe agus iarrataí ar chealuithe faoin bhForoinn seo.

Airteagal 109

Cumhachtaí tarmligthe

1. Chun saintréithe sonrachasaintréithe sonracha an táirgthe sa limistéar geografach críochaithe a chur san áireamh, tabharfar de chumhacht don Choimisiúngníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 227 lena leagtar síos s:

(a) na critéir bhreise maidir le críochú an limistéir gheografaigh a ghlacadh, agus

(b) na srianta agus na maoluithe maidir leis an táirgeadh sa limistéar geografach críochaithe.

2. Chun saintréithe sonracha an táirgthe sa limistéar geografach críochaithe a chur san áireamh, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 227 lena leagtar síos na coinníollacha faoinar féidir ceanglais bhreise a áireamh sna sonrúcháin táirge.

3. Chun cosaint cearta agus leasanna dlisteanacha na dtáirgeoirí agus na n-oibreoirí a áirithiú, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 227 maidir leis an méid a leanas:

(a) an cineál iarratasóra a fhéadfaidh cur isteach ar chosaint ►C2 ainmniúcháin tionscnaimh ◄ nó táisc gheografaigh;

(b) na coinníollacha atá le comhlíonadh i ndáil le hiarratas ar chosaint ►C2 ainmniúcháin tionscnaimh ◄ nó táisc gheografaigh, grinnscrúdú a dhéanann an Coimisiún, an nós imeachta agóide, agus nós imeachta maidir le leasú, cealú agus tiontú ►C2 ainmniúchán tionscnaimh ◄ faoi chosaint nó táisc gheografaigh faoi chosaint;

(c) na coinníollacha is infheidhme maidir le hiarratais trasteorann;

[1] IO C 116, 14.4.2011, lch. 12.

▼B

(d) na coinníollacha i gcomhair iarratas a bhaineann le limistéir gheografacha i dtríú tír;

(e) an dáta óna mbeidh feidhm ag cosaint nó ag leasú ar chosaint;

(f) na coinníollacha a bhaineann le leasuithe ar shonraíochtaí táirgí.

4. Chun cosaint leordhóthanach a áirithiú, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 227 maidir le srianta i ndáil leis an ainm faoi chosaint.

5. Chun cosaint leordhóthanach a áirithiú, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 160 maidir le srianta i ndáil leis an ainm faoi chosaint. Chun a áirithiú nach ndéanfaidh cur i bhfeidhm na Foroinne seo dochar míchuí d'oibreoirí eacnamaíocha ná d'údaráis inniúla a mhéid is a bhaineann le hainmneacha fíonta dár deonaíodh cosaint roimh an 1 Lúnasa 2009 nó a ndearnadh iarratas ar chosaint ina leith roimh an dáta sin, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 227 lena leagtar síos rialacha idirthréimhseacha i ndáil leis an méid seo a leanas:

(a) ainmneacha fíonta a d'aithnigh Ballstáit mar ►C2 ainmniúcháin tionscnaimh ◄ nó mar thásca geografacha faoin 1 Lúnasa 2009 agus ainmneacha fíonta a ndearnadh iarratas ar chosaint ina leith roimh an dáta sin;

(b) fíonta a cuireadh ar an margadh nó a lipéadaíodh roimh dháta sonrach;

(c) leasuithe ar na sonraíochtaí táirgí.

Airteagal 110

Cumhachtaí cur chun feidhme i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin

1. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar síosna bearta riachtanacha maidir leis an méid seo a leanas:

(a) an fhaisnéis atá le soláthar sa tsonraíocht táirge maidir leis an nasc idir an limistéar geografach agus an táirge deiridh;

(b) cinntí maidir le cosaint nó diúltú a chur ar fáil don phobal;

(c) an clár dá dtagraítear in Airteagal 104 a bhunú agus a choimeád;

(d) an tiontú ó ►C2 ainmniúchán tionscnaimh ◄ faoi chosaint go tásc geografach faoi chosaint;

(e) iarratais trasteorann a chur isteach.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 229(2).

▼B

2. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar sios na bearta riachtanachamaidir leis an nós imeachta le haghaidh scrúdú a dhéanamh ar iarratais ar chosaint nó le haghaidh leasú ar ►C2 ainmniúchán tionscnaimh ◄ nó ar thásc geografach a fhormheas, chomh maith leis an nós imeachta le haghaidh iarrataí ar agóid, ar chealú, nó ar thiontú, agus le haghaidh faisnéis a chur isteach a bhaineann le hainmneacha fíonta cosanta atá ann cheana féin, go háirithe maidir le:

(a) teimpléid do dhoiciméid agus an fhormáid ina dtarchuirfear iad;

(b) teorainneacha ama;

(c) mionsonraí na bhfíoras, na fianaise agus na ndoiciméad tacaíochta atá le cur isteach chun tacú le hiarratas nó le hiarraidh.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 229(2).

Airteagal 111

Cumhachtaí cur chun feidhme eile

I gcás ina measfar agóid a bheith neamh-inghlactha, glacfaidh an Coimisiún ghníomhartha cur chun feidhme lena ndiúltófar í a toisc í a bheith neamh-inghlactha. Glacfar an gniomh cur chun feidhme sin gan an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 229(2) nó (3))a fheidhmiú.

Foroinn 3

Téarmaí traidisiúnta

Airteagal 112

Sainmhíniú

Ciallaíonn "téarma traidisiúnta" téarma a úsáidtear go traidisiúnta i mBallstáit i gcás na dtáirgí dá dtagraítear in Airteagal 92(1):

(a) le sonrú go bhfuil ►C2 ainmniúchán tionscnaimh ◄ faoi chosaint nó tásc geografach faoi chosaint ag an táirge sin faoi dhlí an Aontais nó faoi dhlí náisiúnta;

(b) leis an modh táirgthe nó an modh aosaithe, nó cáilíocht nó dath an táirge, nó cineál áite nó imeacht faoi leith a bhfuil baint aici le stair an táirge a bhfuil ►C2 ainmniúchán tionscnaimh ◄ faoi chosaint nó tásc geografach faoi chosaint aige a shonrú.

Airteagal 113

Cosaint

1. Ní fhéadfar téarma traidisiúnta faoi chosaint a úsáid ach amháin i gcomhair táirge a táirgeadh i gcomhréir leis an sainmhíniú dá bhforáiltear in Airteagal 112(1).

Cosnófar téarmaí traidisiúnta in aghaidh úsáide neamhdhleathaí.

▼B

2. Ní chosnófar téarmaí traidisiúnta i gcoinne na nithe seo a leanas ach amháin sa teanga agus sna catagóirí táirgí fíniúnacha a éilítear ar an iarratas:

(a) mí-úsáid an téarma atá faoi chosaint, lena n-áirítear i gcás ina bhfuil nath amhail 'stíl', 'cineál', 'modh', 'faoi mar a tháirgtear i', 'aithris', 'blas', 'cosúil le' nó nath ar a chuma ag gabháil leis;

(b) aon táisc bhréagaigh nó mhíthreoraigh eile maidir le nádúr, saintréithe nó cáilíochtaí bunúsacha an táirge, a chuirtear ar an bpacáistiú laistigh nó ar an bpacáistiú lasmuigh, san ábhar fógraíochta nó sna doiciméid a bhaineann leis;

(c) aon chleachtas eile ar dóigh dó tomhaltóirí a chur amú, go háirithe lena thabhairt le tuiscint go bhfuil an fíon incháilithe le haghaidh an téarma thraidisiúnta faoi chosaint.

3. Ní thiocfaidh téarmaí traidisiúnta chun bheith cineálach san Aontas.

Airteagal 114

Cumhachtaí tarmligthe

1. Chun cosaint leordhóthanach a áirithiú, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 227 maidir le teanga agus litriú an téarma traidisiúnta atá le cosaint.

2. Chun cosaint cearta agus leasanna dlisteanacha na dtáirgeoirí agus na n-oibreoirí a áirithiú, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 227 lena leagfar amach:

(a) na cineálacha iarratasóirí a fhéadfaidh cur isteach ar chosaint téarma traidisiúnta;

(b) coinníollacha bailíochta iarratais ar chosaint téarma traidisiúnta;

(c) na forais le hagóid a dhéanamh i gcoinne aitheantais bheartaithe le haghaidh téarma traidisiúnta;

(d) raon feidhme na cosanta, an gaol le trádmharcanna, téarmaí traidisiúnta faoi chosaint, ►C2 ainmniúcháin tionscnaimh ◄ faoi chosaint nó tásca geografacha faoi chosaint, comhainmneacha, nó ainmneacha áirithe fíonchaor;

(e) na forais le cealú téarma traidisiúnta;

(f) an dáta a gcuirfear isteach iarratas nó iarraidh ar agóid nó ar chealú;

▼B

(g) na nósanna imeachta atá le leanúint i ndáil le hiarratas ar chosaint téarma traidisiúnta, lena n-áirítear grinnscrúdú atá le déanamh ag an gCoimisiún, na nósanna imeachta agóide agus na nósanna imeachta maidir le cealú agus modhnú.

3. Chun na saintréithe sonrachasaintréithe sonracha i dtrádáil idir an tAontas agus tríú tíortha áirithe a chur san áireamh, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 227 lena leagtar síos na coinníollacha faoina bhféadfar téarmaí traidisiúnta a úsáid ar tháirgí ó thríú tíortha agus lena bhforálfar do mhaoluithe ó Airteagal 112 agus Airteagal 113.

Airteagal 115

Cumhachtaí cur chun feidhme i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin

1. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar síosna bearta riachtanacha maidir leis an nós imeachta le haghaidh scrúdú a dhéanamh ar iarratais ar chosaint nó le haghaidh modhnú ar théarma traidisiúnta a fhormheas, chomh maith leis an nós imeachta le haghaidh iarrataí ar agóid nó ar chealú, go háirithe maidir le:

(a) teimpléid do dhoiciméid agus an fhormáid ina dtarchuirfear iad;

(b) teorainneacha ama;

(c) mionsonraí na bhfíoras, na fianaise agus na ndoiciméad tacaíochta atá le cur isteach chun tacú leis an iarratas nó leis an iarraidh;

(d) rialacha mionsonraithe maidir le téarmaí traidisiúnta faoi chosaint a chur ar fáil don phobal.

2. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena nglacfar le hiarratas ar chosaint téarma traidisiúnta nó lena ndiúltófar an t-iarratas sin nó lena nglacfar le hiarraidh ar mhodhnú an téarma faoi chosaint nó ar chosaint téarma traidisiúnta a chealú nó lena ndiúltofar an iarraidh sin.

3. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhmelena bhforáilfear go gcosnófar téarmaí traidisiúnta ar glacadh leis an iarratas ar chosaint ina leith, go háirithe trína n-aicmiú i gcomhréir le hAirteagal 112 agus trí shainmhíniú agus/nó na coinníollacha úsáide a fhoilsiú.

4. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 1, mír 2 agus mír 3 den Airteagal seo a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 229(2).

Airteagal 116

Cumhachtaí eile cur chun feidhme

I gcás ina measfar agóid a bheith neamh-inghlactha, glacfaidh an Coimisiún gníomh cur chun feidhme lena ndiúltofar ítoisc í a bheith neamh-inghlactha. Glacfar an gníomh cur chun feidhme sin gan an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 229(2) nó (3) a fheidhmiú.

▼B

Roinn 3

Lipéadú agus cur i láthair in earnáil an fhíona

Airteagal 117

Sainmhíniú

Chun críocha na Roinne seo:

(a) ciallaionn "lipéadú" aon fhocail, sonraí, trádmharcanna, ainm branda, ábhar pictiúrtha nó siombail a chuirtear ar aon phacáistiú, doiciméad, fógra, lipéad, fáinne nó coiléar a ghabhann le táirge faoi leith nó a thagraíonn dó;

(b) ciallaíonn "cur i láthair" aon fhaisnéis a chuirtear in iúl do thomhaltóirí de bhua phacáistiú an táirge lena mbaineann, lena n-áirítear cruth agus cineál na mbuidéal.

Airteagal 118

Infheidhmeacht rialacha cothrománacha

Ach amháin nuair a fhoráiltear a mhalairt sa Rialachán seo, beidh feidhm ag Treoir 89/396/CEE ón gComhairle ([1]), Treoir 2000/13/CE, Treoir 2007/45/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]), Treoir 2008/95/CE agus Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011 maidir leis an lipéadú agus an cur i láthair.

Ní fheádfar cur le lipéadú na dtáirgí dá dtagraítear i bpointí 1 go 11, 13, 15 agus 16 de Chuid II d'Iarscríbhinn VII trí aon sonraíochtaí seachas iadsan dá bhforáiltear sa Rialachán seo mura gcomhlíonfaidh na sonraíochtaí sin riachtanais Threoir 2000/13/CE nó Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011.

Airteagal 119

Sonraí éigeantacha

1. Beidh na sonraí éigeantacha seo a leanas ar áireamh i lipéadú agus i gcur i láthair na dtáirgí dá dtagraítear i bpointí 1 go 11, 13, 15 agus 16 de Chuid II d'Iarscríbhinn VII agus a mhargaítear san Aontas nó atá le honnmhairiú:

(a) an sonrúchán le haghaidh chatagóir an táirge fíniúna i gcomhréir le Cuid II d'Iarscríbhinn VII;

(b) i gcomhair fíonta a bhfuil ►C2 ainmniúchán tionscnaimh ◄ faoi chosaint nó tásc geografach faoi chosaint acu:

(i) an téarma "►C2 ainmniúchán tionscnaimh ◄ faoi chosaint" nó "tásc geografach faoi chosaint";

([1]) Treoir 89/396/CEE ón gComhairle an 14 Meitheamh 1989 maidir le tásca nó marcanna lena sainaithnítear an luchtóg lena mbaineann earra bia (IO L 186, 30.6.1989, lch. 21).

([2]) Treoir 2007/45/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meán Fómhair 2007 lena leagtar síos na rialacha maidir le cainníochtaí ainmniúla táirgí réamhphacáilte, lena n-aisghairtear Treoir 75/106/CEE ón gComhairle agus Treoir 80/232/CEE ón gComhairle, agus lena leasaítear Treoir 76/211/CEE ón gComhairle (IO L 247, 21.9.2007, lch. 17).

▼B

(ii) ainm an ►C2 ainmniúcháin tionscnaimh ◄ faoi chosaint nó ainm an táisc gheografaigh faoi chosaint;

(c) an neart alcóil iarbhír de réir toirte;

(d) tásc maidir le foinse;

(e) tásc maidir leis an mbuidéalaí nó, i gcás fíona shúilínigh, fíona shúilínigh aeraithe, fíona shúilínigh ardchaighdeáin, nó fíona shúilínigh aramataigh ardchaighdeáin, ainm an táirgeora nó an díoltóra;

(f) tásc maidir leis an allmhaireoir i gcás fíonta allmhairithe;

(g) i gcás fíona shúilínigh, fíona shúilínigh aeraithe, fíona shúilínigh ardchaighdeáin, nó fíona shúilínigh aramataigh ardchaighdeáin, tásc maidir leis an gcion siúcra.

2. De mhaolú ar mhír 1(a) féadfar an tagairt do chatagóir an táirge fíniúna a fhágáil ar lár i gcás fíonta a bhfuil ainm ►C2 ainmniúcháin tionscnaimh ◄ faoi chosaint nó táisc gheografach faoi chosaint ar áireamh ar a lipéid.

3. De mhaolú ar mhír 1(b) féadfar an tagairt do na téarmaí "►C2 ainmniúchán tionscnaimh ◄ faoi chosaint" nó "tásc geografach faoi chosaint" a fhágáil ar lár sna cásanna seo a leanas:

(a) i gcás ina bhfuil téarma traidisiúnta atá i gcomhréir le pointe (a) d'Airteagal 112 le feiceáil ar an lipéad i gcomhréir leis an tsonraíocht táirge dá dtagraítear in Airteagal 94(2);

(b) in imthosca eisceachtúla a bhfuil údar cuí leo agus atá le cinneadh ag an gCoimisiún trí bhíthin gníomhartha tarmligthe a ghlacfar i gcomhréir le hAirteagal 227 chun go n-áiritheofar go gcomhlíontar cleachtais lipéadaithe atá ann cheana.

Airteagal 120

Sonraí roghnacha

1. Féadfaidh na sonraí roghnacha seo a leanas a bheith ar áireamh i lipéadú agus i gcur i láthair na dtáirgí dá dtagraítear i bpointí 1 go 11, 13, 15 agus 16 de Chuid II d'Iarscríbhinn VII:

(a) bliain fhómhar an fhíona;

(b) ainm chineál fíonchaoire amháin nó níos mó;

(c) i gcás fíonta seachas na cinn dá dtagraítear i bpointe (g) d'Airteagal 119(1), téarmaí lena léirítear an cion siúcra;

(d) i gcás fíonta a bhfuil ►C2 ainmniúchán tionscnaimh ◄ faoi chosaint nó tásc geografach faoi chosaint acu, téarmaí traidisiúnta i gcomhréir le pointe (b) d'Airteagal 112;

▼B

(e) siombail an Aontais lena léirítear an ►C2 t-ainmniúchán tionscnaimh ◄ faoi chosaint nó an tásc geografach faoi chosaint;

(f) téarmaí lena dtagraítear do mhodhanna áirithe táirgthe;

(g) i gcás fíonta a bhfuil ►C2 ainmniúchán tionscnaimh ◄ faoi chosaint nó tásc geografach faoi chosaint acu, ainm aonaid gheografaigh eile atá níos lú nó níos mó ná an limistéar atá i gceist leis an ►C2 t-ainmniúchán tionscnaimh ◄ nó an tásc geografach.

2. Gan dochar d'Airteagal 100(3), maidir le húsáid na sonraí dá dtagraítear i mír 1(a) agus (b) den Airteagal seo i gcás fíonta gan ►C2 ainmniúchán tionscnaimh ◄ faoi chosaint nó tásc geografach faoi chosaint:

(a) tabharfaidh Ballstáit isteach dlíthe, rialacháin nó forálacha riaracháin lena áirithiú go mbeidh nósanna imeachta maidir le deimhniú, formheas agus fíorú ann lena ráthú gur fíor an fhaisnéis lena mbaineann;

(b) féadfaidh Ballstáit, ar bhonn critéar neamh-idirdhealaitheach agus oibiachtúil agus aird chuí á tabhairt ar iomaíocht chothrom, liostaí de na cineálacha sin fíonchaor a eisiatar a tharraingt suas i gcomhair fíona a tháirgtear ó chineálacha fíonchaor ina gcríocha, sna cásanna seo a leanas go háirithe:

(i) má tá riosca ann go gcuirfear mearbhall ar thomhaltóirí maidir le fíorthionscnamh an fhíona toisc go bhfuil an cineál fíonchaoire sin ina dhlúthchuid ►C2 d'ainmniúchán tionscnaimh ◄ faoi chosaint nó de thásc geografach faoi chosaint atá ann cheana;

(ii) más rud é nach mbeadh seiceálacha éifeachtach ó thaobh costais de toisc gur cuid an-bheag d'fhíonghort an Bhallstáit an cineál fíonchaoire sin;

(c) ní chuirfear ainm an chineáil fíonchaoire ar an lipéad má mheasctar fíonta ó Bhallstáit éagsúla ach amháin má aontaíonn na Ballstáit lena mbaineann a mhalairt agus má áirithíonn siad go bhfuil na nósanna imeachta ábhartha maidir le deimhniú, formheas agus fíorú indéanta.

Airteagal 121

Teangacha

1. Beidh na sonraí éigeantacha agus na sonraí roghnacha dá dtagraítear in Airteagal 119 agus Airteagal 120 le feiceáil i gceann amháin de theangacha oifigiúla an Aontais nó níos mó i gcás ina gcuirtear in iúl i bhfocail iad.

2. D'ainneoin mhír 1 beidh ainm ►C2 ainmniúcháin tionscnaimh ◄ faoi chosaint nó táisc gheografaigh faoi chosaint nó téarma traidisiúnta mar a thagraítear dóibh i bpointe (b) d'Airteagal 112 le feiceáil ar an lipéad sa teanga nó sna teangacha lena mbaineann an chosaint. I gcás ►C2 ainmniúcháin tionscnaimh ◄ faoi chosaint nó táisc gheografaigh faoi chosaint nó sonrúcháin shonraigh náisiúnta scríofa in aibítir nach aibítir Laidineach í, féadfar an t-ainm a thaispeáint freisin i gceann amháin nó níos mó de theangacha oifigiúla an Aontais.

▼B

Airteagal 122

Cumhachtaí tarmligthe

1. Chun saintréithe sonracha na hearnála fíona a chur san áireamh, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 227 maidir le rialacha agus srianta i dtaca leis an méid seo a leanas:

(a) cur i láthair agus úsáid sonraí lipéadaithe seachas na cinn dá bhforáiltear sa Roinn seo;

(b) sonraí éigeantacha maidir le:

(i) téarmaí atá le húsáid chun na sonraí éigeantacha agus coinníollacha úsáide na sonraí sin a fhoirmliú;

(ii) téarmaí lena dtagraítear do ghabháltas agus coinníollacha úsáide na dtéarmaí sin;

(iii) forálacha lena dtugtar údarú do na Ballstáit táirgeora rialacha breise maidir le sonraí éigeantacha a leagan síos;

(iv) forálacha lena n-údaraítear maoluithe breise i dteannta na maoluithe dá dtagraítear in Airteagal 119(2) maidir leis an tagairt do chatagóir an táirge fíniúna a fhágáil ar lár; agus

(v) forálacha ar úsáid teangacha;

(c) sonraí roghnacha maidir le:

(i) téarmaí atá le húsáid chun na sonraí roghnacha agus coinníollacha úsáide na sonraí sin a fhoirmliú;

(ii) forálacha lena dtugtar údarú do na Ballstáit táirgeora rialacha breise maidir le sonraí roghnacha a leagan síos;

(d) an cur i láthair:

(i) coinníollacha úsáide cruthanna áirithe buidéal, agus liosta de chruthanna sonracha buidéal ar leith;

(ii) coinníollacha úsáide buidéal agus iamh den chineál a úsáidtear i gcomhair fíona shúilínigh;

(iii) forálacha lena dtugtar údarú do na Ballstáit táirgeora rialacha breise maidir le cur i láthair a leagan síos;

(iv) forálacha ar úsáid teangacha;

2. Chun cosaint leasanna dlisteanacha na n-oibreoirí a áirithiú, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 227 maidir le lipéadú agus cur i láthair sealadach fíonta a bhfuil ►C2 ainmniúchán tionscnaimh ◄ nó tásc geografach acu, i gcás ina gcomhlíonann an ►C2 t-ainmniúchán tionscnaimh ◄ nó an tásc geografach sin na ceanglais is gá.

▼B

3. Chun leasanna dlisteanacha na n-oibreoirí a áirithiú, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 227 maidir le forálacha idirthréimhseacha maidir le fíonta a chuirtear ar an margadh agus atá lipéadaithe i gcomhréir leis na rialacha ábhartha a bhí i bhfeidhm roimh an 1 Lúnasa 2009.

4. Chun na saintréithe sonrachasaintréithe sonracha i dtrádáil idir an tAontas agus tríú tíortha áirithe a chur san áireamh, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 227 maidir le maoluithe ón Roinn seo i ndáil le táirgí atá le honnmhairiú i gcás ina gceanglaítear sin le dlí an tríú tír lena mbaineann.

Airteagal 123

Cumhachtaí cur chun feidhme i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin

Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh lena leagtar síos na bearta riachtanacha maidir leis na nósanna imeachta agus na critéir theicniúla is infheidhme maidir leis an Roinn seo, lena n-áirítear na bearta riachtanach do na nósanna imeachta deimhniúcháin, form-heasta agus fíoraithe atá infheidhme maidir le fíonta nach bhfuil ►C2 ainmniúchán tionscnaimh ◄ faoi chosaint nó tásc geografach faoi chosaint acu. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 229(2).

CAIBIDIL II

Forálacha sonracha d'earnálacha indibhidiúla

Roinn 1

Siúcra

Airteagal 124

Fad

Cé is moite d'Airteagal 125 agus Airteagal 126, beidh feidhm ag an Roinn seo go dtí deireadh na bliana margaíochta 2016/2017.

Foroinn 1

Bearta sonracha

Airteagal 125

Comhaontuithe in earnáil an tsiúcra

1. Is trí chomhaontuithe scríofa a dhéanfar laistigh den earnáil idir, ar láimh amháin, saothraithe Aontais biatais siúcra agus siúcra cána, nó na heagraíochtaí a bhfuil ballraíocht acu iontu a ndéanfar thar a son iad, agus, ar an láimh eile, gnóthais siúcra Aontais nó na heagraíochtaí a bhfuil ballraíocht acu iontu a ndéanfar thar a son iad, a rialófar na téarmaí maidir le ceannach biatais siúcra agus siúcra cána, lena n-áirítear conarthaí réamhchurtha seachadta.

2. Comhaontuithe a dhéanfar laistigh den earnáil faoi mar atá tuairisc orthu i bpointe 6 de Roinn A de Chuid II d'Iarscríbhinn II, tabharfaidh na gnóthais fógra fúthu d'údaráis inniúla an Bhallstáit ina dtáirgeann siad siúcra.

▼B

3. Amhail ón 1 Deireadh Fómhair 2017, beidh na comhaontuithe a dhéanfar laistigh den earnáil i gcomhréir leis na téarmaí ceannaigh atá leagtha síos in Iarscríbhinn X.

4. Chun saintréithe sonracha earnáil an tsiúcra agus forbairt na hearnála sa tréimhse i ndiaidh dheireadh na gcuótaí táirgeachta a chur san áireamh, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 227 le go ndéanfaí an méid seo a leanas:

(a) nuashonrú na dtéarmaí dá dtagraítear i Roinn A de chuid II d'Iarscríbhinn II;

(b) nuashonrú na dtéarmaí ceannaigh do bhiatais dá dtagraítear in Iarscríbhinn X;

(c) tuilleadh rialacha a leagan síos maidir le cinntí i dtaca le hollmheáchan, táir agus cion siúcra biatais siúcra a sheachadtar chuig gnóthas chomh maith le rialacha maidir le laíon biatais.

5. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar sios na bearta is gá maidir le cur i bhfeidhm an Airteagail seo, lena n-áirítear maidir le nósanna imeachta, fógraíocht, agus cúnamh riaracháin i gcás comhaontuithe a dhéantar laistigh den earnáil lena gcumhdaítear níos mó ná Ballstát amháin. Glacfar na gniomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 229(2).

Airteagal 126

Tuairisciú praghsanna i margadh an tsiúcra

Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena mbunaítear córas chun praghsanna i margadh an tsiúcra a thuairisciú, lena n-áirítear socruithe chun leibhéil na bpraghsanna don mhargadh sin a fhoilsiú. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 229(2).

Beidh an córas dá dtagraítear sa chéad fhomhír bunaithe ar fhaisnéis a sholáthraíonn gnóthais a tháirgeann siúcra bán nó oibreoirí eile a bhfuil baint acu le trádáil siúcra. Déileálfar leis an bhfaisnéis seo mar fhaisnéis rúnda.

Áiritheoidh an Coimisiún nach bhfoilseofar praghsanna ar leith nó ainmneacha oibreoirí eacnamaíocha aonair.

Foroinn 2

Na ceanglais is infheidhme maidir le hearnáil an tsiúcra le linn na tréimhse dá dtagraítear in airteagal 124

Airteagal 127

Conarthaí seachadta

1. I dteannta na gceanglas a leagtar amach in Airteagal 125(1), beidh na comhaontuithe a dhéanfar laistigh den earnáil i gcomhréir leis na téarmaí ceannaigh atá leagtha síos in Iarscríbhinn XI.

▼B

2. I gconarthaí seachadta, déanfar idirdhealú de réir ábhar an bhiatias siúcra óna ndéanfar na cainníochtaí siúcra a tháirgeadh, mar a leanas:

(a) siúcra cuóta;

(b) siúcra lasmuigh den chuóta.

3. Cuirfidh gach gnóthas siúcra an fhaisnéis seo a leanas ar fáil don Bhallstát ina dtáirgeann sé an siúcra:

(a) na cainníochtaí biatais dá dtagraítear i bpointe (a) de mhír 1a dá bhfuil conarthaí réamhchurtha seachadta déanta acu agus an cion siúcra a bhfuil na conarthaí sin bunaithe air;

(b) an táirgeacht chomhfhreagrach mheasta.

Féadfaidh faisnéis bhreise a bheith ag teastáil ó Bhallstáit.

4. Maidir le gnóthais siúcra nach bhfuil conarthaí réamhchurtha seachadta sínithe acu ar an bpraghas íosta i gcomhair biatais chuóta, dá dtagraítear in Airteagal 135, le haghaidh cainníochta biatais atá cothrom leis an méid siúcra a bhfuil cuóta acu dó, arna choigeartú, de réir an cháis, leis an gcomhéifeacht i gcomhair tarraingt siar choisctheach atá socraithe de bhun na chéad fomhíre d'Airteagal 130(2), beidh sé de cheangal ar na gnóthais sin an praghas íosta ar a laghad i gcomhair biatais chuóta a íoc i gcomhair an bhiatais siúcra go léir a ndéanfaidh siad a phróiseáil ina shiúcra.

5. Féadfaidh comhaontuithe laistigh den earnáil maolú ar mhír 2, ar mhír 3 agus ar mhír 4, faoi réir fhormheas an Bhallstáit lena mbaineann.

6. Mura bhfuil aon chomhaontuithe ann laistigh den earnáil, déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá, arb iad na bearta atá ag luí leis an Rialachán seo, chun leas na bpáirtithe lena mbaineann a chosaint.

Airteagal 128

Muirear táirgthe

1. Gearrfar muirear táirgthe ar an gcuóta siúcra, ar an gcuóta iseaglúcóis agus ar chuóta na síoróipe ionúiline atá ag gnóthais a tháirgeann siúcra, iseaglúcós nó síoróip ionúiline ar cuótaí iad dá dtagraítear in Airteagal 136(2).

2. Is í an Chomhairle a dhéanfaidh na bearta le go socrófar an muirear táirgthe, i gcomhréir le hAirteagal 43(3) CFAE, le haghaidh an tsiúcra cuóta, an iseaglúcóis cuóta, agus an tsíoróip ionúiline cuóta dá dtagraítear i mír 1.

Airteagal 129

Aisíocaíocht ar tháirgeadh

1. Féadfar aisíocaíocht ar tháirgeadh a dheonú i gcás táirgí earnáil an tsiúcra atá liostaithe i bpointí (b) go (e) de Chuid III d'Iarscríbhinn I más rud é nach bhfuil siúcra barrachais nó siúcra allmhairithe, iseaglúcós barrachais, nó síoróip ionúiline bharrachais ar fáil ar phraghas atá comhfhreagrach leis an bpraghas domhanda chun na táirgí dá dtagraítear i bpointe (b) agus i bpointe (c) den dara fhomhír d'Airteagal 140(2) a mhonarú.

▼B

2. Is í an Chomhairle a dhéanfaidh na bearta maidir leis an aisíocaíocht ar tháirgeadh dá dtagraítear i mír 1 a shocrú i gcomhréir le hAirteagal 43(3) CFAE.

Airteagal 130

Tarraingt siar siúcra

1. Ionas go seachnófaí titim sna praghsanna sa mhargadh inmheánach agus go ndéanfar cásanna rótháirgthe a réiteach bunaithe ar réamhmheastachán ar chothroime an tsoláthair, agus gealltanais an Aontais a thagann ó chomhaontuithe idirnáisiúnta a tugadh i gcrích i gcomhréir le CFAE á gcur san áireamh, féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena n-aistarraingítear ón margadh, do bhliain mhargaíochta tugtha, na cainníochtaí siúcra nó iseaglúcóis sin arna dtáirgeadh faoi chuótaí lena sáraítear an tairseach arna ríomh i gcomhréir le mír 2.

2. Déanfar an tairseach maidir le tarraingt siar dá dtagraítear i mír 1 a ríomh, i gcomhair gach gnóthas a bhfuil cuóta aige, trína chuóta a mhéadú faoi chomhéifeacht. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena socraítear an chomhéifeacht sin do bhliain mhargaíochta tráth nach déanaí ná an 28 Feabhra den bhliain mhargaíochta roimhe sin, bunaithe ar threochtaí ionchais an mhargaidh.

Ar bhonn treochtaí an mhargaidh a bheith tugtha cothrom le dáta, féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh, faoin 31 Deireadh Fómhair sa bhliain mhargaíochta lena mbaineann, lena ndéanfar an chomhéifeacht a choigeartú, nó, i gcás nár socraíodh comhéifeacht de bhun na chéad fomhíre, lena socrófar an chomhéifeacht.

3. Maidir le gach gnóthas a bhfuil cuóta aige siúcra arna tháirgiú faoin gcuóta atá os cionn na tairsí arna ríomh de réir mhír 2 a stóráil ar a gcostas féin go tús na bliana margaíochta dár gcionn. Glacfar leis na cainníochtaí siúcra, iseaglúcóis, nó síoróipe ionúiline a dhéantar a tharraingt siar le linn bliana margaíochta mar na chéad chainníochtaí a tháirgfear faoi chuóta na bliana margaíochta dár gcionn.

De mhaolú ar an gcéad fhomhír, féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh, agus treochtaí ionchais an mhargaidh shiúcra á gcur san áireamh, ar gníomhartha iad lena bhforáilfear, i gcás na bliana margaíochta reatha, na bliana margaíochta dár gcionn, nó an dá bhliain margaíochta, go meafar an siúcra, an t-iseaglúcós nó an tsíoróip ionúiline go léir a tarraingíodh siar nó cuid díobh mar a leanas:

(a) mar shiúcra barrachais, mar iseaglúcós barrachais nó mar shíoróip ionúiline barrachais chun go ndéanfar siúcra tionsclaíoch, iseaglúcós tionsclaíoch nó síoróip ionúiline thionsclaíoch díobh; nó

(b) mar tháirgeadh sealadach cuóta ar féidir cuid de a fhorchoimeád lena honnmhairiú agus gealltanais an Aontais á n-urramú, ar gealltanais iad a thagann ó chomhaontuithe idirnáisiúnta a tugadh i gcrích i gcomhréir le CFAE.

4. Más rud é nach bhfuil an soláthar siúcra san Aontas leordhóthanach, féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena ligtear cainníocht áirithe siúcra a tarraingíodh siar a dhíol ar mhargadh an Aontais roimh dheireadh na tréimhse tarraingthe siar.

▼B

5. I gcás ina nglactar le siúcra a tarraingíodh siar mar chéad tháirgeadh siúcra na bliana margaíochta dár gcionn, is é praghas íosta na bliana margaíochta sin, dá dtagraítear in Airteagal 135 a íocfar leis na saothraithe biatais.

I gcás ina ndéantar siúcra tionsclaíoch de shiúcra a tarraingíodh siar nó ina n-onnmhairítear é i gcomhréir le pointe (a) agus pointe (b) den dara fhomhír de mhír 3 den Airteagal seo, ní bheidh feidhm ag ceanglais Airteagal 135 maidir leis an bpraghas íosta.

I gcás ina ndíoltar siúcra a tarraingíodh siar ar mhargadh an Aontais roimh dheireadh na tréimhse tarraingthe siar i gcomhréir le mír 4 den Airteagal seo, is é praghas íosta na bliana margaíochta reatha a íocfar leis na saothraithe biatais.

6. Déanfar gníomhartha cur chun feidhme de bhun an Airteagail seo a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá tagraítear in Airteagal 229(2).

Airteagal 131

Sásra maidir le bainistiú sealadach ar an margadh

1. Le linn na tréimhse dá dtagraítear in Airteagal 124, féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar síos na bearta is gá a ghlacadh d'fhonn a áirithiú go mbeidh soláthar leord-hóthanach siúcra ag dul isteach i margadh an Aontais. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 229(2).

Leis na bearta sin féadfar coigeartú a dhéanamh, don chainníocht agus don tréimhse ama is gá, ar leibhéal an dleachta is iníoctha ar shiúcra amh allmhairithe.

I gcomhthéacs an sásra maidir le bainistiú sealadach ar an margadh, glactar bearta maidir leis an tobhach barrachais ag an gComhairle i gcomhréir le hAirteagal 43(3) CFAE.

2. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena gcinnfear chainníocht iomchuí de shiúcra lasmuigh den chuóta agus de shiúcra amh allmhairithe arbh fhéidir í a chur ar mhargadh an Aontais. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 229(2).

Airteagal 132

Cumhachtaí tarmligthe

D'fhonn saintréithe sonracha earnáil an tsiúcra a chur san áireamh agus d'fhonn a áirithiú go gcuirfear leas na bpáirtithe go léir san áireamh mar is cuí, agus ó tharla gur gá aon suaitheadh sa mhargadh a chosc, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 227, maidir leis an méid seo a leanas:

(a) téarmaí ceannaighagus conarthaí seachadta dá dtagraítear in Airteagal 127;

(b) nuashonrú na dtéarmaí ceannaigh le haghaidh biatais dá dagraítear in Iarscríbhinn XI;

▼B

(c) na critéir sin atá le cur i bhfeidhm ag gnóthais siúcra nuair atá cainníochtaí biatais atá le cumhdach ag conarthaí réamhchurtha seachadta dá dtagraítear in Airteagal 127(3)() á leithdháileadh i measc díoltóirí biatais.

Airteagal 133

Cumhachtaí cur chun feidhme i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin

Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar sios na bearta is gáchun an Fhoroinn seo a chur i bhfeidhm, ar bearta iad a bhaineann le nósanna imeachta, ábhar agus critéir theicniúla.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá tagraítear in Airteagal 229(2).

Foroinn 3

Córas um tháirgeadh a rialú

Airteagal 134

Cuótaí in earnáil an tsiúcra

1. Beidh feidhm ag córas cuótaí maidir le siúcra, iseaglúcós agus síoróip ionúiline.

2. Maidir leis an gcóras chuótaí dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, i gcás ina sáraíonn táirgeoir an cuóta ábhartha agus nach mbaineann sé leas as na cainníochtaí barrachais dá bhforáiltear in Airteagal 139, beidh tobhach barrachais iníoctha ar a leithéid de chainníochtaí, faoi réir na gcoinníollacha atá leagtha amach in Airteagal 139 go Airteagal 142.

Airteagal 135

Praghas íosta an bhiatais

Déanfaidh an Chomhairle praghas íosta an bhiatais chuóta a shocrú i gcomhréir le hAirteagal 43(3) CFAE.

Airteagal 136

Leithdháileadh cuótaí

1. Tá na cuótaí maidir le táirgeadh siúcra, iseaglúcóis agus síoróipe ionúiline ar leibhéal náisiúnta nó réigiúnach socraithe in Iarscríbhinn XII.

2. Déanfaidh na Ballstáit cuóta a leithdháileadh ar gach gnóthas a tháirgeann siúcra, iseaglúcós agus síoróip ionúiline atá bunaithe ar a chríoch agus atá formheasta faoi Airteagal 137.

Maidir le gach gnóthas, beidh an cuóta a leithdháilfear air cothrom leis an gcuóta a leithdháileadh ar an ngnóthas don bhliain mhargaíochta 2010/2011 faoi Rialachán (CE) Uimh. 1234/2007.

▼B

3. I gcás ina leithdháilfear cuóta ar ghnóthas siúcra a bhfuil breis agus aonad táirgthe amháin aige, glacfaidh na Ballstáit na bearta a mheasann siad a bheith riachtanach chun leas saothraithe biatais siúcra agus saothraithe cána siúcra a chur san áireamh go cuí.

Airteagal 137

Gnóthais fhormheasta

1. Tabharfaidh Ballstáit formheas, arna iarraidh sin, do ghnóthas a tháirgeann siúcra, iseaglúcós nó síoróip ionúiline nó do ghnóthas a phróiseálann na táirgí sin agus a dhéanann táirgí díobh atá ar an liosta dá dtagraítear in Airteagal 140(2) ar choinníoll:

(a) go gcruthaíonn an gnóthas go bhfuil an cumas gairmiúil aige é a tháirgeadh;

(b) go gcomhaontaíonn an gnóthas go gcuirfidh sé aon fhaisnéis ar fáil agus go mbeidh sé faoi réir na rialuithe a bhaineann leis an Rialachán seo;

(c) nach bhfuil an gnóthas faoi réir fhionraíocht nó tharraingt siar an fhormheasa.

2. Cuirfidh na gnóthais fhormheasta an fhaisnéis seo a leanas ar fáil don Bhallstát ina ndéantar an biatas nó an cána a bhuaint nó ina ndéantar an mínghlanadh:

(a) na cainníochtaí biatais nó cána ar tugadh conarthaí soláthair i gcrích ina leith, mar aon le táirgeacht mheasta chomhfhreagrach an bhiatais nó an chána, agus an tsiúcra in aghaidh an heicteáir;

(b) sonraí maidir le seachadtaí sealadacha agus iarbhír biatais siúcra, cána siúcra agus siúcra amh, chomh maith le sonraí faoi tháirgeadh siúcra agus ráitis faoi stoic siúcra;

(c) na cainníochtaí siúcra bháin a díoladh agus na praghsanna agus na coinníollacha comhfhreagracha.

Airteagal 138

Ath-leithdháileadh na gcuótaí náisiúnta agus laghdú cuótaí

1. Féadfaidh Ballstát an cuóta siúcra nó iseaglúcóis a leithdháiltear ar ghnóthas atá bunaithe ar a chríoch a laghdú faoi suas le 10 %. Cuirfidh na Ballstáit critéir oibiachtúla, neamh-idirdhealaitheacha i bhfeidhm chuige sin.

2. Féadfaidh Ballstáit cuótaí a aistriú idir ghnóthais i gcomhréir leis na rialacha atá leagtha síos in Iarscríbhinn XIII agus leas gach ceann de na páirtithe lena mbaineann a chur san áireamh go háirithe saothraithe biatais siúcra agus cána siúcra.

3. Déanfaidh an Ballstát atá i gceist na cainníochtaí a laghdaíodh de bhun mhír 1 agus mhír 2 a leithdháileadh ar ghnóthas amháin nó níos mó ina chríocha, bíodh cuóta acu nó ná bíodh.

▼B

Airteagal 139

Táirgeadh lasmuigh den chuóta

1. Féadfar an siúcra, an iseaglúcós nó an tsíoróip ionúiline a tháirgtear i rith bliana margaíochta os cionn an chuóta dá dtagraítear in Airteagal 136:

(a) a úsáid chun táirgí áirithe dá dtagraítear in Airteagal 140 a phróiseáil;

(b) a thabhairt ar aghaidh chuig táirgeadh cuóta na chéad bliana margaíochta eile i gcomhréir le hAirteagal 140;

(c) a úsáid i gcomhair na socruithe sonracha soláthair i gcomhair na limistéar is forimeallaí, i gcomhréir le Caibidil III de Rialachán (AE) Uimh. 228/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]);

(d) a onnmhairiú laistigh den teorainn chainníochta atá le socrú ag an gCoimisiún trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, ag urramú na ngealltanas a thagann ó chomhaontuithe náisiúnta a tugadh i gcrích i gcomhréir le CFAE; nó

(e) a chur ar fáil ar an margadh inmheánach, i gcomhréir leis an sásra a thuairiscítear in Airteagal 131 chun críocha an soláthar a chur in oiriúint don éileamh bunaithe ar an réamh-mheastachán ar chothroime an tsoláthair.

Cuirfear na bearta dá dtagraítear i bpointe (e) den chéad mhír den Airteagal seo chun feidhme sula ndéanfar gníomhachtú ar na bearta chun suaitheadh sa mhargadh a chosc dá dtagraítear in Airteagal 219(1).

Beidh cainníochtaí eile faoi réir an tobhaigh bharrachais dá dtagraítear in Airteagal 142.

2. Déanfar gníomhartha cur chun feidhme de bhun anAirteagail seo a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá tagraítear in Airteagal 229(2).

Airteagal 140

Siúcra tionsclaíoch

1. Forchoimeádfar siúcra tionsclaíoch, iseaglúcós tionsclaíoch nó síoróip ionúiline thionsclaíoch chun ceann de na táirgí dá dtagraítear i mír 2 a tháirgeadh sna cásanna seo a leanas:

(a) nuair atá sé faoi réir conartha sheachadta a tugadh i gcrích roimh dheireadh na bliana margaíochta idir táirgeoir agus úsáideoir ar tugadh formheas dóibh araon i gcomhréir le hAirteagal 137; agus

(b) nuair a seachadadh é chuig an úsáideoir an 30 Samhain na bliana margaíochta dár gcionn ar a dhéanaí.

2. D'fhonn forbairtí teicniúla a chur san áireamh, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 227, lena mbunófar liosta táirgí a bhféadfar siúcra tionsclaíoch, iseaglúcós tionsclaíoch nó sioróip ionúiline thionsclaíoch a úsáid lena dtáirgeadh.

([1]) Rialachán (AE) Uimh. 228/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Márta 2013 lena leagtar síos bearta sonracha don talmhaíocht sna réigiúin is forimeallaí den Aontas agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 247/2006 ón gComhairle (IO L 78, 20.3.2013, lch. 23).

▼B

Áireofar go háirithe ar an liosta sin:

(a) bitheatánól, alcól, rum, giosta beo agus cainníochtaí síoróipe lena leathadh agus iad siúd atá le próiseáil chun “Rinse appelstroop” a dhéanamh díobh;

(b) táirgí tionsclaíocha áirithe nach bhfuil siúcra iontu ach a n-úsáidtear siúcra, iseaglúcós nó síoróip ionúiline lena bpróiseáil;

(c) táirgí áirithe de chuid an tionscail cheimicigh nó an tionscail chógaíochta a bhfuil siúcra, iseaglúcós nó síoróip ionúiline iontu.

Airteagal 141

Barrachas siúcra a thabhairt ar aghaidh

1. Féadfaidh gach gnóthas cinneadh a dhéanamh an méid a rótháirgeadh sa bhreis ar a chuóta siúcra, a chuóta iseaglúcóis nó a chuóta síoróipe ionúiline, nó cuid den táirgeadh sin, a thabhairt, chun go gcaithfear leis mar chuid de tháirgeadh na chéad bliana margaíochta eile. Gan dochar do mhír 3, cinneadh neamh-inchúlghairthe a bheidh sa chinneadh sin.

2. Maidir leis na gnóthais a dhéanann an cinneadh dá dtagraítear i mír 1:

(a) cuirfidh siad an Ballstát lena mbaineann ar an eolas faoi roimh dháta a bheidh le cinneadh ag an mBallstát sin:

(i) idir an 1 Feabhra agus an 31 Lúnasa na bliana margaíochta reatha i gcás cainníochtaí siúcra cána atá á dtabhairt ar aghaidh;

▼C1

(ii) idir an 1 Feabhra agus an 31 Lúnasa na bliana margaíochta reatha i gcás cainníochtaí eile siúcra biatais nó síoróipe ionúiline atá á dtabhairt ar aghaidh;

▼B

(b) tabharfaidh siad gealltanas na cainníochtaí sin a stóráil ar a gcostas féin go deireadh na bliana margaíochta reatha.

3. Má tharlaíonn sé gur lú táirgeadh cinntitheach gnóthais sa bhliain mhargaíochta lena mbaineann ná an meastachán a rinneadh nuair a rinneadh cinneadh de réir mhír 1, féadfar an chainníocht a thabharfar ar aghaidh a choigeartú go siarghabhálach faoin 31 Deireadh Fómhair na bliana margaíochta dár gcionn.

4. Measfar gurb iad na cainníochtaí a thabharfar ar aghaidh na chéad chainníochtaí a tháirgfear faoi chuóta na bliana margaíochta dár gcionn.

▼C2

5. Ní fhéadfaidh siúcra a stóráiltear i gcomhréir leis an Airteagal seo le linn bliana margaíochta a bheith faoi réir aon bhearta stórála eile dá bhforáiltear in Airteagal 17 nó in Airteagal 130.

▼B

Airteagal 142

Tobhach barrachais

1. Gearrfar tobhach barrachais ar chainníochtaí díobh seo a leanas:

(a) siúcra barrachais, iseaglúcós barrachais agus síoróip ionúiline bharrachais a tháirgfear i rith bliana margaíochta ar bith, ach amháin i gcás cainníochtaí a thabharfar ar aghaidh chuig táirgeadh cuóta na bliana margaíochta dár gcionn agus a stórálfar i gcomhréir le hAirteagal 141 nó cainníochtaí dá dtagraítear i bpointí (c), (d) agus (e) den chéad fhomhír d'Airteagal 139(1);

(b) siúcra tionsclaíoch, iseaglúcós tionsclaíoch nó síoróip ionúiline thionsclaíoch nár tugadh aon chruthúnas, laistigh den teorainn ama atá le socrú ag an gCoimisiún trí bhíthin gníomhartha chur chun feidhme, gur úsáideadh iad i gceann de na táirgí dá dtagraítear in Airteagal 140(2);

(c) siúcra, iseaglúcós agus síoróip ionúiline a tarraingíodh siar ón margadh i gcomhréir le hAirteagal 130 agus nach gcomhlíontar na hoibleagáidí dá bhforáiltear in Airteagal 130(3) ina leith.

Glacfar gníomhartha cur chun feidhme de bhun phointe (b) den chéad fhomhír i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 229(2).

2. Is í an Chomhairle a dhéanfaidh na bearta maidir le tobhach barrachais dá dtagraítear in mír 1 a shocrú i gcomhréir le hAirteagal 43(3) CFAE.

Airteagal 143

Cumhachtaí tarmligthe

1. D'fhonn a áirithiú go gcomhlíonfaidh na gnóthais dá dtagraítear in Airteagal 137 a n-oibleagáidí, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 227, lena leagtar síos rialacha maidir le formheas a dheonú do na gnóthais sin agus a tharraingt siar uathu, chomh maith leis na critéir le haghaidh pionóis riaracháin.

2. D'fhonn saintréithe sonracha earnáil an tsiúcra a chur san áireamh agus d'fhonn a áirithiú go gcuirfear leas na bpáirtithe go léir san áireamh mar is cuí, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 227 maidir le brí na dtéarmaí le haghaidh oibriú an chórais cuótaí agus lena leagtar síos na coinníollacha lena rialaítear díolacháin chuig na réigiúin is forimeallaí.

3. Chun a áirithiú go mbeidh dlúthbhaint ag na saothraithe le cinneadh cainníocht áirithe den táirgeadh a thabhairt ar aghaidh, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 227, lena leagtar síos rialacha maidir le siúcra a thabhairt ar aghaidh.

▼B

Airteagal 144

Cumhachtaí cur chun feidhme i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin

Maidir leis na gnóthais dá dtagraítear in Airteagal 137, féadfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, lena mbunaítear rialacha maidir leis na nithe seo a leanas:

(a) iarratais ar fhormheas ó ghnóthais, na taifid atá le coinneáil ag gnóthais fhormheasta, an fhaisnéis atá le tíolacadh ag gnóthais fhormheasta;

(b) an córas seiceálacha atá le déanamh ag na Ballstáit ar ghnóthais fhormheasta;

(c) an chumarsáid a dhéanann na Ballstáit leis an gCoimisiún agus le gnóthais fhormheasta;

(d) seachadadh amhábhar, lena n-áirítear conarthaí seachadta agus nótaí seachadta, ar ghnóthais;

(e) comhionannas i dtaca le siúcra dá dtagraítear i bpointe (a) den chéad fhomhír d'Airteagal 139(1);

(f) na socruithe sonracha soláthair do na réigiúin is forimeallaí;

(g) onnmhairí dá dtagraítear i bpointe (d) den chéad fhomhír d'Airteagal 139(1);

(h) comhar idir Bhallstáit chun seiceálacha éifeachtacha a áirithiú;

(i) na dátaí atá leagtha síos in Airteagal 141 do bhlianta margaíochta sonracha a mhodhnú;

(j) chun an chainníocht bharrachais, an chumarsáid agus íocaíocht an tobhaigh bharrachais dá dtagraítear in Airteagal 142 a leagan síos.

(k) glacadh liosta de scagairí lánaimseartha laisitigh de bhrí phointe 6 de Roinn B de Chuid II d'Iarscríbhinn II.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá tagraítear in Airteagal 229(2).

Roinn 2

Fíon

Airteagal 145

Clár agus fardal ar acmhainn táirgthe fíonghort

1. Coimeádfaidh Ballstáit clár fíonghort ina mbeidh faisnéis atá cothrom le dáta maidir leis an acmhainneacht táirgthe. Ón 1 Eanáir 2016 ní bheidh feidhm ag an oibleagáid sin ach amháin i gcás go gcuireann na Ballstáit an scéim d'údaruithe i gcomhair planduithe fíniúnacha dá dtagraítear i gCaibidil III de Theideal I i bhfeidhm nó go gcuireann siad clár náisiúnta tacaíochta i bhfeidhm.

▼B

2. Go dtí an 31 Nollaig 2015, maidir le Ballstáit ar lú ná 500 heicteár an limistéar iomlán iontu atá faoi fhíniúnacha de chineálacha fíonchaor atá aicmithe i gcomhréir le hAirteagal 81(2), ní bheidh siad faoi réir na hoibleagáide atá leagtha síos i mír 1 den Airteagal seo.

3. Ballstáit a dhéanann foráil ina gcláir thacaíochta d'athstruchtúrú agus athchóiriú fíonghort i gcomhréir le hAirteagal 46, déanfaidh siad fardal uasdátaithe, ar bhonn an chláir fíonghort, dá n-acmhainneacht táirgthe a thíolacadh don Choimisiún faoin 1 Márta gach bliain. Amhail ón 1 Eanáir 2016, is de bhíthin gníomhartha chur chun feidhme a leagfar síos ag an Coimisiún na sonraí maidir le teachtaireachtaí chuig an gCoimisiún maidir le limistéir fíonsaothrúcháin. Glacfar na gniomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 229(2)

4. Chun gur fusa do na Ballstáit faireachán agus fíorú a dhéanamh ar acmhainneacht táirgthe, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 227 i dtaca le rialacha maidir le hábhar an chláir fíonghort agus maidir le díolúintí a ghabhann leis.

Airteagal 146

Údaráis náisiúnta inniúla le haghaidh earnáil an fhíona

1. Gan dochar d'aon fhorálacha eile den Rialachán seo maidir le húdaráis náisiúnta inniúla a chinneadh, ceapfaidh na Ballstáit údarás amháin nó níos mó a bheidh freagrach as comhlíonadh rialacha an Aontais a áirithiú in earnáil an fhíona. Go háirithe, ceapfaidh na Ballstáit na saotharlanna atá údaraithe chun anailís oifigiúil a dhéanamh in earnáil an fhíona. Comhlíonfaidh na saotharlanna atá ceaptha na critéir ghinearálta atá leagtha amach in ISO/IEC 17025 maidir le hoibriú saotharlann.

2. Cuirfidh na Ballstáit ainmneacha agus seoltaí na n-údarás agus na saotharlann dá dtagraítear i mír 1 in iúl don Choimisiún. Cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin ar fáil don phobal agus tabharfaidh sé cothrom le dáta í ó am go chéile.

Airteagal 147

Doiciméid faoi iamh agus clár

1. Cuirfear táirgí earnáil an fhíona i gcúrsaíocht laistigh den Aontas mar aon le doiciméad atá údaraithe go hoifigiúil ag gabháil leo.

2. Maidir le daoine nádúrtha nó dlítheanacha nó grúpaí daoine a bhfuil a gcuid trádála á feidhmiú acu ar cuid de táirgí atá ina seilbh atá cumhdaithe faoi earnáil an fhíona, go háirithe táirgeoirí, buidéalaithe, próiseálaithe agus ceannaithe, coimeádfaidh siad cláir isteach agus cláir amach i dtaobh na dtáirgí sin.

3. Chun gur fusa do na Ballstáit táirgí fíona a iompar agus a fhíorú, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 227 maidir leis an méid seo a leanas:

(a) rialacha maidir leis an doiciméad faoi iamh agus a úsáid;

▼B

(b) na coinníollacha faoina measfar go ndeimhnítear ►C2 ainmniúcháin tionscnaimh ◄ nó tásca geografacha faoi chosaint le doiciméad faoi iamh;

(c) oibleagáid clár a choimeád agus úsáid an chláir sin;

(d) cé a bhfuil sé de cheangal air clár a choimeád agus díolúintí ón oibleagáid sin;

(e) na hoibríochtaí atá le bheith ar áireamh sa chlár.

4. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena mbunaítear:

(a) rialacha maidir le comhdhéanamh na gcháir, na táirgí atá le bheith sa chlár, spriocanna d'iontrálacha i gcláir agus clabhsúr clár;

(b) bearta lena gcuirtear de cheangal ar Bhallstáit na céatadáin uasta is inghlactha i gcomhair caillteanas a chinneadh;

(c) forálacha ginearálta agus idirthréimhseacha do choimeád clár;

(d) rialacha lena gcinntear cá fhad a bhfuil doiciméid faoi iamh agus cláir le coimeád.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 229(2).

Roinn 3

Bainne agus táirgí bainne

Airteagal 148

Caidreamh conarthach in earnáil an bhainne agus na dtáirgí bainne

1. I gcás ina gcinnfidh Ballstát nach mór gach seachadadh bainne amh a dhéantar ar a chríoch ag feirmeoir ar phróiseálaí bainne amh a chumhdach le conradh scríofa idir na páirtithe, agus/nó go gcinnfidh sé nach mór do chéad-cheannaitheoirí tairiscint i scríbhinn a dhéanamh chun conradh maidir le bainne amh a bheith á sheachadadh ag na feirmeoirí, comhlíonfaidh conradh den sórt sin agus/nó tairiscint den sórt sin na coinníollacha a leagtar síos i mír 2.

I gcás ina gcinnfidh Ballstát nach mór seachadtaí bainne ag feirmeoir ar phróiseálaí bainne amh a chumhdach le conradh i scríbhinn idir na páirtithe, cinnfidh sé freisin cé acu céim nó céimeanna an tseachadta a bheidh cumhdaithe ag an gconradh sin má dhéantar seachadadh an bhainne amh trí bhailitheoir amháin nó níos mó ná sin.

Chun críocha an Airteagail seo, ciallaíonn 'bailitheoir' gnóthas a iompraíonn bainne amh ó fheirmeoir nó ó bhailitheoir eile chuig próiseálaí bainne amh nó chuig bailitheoir eile, i gcás ina n-aistrítear úinéireacht an bhainne amh i ngach cás.

▼M5

1a. Mura mbainfidh na Ballstáit leas as na féidearthachtaí dá bhforáiltear i mír 1 den Airteagal seo, féadfaidh táirgeoir, eagraíocht táirgeoirí, nó comhlachas eagraíochtaí táirgeoirí a cheangal go mbeidh aon bhainne amh a bheidh á sheachadadh faoi réir conradh scríofa idir na páirtithe agus/nó go mbeidh sé faoi réir tairiscint i scríbhinn ar chonradh ó na chéad cheannaitheoirí, faoi na coinníollacha a leagtar síos sa chéad fhomhír de mhír 4 den Airteagal seo.

▼M5

Más micrifhiontar, fiontar beag nó fiontar meánmhéide de réir bhrí Mholadh 2003/361/CE é an chéad cheannaitheoir, ní bheidh an conradh agus/nó an tairiscint ar chonradh éigeantach, gan dochar don deis atá ag na páirtithe leas a bhaint as conradh caighdeánach arna dhréachtú ag eagraíocht idirchraoibhe.

2. Maidir leis an gconradh agus/nó an tairiscint ar chonradh dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 1a:

▼B

(a) déanfar é roimh an seachadadh,

(b) déanfar i scríbhinn é, agus

(c) áireofar ann, go háirithe, na gnéithe seo a leanas:

(i) an praghas is iníoctha ar an seachadadh, ar praghas é:

— a bheidh seasta agus a leagfar amach sa chonradh, agus/nó

— a ríomhfar trí thosca éagsúla a chur le chéile a bheidh leagtha amach sa chonradh, a bhféadfadh táscairí margaidh a bheith san áireamh iontu lena léirítear athruithe i gcoinníollacha an mhargaidh, an toirt arna seachadadh agus cáilíocht nó comhshuíomh an bhainne amh arna sheachadadh,

(ii) toirt an bhainne amh a fhéadfar a sheachadadh agus/nó nach mór a sheachadadh agus uainiú na seachadtaí sin,

(iii) fad an chonartha, a bhféadfaidh fad cinnte nó éiginnte le clásail foircinn a bheith i gceist leis,

(iv) mionsonraí maidir le tréimhsí íocaíochta agus nósanna imeachta,

(v) socruithe maidir leis an mbainne amh a bhailiú nó a sheachadadh, agus

(vi) na rialacha is infheidhme i gcás force majeure.

▼M5

3. De mhaolú ar mhír 1 agus ar mhír 1a, ní bheidh gá le conradh agus/nó tairiscint ar chonradh i gcás ina seachadfaidh comhalta comharchumainn bainne amh don chomharchumann a bhfuil sé ina chomhalta de más rud go bhfuil, i reachtanna an chomharchumainn sin, nó sna rialacha agus sna cinntí dá bhforáiltear sna reachtanna sin nó a eascraíonn as na reachtanna sin, forálacha a bhfuil éifeachtaí acu atá comhchosúil leis na forálacha sin a leagtar amach i bpointe (a), i bpointe (b) agus i bpointe (c) de mhír 2.

▼B

4. Déanfar caibidlíocht gan dua idir na páirtithe ar eilimintí uile na gconarthaí maidir le seachadadh bainne amh a chuirfidh feirmeoirí, bailitheoirí nó próiseálaithe bainne amh i gcrích, lena n-áirítear na gnéithe sin dá dtagraítear i bpointe (c) de mhír 2.

▼M5

D'ainneoin na chéad fhomhíre, beidh feidhm ag ceann amháin nó níos mó den mhéid seo a leanas:

(a) i gcás ina gcinnfidh Ballstát conradh i scríbhinn maidir le seachadadh bainne amh a dhéanamh éigeantach i gcomhréir le mír 1, féadfaidh sé an méid seo a leanas a bhunú:

(i) oibleagáid do na páirtithe teacht ar chomhaontú maidir le gaol idir cainníocht áirithe a sheachadtar agus an praghas is iníoctha ar an seachadadh sin;

▼M5

(ii) fad íosta, nach mbeidh infheidhme ach amháin maidir le conarthaí i scríbhinn idir feirmeoir agus céad-cheannaitheoir an bhainne amh; 6 mhí ar a laghad a bheidh san fhad íosta sin agus ní dhéanfaidh sé difear d'fheidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh;

▼B

(b) i gcás ina gcinnfidh Ballstát nach mór do chéad-cheannaitheoir an bhainne amh tairiscint i scríbhinn ar chonradh a thabhairt don fheirmeoir i gcomhréir le mír 1, féadfaidh sé a fhoráil nach mór go n-áireofaí sa tairiscint fad íosta don chonradh, a leagtar amach chuige sin sa dlí náisiúnta. Sé mhí ar a laghad a bheidh san fhad íosta sin agus ní dhéanfaidh sé difear d'fheidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh.

Beidh an dara fomhír gan dochar do cheart an fheirmeora an fad íosta sin a dhiúltú, ar choinníoll gur i scríbhinn a dhéanfaidh sé é sin. I gcásanna den sórt sin, beidh na páirtithe saor chun gnéithe uile an chonartha a chaibidliú, lena n-áirítear na gnéithe sin dá dtagraítear i mír 2(c).

5. Déanfaidh na Ballstáit a úsáidfidh na roghanna dá dtagraítear san Airteagal seo fógra a thabhairt don Choimisiún maidir leis an gcaoi ina gcuirtear i bhfeidhm iad.

6. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar síos na bearta is gá maidir le cur i bhfeidhm comhionann phointe (a) agus phointe (b) de mhír 2 agus de mhír 3 den Airteagal seo agus bearta a bhaineann leis na fógraí a bheidh le tabhairt ag na Ballstáit i gcomhréir leis an Airteagal seo. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 229(2).

Airteagal 149

Caibidlíocht chonarthach in earnáil an bhainne agus na dtáirgí bainne

▼M5

1. Féadfaidh eagraíocht táirgeoirí in earnáil an bhainne agus na dtáirgí bainne, ar eagraíocht í a aithnítear faoi Airteagal 161(1), na conarthaí sin maidir le seachadadh bainne amh ag feirmeoir ar phróiseálaí bainne amh, nó ar bhailitheoir de réir bhrí an tríú fomhír d'Airteagal 148(1), a chaibidil ar son a gcomhaltaí ar feirmeoirí iad, i dtaca le cuid dá gcomhtháirgeadh nó a gcomhtháirgeadh ar fad.

▼B

2. Féadfaidh eagraíocht táirgeoirí caibidlíocht a dhéanamh:

(a) cibé acu a aistríonn nó nach n-aistríonn na feirmeoirí úinéireacht an bhainne amh chuig an eagraíocht táirgeoirí;

(b) cibé acu is ionann nó nach ionann an praghas a chaibidlítear maidir le comhtháirgeadh roinnt de na comhaltaí ar feirmeoirí iad, nó comhtháirgeadh na gcomhaltaí ar fad ar feirmeoirí iad;

(c) ar choinníoll, i gcás eagraíochta áirithe táirgeoirí, go gcomhlíontar na coinníollacha uile seo a leanas:

(i) nach mó ná 3.5 % de tháirgeadh iomlán an Aontais toirt an bhainne amh a chumhdófar leis an gcaibidlíocht sin,

▼B

(ii) maidir le toirt an bhainne amh a chumhdófar leis an gcaibidlíocht sin a tháirgtear in aon Bhallstát ar leith, nach mó ná 33 % de tháirgeadh náisiúnta iomlán an Bhallstáit sin í, agus

(iii) maidir le toirt an bhainne amh a chumhdófar leis an gcaibidlíocht sin a sheachadtar in aon Bhallstát ar leith, ní mó ná 33 % de tháirgeadh náisiúnta iomlán an Bhallstáit sin í,

(d) ar choinníoll nach bhfuil na feirmeoirí lena mbaineann ina gcomhaltaí d'eagraíocht táirgeoirí ar bith eile a dhéanann caibidlíocht ar na conarthaí sin ar son na bhfeirmeoirí freisin, mar sin féin, féadfaidh na Ballstáit maolú ar an gcoinníoll sini gcásanna a bhfuil údar cuí leo más rud é go bhfuil dhá aonad táirgeachta shainiúla lonnaithe i limistéir gheografacha éagsúla ag feirmeoirí;

(e) ar choinníoll nach mbeidh an bainne amh cumhdaithe ag aon oibleagáid chun seachadta a eascróidh ó chomhaltas an fheirmeora i gcomharchumann i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar amach i reachtanna an chomarchumainn nó sna rialacha agus sna cinntí dá bhforáiltear sna reachtanna sin nó a chineann uathu; agus

(f) ar choinníoll go ndéanann an eagraíocht táirgeoirí údaráis inniúla an Bhallstáit nó na mBallstát ina bhfuil sé ag oibriú a chur ar an eolas maidir le toirt an bhainne amh a chumhdófar leis an gcaibidlíocht sin.

3. In aineoinn na gcoinníollacha a leagtar amach i bpointe (c) (ii) agus (iii) de mhír 2, féadfaidh eagraíocht táirgeoirí caibidliú de bhun mhír 1 ar choinníoll, maidir leis an eagraíocht táirgeoirí sin, nach mó ná 45 % de tháirgeadh náisiúnta iomlán an Bhallstáit sin toirt an bhainne amh, arna chumhdú sa chaibidlíocht sin, ar bainne é a tháirgtear nó a sheachadtar i mBallstát a bhfuil táirgeadh bainne amh bliantúil is lú ná 5 000 000 tona aige.

4. Chun críocha an Airteagail seo, áireofar le tagairtí d'eagraíochtaí táirgeoirí comhlachais na n-eagraíochtaí táirgeoirí sin chomh maith.

5. Chun críocha pointe (c) de mhír 2 agus mír 3 a chur i bhfeidhm, foilseoidh an Coimisiún, ar cibé modh a mheasann sé a bheith iomchuí, méid an bhainne amh a tháirgtear san Aontas agus sna Ballstáit ag baint úsáide as an bhfaisnéis is déanaí atá ar fáil.

6. De mhaolú ar phointe (c) de mhír 2 agus ar mhír 3, fiú nuair nach sáraítear na tairseacha a leagtar amach iontu, féadfaidh an t-údarás iomaíochta dá dtagraítear sa dara fomhír den mhír seo cinneadh a dhéanamh i gcás aonair i dtaobh ar cheart caibidlíocht áirithe na heagraíochta táirgeoirí a athoscailt nó nár cheart di tarlú ar chor ar bith má mheasann sé go bhfuil sé sin riachtanach chun cosc a chur ar eisiamh iomaíochta nó chun damáiste tromchúiseach do phróiseálaithe bainne amh ar FBManna iad a sheachaint ina chríoch.

I gcás caibidlíochta ina gcumhdaítear níos mó ná Ballstát amháin, is é an Coimisiún a dhéanfaidh an cinneadh dá dtagraítear sa chéad fhomhír gan an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 229(2) nó(3) a chur i bhfeidhm. Is é údarás náisiúnta iomaíochta an Bhallstáit lena mbaineann an chaibidlíocht a dhéanfaidh an cinneadh sin i ngach cás eile.

▼B

Ní bheidh feidhm ag na cinntí dá dtagraítear sa mhír seo roimh an dáta a bhfógraítear iad do na gnóthais lena mbaineann.

7. Chun críocha an Airteagail seo:

(a) ciallaíonn "údarás náisiúnta iomaíochta" an t-údarás dá dtagraítear in Airteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 1/2003 ón gComhairle [1];

(b) ciallaíonn "FBM" micrifhiontar, fiontar beag nó fiontar meánmhéide de réir bhrí Mholadh 2003/361/CE ón gCoimisiún.

8. Maidir leis na Ballstáit ina dtarlóidh an chaibidlíocht i gcomhréir leis an Airteagal seo, tabharfaidh siad fógra don Choimisiún maidir le cur i bhfeidhm phointe (f) de mhír 2 agus de mhír 6.

Airteagal 150

Rialáil an tsoláthair maidir le cáis a bhfuil sonrúchán cosanta tionscnaimh nó tásc cosanta geografach aici

1. Arna iarraidh sin ag eagraíocht táirgeoirí a aithnítear faoi Airteagal 152(3), ag eagraíocht idirchraoibhe a aithnítear faoi Airteagal 157(3) agus ag grúpa oibreoirí dá dtagraítear in Airteagal 3(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012, féadfaidh na Ballstáit, ar feadh tréimhse teoranta ama, rialacha ceangailteacha a leagan síos maidir le rialáil sholáthar cáise a bheidh ag tairbhiú ►C2 d'ainmniúchán cosanta tionscnaimh ◄ nó de thásc cosanta geografach faoi Airteagal 5(1) agus (2) de Rialachán (CE) Uimh. 1151/2012.

2. Beidh na rialacha dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal faoi réir théarmaí aon chomhaontaithe a bheidh déanta roimh ré idir na páirtithe sa limistéar geografach dá dtagraítear in bpointe (c) d'Airteagal 7(1)(c) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012. Déanfar comhaontú den sórt sin idir dhá thrian ar a laghad de na táirgeoirí bainne nó a n-ionadaithe, a sheasann do dhá thrian ar a laghad den bhainne amh a bheidh in úsáid do tháirgeadh na cáise dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo agus, más iomchuí, dhá thrian ar a laghad de tháirgeoirí na cáise sin, a sheasann do dhá thrian ar a laghad de tháirgeadh na cáise sin sa limistéar geografach dá dtagraítear in i bpointe (c) d'Airteagal 7(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012.

3. Chun críche mhír 1, maidir le cáis a bheidh ag tairbhiú de thásc cosanta geografach, is ionann limistéar geografach tionscnaimh an bhainne amh, mar atá socraithe sa tsonraíocht táirge don cháis, agus an limistéar geografach dá dtagraítear i bpointe (c) d'Airteagal 7(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1151/2012 a bhaineann leis an gcáis sin.

4. Maidir leis na rialacha dá dtagraítear i mír 1:

(a) ní chumhdófar leo ach amháin rialáil sholáthar an táirge lena mbaineann agus beidh sé d'aidhm acu soláthar na cáise sin a oirúnú don éileamh;

(b) ní bheidh éifeacht acu ach amháin maidir an táirge lena mbaineann;

[1] Rialachán (CE) Uimh. 1/2003 ón gComhairle an 16 Nollaig 2002 maidir le cur chun feidhme na rialacha iomaíochta atá leagtha síos in Airteagal 81 agus in Airteagal 82 den Chonradh (IO L 1, 4.1.2003, lch. 1).

▼B

(c) ní fhéadfaidh siad a bheith ceangailteach ar feadh tréimhse níos faide ná trí bliana agus féadfar iad a athnuachan tar éis na tréimhse sin tar éis iarraidh nua, mar a thagraítear dó i mír 1, a fháil;

(d) ní dhéanfar damáiste leo do thrádáil táirgí seachas na táirgí lena mbaineann na rialachasin;

(e) ní bhainfidh siad le haon idirbheart tar éis chéadmhargaíocht na cáise lena mbaineann;

(f) ní cheadófar leo socrú praghsanna, lena n-áirítear socrú praghsanna mar threoir nó mar mholadh;

(g) ní áiritheofar leo nach mbeidh fáil ar sciar rómhór den táirge lena mbaineann a bheadh ar fáil murach sin;

(h) ní chuirfear idirdhealú ar bun leo, nó ní bheidh siad ina mbac d'iontrálaithe nua sa mhargadh nó ina gcúis go ndéanfar dochar do leasanna táirgeoirí beaga;

(i) rannchuideoidh siad le cáilíocht agus/nó forbairt an táirge lena mbaineann;

(j) beidh siad gan dochar d'Airteagal 149.

5. Foilseofar na rialacha dá dtagraítear i mír 1 i bhfoilseachán oifigiúil an Bhallstáit lena mbaineann.

6. Déanfaidh na Ballstáit seiceálacha chun a áirithiú go bhfuil na coinníollacha a leagtar síos i mír 4 á gcomhlíonadh, agus i gcás ina gcinnfidh na húdaráis náisiúnta inniúla nach bhfuil na coinníollacha sin á gcomhlíonadh, déanfaidh siad na rialacha dá dtagraítear i mír 1 a aisghairm.

7. Tabharfaidh na Ballstáit fógra láithreach don Choimisiún faoi na rialacha dá dtagraítear i mír 1 a bheidh glactha acu. Cuirfidh an Coimisiún na Ballstáit eile ar an eolas faoi aon fhógra de na rialacha sin.

8. Féadfaidh an Coimisiún tráth ar bith gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena gceanglaítear go n-aisghairfidh Ballstát na rialacha atá leagtha síos ag an mBallstát sin de bhun mhír 1 más léir don Choimisiún nach gcomhlíonann na rialacha sin na coinníollacha a leagtar síos i mír 4 nó go ndéanann siad iomaíocht a chosc nó a shaobhadh i gcuid shubstaintiúil den mhargadh inmheánach, nó saorthrádáil a chur i gcontúirt nó go bhfuil baint amach chuspóirí Airteagal 39 CFAE á chur i mbaol. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir gan an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 229(2) nó (3) den Rialachán seo a chur i bhfeidhm.

Airteagal 151

Dearbhuithe éigeantacha in earnáil an bhainne agus na dtáirgí bainne

Amhail ón 1 Aibreán 2015, dearbhóidh céad cheannaitheoirí an bhainne amh don údarás inniúil náisiúnta cainníocht an bhainne amh a sheachadtar orthu gach mí.

Chun críocha an Airteagail seo agus Airteagal 148, ciallaíonn "céadcheannaitheoir" gnóthas nó grúpa a cheannaíonn bainne ó tháirgeoirí:

(a) chun é a bhailiú, a phacáil, a stóráil, a fhuarú nó a phróiseáil, lena n-áirítear na gníomhaíochtaí sin a dhéanamh faoi chonradh;

▼B

(b) chun é a dhíol le gnóthas amháin nó níos mó a dhéanann cóireáil nó próiseáil ar bhainne nó ar tháirgí eile bainne.

Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún maidir le cainníocht an bhainne amh dá dtagraítear sa chéad fhomhír.

Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar síos na rialacha maidir le hábhar, le formáid agus le huainíocht na ndearbhuithe sin agus na bearta a bhaineann le fógraí a bheidh le déanamh ag na Ballstáit i gcomhréir leis an Airteagal seo. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 229(2).

CAIBIDIL III

Eagraíochtaí agus comlachais táirgeoirí agus eagraíochtaí idirchraoibhe

Roinn 1

Sainiú agus aitheantas

Airteagal 152

Eagraíochtaí táirgeoirí

1. Féadfaidh na Ballstáit aitheantas a thabhairt d'eagraíochtaí táirgeoirí, arna iarraidh sin dóibh, ar eagraíochtaí iad:

(a) a bhfuil a gcomhdhéanamh i gcomhréir le pointe (c) d'Airteagal 153(2) ag táirgeoirí atá in earnáil ar leith a liostaítear in Airteagal 1(2);

▼M5

(b) a bunaíodh ar thionscnamh na dtáirgeoirí agus a dhéanann ceann amháin ar a laghad de na gníomhaíochtaí seo a leanas:

(i) comhphróiseáil;

(ii) comhdháileadh, lena n-áirítear trí chomhardáin díola nó comhiompar;

(iii) comhphacáistiú, comhlipéadú nó cur chun cinn comhpháirteach;

(iv) comheagrú an rialaithe cháilíochta;

(v) comhúsáid trealaimh nó áiseanna stórais;

(vi) comhbhainistiú an fhuílll a bhaineann go díreach leis an táirgeadh;

(vii) comhsholáthar ionchuir;

(viii) aon ghníomhaíochtaí comhpháirteacha seirbhísí eile lena saothraítear ceann de na cuspóirí a liostaítear i bpointe (c) den mhír seo;

▼B

(c) a bhfuil aidhm shonrach á saothrú acu, a bhféadfaidh ceann amháin de na cuspóirí seo a leanas a bheith ar áireamh inti:

(i) féachaint chuige go ndéanfar táirgeadh a phleanáil agus a oiriúnú de réir an éilimh, go háirithe ó thaobh cáilíochta agus cainníochta;

(ii) soláthar na dtáirgí a tháirgeann na comhaltaí a chomhchruinniú agus na táirgí sin a chur ar an margadh, lena n-áirítear trí mhargaíocht dhíreach;

▼B

(iii) na costais táirgthe agus na torthaí ar infheistíochtaí a bharrfheabhsú mar fhreagairt do chaighdeáin chomhshaoil agus leasa ainmhithe agus praghsanna na dtáirgeoirí a chobhsú;

(iv) taighde a dhéanamh agus tionscnaimh a fhorbairt i dtaca le modhanna táirgthe inbhuanaithe, le cleachtais nuálacha, le hiomaíochas eacnamaíoch agus le forbairtí sna margaí;

(v) cúnamh teicniúil a chur chun cinn agus a sholáthar maidir le húsáid cleachtas saothraithe agus teicníochtaí táirgthe atá slán ó thaobh an chomhshaoil de, mar aon le cleachtais agus teicníochtaí fónta i dtaca le leas ainmhithe;

(vi) cúnamh teicniúil a chur chun cinn agus a sholáthar i dtaca le caighdeáin tháirgthe a úsáid, feabhas a chur ar cháilíocht táirgí agus forbairt a dhéanamh ar tháirgí a bhfuil ►C2 ainmniúchán tionscnaimh ◄ faoi chosaint acu, a bhfuil tásc geografach faoi chosaint acu nó a chumhdaítear le lipéad náisiúnta cáilíochta.

(vii) bainistiú fotháirgí agus dramhaíola, go háirithe chun cáilíocht an uisce, na hithreach agus an tírdhreacha a chosaint agus chun bithéagsúlacht a chaomhnú nó a chothú;

(viii) úsáid inbhuanaithe acmhainní nádúrtha agus maolú ar an athrú aeráide a chur chun cinn;

(ix) tionscnaimh a fhorbairt i réimse an dul chun cinn agus na margaíochta;

▼C2

(x) bainistiú a dhéanamh ar na cistí frithpháirteacha dá dtagraítear sna cláir oibríochtúla san earnáil torthaí agus glasraí dá dtagraítear i bpointe (d) d'Airteagal 33(3) den Rialachán seo agus faoi Airteagal 36 de Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013;

▼B

(xi) an cúnamh teicniúil a bhfuil gá leis a sholáthar maidir le húsáid na margaí todhchaíochtaí agus le scéimeanna árachais.

▼M5

1a. De mhaolú ar Airteagal 101(1) CFAE, féadfaidh eagraíocht táirgeoirí a aithnítear faoi mhír 1 den Airteagal seo táirgeacht a phleanáil, barrfheabhas a chur ar na costais táirgthe agus conarthaí a chur ar an margadh agus a chaibidil chun táirgí talmhaíochta a sholáthar, thar ceann a comhaltaí dá dtáirgeacht iomlán nó do chuid dá dtáirgeacht.

Féadfar na gníomhaíochtaí dá dtagraítear sa chéad fhomhír a dhéanamh:

(a) ar choinníoll go bhfeidhmítear i ndáiríre ceann amháin nó níos mó de na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i bpointe (b)(i) go (vii) de mhír 1, agus go gcuirtear, ar an gcaoi sin, le comhlíonadh na gcuspóirí a leagtar amach in Airteagal 39 CFAE;

(b) ar choinníoll go gcomhchruinníonn an eagraíocht táirgeoirí an soláthar agus go gcuireann sí táirgí a cuid comhaltaí ar an margadh, cibé acu a aistríonn nó nach n-aistríonn na táirgeoirí úinéireacht na dtáirgí talmhaíochta chuig an eagraíocht táirgeoirí;

▼M5

(c) cibé acu is ionann nó nach ionann an praghas a chaibidlítear maidir le táirgeadh comhiomlánaithe cuid de na comhaltaí, nó táirgeadh comhiomlánaithe na gcomhaltaí ar fad;

(d) ar choinníoll nach bhfuil na táirgeoirí lena mbaineann ina gcomhaltaí d'eagraíocht táirgeoirí ar bith eile a mhéid a bhaineann leis na táirgí a chlúdaítear leis na gníomhaíochtaí dá dtagraítear sa chéad fhomhír;

(e) ar choinníoll nach mbeidh an táirge talmhaíochta cumhdaithe le haon oibleagáid maidir le seachadadh a eascraíonn ó chomhaltas an fheirmeora i gcomharchumann, nach ball é féin de na heagraíochtaí táirgeoirí lena mbaineann, i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar amach i reachtanna an chomharchumainn nó sna rialacha agus sna cinntí dá bhforáiltear sna reachtanna sin nó a eascraíonn uathu.

Mar sin féin, féadfaidh na Ballstáit maolú ar an gcoinníoll a leagtar amach i bpointe (d) den dara fomhír i gcásanna a bhfuil údar cuí leo más rud é go bhfuil dhá aonad táirgeachta shainiúla ag comhaltaí ar táirgeoirí iad agus go bhfuil na haonaid sin lonnaithe i limistéir gheografacha éagsúla;

1b. Chun críocha an Airteagail seo, áireofar freisin sna tagairtí d'eagraíochtaí táirgeoirí comhlachais eagraíochtaí táirgeoirí a aithnítear faoi Airteagal 156(1) más rud é go gcomhlíonann na comhlachais sin na ceanglais a leagtar amach i mír 1 den Airteagal seo.

1c. Féadfaidh an t-údarás náisiúnta iomaíochta dá dtagraítear in Airteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 1/2003 cinneadh a dhéanamh i gcásanna aonair, san am atá le teacht, go ndéanfar ceann amháin nó níos mó de na gníomhaíochtaí dá dtagraítear sa chéad fhomhír de mhír 1a a mhodhnú, go gcuirfear deireadh leis an ngníomhaíocht nó leis na gníomhaíochtaí sin nó nach ndéanfar í nó iad ar chor ar bith má mheasann sé go bhfuil sé sin riachtanach chun cosc a chur ar eisiamh iomaíochta nó má mheasann sé go bhfuil na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 39 CFAE i mbaol.

I gcás caibidlíochta ina gcumhdaítear níos mó ná Ballstát amháin, is é an Coimisiún a dhéanfaidh an cinneadh dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo, gan an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 229(2) nó (3) a chur i bhfeidhm.

Ag gníomhú dó faoin gcéad fhomhír den mhír seo, tabharfaidh an t-údarás náisiúnta iomaíochta fógra i scríbhinn don Choimisiún roimh thús a chur leis an gcéad bheart foirmiúil den imscrúdú nó gan mhoill ina dhiaidh sin agus tabharfaidh sé fógra don Choimisiún faoi na cinntí a glacadh gan mhoill tar éis a nglactha.

Ní bheidh feidhm ag na cinntí dá dtagraítear sa mhír seo roimh an dáta a bhfógraítear iad do na gnóthais lena mbaineann.

▼B

2. Féadfaidh eagraíocht táirgeoirí atá aitheanta faoin mhír 1 aitheantas a fháil ar bhonn leanúnach má théann sí i mbun táirgí faoi chód CN ex 2208 a mhargú, ar táirgí iad seachas na tairgí dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Conarthaí, ar choinníoll nach ionann na táirgí sin agus níos mó ná 49 % de luach iomlán tháirgeadh margaithe na heagraíochta tairgeoirí agus nach bhfaigheann na táirgí sin aon tairbhe ó thacaíocht ón Aontas. Maidir le heagraíochtaí táirgeoirí san earnáil torthaí agus glasraí, ní chuirtear na táirgí sin san áireamh nuair a ríomhtar luach an táirgthe mhargaithe chun críocha Airteagal 34(2).

▼M5

_____

▼B

Airteagal 153

Reachtanna eagraíochtaí táirgeoirí

1. Ceanglófar ar chomhaltaí ar táirgeoirí iad, le reacht eagraíochta táirgeoirí, an méid seo a leanas go háirithe, chun:

(a) na rialacha a chur i bhfeidhm arna nglacadh ag an eagraíocht táirgeoirí a bhaineann le tuairisciú táirgthe, táirgeadh, margaíocht agus cosaint an chomhshaoil;

(b) gan a bheith ina gcomhaltaí ach d'aon eagraíocht táirgeoirí amháin i dtaca le haon táirge áirithe den ghabháltas, féadfaidh Ballstáit maolú ar an gcoinníoll sin áfach i gcásanna a bhfuil bonn cirt cuí acu go bhfuil dhá aonad táirgthe ar leith atá lonnaithe i limistéir gheografacha éagsúla i seilbh comhaltaí ar táirgeoirí iad;

(c) an fhaisnéis a sholáthar don eagraíocht táirgeoirí arna iarraidh sin di chun críocha staidrimh.

2. Le reachtanna eagraíochta táirgeoirí déanfar foráil freisin don mhéid seo a leanas:

(a) nósanna imeachta maidir le bunú, glacadh agus leasú na rialacha dá dtagraítear i bpointe (a) de mhír 1;

(b) ranníocaíochtaí airgeadais a fhorchur ar chomhaltaí, ar ranníocaíochtaí iad atá riachtanach chun an eagraíocht táirgeoirí a mhaoiniú;

(c) rialacha a chuirfidh ar chumas na gcomhaltaí ar táirgeoirí iad a n-eagraíocht agus na cinntí a dhéanann sí a scrúdú go daonlathach;

(d) pionóis de bharr sáruithe oibleagáidí faoi na hairteagail chomhlachais, go háirithe neamhíoc ranníocaíochtaí airgeadais, nó de bharr shárú na rialacha atá leagtha síos ag an eagraíocht táirgeoirí;

(e) rialacha maidir le comhaltaí nua a ligean isteach, go háirithe maidir leis an tréimhse íosta comhaltais nach féidir a bheith níos gaire ná bliain amháin;

(f) na rialacha cuntasaíochta agus buiséadacha is gá i gcomhair fheidhmiú na heagraíochta.

3. Ní bheidh feidhm ag mír 1 ná mír 2 ar eagraíochtaí táirgeoirí in earnáil an bhainne ná in earnáil na dtáirgí bainne.

Airteagal 154

Eagraíochtaí táirgeoirí a aithint

1. I gcás go dtugann Ballstát aitheantas d'eagraíocht táirgeoirí, eintiteas dlíthiúil a bheidh san eagraíocht táirgeoirí a chuireann isteach ar an aitheantas sin nó cuid shoiléir shainmhínithe d'eintiteas dlíthiúil a bheidh ann ar fíor an méid seo a leanas ina leith:

(a) comhlíonann sé na ceanglais atá leagtha síos i bpointí (a), (b) agus (c) d'Airteagal 152(1);

(b) tá líon íosta comhaltaí aige agus/nó cumhdaíonn sé toirt íosta de tháirgeadh indíolta sa limistéar ina n-oibríonn sé, ar toirt íosta í a leagfaidh an Ballstát lena mbaineann síos;

(c) cuirfidh sé dóthain fianaise ar fáil gur féidir leis a chuid gníomhaíochtaí a chur i gcrích go cuí, i gcaitheamh an ama agus ó thaobh éifeachtachta agus tacaíochta daonna, ábhartha agus teicniúil araon a chur ar fáil dá chuid comhaltaí agus, de réir mar is iomchuí, ó thaobh chomhchruinniú an tsoláthair de;

▼B

(d) tá reachtanna aige atá i gcomhréir le pointe (a), pointe (b) agus pointe (c) den mhír seo.

▼M5

1a. Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh, arna iarraidh sin, níos mó ná aitheantas amháin a dheonú d'eagraíocht táirgeoirí a oibríonn i roinnt earnálacha dá dtagraítear in Airteagal 1(2) ar choinníoll go gcomhlíonann an eagraíocht táirgeoirí na coinníollacha dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo i gcás gach earnála a bhfuil aitheantas á lorg aici ina leith.

2. I gcás eagraíochtaí táirgeoirí ar tugadh aitheantas dóibh roimh an 1 Eanáir 2018 agus a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar síos i mír 1 den Airteagal seo, féadfaidh na Ballstáit a chinneadh go measfar gur eagraíochtaí aitheanta táirgeoirí iad de bhun Airteagal 152.

3. I gcás eagraíochtaí táirgeoirí ar tugadh aitheantas dóibh roimh an 1 Eanáir 2018 ach nach gcomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach i mír 1 den Airteagal seo, tarraingeoidh na Ballstáit siar a n-aitheantas tráth nach déanaí ná an 31 Nollaig 2020.

▼B

4. Déanfaidh na Ballstáit an méid seo a leanas:

(a) cinneadh a dhéanamh i dtaobh aitheantas a thabhairt d'eagraíocht táirgeoirí laistigh de cheithre mhí ón am a dtaiscfear iarratas a ngabhfaidh an fhianaise thacaíochta ábhartha ar fad leis, leis an mBallstát ina bhfuil ceanncheathrú na heagraíochta;

(b) seiceálacha a dhéanamh, ag idirthréimhsí a bheidh le cinneadh acu, chun a fhíorú go bhfuil an Chaibidil seo á comhlíonadh ag na heagraíochtaí aitheanta táirgeoirí;

(c) i gcás ina mbeidh neamhchomhlíonadh nó neamhrialtachtaí ann i gcur i bhfeidhm na mbeart dá bhforáiltear sa Chaibidil seo, na pionóis is infheidhme a bheidh leagtha síos acu a fhorchur ar na heagraíochtaí sin agus ar na comhlachais sin agus a chinneadh ar cheart, dá mba ghá sin, an t-aitheantas a tharraingt siar;

(d) an Coimisiún a chur ar an eolas uair sa bhliain agus tráth nach déanaí ná an 31 Márta faoi gach cinneadh a bheidh déanta acu i rith na bliana féilire roimhe sin chun aitheantas a thabhairt, a dhiúltú nó a tharraingt siar.

Airteagal 155

Seachfhoinsiú

Féadfaidh na Ballstáit cead a thabhairt d'eagraíocht aitheanta táirgeoirí nó do chomhlachas aitheanta eagraíochtaí táirgeoirí sna hearnálacha a bheidh sonraithe ag an gCoimisiún i gcomhréir le pointe (f) d'Airteagal 173(1) aon chuid dá ngníomhaíochtaí a sheachfhoinsiú ach amháin táirgeadh, lena n-áirítear seachfhoinsiú chuig fochuideachtaí, ar choinníoll go mbeidh an eagraíocht táirgeoirí nó an comhlachas eagraíochtaí táirgeoirí freagrach i gcónaí as cur i gcrích na gníomhaíochta seachfhoinsithe a áirithiú mar aon leis an rialú agus an mhaoirseacht foriomlán a dhéanfaidh an bhainistíocht ar an socrú tráchtála a bheidh ann i dtaca leis an ngníomh a chur i gcrích.

▼B

Airteagal 156

Comhlachais eagraíochtaí táirgeoirí

1. Féadfaidh na Ballstáit, arna iarraidh sin orthu, aitheantas a thabhairt do chomhlachais eagraíochtaí táirgeoirí de chuid earnáil ar leith a liostaítear in Airteagal 1(2) agus a cuireadh ar bun ar thionscnamh eagraíochtaí táirgeoirí aitheanta.

Faoi réir na rialacha a ghlactar de bhun Airteagal 173, féadfaidh comhlachais eagraíochtaí táirgeoirí aon cheann de ghníomhaíochtaí nó d'fheidhmeanna na n-eagraíochtaí táirgeoirí a dhéanamh.

2. De mhaolú ar mhír 1, féadfaidh na Ballstáit, mar fhreagairt ar iarratas, aitheantas a thabhairt do chomhlachas d'eagraíochtaí aitheanta táirgeoirí in earnáil an bhainne agus na dtáirgí bainne más rud é go measann an Ballstát lena mbaineann go bhfuil ar chumas an chomhlachais aon cheann de na gníomhaíochtaí de chuid eagraíocht aitheanta táirgeoirí a dhéanamh go héifeachtach agus más rud é go gcomhlíonann sé na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 161(1).

Airteagal 157

Eagraíochtaí idirchraoibhe

1. Féadfaidh na Ballstáit, arna iarraidh sin orthu, aitheantas a thabhairt d'eagraíochtaí idirchraoibhe in earnáil ar leith a liostaítear in Airteagal 1(2), ar eagraíochtaí idirchraoibhe iad:

(a) atá comhdhéanta d'ionadaithe do ghníomhaíochtaí eacnamaíocha atá nasctha leis an táirgeadh agus le ceann amháin ar a laghad de na céimeanna seo a leanas den slabhra soláthair: próiseáil táirgí in earnáil amháin nó níos mó, nó trádáil iontu, lena n-áirítear iad a dháileadh;

(b) atá bunaithe ar thionscnamh roinnt de na heagraíochtaí nó de na cumainn as a bhfuil siad comhdhéanta nó ar thionscnamh na n-eagraíochtaí nó na gcumann sin ar fad;

(c) a shaothraíonn aidhm ar leith, agus leasa a gcuid comhaltaí agus a gcuid tomhaltóirí á gcur san áireamh acu a n-áireofar orthu, go háirithe, ceann de na cuspóirí a leanas:

(i) feabhas a chur ar eolas ar an táirgeadh agus ar an margadh agus feabhas a chur ar thrédhearcacht, lena n-áirítear trí shonraí staidrimh comhbhailithe a fhoilsiú maidir le costais tairgthe, le praghsanna, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí innéacsanna praghsanna, le méideanna an táirgthe agus le fad na gconarthaí a tugadh i gcrích cheana, agus trí bhíthin anailís a chur ar fáil ar fhorbairtí a d'fhéadfadh tarlú sa mhargadh ar an leibhéal réigiúnach, ar an leibhéal náisiúnta nó ar an leibhéal idirnáisiúnta amach anseo;

(ii) tuar a thabhairt i dtaca leis an acmhainneacht táirgthe, agus taifead a choimeád ar phraghsanna margaidh;

(iii) cuidiú le comhordú níos fearr a dhéanamh ar an gcaoi a gcuirtear táirgí ar an margadh, go háirithe trí thaighde agus staidéir ar an margadh a dhéanamh;

(iv) margaí onnmhairíochta féideartha a fhiosrú;

▼B

(v) gan dochar do na forálacha atá leagtha síos in Airteagal 148 agus in Airteagal 168, leaganacha caighdeánacha de chonarthaí a tharraingt suas a bheadh i gcomhréir le rialacha an Aontais maidir le táirgí talmhaíochta a dhíol le ceannaitheoirí nó táirgí próiseáilte a sholáthar do dháileoirí agus do mhiondíoltóirí, agus an gá le dálaí cothroma iomaíochta a bhaint amach agus saobhadh an mhargaidh a sheachaint á gcur san áireamh;

(vi) acmhainneacht na dtáirgí a shaothrú níos fearr, lena n-áirítear ar leibhéal na n-asraonta margaidh agus forbairt a dhéanamh ar thionscnaimh lena gcuirfear neart le hiomaíochas eacnamaíoch agus leis an nuáil;

(vii) an fhaisnéis riachtanach a sholáthar agus an taighde riachtanach a dhéanamh chun an táirgeadh a nuáil, a chuíchóiriú, a fheabhsú agus a choigeartú agus, i gcás inarb iomchuí, an phróiseáil agus an mhargaíocht, chun go soláthrófar táirgí a oirfidh níos fearr do riachtanais an mhargaidh agus do mhianta agus d'ionchais tomhaltóirí, go háirithe maidir le cáilíocht na dtáirgí, lena n-áirítear saintréithe sonracha na dtáirgí a bhfuil ►C2 ainmniúchán tionscnaimh ◄ faoi chosaint nó tásc geografach faoi chosaint acu, agus maidir le cosaint an chomhshaoil;

(viii) bealaí a lorg chun srian a chur le húsáid táirgí sláinte ainmhithe nó táirgí cosanta plandaí, chun bainistiú níos fearr a dhéanamh ar ionchur eile, chun cáilíocht táirgí agus caomhnú ithir agus uisce a áirithiú, chun sábháilteacht bia a chur chun cinn, go háirithe trí inrianaitheacht táirgí, agus chun feabhas a chur ar shláinte agus leas ainmhithe;

(ix) modhanna agus uirlisí a fhorbairt chun cáilíocht na dtáirgí a fheabhsú ag gach céim den táirgeadh agus, i gcás inarb infheidhme, den phróiseáil agus den mhargaíocht;

(x) gach gníomh is féidir a ghlacadh chun seasamh le feirmeoireacht orgánach agus ►C2 ainmniúcháin tionscnaimh ◄, lipéid cháilíochta agus tásca geografacha agus chun iad a chosaint agus a chur chun cinn;

(xi) táirgeadh comhtháite inbhuanaithe nó modhanna eile táirgthe atá slán ó thaobh an chomhshaoil a chur chun cinn agus taighde a dhéanamh ar na modhanna sin;

(xii) tomhaltas sláintiúil agus freagrach na dtáirgí ar an margadh inmheánach a spreagadh agus/nó faisnéis a chur in iúl maidir leis an díobháil a thagann as patrúin ghuaiseacha tomhaltais;

(xiii) tomhaltas táirgí atá ar an margadh inmheánach agus ar mhargaí seachtracha a spreagadh, agus/nó faisnéis a chur ar fáil maidir leis na táirgí sin;

(xiv) cur le bainistiú na bhfotháirgí agus le laghdú agus bainistiú fuíoll;

▼M5

(xv) clásail chaighdeánacha maidir le comhroinnt luacha a bhunú de réir bhrí Airteagal 172a, lena n-áirítear bónais agus caillteanais sna margaí, lena gcinntear an chaoi a leithdháilfear aon éabhlóid ar phraghsanna ábhartha margaí na dtáirgí lena mbaineann nó ar na margaí tráchtearraí eile eatarthu;

▼M5

(xvi) bearta cur chun feidhme chun sláinte ainmhithe, cosaint plandaí agus rioscaí comhshaoil a chosc agus a bhainistiú.

1a. Féadfaidh na Ballstáit, arna iarraidh sin, níos mó ná aitheantas amháin a dheonú d'eagraíocht idirchraoibhe a oibríonn i roinnt earnálacha dá dtagraítear in Airteagal 1(2) ar choinníoll go gcomhlíonann an eagraíocht idirchraoibhe na coinníollacha dá dtagraítear i mír 1 agus, i gcás inarb infheidhme, i mír 3, i gcás gach earnála a bhfuil aitheantas á lorg aici ina leith.

▼B

2. I gcásanna a bhfuil bonn cirt leo féadfaidh na Ballstáit a chinneadh, ar bhonn critéar oibíochtúil agus neamh-idirdhealaitheach, go gcomhlíontar an coinníoll i bpointe (c) d'Airteagal 158(1) trí theorainn a chur, ar bhonn réigiúnach nó náisiúnta, le líon na n-eagraíochtaí idirchraoibhe, sa chás go bhforáiltear dá leithéid sin leis na rialacha a bheidh ann roimh an 1 Eanáir 2014 agus i gcás nach ndéanann sin difear d'fheidhmiú cuí an mhargaidh aonair.

3. De mhaolú ar mhír 1, maidir le hearnáil an bhainne agus na dtáirgí bainne, féadfaidh na Ballstáit eagraíochtaí idirchraoibhe a aithint ar eagraíochtaí iad:

(a) a bhfuil aitheantas iarrtha go foirmiúil acu agus atá comhdhéanta d'ionadaithe gníomhaíochtaí eacnamaíocha atá nasctha le táirgeadh bainne amh agus atá nasctha le ceann amháin ar a laghad de na céimeanna seo a leanas den slabhra soláthair: próiseáil nó trádáil, lena n-áirítear dáileadh, táirgí earnáil an bhainne agus na dtáirgí bainne;

(b) atá bunaithe ar thionscnamh chuid de na hionadaithe, nó na n-ionadaithe ar fad, dá dtagraítear i bpointe (a);

(c) a dhéanann ceann amháin nó níos mó de na gníomhaíochtaí seo a leanas i réigiún amháin nó níos mó den Aontas, agus leasanna chomhaltaí na n-eagraíochtaí idirchraoibhe agus leasanna tomhaltóirí á gcur san áireamh:

(i) an t-eolas agus an trédhearcacht sa táirgeacht agus sa mhargadh a fheabhsú, lena n-áirítear trí shonraí staitistiúla a fhoilsiú i dtaca le praghsanna, toirteanna agus fad conarthaí maidir le bainne amh a sheachadadh, ar conarthaí iad a tugadh i gcrích roimhe seo, agus trí anailísí a sholáthar ar fhorbairtí féideartha an mhargaidh amach anseo ar an leibhéal réigiúnach, náisiúnta agus idirnáisiúnta;

(ii) cabhrú chun comhordú níos fearr a dhéanamh ar an mbealach a gcuirtear táirgí earnáil an bhainne agus na dtáirgí bainne ar an margadh, go háirithe trí bhíthin taighde agus staidéar ar na margaí;

(iii) tomhaltas a spreagadh, agus faisnéis a chur ar fáil, maidir le bainne agus táirgí bainne i margaí inmheánacha agus i margaí seachtracha araon;

(iv) margaí onnmhairíochta féideartha a fhiosrú;

(v) leaganacha caighdeánacha de chonarthaí a tharraingt suas a bheadh i gcomhréir le rialacha an Aontais maidir le bainne amh a dhíol le ceannaitheoirí nó táirgí próiseáilte a sholáthar do dháileoirí agus do mhiondíoltóirí, agus an gá le dálaí cothroma iomaíochta a bhaint amach agus saobhadh an mhargaidh a sheachaint á gcur san áireamh;

▼B

(vi) faisnéis a sholáthar agus an taighde atá riachtanach a dhéanamh chun an táirgeadh a choigeartú i bhfabhar táirgí a oirfidh níos fearr do riachtanais an mhargaidh agus do mhianta agus ionchas tomhaltóirí, go háirithe maidir le cáilíocht na dtáirgí agus cosaint an chomhshaoil;

(vii) acmhainn táirgthe na hearnála déiríochta a choinneáil ar bun agus a fhorbairt, inter alia trí nuálaíocht a spreagadh agus tacú le cláir do thaighde feidhmeach agus d'fhorbairt fheidhmeach chun leas iomlán a bhaint as acmhainneacht an bhainne agus na dtáirgí bainne, go háirithe chun táirgí breisluacha a chruthú atá níos tarraingtí don tomhaltóir;

(viii) bealaí a lorg chun úsáid táirgí atá dírithe ar shláinte ainmhithe a shrianadh, an bainistiú ar ionchur eile a fheabhsú agus sábháilteacht bia agus sláinte ainmhithe a fheabhsú;

(ix) modhanna agus uirlisí a fhorbairt chun cáilíocht na dtáirgí a fheabhsú ag gach céim den táirgeadh agus den mhargaíocht;

(x) leas a bhaint as acmhainneacht na feirmeoireachta orgánaí agus an fheirmeoireacht sin chomh maith le táirgeadh táirgí lena ngabhann ►C2 ainmniúcháin tionscnaimh ◄, lipéid cháilíochta agus tásca geografacha a chosaint agus a chur chun cinn;

(xi) táirgeadh comhtháite nó modhanna eile táirgthe atá slán ó thaobh an chomhshaoil a chur chun cinn

▼M5

(xii) clásail chaighdeánacha maidir le comhroinnt luacha a bhunú de réir bhrí Airteagal 172a, lena n-áirítear bónais agus caillteanais sna margaí, lena gcinntear an chaoi a leithdháilfear aon éabhlóid ar phraghsanna ábhartha margaí na dtáirgí lena mbaineann nó ar na margaí tráchtearraí eile eatarthu;

(xiii) bearta cur chun feidhme chun sláinte ainmhithe, cosaint plandaí agus rioscaí comhshaoil a chosc agus a bhainistiú.

▼B

Airteagal 158

Eagraíochtaí táirgeoirí a aithint

1. Féadfaidh na Ballstáit aitheantas a thabhairt d'eagraíochtaí idirchraoibhe a chuireann isteach ar an aitheantas sin, ar choinníoll:

(a) go gcomhlíonann siad na ceanglais atá leagtha síos in Airteagal 157;

(b) go ndéanann siad a ngníomhaíochtaí i réigiún amháin nó níos mó ar an gcríoch lena mbaineann;

(c) go seasann siad do chion suntasach de na gníomhaíochtaí eacnamaíochta dá dtagraítear in Airteagal 157(1)(a);

(d) ach amháin i gcásanna atá leagtha síos in Airteagal 162, nach dtéann siad féin i mbun táirgthe, próiseála ná trádála.

▼B

2. Maidir le heagraíochtaí idirchraoibhe a mbeidh aitheantas tugtha dóibh roimh an 1 Eanáir 2014 ar bhonn an dlí náisiúnta, agus a chomhlíonann na coinníollacha atá leagtha síos i mír 1 den Airteagal seo, féadfaidh na Ballstáit a chinneadh go measfar gur eagraíochtaí aitheanta idirchraoibhe iad de bhun Airteagal 157.

3. Eagraíochtaí táirgeoirí a mbeidh aitheantas tugtha dóibh roimh an 1 Eanáir 2014 ar bhonn an dlí náisiúnta agus nach gcomhlíonann na coinníollacha atá leagtha síos i mír 1 den Airteagal seo, féadfaidh siad leanúint de bheith ag feidhmiú a gcuid gníomhaíochtaí faoin dlí náisiúnta go dtí an 1 Eanáir 2015.

4. Féadfaidh na Ballstáit aitheantas a thabhairt d'eagraíochtaí idirchraoibhe sna hearnálacha go léir a bhí ann roimh theacht isteach an Rialacháin seo, is cuma má aithníodh iad arna iarraidh sin dóibh nó ar bunaíodh faoin dlí iad, cé nach gcomhlíonann siad an coinníoll atá leagtha síos i bpointe (b) d'Airteagal 157(1) nó i bpointe (b) d'Airteagal 157(3).

5. I gcás go dtugann na Ballstáit aitheantas d'eagraíocht idirchraoibhe i gcomhréir le mír 1 nó mír 2 beidh iachall orthu maidir leis an méid seo a leanas:

(a) cinneadh a dhéanamh i dtaobh aitheantas a thabhairt laistigh de cheithre mhí ón am a dtaiscfear iarratas a mbeidh na doiciméid thacaíochta ábhartha ar fad leis; leis an mBallstát ina bhfuil ceanncheathrú na heagraíochta;

(b) seiceálacha a dhéanamh, ag idirthréimhsí a bheidh le cinneadh acu, chun a fhíorú go bhfuil na coinníollacha lena rialaítear a n-aitheantas á gcomhlíonadh ag na heagraíochtaí aitheanta idirchraoibhe;

(c) i gcás ina mbeidh neamhchomhlíonadh nó neamhrialtachtaí ann i gcur chun feidhme na mbeart dá bhforáiltear sa Chaibidil seo, na pionóis is infheidhme a bheidh leagtha síos acu a fhorchur ar na heagraíochtaí sin agus a chinneadh ar cheart, más gá sin, an t-aitheantas a tharraingt siar;

(d) aitheantas a tharraingt siar i gcás nach mbeidh na ceanglais agus na coinníollacha maidir le haitheantas a leagtar síos san Airteagal seo á gcomhlíonadh a thuilleadh;

(e) an Coimisiún a chur ar an eolas faoin 31 Márta gach bliain faoi gach cinneadh a bheidh déanta acu i rith na bliana féilire roimhe sin chun aitheantas a thabhairt, a dhiúltú nó a tharraingt siar.

Roinn 2

Rialacha breise d'earnálacha sonracha

Airteagal 159

▼M5

Aitheantas éigeantach

▼B

De mhaolú ar Airteagail 152 go 158 déanfaidh na Ballstáit, arna iarraidh sin orthu, aitheantas a thabhairt:

(a) d'eagraíochtaí táirgeoirí:

(i) in earnáil na dtorthaí agus na nglasraí i gcás táirge amháin nó níos mó den earnáil sin agus/nó na táirgí sin atá beartaithe le haghaidh próiseála amháin,

▼B

(ii) in earnáil na hola olóige agus na n-ológ boird,

(iii) in earnáil na seiriceán,

(iv) in earnáil na leannlusanna;

(b) d'eagraíochtaí idirchraoibhe in earnáil na hola olóige agus ológ boird agus in earnáil an tobac.

Airteagal 160

Eagraíochtaí na dtáirgeoirí in earnáil na dtorthaí agus na nglasraí

In earnáil na dtorthaí agus na nglasraí, saothróidh na heagraíochtaí táirgeoirí ceann amháin ar a laghad de na cuspóirí a leagtar amach i bpointí (c)(i), (ii) agus (iii) d'Airteagal 152 (1).

Le reachtanna eagraíochta táirgeoirí in earnáil na dtorthaí agus na nglasraí, ceanglófar ar a cuid comhaltaí a dtáirgeadh iomlán lena mbaineann a mhargú tríd an eagraíocht táirgeoirí.

Measfar i gcás eagraíochtaí táirgeoirí agus cumainn d'eagraíochtaí táirgeoirí in earnáil na dtorthaí agus na nglasraí go bhfuil siad ag gníomhú, laistigh dá dtéarmaí tagartha, in ainm a gcomhaltaí agus thar ceann a gcomhaltaí i gcúrsaí eacnamaíocha.

Airteagal 161

Aitheantas a thabhairt d'eagraíochtaí táirgeoirí agus a gcomhlachais in earnáil an bhainne agus na dtáirgí bainne

▼M5

1. Tabharfaidh na Ballstáit, arna iarraidh sin, aitheantas mar eagraíochtaí táirgeoirí in earnáil an bhainne agus na dtáirgí bainne do gach eintiteas dlíthiúil nó do chodanna d'eintitis dhlíthiúla mar sin atá sainithe go soiléir, ar choinníoll:

(a) gur táirgeoirí in earnáil an bhainne agus na dtáirgí bainne atá iontu agus gur ar a dtionscnamh a bhunaítear iad agus (go bhfuil aidhm shonrach á saothrú acu, a bhféadfaidh ceann amháin de na cuspóirí seo a leanas nó níos mó ná sin a bheith ar áireamh inti:

(i) féachaint chuige go ndéanfar táirgeadh a phleanáil agus a oiriúnú de réir an éilimh, go háirithe ó thaobh cáilíochta agus cainníochta;

(ii) soláthar na dtáirgí a tháirgeann a gcomhaltaí a chomhchruinniú agus na táirgí sin a chur ar an margadh;

(iii) na costais táirgthe a bharrfheabhsú agus praghsanna na dtáirgeoirí a chobhsú.

▼B

(b) go bhfuil líon íosta comhaltaí acu agus/nó go gcumhdaíonn siad toirt íosta de tháirgeadh indíolta, a leagfaidh an Ballstát lena mbaineann síos, sa limistéar ina n-oibríonn siad;

▼B

(c) go bhfuil fianaise leordhóthanach ann gur féidir leo a ngníomhaíochtaí a chur i gcrích go cuí i gcaitheamh an ama agus ó thaobh éifeachtacht agus chomhchruinniú an tsoláthair;

(d) go bhfuil reachtanna acu atá i gcomhréir le pointe (a), pointe (b) agus pointe (c) den mhír seo.

▼M5

2. Maidir le heagraíochtaí táirgeoirí ar tugadh aitheantas dóibh roimh an 2 Aibreán 2012 ar bhonn an dlí náisiúnta, agus a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar síos i mír 1, féadfaidh na Ballstáit a chinneadh go measfar gur eagraíochtaí aitheanta táirgeoirí iad.

▼B

3. Déanfaidh na Ballstáit an méid seo a leanas:

(a) cinneadh a dhéanamh i dtaobh aitheantas a thabhairt d'eagraíocht táirgeoirí laistigh de cheithre mhí ón am a dtaiscfear iarratas in éineacht leis an bhfianaise thacaíochta ábhartha ar fad, leis an mBallstát ina bhfuil ceanncheathrú na heagraíochta;

(b) seiceálacha a dhéanamh, ag idirthréimhsí a bheidh le cinneadh acu, chun a fhiorú go bhfuil forálacha na Caibidle seo á gcomhlíonadh ag na heagraíochtaí aitheanta táirgeoirí agus ag comhlachais na n-eagraíochtaí táirgeoirí;

(c) i gcás ina mbeidh neamhchomhlíonadh nó neamhrialtachtaí ann i gcur chun feidhme na mbeart dá bhforáiltear sa Chaibidil seo, na pionóis is infheidhme a bheidh leagtha síos acu a fhorchur ar na heagraíochtaí sin agus ar na comhlachais sin agus a chinneadh ar cheart, dá mba ghá sin, an t-aitheantas a tharraingt siar;

(d) an Coimisiún a chur ar an eolas faoin 31 Márta gach bliain, faoi gach cinneadh a bheidh déanta acu i rith na bliana féilire roimhe sin chun aitheantas a thabhairt, a dhiúltú nó a tharraingt siar.

Airteagal 162

Eagraíochtaí idirchraoibhe in earnálacha na hola olóige, na n-ológ boird agus an tobac

I gcás eagraíochtaí idirchraoibhe in earnáil na hola olóige, earnáil na'n-ológ boird agus earnáil an tobac, féadfaidh ar a laghad ceann amháin de na cuspóirí seo a leanas a bheith ar áireamh san aidhm shonrach dá dtagraítear i bpointe (c) d'Airteagal 157(1):

(a) soláthar agus margaíocht tháirgí a mball a chomhchruinniú agus a chomhordú;

(b) oibriú i gcomhar le chéile chun an táirgeadh agus an próiseáil a chur in oiriúint do riachtanais an mhargaidh agus feabhas a chur ar an táirge;

(c) cuíchóiriú agus feabhsú an táirgthe agus na próiseála a chur chun cinn.

▼B

Airteagal 163

Aitheantas a thabhairt d'eagraíochtaí idirchraoibhe in earnáil an bhainne agus na dtáirgí bainne

1. Féadfaidh na Ballstáit aitheantas a thabhairt d'eagraíochtaí idirchraoibhe in earnáil an bhainne agus na dtáirgí bainne ar choinníoll go ndéanann na heagraíochtaí sin an méid seo a leanas:

(a) go gcomhlíonann siad na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 157(3);

(b) go ndéanann siad a ngníomhaíochtaí i réigiún amháin nó níos mó ar an gcríoch lena mbaineann;

(c) go seasann siad do chion suntasach de na gníomhaíochtaí eacnamaíochta dá dtagraítear in Airteagal 157(3)(a);

(d) nach mbeidh páirt acu féin i dtáirgeadh, i bpróiseáil ná i dtrádáil na dtáirgí in earnáil an bhainne agus na dtáirgí bainne.

2. Maidir le heagraíochtaí idirchraoibhe a mbeidh aitheantas tugtha dóibh roimh 2 Aibreán 2012 ar bhonn an dlí náisiúnta, agus a chomhlíonann coinníollacha mhír 1, féadfaidh na Ballstáit a chinneadh go measfar gur eagraíochtaí aitheanta idirchraoibhe iad faoi Airteagal 157(3).

3. I gcás ina n-úsáidfidh na Ballstáit an rogha chun aitheantas a thabhairt d'eagraíocht idirchraoibhe i gcomhréir le mír 1 nó le mír 2, beidh iachall orthu maidir leis an méid seo a leanas:

(a) cinneadh a dhéanamh i dtaobh aitheantas a thabhairt don eagraíocht idirchraoibhe laistigh de cheithre mhí ón am a dtaiscfear iarratas in éineacht leis an bhfianaise thacaíochta ábhartha ar fad, leis an mBallstát ina bhfuil ceanncheathrú na heagraíochta;

(b) seiceálacha a dhéanamh, ag idirthréimhsí a bheidh le cinneadh acu, chun a fhíorú go bhfuil na coinníollacha lena rialaítear a n-aitheantas á gcomhlíonadh ag na heagraíochtaí aitheanta idirchraoibhe;

(c) i gcás ina mbeidh neamhchomhlíonadh nó neamhrialtachtaí ann i gcur chun feidhme na mbeart dá bhforáiltear sa Chaibidil seo, na pionóis is infheidhme a bheidh leagtha síos acu a fhorchur ar na heagraíochtaí sin agus a chinneadh ar cheart, más gá sin, an t-aitheantas a tharraingt siar;

(d) aitheantas a tharraingt siar:

(i) i gcás nach mbeidh na ceanglais agus na coinníollacha maidir le haitheantas a leagtar síos san Airteagal seo á gcomhlíonadh a thuilleadh;

(ii) i gcás ina bhfuil páirt ag an eagraíocht idirchraoibhe in aon cheann de na comhaontuithe, cinntí agus cleachtais chomhbheartaithe dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 210(4), gan dochar d'aon phionóis eile atá le forchur de bhun an dlí náisiúnta;

(iii) i gcás nach gcomhlíonann an eagraíocht idirchraoibhe an dualgas fógartha dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 210(2);

▼B

(e) an Coimisiún a chur ar an eolas faoin 31 Márta gach bliain faoi gach cinneadh a bheidh déanta acu i rith na bliana féilire roimhe sin chun aitheantas a thabhairt, a dhiúltú nó a tharraingt siar.

Roinn 3

Síneadh na rialacha agus ranníocaíochtaí éigeantacha

Airteagal 164

Rialacha a shíneadh

1. I gcásanna ina measfar go bhfuil eagraíocht táirgeoirí aitheanta, comhlachas eagraíochtaí táirgeoirí aitheanta nó eagraíocht idirchraoibhe aitheanta atá ag oibriú i limistéar sonrach eacnamaíoch nó limistéir shonracha eacnamaíocha de Bhallstát ionadaíoch do tháirgeadh, do thrádáil nó do phróiseáil táirge ar leith, féadfaidh an Ballstát lena mbaineann, arna iarraidh sin don eagraíocht sin, roinnt de na comhaontuithe, de na cinntí nó de na cleachtais chomhbheartaithe a comhaontaíodh laistigh den eagraíocht sin a chur de cheangal go ceann tréimhse teoranta ar oibreoirí eile atá ag oibriú sa limistéar eacnamaíoch nó sna limistéir eacnamaíocha sin, bíodh daoine aonair nó grúpaí nó baill den eagraíocht nó den chomhlachas i gceist nach baill den eagraíocht nó den chomhlachas iad.

2. Chun críocha na Roinne seo, ciallaíonn “limistéar eacnamaíoch” crios geografach arb é atá ann réigiúin táirgthe thadhlacha nó chomharsanacha ina bhfuil na dálaí táirgthe agus margaíochta aonchineálach.

3. Measfar go bhfuil eagraíocht nó comhlachais ionadaíoch más rud é, sa limistéar eacnamaíoch nó sna limistéir eacnamaíocha den Bhallstát:

(a) gurb ionann é, mar chion de mhéid táirgthe nó trádála nó próiseála an táirge nó na dtáirgí atá i gceist agus:

(i) i gcás eagraíochtaí táirgeoirí san earnáil torthaí agus glasraí, ar a laghad 60 %, nó

(ii) i gcásanna eile, ar a laghad dhá thrian, agus

(b) gurb ionann é, i gcás eagraíochtaí táirgeoirí, agus méid is mó ná 50 % de na táirgí lena mbaineann.

I gcás eagraíochtaí idirchraoibhe, áfach, agus go n-eascraíonn deacrachtaí praiticiúla as cion toirt an táirgthe lena mbaineann a chinneadh, nó as cion toirt na trádála sa táirge nó sna táirgí nó as cion toirt phróiseáil an táirge nó na dtáirgí, féadfaidh Ballstát rialacha náisiúnta a leagan síos lena chinnfear leibhéal sonraithe an ionadaíochais dá dtagraítear i bpointe (a)(ii) den chéad fhomhír.

I gcás ina ndéantar iarraidh ar rialacha a shíneadh chuig oibreoirí eile, má bhaineann sí le níos mó ná réigiún amháin, taispeánfaidh an eagraíocht nó an comhlachas go bhfuil an t-íosleibhéal ionadaíochta acu arna shainiú sa chéad fhomhír i gcás gach ceann de chraobhacha a ghrúpálann sé i ngach ceann de na limistéir eacnamaíocha lena mbaineann.-

▼B

4. Na rialacha faoina bhféadfar síneadh chuig oibreoirí eile a iarraidh dá bhforáiltear i mír 1, beidh ceann amháin de na haidhmeanna seo a leanas acu:

(a) tuairisciú táirgthe agus tuairisciú margaidh;

(b) rialacha táirgthe atá níos déine ná na rialacha atá leagtha síos i rialacha an Aontais nó i rialacha náisiúnta;

(c) conarthaí caighdeánacha atá ag luí le rialacha an Aontais a tharraingt suas;

(d) rialacha maidir le margaíocht;

(e) rialacha maidir le cosaint an chomhshaoil;

(f) bearta chun acmhainneacht táirgí a chur chun cinn agus leas a bhaint as an acmhainneacht sin;

(g) bearta chun feirmeoireacht orgánach chomh maith le ►C2 hainmniúcháin tionscnaimh ◄, lipéid cháilíochta agus tásca geografacha a chosaint;

(h) taighde chun breisluach a thabhairt do na táirgí, go háirithe trí úsáidí nua nach baol don tsláinte phoiblí iad a bhaint astu;

(i) staidéir ar conas cáilíocht na dtáirgí a fheabhsú;

(j) taighde, go háirithe taighde ar mhodhanna saothraithe a d'fhágfadh nár ghá a oiread céanna táirgí cosanta plandaí ná táirgí sláinte ainmhithe a úsáid agus lena ráthófaí go gcaomhnófaí an ithir nó go gcuirfí feabhas ar an gcomhshaol;

(k) sainiú íoschaighdeán agus sainiú íoschaighdeán maidir le pacáistiú agus cur i láthair;

(l) úsáid síolta deimhnithe agus faireachán ar cháilíocht na dtáirgí;

(m) rialacha maidir le sláinte ainmhithe, sláinte plandaí nó sábháilteacht bia;

(n) rialacha maidir le bainistiú a dhéanamh ar fhotháirgí.

Ní dhéanfaidh na rialacha sin aon dochar d'oibreoirí eile sa Bhallstát lena mbaineann ná san Aontas agus ní bheidh mar thoradh orthu aon cheann de na hiarmhairtí atá liostaithe in Airteagal 210(4) ná ní bheidh siad ar neamhréir ar aon slí eile le dlí an Aontais nó le rialacha náisiúnta atá i bhfeidhm.

5. Caithfear na hoibreoirí a chur ar an eolas faoi leathnú na rialacha dá dtagraítear i mír 1 trína bhfoilsiú ina n-iomláine i bhfoilseachán oifigiúil an Bhallstáit lena mbaineann.

6. Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas faoi aon chinntí a ghlactar faoin Airteagal seo.

▼B

Airteagal 165

Ranníocaíochtaí airgeadais ó dhaoine aonair nó grúpaí nach comhaltaí iad

I gcás go leathnaítear faoi Airteagal 164 rialacha de chuid eagraíochta táirgeoirí aitheanta, de chuid comhlachais eagraíochtaí táirgeoirí aitheanta, nó de chuid eagraíochta idirchraoibhe aitheanta agus go bhfuil na gníomhaíochtaí a chumhdaítear leis na rialacha sin chun leasa ghinearálta eacnamaíoch oibreoirí eacnamaíocha a mbaineann a ngníomhaíochtaí leis na táirgí i gceist, féadfaidh an Ballstát a thug an t-aitheantas, i gcás na n-oibreoirí eacnamaíocha aonair sin nó na ngrúpaí nach baill den eagraíocht iad, ach a bhaineann tairbhe as na gníomhaíochtaí sin, tar éis dó dul i mbun comhairle leis na geallsealbhóirí ábhartha, cinneadh a dhéanamh gurb iad na hoibreoirí eacnamaíocha aonair sin nó na grúpaí nach comhaltaí den eagraíocht iad, ach a bhaineann tairbhe as na gníomhaíochtaí sin, a íocfaidh leis an eagraíocht na ranníocaíochtaí go léir nó cuid díobh a íocann comhaltaí na heagraíochta sin a mhéid atá na ranníocaíochtaí sin ceaptha costais a chlúdach a thabhaítear go díreach i ngeall ar a bheith ag gabháil do na gníomhaíochtaí sin.

Roinn 4

Oiriúnú an tsoláthair

Airteagal 166

Bearta chun oiriúnú an tsoláthair do riachtanais an mhargaidh a éascú

D'fhonn na heagraíochtaí dá dtagraítear in Airteagail 152 go Airteagal 163 spreagadh chun gníomh a dhéanamh chun coigeartú an tsoláthair do riachtanais an mhargaidh a éascú, amach ó ghníomhaíocht a bhaineann le tarraingt siar ón margadh, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 227 maidir le bearta sna hearnálacha a liostaítear in Airteagal 1(2),

(a) lena gcuirtear feabhas ar an gcáilíocht;

(b) lena gcuirtear eagrú feabhsaithe an táirgthe, na próiseála agus na margaíochta chun cinn;

(c) lena ndéantar taifeadadh treochtaí i bpraghsanna an mhargaidha éascú;

(d) lena ndéantar bunú réamh-mheastachán gearrthéarmach agus fadtéarmach ar bhonn na modhanna táirgthe a úsáideadh a cheadú.

Airteagal 167

Rialacha margaíochta chun feidhmiú an chómhargaidh i bhfíonta a fheabhsú agus a chobhsú

1. Chun feidhmiú an chómhargaidh i bhfíonta, lena n-áirítear fíonchaora, úrfhíonta agus na fíonta óna ndéantar iad, a fheabhsú agus a chobhsú, féadfaidh Ballstáit ar táirgeoirí iad rialacha margaíochta a leagan síos chun an soláthar a rialú, go háirithe trí chinntí arna ndéanamh ag na heagraíochtaí idirchraoibhe atá aitheanta faoi Airteagal 157 agus Airteagal 158.

Beidh na rialacha sin i gcomhréir leis an gcuspóir atá á saothrú agus:

(a) ní bhainfidh siad le haon idirbheart tar éis chéadmhargaíocht an táirge lena mbaineann;

(b) ní cheadóidh siad socrú praghsanna, lena n-áirítear socrú praghsanna mar threoir nó mar mholadh;

▼B

(c) ní áiritheoidh siad nach mbeidh fáil ar sciar rómhór d'fhómhar an fhíona a bheadh ar fáil murach iad;

(d) ní chuirfidh siad deis ar fáil chun go ndiúltófar deimhnithe náisiúnta agus deimhnithe Aontais a eisiúint a gá leo i gcomhair cúrsaíochta agus margaíochta fíonta i gcás ina mbeidh an mhargaíocht sin i gcomhréir leis na rialacha sin.

2. Déanfar na hoibreoirí a chur ar an eolas faoi na rialacha dá bhforáiltear i mír 1 trína bhfoilsiú ina n-iomláine i bhfoilseachán oifigiúil an Bhallstáit lena mbaineann.

3. Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas faoi aon chinneadh a ghlacfar faoin Airteagal seo.

▼M6

Airteagal 167a

Rialacha margaíochta chun feidhmiú an chómhargaidh in olaí olóige a fheabhsú agus a chobhsú

1. Chun feidhmiú an chómhargaidh in olaí olóige, lena n-áirítear na hológa óna ndéantar iad, a fheabhsú agus a chobhsú, féadfaidh Ballstáit ar táirgeoirí iad rialacha margaíochta a leagan síos chun an soláthar a rialú.

Beidh na rialacha sin i gcomhréir leis an gcuspóir atá á shaothrú agus:

(a) ní bhainfidh siad le haon idirbheart tar éis chéadmhargaíocht an táirge lena mbaineann;

(b) ní cheadóidh siad socrú praghsanna, lena n-áirítear socrú praghsanna mar threoir nó mar mholadh;

(c) ní áiritheoidh siad nach mbeidh fáil ar sciar rómhór de tháirgeadh na bliana margaíochta a bheadh ar fáil murach iad.

2. Déanfar na hoibreoirí a chur ar an eolas faoi na rialacha dá bhforáiltear i mír 1 trína bhfoilsiú ina n-iomláine i bhfoilseachán oifigiúil de chuid an Bhallstáit lena mbaineann.

3. Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas faoi aon chinneadh a ghlacfar faoin Airteagal seo.

▼B

Roinn 5

Córais chonarthaí

Airteagal 168

Caidreamh conarthach

1. Gan dochar d'Airteagal 148 maidir le hearnáil an bhainne agus na dtáirgí bainne ná d'Airteagal 125 maidir le hearnáil an tsiúcra, má chineann Ballstát, i dtaca le le táirgí feirmeoireachta ó earnáil seachas bainne agus táirgí bainne agus siúcra, ar táirgí iad a liostaítear in Airteagal 1(2), aon cheann de na nithe seo:

(a) nach mór aon seachadadh ar a chríocha a dhéanann táirgeoir chuig próiseálaí nó dáileoir a chumhdach le conradh scríofa idir na páirtithe,

▼B

(b) nach mór do na chéad-cheannaitheoirí tairiscint i scríbhinn a dhéanamh chun conradh le haghaidh táirgí feirmeoireachta a bheith á seachadadh ar a chríocha ag an táirgeoir a fháil,

comhlíonfar, le conradh den sórt sin nó le tairiscint den sórt ar chonradh na coinníollacha a leagtar síos i mír 4 agus i mír 6 den Airteagal seo.

▼M5

1a. Mura mbainfidh na Ballstáit leas as na féidearthachtaí dá bhforáiltear i mír 1 den Airteagal seo, féadfaidh táirgeoir, eagraíocht táirgeoirí, nó comhlachas eagraíochtaí táirgeoirí, sa mhéid a bhaineann le táirgí talmhaíochta in earnáil dá dtagraítear in Airteagal 1(2) seachas earnáil an bhainne, na dtáirgí bainne agus an tsiúcra, a cheangal go mbeidh aon seachadadh táirgí dá chuid/dá cuid/dá gcuid chuig próiseálaí nó dáileoir faoi réir conradh i scríbhinn idir na páirtithe agus/nó go mbeidh siad faoi réir tairiscint i scríbhinn ar chonradh ó na chéad cheannaitheoirí, faoi na coinníollacha a leagtar síos i mír 4 agus sa chéad fhomhír de mhír 6 den Airteagal seo.

Más micrifhiontar, fiontar beag nó fiontar meánmhéide de réir bhrí Mholadh 2003/361/CE é an chéad cheannaitheoir, ní bheidh an conradh agus/nó an tairiscint ar chonradh éigeantach, gan dochar don deis atá ag na páirtithe leas a bhaint as conradh caighdeánach arna dhréachtú ag eagraíocht idirchraoibhe.

2. I gcás ina gcinnfidh an Ballstát nach mór seachadtaí na dtáirgí ag táirgeoir ar phróiseálaí a chumhdach le conradh i scríbhinn idir na páirtithe, cinnfidh sé freisin cé acu céim nó céimeanna an tseachadta a bheidh cumhdaithe leis an gconradh sin má dhéantar seachadadh na dtáirgí lena mbaineann trí idirghabhálaí amháin nó níos mó ná sin.

Áiritheoidh na Ballstáit nach ndéanfar dochar d'fheidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh leis na forálacha a leagann siad síos faoin Airteagal seo.

3. Sa chás a ndéantar tuairisc air i mír 2, féadfaidh an Ballstát sásra idirghabhála a bhunú le go gcumhdófar na cásanna sin nach féidir conradh den sórt sin a thabhairt chun críche ina leith de bhíthin comhaontuithe frithpháirteach, agus caidreamh cothrom conarthach a áirithiú dá bhrí sin.

4. Maidir le haon chonradh nó tairiscint ar chonradh dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 1a:

▼B

(a) déanfar é roimh an seachadadh;

(b) déanfar i scríbhinn é; agus

(c) áireofar ann, go háirithe, na gnéithe seo a leanas:

(i) an praghas is iníoctha ar an seachadadh, ar praghas é:

— a bheidh seasta agus a leagfar amach sa chonradh, agus/nó

— a ríomhfar trí thosca éagsúla a chur le chéile a bheidh leagtha amach sa chonradh, a bhféadfadh táscairí margaidh a bheith san áireamh iontu lena léirítear athruithe i gcoinníollacha an mhargaidh, an toirt arna seachadadh agus cáilíocht nó comhshuíomh na dtáirgí feirmeoireachta arna seachadadh,

(ii) cainníocht agus cáilíocht na dtáirgí lena mbaineann a chaithfear nó nach gcaithfear a sheachadadh agus uainiú na seachadtaí sin,

(iii) fad an chonartha, a bhféadfaidh fad cinnte nó fad éiginnte le clásail foircinn a bheith san áireamh leis,

▼B

(iv) mionsonraí maidir le tréimhsí íocaíochta agus nósanna imeachta,

(v) socruithe maidir leis na táirgí feirmeoireachta a bhailiú nó a sheachadadh, agus

(vi) na rialacha is infheidhme i gcás force majeure.

▼M5

5. De mhaolú ar mhír 1 agus ar mhír 1a, ní bheidh gá le conradh ná le tairiscint ar chonradh i gcás ina seachadfaidh comhalta comharchumainn na táirgí lena mbaineann don chomharchumann a bhfuil sé ina chomhalta de, más rud go bhfuil, i reachtanna an chomharchumainn sin, nó sna rialacha agus sna cinntí dá bhforáiltear sna reachtanna sin nó a chineann ó na reachtanna sin, forálacha a bhfuil éifeachtaí acu atá comhchosúil leis na forálacha sin a leagtar amach i bpointe (a), i bpointe (b) agus i bpointe (c) de mhír 4.

▼B

6. Caibidleofar go neamhshrianta idir na páirtithe gnéithe uile na gconarthaí maidir le seachadadh táirgí feirmeoireachta arna gcur i gcrích ag táirgeoirí, ag bailitheoirí, ag próiseálaithe nó ag dáileoirí, lena n-áirítear na gnéithe sin dá dtagraítear i bpointe (c) de mhír 4.

Gan dochar don chéad fhomhír, beidh feidhm ag ceann amháin den mhéid seo a leanas, nó ag an dá cheann:

(a) i gcás ina gcinnfidh Ballstát na conarthaí i scríbhinn maidir le seachadadh táirgí feirmeoireachta a dhéanamh éigeantach i gcomhréir le mír 1 den Airteagal seo, féadfaidh sé fad íosta a bhunú nach mbeidh infheidhme ach amháin maidir le conarthaí i scríbhinn idir táirgeoir agus céad-cheannaitheoir na dtáirgí feirmeoireachta. Sé mhí ar a laghad a bheidh san fhad íosta sin agus ní dhéanfaidh sé difear d'fheidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh;

(b) i gcás ina gcinnfidh Ballstát nach mór do chéad-cheannaitheoir na dtáirgí feirmeoireachta tairiscint i scríbhinn ar chonradh a thabhairt don táirgeoir i gcomhréir le mír 1, féadfaidh sé a fhoráil nach mór go n-áireofaí sa tairiscint fad íosta don chonradh, a leagtar amach chun na críche sin sa dlí náisiúnta. Sé mhí ar a laghad a bheidh san fhad íosta sin agus ní dhéanfaidh sé difear d'fheidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh.

Beidh an dara fomhír gan dochar do cheart an táirgeora an fad íosta sin a dhiúltú, ar choinníoll gur i scríbhinn a dhéanfaidh sé é sin. Sa chás sin, beidh na páirtithe saor chun gnéithe uile an chonartha a chaibidliú, lena n-áirítear na gnéithe sin dá dtagraítear i bpointe (c) de mhír 4.

7. Áiritheoidh na Ballstáit a bhaineann leas as na roghanna dá dtagraítear san Airteagal seo nach ndéanfar dochar d'fheidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh leis na forálacha a leagtar síos.

Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas faoin gcaoi a chuireann siad i bhfeidhm aon bhearta a tugadh isteach faoin Airteagal seo.

8. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar síos na bearta is gá maidir le cur i bhfeidhm comhionann i bpointe (a) agus (b) de mhír 2 agus de mhír 3 den Airteagal seo agus bearta a bhaineann leis na fógraí a bheidh le tabhairt ag na Ballstáit i gcomhréir leis an Airteagal seo.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 229(2).

▼M5

▼B

Airteagal 172

Rialáil an tsoláthair maidir le liamhás a bhfuil sonrúchán cosanta tionscnaimh nó tásc cosanta geografach aici

1. Arna iarraidh sin d'eagraíocht táirgeoirí a aithnítear faoi phointe (a) den chéad mhír d'Airteagal 152(1) den Rialachán seo, ag eagraíocht idirchraoibhe a aithnítear faoi Airteagal 157(1) den Rialachán seo agus do ghrúpa oibreoirí dá dtagraítear in Airteagal 3(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1151/2012, féadfaidh na Ballstáit, ar feadh tréimhse teoranta ama, rialacha ceangailteacha a leagan síos maidir le rialáil soláthair liamhás a bheidh ag tairbhiú ►C2 d'ainmniúchán cosanta tionscnaimh ◄ nó de thásc cosanta geografach faoi Airteagal 5(1) agus (2) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012.

2. Comhlíonfar leis na rialacha dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo na coinníollacha a leagtar amach i mír 4 den Airteagal seo agus beidh siad faoi réir théarmaí aon chomhaontaithe a bheidh déanta roimh ré idir na páirtithe sa limistéar geografach dá dtagraítear i bpointe (c) d'Airteagal 7(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012. Tabharfar an comhaontú sin chun críche, tar éis dul i gcomhairle le táirgeoirí muc sa limistéar geografach, idir dhá thrian de phróiseálaithe an liamháis ar a laghad arb ionann a mhéid agus dhá thrian ar a laghad den liamhás sin sa limistéar geografach dá dtagraítear i bpointe (c) d'Airteagal 7(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 agus, má mheasann an Ballstát gurb iomchuí é, dhá thrian ar a laghad de tháirgeoirí muc sa limistéar geografach dá dtagraítear in bpointe (c) d'Airteagal 7(1)de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012.

3. Maidir leis na rialacha dá dtagraítear i mír 1.

(a) ní chumhdófar leo ach amháin rialáil sholáthar an táirge lena mbaineann agus/nó a amhábhar agus beidh sé d'aidhm acu soláthar an liamháis sin a oiriúnú don éileamh;

(b) ní bheidh éifeacht acu ach amháin maidir an táirge lena mbaineann;

(c) ní fhéadfaidh siad a bheith ceangailteach ar feadh tréimhse níos faide ná trí bliana agus féadfar iad a athnuachan tar éis na tréimhse sin tar éis iarraidh nua, mar a thagraítear dó i mír 1, a fháil;

(d) ní dhéanfar damáiste leo do thrádáil táirgí seachas na táirgí lena mbaineann na rialacha dá dtagraítear i mír 1;

(e) ní bhainfidh siad le haon idirbheart tar éis chéadmhargú an liamháis lena mbaineann;

(f) ní cheadófar leo socrú praghsanna, lena n-áirítear socrú praghsanna mar threoir nó mar mholadh;

(g) ní áiritheofar leo nach mbeidh fáil ar sciar rómhór den táirge lena mbaineann a bheadh ar fáil murach sin;

(h) ní chuirfear idirdhealú ar bun leo, nó ní bheidh siad ina mbac d'iontrálaithe nua sa mhargadh nó ina gcúis go ndéanfar dochar do leasanna táirgeoirí beaga;

(i) rannchuideoidh siad le cáilíocht agus/nó forbairt an táirge lena mbaineann;

4. Foilseofar na rialacha dá dtagraítear i mír 1 i bhfoilseachán oifigiúil an Bhallstáit lena mbaineann.

5. Déanfaidh na Ballstáit seiceálacha chun a áirithiú go bhfuil na coinníollacha a leagtar síos i mír 3 á gcomhlíonadh, agus i gcás ina gcinnfidh na húdaráis náisiúnta inniúla nach bhfuil na coinníollacha sin á gcomhlíonadh, déanfaidh siad na rialacha dá dtagraítear i mír 1 a aisghairm.

▼B

6. Tabharfaidh na Ballstáit fógra láithreach don Choimisiún faoi na rialacha dá dtagraítear i mír 1 a bheidh glactha acu. Cuirfidh an Coimisiún na Ballstáit eile ar an eolas faoi aon fhógra de na rialacha sin.

7. Féadfaidh an Coimisiún tráth ar bith gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena gceanglaítear go n-aisghairfidh Ballstát na rialacha atá leagtha síos ag an mBallstát sin de bhun mhír 1 más léir don Choimisiún nach gcomhlíonann na rialacha sin na coinníollacha a leagtar síos i mír 4 nó go ndéanann siad iomaíocht a chosc nó a shaobhadh i gcuid shubstaintiúil den mhargadh inmheánach, nó saorthrádáil a chur i gcontúirt nó go bhfuil baint amach chuspóirí Airteagal 39 CFAE á chur i mbaol. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir gan an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 229(2) nó (3) den Rialachán seo a chur i bhfeidhm.

▼M5

Roinn 5a

Clásail maidir le comhroint luacha

Airteagal 172a

Comhroinnt luacha

Gan dochar d'aon chlásal sonrach maidir le comhroinnt luacha in earnáil an tsiúcra, féadfaidh feirmeoirí, comhlachais feirmeoirí san áireamh, agus a gcéad cheannaitheoir teacht ar chomhaontú i ndáil le clásail maidir le comhroinnt luacha, bónais agus caillteanais margaí san áireamh, lena gcinntear an chaoi a leithdháilfear aon éabhlóid ar na praghsanna ábhartha margaí do na táirgí lena mbaineann nó ar na margaí tráchtearraí eile eatarthu.

▼B

Roinn 6

Rialacha nós imeachta

Airteagal 173

Cumhachtaí tarmligthe

1. D'fhonn a áirithiú go ndéanfar cuspóirí agus freagrachtaí eagraíochtaí táirgeoirí, comhlachais eagraíochtaí na dtáirgeoirí, agus eagraíochtaí idirchraoibhe a shainiú go soiléir chun cur lena éifeachtaí atá gníomhaíochtaí na n-eagraíochtaí agus na gcomhlachas sin gan ualach riaracháin míréireach agus gan baint de phrionsabail shaoirse an chomhlachais go háirithe i ndáil le neamhchomhaltaí na n-eagraíochtaí sin, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 227 maidir leis na hábhair seo a leanas i ndáil le heagraíochtaí táirgeoirí, comhlachais eagraíochtaí táirgeoirí, eagraíochtaí idirchraoibhe agus eagraíochtaí oibreoirí le haghaidh ceann amháin nó níos mó de na hearnálacha dá dtagraítear in Airteagal 1(2), nó táirgí sonracha na n-earnálacha sin.

(a) na cuspóirí sonracha a fhéadfaidh eagraíochtaí agus comhlachais den sórt sin a shaothrú; agus, i gcás inarb infheidhme, a chuirtear leo siúd atá leagtha síos in Airteagal 152 go hAirteagal 163;

▼B

(b) rialacha na n-eagraíochtaí agus na gcomhlachas sin, reachtanna eagraíochtaí seachas eagraíochtaí táirgeoirí, na coinníollacha sonracha is infheidhme maidir le reachtanna na n-eagraíochtaí táirgeoirí in earnálacha áirithe, lena n-áirítear maoluithe ar [an oibleagáid an táirgeacht go léir a mhargú tríd an eagraíocht táirgeoirí dá dtagraítear sa dara mír d'Airteagal 160, struchtúr, tréimhse ballraíochta, méid, cuntasacht agus gníomhaíochtaí na n-eagraíochtaí sin agus na gcomhlachas sin, na héifeachtaí a eascraíonn as an aitheantas, as aitheantas a tharraingt siar, agus as cumaisc;

(c) na coinníollacha maidir leis an aitheantas, le haitheantas a tharraingt siar nó a chur ar fionraí, na héifeachtaí a thagann as an aitheantas, as aitheantas a tharraingt siar agus as é a chur ar fionraí chomh maith leis na ceanlais do na heagraíochtaí agus na comhlachais sin maidir le bearta feabhais a dhéanamh mura n-urramaítear na critéir aitheantais;

(d) eagraíochtaí agus comhlachais thrasnáisiúnacha lena n-áirítear na rialacha dá dtagraítear i bpointí (a), (b) agus (c) den mhír seo;

(e) na rialacha a bhaineann le bunú an chúnaimh riaracháin agus le coinníollacha an chúnamh riaracháin a bheidh le tabhairt ag na húdaráis inniúla ábhartha i gcás comhair thrasnáisiúnta;

►C2 (f) na hearnálacha a bhfuil feidhm ag Airteagal 155 maidir leo, ◄ na coinníollacha maidir le gníomhaíochtaí a sheachfhoinsiú, cineál na ngníomhaíochtaí a fhéadfar a sheachfhoinsiú agus soláthar acmhainní teicniúla ag eagraíochtaí nó comhlachais;

(g) an bonn ar a ríomhfar íosmhéid nó íosluach de tháirgeadh indíolta eagraíochtaí agus comhlachas;

(h) glacadh le comhaltaí nach táirgeoirí iad i gcás na n-eagraíochtaí táirgeoirí agus nach eagraíochtaí táirgeoirí iad i gcás comhlachas eagraíochtaí táirgeoirí;

(i) síneadh rialacha áirithe de chuid na n-eagraíochtaí dá bhforáiltear in Airteagal 164 chuig eagraíochtaí nach comhaltaí iad agus an íocaíocht éigeantach suibscríbhinní ó eagraíochtaí nach comhaltaí iad dá dtagraítear in Airteagal 165, lena n-áirítear úsáid agus leithdháileadh na n-íocaíochtaí sin ó na heagraíochtaí sin agus liosta de na rialacha níos déine táirgthe a fhéadfar a shíneadh faoi phointe (b) den chéad fhomhír d'Airteagal 164(4), agus é á áirithiú go bhfuil eagraíochtaí den chineál sin trédhearcach agus cuntasach i leith neamhcomhaltaí go nach gcaitear níos fabharaí le comhaltaí d'eagraíochtaí den chineál sin ná mar a chaithfear le neamhchomhaltaí, go háirithe maidir le híocaíocht éigeantach síntiús a úsáid;

(j) breis ceanglas maidir le hionadaíocht a dhéanamh ar na heagraíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 164, na limistéir eacnamaíocha lena mbaineann, lena n-áirítear scrúdú a bheith á dhéanamh ag an gCoimisiún ar shainiú na limistéar sin; íostréimhsí a mbeidh feidhm ag na rialacha lena linn sula gcuirfear síneadh leo, na daoine nó na heagraíochtaí a bhféadfar na rialacha nó na ranníocaíochtaí a chur i bhfeidhm maidir leo, agus na himthosca ina bhféadfaidh an Coimisiún a chur de cheangal go ndiúltófar nó go dtarraingeofar siar síneadh na rialacha nó na ranníocaíochtaí éigeantacha.

2. D'fhonn a áirithiú go saineofar go soiléir cuspóirí agus freagrachtaí eagraíochtaí táirgeoirí, comhlachais eagraíochtaí táirgeoirí agus eagraíochtaí idirchraoibhe in earnáil an bhainne agus na dtáirgí bainne, chun cur le héifeachtacht ghníomhaíochtaí na n-eagraíochtaí sin gan ualach míchuí a chur orthu, cumhachtófar don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 227 lena leagtar síos an méid seo a leanas:

▼B

(a) na coinníollacha chun aitheantas a thabhairt d'eagraíochtaí táirgeoirí trasnáisiúnta agus do chomhlachais thrasnáisiúnta eagraíochtaí táirgeoirí;

(b) na rialacha a bhaineann le bunú an chúnaimh riaracháin agus le coinníollacha an chúnamh riaracháin a bheidh le tabhairt d'eagraíochtaí táirgeoirí, lena n-áirítear comhlachais eagraíochtaí táirgeoirí, ag na húdaráis inniúla ábhartha i gcás comhair thrasnáisiúnta;

(c) rialacha breise maidir le ríomh thoirt an bhainne amh a chumhdófar leis an gcaibidilíocht dá dtagraítear i bpointe (c) d'Airteagal 149(2) agus in Airteagal 149(3);

(d) rialacha maidir le síneadh rialacha áirithe de chuid na n-eagraíochtaí dá bhforáiltear in Airteagal 164 chuig eagraíochtaí nach comhaltaí iad agus an íocaíocht éigeantach suibscríbhinní ó eagraíochtaí nach comhaltaí iad dá dtagraítear in Airteagal 165.

Airteagal 174

Cumhachtaí cur chun feidhme i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin

1. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar síos na bearta is gá chun an Chaibidil seo a chur i bhfeidhm, go háirithe:

(a) bearta chun cur chun feidhme a dhéanamh ar na coinníollacha chun aitheantas a thabhairt d'eagraíochtaí táirgeoirí agus d'eagraíochtaí idirchraoibhe a leagtar amach in Airteagal 154 agus in Airteagal 158;

(b) nósanna imeachta i gcás ina ndéanfar cumasc idir eagraíochtaí táirgeoirí;

(c) nósanna imeachta a chinnfidh na Ballstáit maidir le híosmhéid agus maidir le híostréimhse ballraíochta;

(d) nósanna imeachta a bhaineann le síneadh rialacha agus ranníocaíocaíochtaí airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 164 agus in Airteagal 165, go háirithe cur i bhfeidhm an choincheapa "limistéar eacnamaíoch" dá dtagraítear in Airteagal 164(2);

(e) nósanna imeachta maidir le cúnamh riaracháin;

(f) nósanna imeachta maidir le gníomhaíochtaí a sheachfhoinsiú;

(g) nósanna imeachta agus dálaí teicniúla a bhaineann le cur chun feidhme na mbeart dá dtagraítear in Airteagal 166.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 229(2).

2. Mar mhaolú ar mhír 1, maidir le hearnáil an bhainne agus na dtáirgí bainne, féadfaidh an Coimisiún gníomhartha chur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar síos rialacha mionsonraithe a bheidh riachtanach do:

(a) cur chun feidhme na gcoinníollacha chun aitheantas a thabhairt d'eagraíochtaí táirgeoirí agus dá gcomhlachais agus d'eagraíochtaí idirchraoibhe a leagtar amach in Airteagal 161 agus in Airteagal 163;

(b) an fógra dá dtagraítear i bpointe (f) d'Airteagal 149(2);

(c) na fógraí a dhéanfaidh na Ballstáit don Choimisiún i gcomhréir le pointe (d) d'Airteagal 161(3), le pointe (e) d'Airteagal 163(3), le hAirteagal 149(8) agus le hAirteagal 150(7);

▼B

(d) na nósanna imeachta a bhaineann le cúnamh riaracháin i gcás comhair thrasnáisiúnta.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 229(2).

Airteagal 175

Cumhachtaí eile cur chun feidhme

Trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, féadfaidh an Coimisiún cinntí aonair a ghlacadh maidir leis an méid seo a leanas:

▼C2

(a) aitheantas a thabhairt d'eagraíochtaí atá i mbun gníomhaíochtaí i níos mó ná Ballstát amháin, de bhun na rialacha a ghlactar faoi phointe (d) d'Airteagal 173(1);

▼B

(b) agóid i gcoinne aitheantais ó Bhallstát ar eagraíocht idirchraoibhe nó sin a aistarraingt;

▼C2

(c) an liosta de na limistéir eacnamaíocha sin a dtugann na Ballstáit fógra ina leith de bhun na rialacha a ghlacfar faoi phointe (i) d'Airteagal 173(1) agus faoi phointe (d) d'Airteagal 173(2);

▼B

(d) an ceanglas ar Bhallstát síneadh rialacha nó rannícaíochtaí éigeantacha ó neamhchomhaltaí a chinnfidh an Ballstát sin a dhiúltú nó a aisghairm.

Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin gan an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 229(2) nó (3).

CUID III

TRÁDÁIL LE TRÍÚ TÍORTHA

CAIBIDIL I

Ceadúnais allmhairiúcháin agus onnmhairiúcháin

Airteagal 176

Rialacha ginearálta

1. Gan dochar do chásanna ina n-éileofar ceadúnais allmhairiúcháin nó onnmhairiúcháin i gcomhréir leis an Rialachán seo, allmhairiú táirge amháin nó níos mó ó na hearnálacha a leanas isteach san Aontas lena scaoileadh le haghaidh saorchúrsaíochta nó onnmhairiú táirge talmhaíochta amháin nó níos mó as an Aontas, féadfar é a chur faoi réir ceadúnas a thíolacadh:

(a) gránaigh;

(b) rís;

(c) siúcra;

(d) síolta;

▼B

(e) ola olóige agus ológa boird, maidir le táirgí a thagann faoi chuimsiú chóid AC 1509, 1510 00, 0709 92 90, 0711 20 90, 2306 90 19, 1522 00 31 agus 1522 00 39;

(f) líon agus cnáib, a mhéad a bhaineann le cnáib;

(g) torthaí agus glasraí;

(h) torthaí agus glasraí próiseáilte;

(i) earnáil na mbananaí;

(j) fíon;

(k) plandaí beo;

(l) mairteoil agus laofheoil;

(m) bainne agus táirgí bainne;

(n) muiceoil;

(o) earnáil na caoireola agus na feola gabhair;

(p) uibheacha;

(q) feoil éanlaithe clóis;

(r) earnáil an alcóil eitile de thionscnamh talmhaíochta

2. Eiseoidh na Ballstáit ceadúnais d'aon iarratasóir, beag beann ar a áit bhunaíochta san Aontas, ach amháin má fhoráiltear a mhalairt i ngníomh a ghlacfar i gcomhréir le hAirteagal 43(2) CFAE, agus é sin gan dochar do chur i bhfeidhm Airteagal 177, Airteagal 178 agus Airteagal 179 den Rialachán seo.

3. Beidh na ceadúnais bailí ar fud an Aontais.

Airteagal 177

Cumhachtaí tarmligthe

1. D'fhonn a chur san áireamh oibleagáidí idirnáisiúnta an Aontais agus na caighdeáin sóisialta, comhshaoil agus leasa ainmhithe is infheidhme de chuid an Aontais, an gá atá le faireachán a dhéanamh ar fhorás cúrsaí trádála agus forbairtí sa mhargadh, ar allmhairiú agus ar onnmhairiú na dtáirgí, mar aon leis an gá atá ann an margadh a bhainistiú ar bhonn fónta agus an gá atá leis an ualach riaracháin a laghdú, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 227 lena gcinnfear:

(a) liosta na dtáirgí ó na hearnálacha dá dtagraítear in Airteagal 176(1) faoi réir ceadúnas allmhairiúcháin nó onnmhairiúcháin a thíolacadh;

(b) na cásanna agus na himthosca nach mbeidh sé de cheangal iontu ceadúnas allmhairiúcháin nó onnmhairiúcháin a thíolacadh, lena gcuirfear san áireamh stádas custaim na dtáirgí lena mbaineann, na socruithe trádála a bheidh le comhlíonadh, cuspóirí na n-oibríochtaí, stádas dlíthiúil an iarratasóra agus na cainníochtaí a bheidh i gceist.

▼B

2. D'fhonn eilimintí breise an chórais cheadúnais a sholáthar, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 227 lena leagtar síos rialacha maidir leis na hábhair seo a leanas:

(a) na cearta agus na hoibleagáidí a thagann ón gceadúnas agus éifeachtaí dlíthiúla an cheadúnais, agus na cásanna ina bhfuil feidhm ag lamháltas maidir le hurramú na hoibleagáide allmhairiú nó onnmhairiú a dhéanamh ar an líon a luaitear ar an gceadúnas nó i gcás ina bhfuil an áit thionscnaimh le léiriú ar an gceadúnas;

(b) foráil a dhéanamh go mbeidh eisiúint ceadúnais allmhairiúcháin nó scaoileadh le haghaidh saorchúrsaíochta faoi réir tíolacadh doiciméid arna eisiúint ag tríú tír nó ag eintiteas a dheimhníonn, inter alia, tionscnamh, barántúlacht agus saintréithe cáilíochta na dtáirgí;

(c) aistriú an cheadúnais nó srianta ar an inaistritheacht sin;

(d) coinníollacha breise do cheadúnais allmhairiúcháin i gcomhair cnáibe i gcomhréir le hAirteagal 189 agus prionsabal an chúnaimh riaracháin idir Bhallstáit chun calaois nó neamhrialtachtaí a chosc nó chun déileáil leo;

(e) na cásanna agus na himthosca a chinneadh ina gceanglaítear nó nach gceanglaítear urrús a thaisceadh lena ráthaítear go ndéanfar na táirgí a allmhairiú nó a onnmhairiú laistigh de thréimhse bailíochta an cheadúnais.

Airteagal 178

Cumhachtaí cur chun feidhme i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin

Déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na bearta is gá a ghlacadh chun an Chaibidil seo a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear rialacha maidir leis an méid seo a leanas:

(a) formáid agus ábhar an cheadúnais allmhairiúcháin;

(b) cur isteach iarratas, eisiúint ceadúnas agus úsáid ceadúnas;

(c) tréimhse bhailíochta an cheadúnais agus méid an urrúis a bheidhle taisceadh agus na nósanna imeachta chuige sin;

(d) na nósanna imeachta le haghaidh, agus méid, an urrúis le taisceadh;

(e) an cruthúnas gur comhlíonadh na ceanglais maidir le húsáid ceadúnas;

(f) an leibhéal lamháltais maidir le hurramú na hoibleagáide allmhairiú nó onnmhairiú a dhéanamh ar an líon a luaitear ar an gceadúnas;

(g) eisiúint ceadúnas athsholáthair agus ceadúnas dúblach;

(h) an chaoi a bpróiseálfaidh na Ballstáit na ceadúnais agus an malartú faisnéise is gá chun an córas a bhainistiú, lena n-áirítear na nósanna imeachta maidir leis an gcúnamh sonrach riaracháin idir Ballstáit.

▼B

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá tagraítear in Airteagal 229(2).

Airteagal 179

Cumhachtaí eile cur chun feidhme

Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha chur chun feidhme a ghlacadh:

(a) lena gcuirtear teorainn leis na cainníochtaí a bhféadfar ceadúnais a eisiúint lena n-aghaidh;

(b) lena ndiúltaítear do na cainníochtaí ar cuireadh iarratas isteach orthu; agus

(c) lena gcuirtear an tíolacadh iarratas ar fionraí d'fhonn an margadh a bhainistiú i gcás ina gcuirfear iarratais isteach ar chainníochtaí móra.

Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin gan an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 229(2) nó (3) a chur i bhfeidhm.

CAIBIDIL II

Dleachtanna allmhairiúcháin

Airteagal 180

Cur chun feidhme comhaontuithe idirnáisiúnta agus gníomhartha áirithe eile

Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena leagfar sios bearta chun na ceanglais atá leagtha síos i gcomhaontuithe idirnáisiúnta a tugadh[…] i gcrích i gcomhréir leis […]an gConradh a chomhlíonadh, [nó in aon ghníomh ábhartha eile] arna ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 43(2) nó le hAirteagal 207 CFAE, nó faoin gComhtharaif Chustaim maidir le dleachtanna allmhairiúcháin i leith táirgí talmhaíochta. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá tagraítear in Airteagal 229(2).

Airteagal 181

Córas an phraghais iontrála i gcás táirgí áirithe de chuid earnáil na dtorthaí agus na nglasraí, earnáil na dtorthaí agus na nglasraí próiseáilte agus earnáil na bhfíonta

1. Maidir le cur i bhfeidhm ráta dleachta na Comhtharaife Custaim i leith táirgí de chuid earnáil na dtorthaí agus na nglasraí agus earnáil na dtorthaí agus na nglasraí próiseáilte agus i leith sú fíonchaor agus úrfhíon fíonchaor, beidh praghas iontrála coinsíneachta comhionann lena luach custaim ►C2 arna ríomh i gcomhréir le forálacha Rialachán (CEE) Uimh. 2913/92 ón gComhairle [1] (an Cód Custaim) agus Rialachán (CEE) Uimh. 2454/93 ón gCoimisiún [2]. ◄

[1] Rialachán (CEE) Uimh. 2913/92 ón gComhairle an 12 Deireadh Fómhair 1992 ag bunú Chód Custaim an Chomhphobail (IO L 302, 19.10.1992, lch. 1).

[2] Rialachán (CEE) Uimh. 2454/93 ón gCoimisiún an 2 Iúil 1993 ag leagan síos forálacha chun Rialachán (CEE) Uimh. 2913/92 ón gComhairle ag bunú Chód Custaim an Chomhphobail a chur chun feidhme (IO L 253, 11.10.1993, lch. 1).

▼B

2. D'fhonn éifeachtúlacht an chóráis a áirithiú, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 227 chun foráil a dhéanamh go seiceálfar fírinneacht phraghas iontrála dearbhaithe na coinsíneachta trí leas a bhaint as luach allmhairiúcháin ar ráta comhréidh agus go soláthrófar na coinníollacha faoina n-éilítear urrús a thaisceadh.

3. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena mbunófar rialacha maidir le ríomh an luacha allmhairiúcháin ar ráta comhréidh dá dtagraítear i mír 2. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá tagraítear in Airteagal 229(2).

Airteagal 182

Dleachtanna allmhairiúcháin breise

1. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena gcinntear na táirgí sin in earnáil na ngránach, in earnáil na ríse, in earnáil an tsiúcra, in earnáil na dtorthaí agus na nglasraí, in earnáil na dtorthaí agus na nglasraí próiseáilte, in earnáil na mairteola agus na laofheola, in earnáil an bhainne agus na dtáirgí bainne, in earnáil na muiceola, in earnáil na caoireola agus na feola gabhair, in earnáil na n-uibheacha, in earnáil na feola éanlaithe clóis agus na mbananaí, agus in earnáil na dtáirgí sú fíonchaor agus na dtáirgí úrfhíona fíonchaor, a ndéanfar, i gcás ina n-allmhairítear iad faoi réir an ráta dleachta a leagtar síos sa Chomhtharaif Chustaim, dleacht bhreise allmhairiúcháin a chur i bhfeidhm maidir leo, chun éifeachtaí díobhálacha ar mhargadh an Aontais a d'fhéadfadh teacht as na hallmhairí sin a chosc nó chun cur ina n-aghaidh, más rud é:

(a) go ndéanfar na hallmhairithe ar phraghas níos ísle ná an leibhéal a chuir an tAontas in iúl don Eagraíocht Dhomhanda Trádála EDT (an truicearphraghas); nó

(b) go sáróidh méid na n-allmhairí leibhéal áirithe (an truicearmhéid) i mbliain ar bith.

Bunófar an truicearmhéid ar dheiseanna rochtana ar an margadh a shaineofar mar allmhairí i bhfoirm céatadán den tomhaltas comhfhreagrach intíre ar feadh na dtrí bliana roimhe sin.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá tagraítear in Airteagal 229(2).

2. Ní fhorchuirfear dleachtanna breise allmhairiúcháin nuair nach dócha go suaithfidh na hallmhairí margadh an Aontais, nó i gcás ina mbeadh na héifeachtaí díréireach i gcomparáid leis an gcuspóir a bheartófar.

3. Chun críocha phointe (a) den chéad fhomhí de mhír 1, cinnfear praghsanna allmhairiúcháin ar bhonn praghsanna costas, árachais agus last-táille na coinsíneachta atá á bhreithniú. Déanfar praghsanna chostas, árachas agus last-táille allmhairiúcháin a sheiceáil in aghaidh phraghsanna ionadaíocha an táirge sin ar an margadh domhanda nó phraghsanna ionadaíocha an táirge ar mhargadh allmhairiúcháin an Aontais.

4. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar síos nabearta is gá chun an tAirteagal seo a chur i bhfeidhm. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá tagraítear in Airteagal 229(2).

▼B

Airteagal 183

Cumhachtaí eile cur chun feidhme

Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh, lena socraítear:

(a) leibhéal an dleachta allmhairiúcháin a chuirfear i bhfeidhm i gcomhréir leis na rialacha atá leagtha amach i gcomhaontú idirnáisiúnta a rinneadh i gcomhréir le CFAE, sa Chomhtharaif Chustaim agus sna gníomhartha chur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 180;

(b) na praghsanna ionadaíocha agus na truicearmhéideanna chun críocha breis dleachtanna allmhairiúcháin a chur i bhfeidhm faoi chuimsiú na rialacha arna nglacadh de bhun an chéad fhomhír d'Airteagal 182(1).

Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin gan an nós imeachta da dtagraítear in Airteagal 229(2) nó (3) a chur i bhfeidhm.

CAIBIDIL III

Bainistiú an taraifchuóta agus cóir speisialta d'onnmhairithe ó thríú tíortha

Airteagal 184

Cuótaí taraife

▼M5

1. Cuótaí taraife ar allmhairí táirgí talmhaíochta a scaoilfear le haghaidh saorchúrsaíochta san Aontas nó i gcuid de, nó cuótaí taraife ar allmhairí táirgí talmhaíochta de chuid an Aontais isteach i dtríú tíortha a bheidh le riar ina n-iomláine nó i bpáirt ag an Aontas, ar cuótaí taraife iad a bheidh ina dtoradh ar chomhaontuithe idirnáisiúnta arna dtabhairt i gcrích i gcomhréir le CFAE nó as aon ghníomh eile arna ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 43(2) nó le hAirteagal 207 CFAE, déanfaidh an Coimisiún iad a oscailt agus/nó a riar trí bhíthin gníomhartha tarmligthe de bhun Airteagal 186 den Rialachán seo agus trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme de bhun Airteagal 187 den Rialachán seo.

▼B

2. Riarfar na cuótaí taraife ar dhóigh go seachnófar gach dealú idir na hoibreoirí lena mbaineann, trí cheann de na modhanna seo a leanas nó teaglaim díobh nó modh oiriúnach eile a chur i bhfeidhm:

(a) modh a bheidh bunaithe ar an ord croineolaíoch inar cuireadh iarratais isteach (prionsabal 'tús freastail ar an gceann is túisce');

(b) modh dáileacháin a bheidh comhréireach leis na cainníochtaí a iarradh nuair a tíolacadh na hiarratais ('modh an scrúdaithe chomhuainigh');

(c) modh a bheidh bunaithe ar phatrúin trádála thraidisiúnta a chur san áireamh (ag baint úsáide as an 'modh traidisiúnta/núíosach').

3. Déanfaidh an modh riaracháin a ghlacfar an méid seo a leanas:

▼B

(a) i gcás cuótaí taraifí allmhairiúcháin, tabharfaidh sé an aird is cuí ar riachtanais soláthair mhargadh táirgthe, próiseála agus tomhaltais an Aontais, idir an margadh atá ann cheana agus an margadh atá ag teacht chun cinn, i dtaca le hiomaíochas, le deimhneacht agus le leanúnachas an tsoláthair agus ar an ngá atá le cothromaíocht an mhargaidh sin a chosaint, agus

(b) i gcás cuótaí taraifí onnmhairiúcháin, fágfaidh sé go bhféadfar an úsáid is mó is féidir a bhaint as an gcuóta lena mbaineann.

Airteagal 185

Taraifchuótaí sonracha

Chun éifeacht a thabhairt dona cuótaí taraife chun 2 000 000 tona arbhair Indiaigh agus 300 000 tona sorguim a allmhairiú isteach sa Spáinn agus i gcás na gcuótaí taraife chun 500 000 tona arbhair Indiaigh a allmhairiú isteach sa Phortaingéil a chur i gcrích, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 227 lena mbunaítear na forálacha is gá chun na hallmhairí cuótaí taraife a dhéanamh agus, nuair is iomchuí sin, na forálacha maidir le stóráil phoiblí na gcainníochtaí allmhairithe ag gníomhaireachtaí íocaíochta na mBallstát lena mbaineann agus maidir lena ndiúscairt ar mhargaí na mBallstát sin.

Airteagal 186

Cumhachtaí tarmligthe

1. D'fhonn a áirithiú go mbeidh rochtain chothrom ar na cainníochtaí a bheidh ar fáil agus go gcaithfear go cothrom le hoibreoirí laistigh den taraifchuóta, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 227:

(a) lena gcinnteofar na coinníollacha agus na ceanglais cháilitheachta nach mór d'oibreoir a chomhlíonadh chun iarratas a chur isteach laistigh den taraifchuóta; d'fhéadfadh sé go gceanglódh na forálacha i gceist íosmhéid taithí ar thrádáil le tríú tíortha agus le críocha asamhlaithe, nó ar ghníomhaíocht phróiseála, taithí arna sloinneadh in íosmhéid ama agus i dtréimhse íosta in earnáil ar leith den mhargadh; féadfaidh rialacha sonracha a bheith ar áireamh sna forálacha sin chun freastal ar riachtanais agus ar chleachtais earnála áirithe, agus ar úsáidí agus riachtanais tionscal próiseála;

(b) lena mbunófar rialacha maidir le cearta a aistriú idir oibreoirí agus i gcás inar gá, na teorainneacha le haistriú laistigh de bhainistiú an taraifchuóta;

(c) rannpháirtíocht sa chuóta taraife allmhairiúcháin a chur faoi réir urrús a thaisceadh;

(d) lena bhforálfar, i gcás inar gá, d'aon saintréithe sonracha, riachtanais nó srianta is infheidhme maidir leis an gcuóta taraife mar a leagtar amach sa chomhaontú idirnáisiúnta nó sa ghníomh eile dá dtagraítear in Airteagal 184(1) é.

▼B

2. D'fhonn a áirithiú go bhféadfadh táirgí allmhairithe tairbhiú de chóir speisialta ar a n-allmhairiú isteach i dtríú tír in imthosca áirithe, de bhun comhaontuithe idirnáisiúnta arna dtabhairt i gcrích ag an Aontas i gcomhréir le CFAE, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 227 den Rialachán seo, maidir le rialacha lena ndéanfar ceangal a chur ar údaráis inniúla na mBallstát doiciméad a eisiúint, arna iarraidh sin dóibh agus tar éis do na seiceálacha cuí a bheith déanta, ar doiciméad é lena ndeimhneofar go gcomhlíonfar na coinníollacha do tháirgí a fhéadfaidh tairbhiú de chóir speisialta, nuair a dhéanfar iad a allmhairiú isteach i dtríú tír agus má dhéantar imthosca áirithe a urramú.

Airteagal 187

Cumhachtaí cur chun feidhme i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin

Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar síos an méid seo a leanas:

(a) na cuótaí taraife bliantúla, agus, más ga, iad céimnithe ar bhealach oiriúnach feadh na bliana, agus ina theannta sin an modh riaracháin a bheidh le húsáid;

(b) nósanna imeachta maidir le cur i bhfeidhm na bhforálacha sonracha atá leagtha síos sa chomhaontú nó sa ghníomh lena nglactar na socruithe allmhairiúcháin nó onnmhairiúcháin, go háirithe maidir leis an méid seo a leanas:

(i) ráthaíochtaí a chumhdaíonn cineál, foinse agus tionscnamh an táirge;

(ii) aitheantas a thabhairt don doiciméad a úsáideadh chun na ráthaíochtaí dá dtagraítear i bpointe (i) a fhíorú;

(iii) tíolacadh doiciméid a d'eisigh an tír is onnmhaireoir;

(iv) ceann scríbe agus úsáid na dtáirgí;

(c) tréimhse bhailíochta na gceadúnas nó na n-údaruithe;

(d) na nósanna imeachta agus méid an urrúis a bheidh le taisceadh;

(e) úsáid ceadúnas agus, i gcás inar gá sin, na bearta sonracha, go háirithe, maidir leis na coinníollacha faoina gcuirfear isteach iarratais ar allmhairiú agus faoina ndeonófar údarú laistigh den chuóta taraife;

(f) nósanna imeachta agus critéir theicniúla chun Airteagal 185 a chur i bhfeidhm.

(g) bearta riachtanacha maidir le hábhar, foirm, eisiúint agus úsáid an doiciméid dá dtagraítear in Airteagal 186(2).

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá tagraítear in Airteagal 229(2).

▼M5

Airteagal 188

Próiseas leithdháilte do chuótaí taraife

1. Foilseoidh an Coimisiún, trí fhoilseachán iomchuí gréasáin, torthaí phróiseas leithdháilte na gcuótaí taraife i dtaca leis na hiarratais dá dtabharfar fógra agus aird á tabhairt ar na cuótaí taraife a bheidh ar fáil agus ar na hiarratais dá dtabharfar fógra.

2. Ina theannta sin, déanfar tagairt san fhoilseachán dá dtagraítear i mír 1, nuair is iomchuí, don ghá le hiarratais ar feitheamh a dhiúltú, tíolacadh na n-iarratas a chur ar fionraí nó cainníochtaí nach n-úsáidfear a leithdháileadh.

3. Eiseoidh na Ballstáit ceadúnais allmhairiúcháin agus ceadúnais onnmhairiúcháin i gcomhair cainníochtaí a gcuirfear iarratas isteach orthu laistigh de na cuótaí taraife allmhairiúcháin agus na cuótaí taraife onnmhairiúcháin, faoi réir comhéifeachtaí leithdháilte faoi seach agus tar éis don Choimisiún iad a chur ar fáil don phobal i gcomhréir le mír 1.

▼B

CAIBIDIL IV

Forálacha speisialta allmhairiúcháin i gcás táirgí áirithe

Airteagal 189

Allmhairithe cnáibe

1. Ní fhéadfar na táirgí seo a leanas a allmhairiú isteach san Aontas ach amháin má chomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

(a) fíorchnáib amh atá faoi chuimsiú chód AC 5302 10 00 agus a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 32(3) agus in Airteagal 35(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013;

(b) síolta de chineálacha cnáibe atá faoi chuimsiú chód AC ex 1207 99 20, ar síolta iad atá le cur, agus cruthúnas ag gabháil leo nach sáraíonn leibhéal teitrihidreacannaibionóil an chineáil atá i gceist an leibhéal a shocraítear i gcomhréir le hAirteagal 32(3) agus Airteagal 35(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013.

(c) síolta cnáibe nach bhfuil le cur, faoi chuimsiú chód AC 1207 99 91 agus a allmhairítear ag allmhaireoirí a bhfuil údarú acu ón mBallstát agus acu sin amháin chun a áirithiú nach bhfuil sé beartaithe na síolta sin a chur.

2. Beidh feidhm ag an Airteagal seo gan dochar do rialacha níos srianta arna nglacadh ag na Ballstáit i gcomhréir le CFAE agus leis na hoibleagáidí faoi Chomhaontú na hEagraíochta Domhanda Trádála ar Thalmhaíocht.

Airteagal 190

Allmhairithe cnáibe

1. Ní fhéadfar táirgí earnáil na leannlusanna a allmhairiú ó thríú tíortha ach amháin más ionann a gcaighdeáin cháilíochta ar a laghad agus na caighdeáin cháilíochta arna nglacadh le haghaidh táirgí comhchosúla arna mbaint laistigh den Aontas nó atá déanta ó na táirgí sin.

▼B

2. Measfar go bhfuil táirgí den chaighdeán dá dtagraítear i mír 1 má tá fianú in éineacht leo a d'eisigh údaráis na tíre tionscnaimh agus a aithnítear a bheith coibhéiseach leis an deimhniú dá dtagraítear in Airteagal 77.

I gcás púdair leannlusanna, púdair leannlusanna a bhfuil cion níos airde lúpailin ann, eastóscán leannlusanna, agus táirgí leannlusanna measctha, ní fhéadfar an fianú a aithint mar choibhéiseach leis an deimhniú ach amháin mura bhfuil cion aigéid alfa na dtáirgí sin níos ísle ná cion aigéid alfa na leannlusanna ónar ullmhaíodh iad.

3. Chun an t-ualach riaracháin a laghdú, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 227, na coinníollacha a shocrú nach bhfuil feidhm ag na hoibleagáidí maidir le fianú coibhéise agus lipéadú pacáistithe fúthu.

4. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena leagfar sios na bearta is gá chun an tAirteagal seo a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear na rialacha maidir le fianuithe coibhéise a aithint agus allmhairí leannlusanna a sheiceáil. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá tagraítear in Airteagal 229(2).

Airteagal 191

Maoluithe maidir le táirgí arna n-allmhairiú agus urrús speisialta in earnáil an fhíona

Féadfar maoluithe a ghlacadh ó phointe 5 de Roinn B de Chuid II d'Iarscríbhinn VIII, nó ó Roinn C de Chuid II d'Iarscríbhinn VI maidir le táirgí arna n-allmhairiú i gcomhréir le hAirteagal 43(2) CFAE, de bhun oibleagáidí idirnáisiúnta an Aontais.

I gcás maoluithe ar phointe 5 de Roinn B de Chuid II d'Iarscríbhinn VIII, déanfaidh allmhaireoirí urrús i leith na dtáirgí sin a thaisceadh leis na húdaráis chustaim ainmnithe tráth a scaoiltear le haghaidh saorchúrsaíochta iad. Scaoilfear an t-urrús nuair a sholáthróidh an t-allmhaireoir cruthúnas a shásóidh údaráis chustaim an Bhallstáit ina scaoilfear na táirgí le haghaidh saorchúrsaíochta:

(a) nár thairbhigh na táirgí de na maoluithe; nó,

(b) i gcás inar thairbhigh siad de na maoluithe, nach ndearnadh fíonta díobh, nó i gcás ina ndearnadh fíonta díobh, gur cuireadh an lipéadú iomchuí orthu.

Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar sios rialacha d'fhonn cur i bhfeidhm aonfhoirmeach an Airteagail seo a áirithiú, lena n-áirítear méideanna an urrúis agus céard is lipéadú iomchuí ann. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá tagraítear in Airteagal 229(2).

▼B

Airteagal 192

Siúcra amh do scagadh a allmhairiú

1. Go dtí deireadh na bliana margaí 2016-2017, deonófar cumas allmhairiúcháin eisiach 2 500 000 tonna in aghaidh na bliana margaí, a léirítear i siúcra bán, do scagairí lánaimseartha.

2. Measfar gur scagaire lánaimseartha an t-aon mhonarcha phróiseála biatais siúcra a bhí ag feidhmiú sa Phortaingéil in 2005.

3. Ní eiseofar ceadúnais allmhairiúcháin i gcomhair siúcra lena scagadh ach do scagairí lánaimseartha amháin ar choinníoll nach sáraíonn na cainníochtaí lena mbaineann na cainníochtaí dá dtagraítear i mír 1. Ní fhéadfar na ceadúnais a aistriú ach idir scagairí lánaimseartha amháin agus téann a mbailíocht in éag ag deireadh na bliana margaíochta dár eisíodh iad.

Beidh feidhm ag an mír seo ar feadh an chéad trí mhí de gach bliain mhargaíochta.

4. D'fhonn a áirithiú go scagfar siúcra allmhairithe lena scagadh i gcomhréir leis an Airteagal seo, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 227, lena leagtar síos an méid a leanas:

(a) téarmaí a úsáid le haghaidh oibriú na socruithe allmhairiúcháin dá dtagraítear i mír 1;

(b) na coinníollacha agus na ceanglais cháilitheachta a ghlacadh nach mór d'oibreoir a chomhlíonadh chun iarratas ar cheadúnas allmhairiúcháin a thaisceadh, lena n-áirítear taisceadh urrúis;

(c) rialacha a ghlacadh maidir le pionóis riaracháin atá le gearradh.

5. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh, lena leagtar síos na rialacha is gá maidir leis na doiciméid tacaíochta a bheidh le soláthar i gcomhar leis na ceanglais agus leis na hoibleagáidí is infheidhme d'allmhaireoirí, agus go háirithe do scagairí lánaimseartha. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá tagraítear in Airteagal 229(2).

Airteagal 193

Fionraí dleachtanna allmhairiúcháin in earnáil an tsiúcra

Go dtí deireadh na bliana margaíochta 2016-2017, féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena ndéanfar, chun an soláthar is gá a ráthú i gcomhair mhonarú táirgí dá dtagraítear in Airteagal 140(2), dleachtanna allmhairiúcháin a chur ar fionraí go hiomlán nó i bpáirt i gcás cainníochtaí áirithe maidir leis na táirgí seo a leanas:

▼B

(a) siúcra a thagann faoi chuimsiú chód AC 1701;

(b) iseaglúcós a thagann faoi chuimsiú chóid AC 1702 30 10, 1702 40 10, 1702 60 10 agus 1702 90 30.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá tagraítear in Airteagal 229(2).

CAIBIDIL V

Cosaint agus próiseáil isteach

Airteagal 194

Bearta cosanta

1. Déanfaidh an Coimisiún bearta cosanta i gcoinne allmhairithe isteach san Aontas, faoi réir mhír 3 den Airteagal seo, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 260/2009 ([1]) agus Rialachán (CE) Uimh. 625/2009 ([2]) ón gComhairle.

2. Ach amháin má fhoráiltear dá mhalairt in aon ghníomh eile ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus in aon ghníomh eile ón gComhairle, déanfaidh an Coimisiún bearta cosanta i gcoinne allmhairí isteach san Aontas i gcomhréir le mír 3 den Airteagal seo, ar bearta iad dá bhforáiltear i gcomhaontuithe idirnáisiúnta a tugadh i gcrích le CFAE.

3. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena mbunaítear na bearta dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2 den Airteagal seo, arna iarraidh sin do Bhallstát nó ar a thionscnamh féin. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá tagraítear in Airteagal 229(2).

I gcás ina bhfaigheann an Coimisiún iarraidh ó Bhallstát déanfaidh sé cinneadh ina leith, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, laistigh de chúig lá oibre tar éis dó an iarraidh a fháil. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá tagraítear in Airteagal 229(2).

I gcás ina mbeidh forais phráinneacha ríthábhachtacha ann a mbeidh údar maith leo, glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme atá infheidhme láithreach bonn i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 229(3).

Na bearta a ghlacfar, cuirfear in iúl iad láithreach do na Ballstáit agus beidh éifeacht acu láithreach.

4. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme, lena gcúlghairmfear nó lena leasófar bearta cosanta de chuid an Aontais a ghlacfar de bhun mhír 3 den Airteagal seo a. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá tagraítear in Airteagal 229(2).

I gcás ina mbeidh forais phráinneacha ríthábhachtacha ann a mbeidh údar maith leo, glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme atá infheidhme láithreach bonn i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 229(3).

([1]) Rialachán (CE) Uimh. 260/2009 ón gComhairle an 26 Feabhra 2009 lena mbunaítear na comhrialacha d'onnmhairí, (IO L 84; 31.3.2009, lch. 1).

([2]) Rialachán (CE) Uimh. 625/2009 ón gComhairle an 7 Iúil 2009 maidir le comhrialacha d'allmhairí ó thríú tíortha áirithe (IO L 185, 17.7.2009, lch. 1).

▼B

Airteagal 195

Socruithe próiseála agus próiseála isteach a chur ar fionraí

I gcás ina gcuirfear isteach ar mhargadh an Aontais nó inar dóigh go gcuirfear isteach air de thoradh socruithe próiseála nó próiseála isteach, féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh, arna iarraidh sin do Bhallstát nó ar a thionscnamh féin, úsáid na socruithe próiseála nó próiseála isteach a chur ar fionraí i bpáirt nó go hiomlán, i gcás táirgí earnálacha na ngránach, na ríse, an tsiúcra, na hola olóige agus na n-ológ boird, na dtorthaí agus na nglasraí, na dtorthaí agus na nglasraí próiseáilte, an fhíona, na mairteola agus na laofheola, an bhainne agus na dtáirgí bainne, na muiceola, na caoireola agus na feola gabhair, na n-uibheacha, na feola éanlaithe clóis agus an alcóil eitile de thionscnamh talmhaíochta. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá tagraítear in Airteagal 229(2).

I gcás ina bhfaigheann an Coimisiún iarraidh ó Bhallstát déanfaidh sé cinneadh ina leith, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, laistigh de chúig lá oibre tar éis dó an iarraidh a fháil. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá tagraítear in Airteagal 229(2).

I gcás ina mbeidh forais phráinneacha ríthábhachtacha ann a mbeidh údar maith leo, glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme atá infheidhme láithreach bonn i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 229(3).

Na bearta a ghlacfar, cuirfear in iúl iad láithreach do na Ballstáit agus beidh éifeacht acu láithreach.

CAIBIDIL VI

Aisíocaíochtaí onnmhairiúcháin

Airteagal 196

Raon Feidhme

1. A mhéid is gá chun onnmhairí a dhéanamh ar bhonn luachanna nó phraghsanna an mhargaidh dhomhanda nuair a thagann dálaí ar an margadh inmheánach faoi raon feidhme Airteagal 219(1) agus in Airteagal 221 agus laistigh de na teorainneacha arb iad comhaontuithe idirnáisiúnta a tugadh i gcrích i gcomhréir leis an gConradh is bunús leo, féadfar an difríocht idir na luachanna sin agus praghsanna san Aontas a chumhdach le haisíocaíochtaí onnmhairiúcháin don méid seo a leanas:

(a) táirgí na n-earnálacha seo a leanas a bheidh le honnmhairiú gan tuilleadh próiseála:

(i) gránaigh;

(ii) rís;

(iii) siúcra, maidir leis na táirgí a liostaítear i bpointí (b) go (d) agus (g) de Chuid III d'Iarscríbhinn I;

(iv) mairteoil agus laofheoil;

(v) bainne agus táirgí bainne;

▼B

(vi) muiceoil;

(vii) uibheacha;

(viii) feoil éanlaithe clóis;

(b) na táirgí atá liostaithe i bpointí (i) go (iii), (v) agus (vii) de phointe (a) den mhír seo ar táirgí iad atá le honnmhairiú i bhfoirm earraí próiseáilte i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1216/2009 ([1]), agus i bhfoirm táirgí ina bhfuil siúcra arna liostú i bpointe (b) de Chuid X d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo.

2. Ní bheidh na haisíocaíochtaí onnmhairiúcháin do tháirgí a onnmhairíodh i bhfoirm earraí próiseáilte níos mó ná na haisíocaíochtaí is infheidhme maidir leis na táirgí céanna a onnmhairíodh gan tuilleadh próiseála.

3. Gan dochar do chur i bhfeidhm Airteagal 219(1) agus Airteagal 221, EUR 0 a bheidh san aisíocaíocht a bheidh ar fáil do na táirgí dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo.

Airteagal 197

Dáileadh na n-aisíocaíochtaí onnmhairiúcháin

Is éard a bheidh sa mhodh leithdháilte do chainníochtaí a fhéadfar a onnmhairiú le haisíocaíocht onnmhairiúcháin ná an modh leithdháilte:

(a) an modh is oiriúnaí do chineál an táirge agus don staid sa mhargadh ábhartha, agus a fhágfaidh gur féidir an úsáid is éifeachtúla a bhaint as na hacmhainní a bheidh ar fáil, agus aird á tabhairt ar éifeachtúlacht agus ar struchtúr onnmhairí an Aontais agus ar a dtionchar ar chothromaíocht an mhargaidh, gan idirdhealú a dhéanamh idir na hoibreoirí lena mbaineann agus go háirithe idir oibreoirí móra agus oibreoirí beaga;

(b) an modh is éasca d'oibreoirí ó thaobh riaracháin, agus aird á tabhairt ar na riachtanais riaracháin.

Airteagal 198

Socrú na n-aisíocaíochtaí onnmhairiúcháin

1. Beidh feidhm ag na haisíocaíochtaí onnmhairiúcháin céanna maidir leis na táirgí céanna ar fud an Aontais. D'fhéadfaidís a bheith éagsúil de réir cinn scríbe, go háirithe i gcásanna inar gá sin de bharr staid an mhargaidh dhomhanda, de bharr sainriachtanas margaí áirithe, nó de bharr oibleagáidí de thoradh comhaontuithe idirnáisiúnta a tugadh i gcrích i gcomhréir leis an gConradh.

2. Déanfaidh an Chomhairle bearta maidir le haisíocaíochtaí a shocrú i gcomhréir le hAirteagal 43(3) CFAE.

([1]) Rialachán (CE) Uimh. 1216/2009 ón gComhairle an 30.11.09 lena leagtar síos na socruithe trádála is infheidhme maidir le hearraí áirithe a thig ó tháirgí talmhaíochta a phróiseáil (IO L 328, 15.12.2009, lch. 10).

▼B

Airteagal 199

Aisíocaíochtaí onnmhairiúcháin a dheonú

1. Ní dheonófar aisíocaíochtaí ar tháirgí a liostaítear i bpointe (a) d'Airteagal 196(1) a onnmhairítear mar sin gan tuilleadh próiseála ach amháin ar iarratas agus ar thíolacadh ceadúnais onnmhairiúcháin.

2. Is éard a bheidh san aisíocaíocht is infheidhme maidir le táirgí atá liostaithe in Airteagal 196(1) an aisíocaíocht is infheidhme an lá a chuirtear iarratas isteach ar an gceadúnas, nó an aisíocaíocht a thagann as an nós imeachta tairisceana lena mbaineann agus, i gcás aisíocaíochta difreáilte, an aisíocaíocht is infheidhme an lá céanna:

(a) maidir leis an gceann scríbe a shonrófar ar an gceadúnas; nó

(b) maidir leis an gceann scríbe iarbhír má tá sé sin éagsúil leis an gceann scríbe a shonrófar ar an gceadúnas, agus sa chás sin ní sháróidh an méid is infheidhme an méid is infheidhme maidir leis an gceann scríbe a shonrófar ar an gceadúnas.

3. Íocfar an aisíocaíocht nuair a chuirfear cruthúnas isteach:

(a) gur imigh na táirgí ó chríoch chustaim an Aontais i gcomhréir leis an nós imeachta onnmhairiúcháin dá dtagraítear in Airteagal 161 den Chód Custaim;

(b) i gcás aisíocaíochta difreáilte, gur allmhairíodh na táirgí isteach ag an gceann scríbe a shonrófar ar an gceadúnas nó ag ceann scríbe eile a raibh aisíocaíocht socraithe maidir leis, gan dochar do phointe (b) de mhír 2.

Airteagal 200

Aisíocaíochtaí onnmhairiúcháin ar ainmhithe beo in earnáil na mairteola agus na laofheola

Maidir le táirgí earnáil na mairteola agus na laofheola, beidh deonú agus íocaíocht na haisíocaíochta d'onnmhairí ainmhithe beo faoi réir chomhlíonadh na gceanglas maidir le leas ainmhithe a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais agus, go háirithe, cosaint ainmhithe le linn iompair.

Airteagal 201

Teorainneacha le honnmhairithe

Déanfar na gealltanais mhéide atá mar thoradh ar na comhaontuithe idirnáisiúnta a tugadh i gcrích i gcomhréir le CFAE a urramú ar bhonn ceadúnas onnmhairiúcháin a eisíodh do na tréimhsí tagartha a bhfuil feidhm acu maidir leis na táirgí lena mbaineann.

Maidir le hoibleagáidí faoi Chomhaontú na hEagraíochta Domhanda Trádála ar Thalmhaíocht a chomhlíonadh, ní dhéanfar deireadh a chur le tréimhse thagartha difear do bhailíocht ceadúnas onnmhairiúcháin.

▼B

Airteagal 202

Cumhachtaí tarmligthe

1. Chun a áirithiú go bhfeidhmeoidh an córas aisíocaíochtaí onnmhairiúcháin mar is ceart, beidh sé de chumhacht ag an gCoimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 227, lena leagtar síos an ceanglas urrús a thaisceadh lena ráthófar go gcuirfear oibleagáidí na n-oibreoirí i gcrích.

2. Chun an t-ualach riaracháin ar oibreoirí agus ar na húdaráis a laghdú, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 227 lena socrófar tairseacha nach mbeadh ceanglas ann faoina mbun ceadúnas onnmhairiúcháin a eisiúint nó a thíolacadh, lena n-ainmneofar cinn scríbe agus oibríochtaí ina bhféadfaidh údar a bheith le díolúine ó cheadúnas onnmhairiúcháin a thíolacadh, agus lena gceadófar ceadúnais onnmhairiúcháin a dheonú ex-post i gcásanna a mbeidh údar leo.

3. D'fhonn déileáil le cásanna praiticiúla ina mbeidh údar maith le cáilitheacht iomlán nó pháirteach chun aisíocaíochtaí onnmhairiúcháin a fháil, agus chun cuidiú le hoibreoirí dul tríd an tréimhse idir an t-iarratas ar aisíocaíocht onnmhairiúcháin agus íocaíocht dheireanach na haisíocaíochta onnmhairiúcháin, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 227 i ndáil le rialacha maidir le:

(a) dáta eile don aisíocaíocht;

(b) réamhíocaíocht aisíocaíochtaí onnmhairiúcháin lena n-áirítear na coinníollacha maidir le hurrús a thaisceadh agus a scaoileadh;

(c) cruthúnas breise i gcás amhrais faoi cheann scríbe fíreannach táirgí agus an deis go ndéanfaí na táirgí sin a athallmhairiú isteach i gcríoch chustaim an Aontais;

(d) cinn scríbe a ndéileáiltear leo mar onnmhairí ón Aontas, agus áireamh ceann scríbe laistigh de chríoch chustaim an Aontais atá cáilithe chun aisíocaíochtaí onnmhairiúcháin a fháil.

4. Chun comhionannas rochtana a áirithiú ar aisíocaíochtaí onnmhairiúcháin d'onnmhaireoirí na dtáirgí talmhaíochta a liostaítear in Iarscríbhinn i a ghabhann leis na Conarthaí agus d'onnmhaireoirí a dtáirgí próiseáilte, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 227 i ndáil le cur i bhfeidhm Airteagal 199(1) agus (2) maidir le táirgí dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 196(1).

5. D'fhonn a áirithiú go n-onnmhaireofar táirgí a thairbheoidh d'aisíocaíochtaí onnmhairiúcháin ó chríoch chustaim an Aontais agus nach dtiocfaidh siad ar ais go dtí an chríoch sin agus chun an t-ualach riaracháin a laghdú d'oibreoirí agus iad ag fáil cruthúnais agus á thíolacadh gur shroich táirgí aisíocaíochta tír a gcinn scríbe i gcás ina bhfuil aisíocaíochtaí difreáilte, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 227 i ndáil le rialacha maidir leis an méid a leanas:

▼B

(a) an teorainn ama nach mór an imeacht ó chríoch chustaim an Aontais a thabhairt chun críche fúithi, lena n-áirítear an t-am i gcomhair athiontrála sealadaí;

(b) an phróiseáil a fhéadfar a dhéanamh i rith na tréimhse sin ar tháirgí atá ag tairbhiú d'aisíocaíochtaí onnmhairiúcháin;

(c) an cruthúnas gur sroicheadh ceann scríbe chun aisíocaíochtaí difreáilte a fháil;

(d) na tairseacha agus na coinníollacha aisíocaíochta faoina bhféadfar díolúine ón gcruthúnas sin a thabhairt d'onnmhaireoirí;

(e) coinníollacha maidir le formheas a dhéanfaidh tríú páirtithe neamhspleácha ar an gcruthúnas gur sroicheadh ceann scríbe chun aisíocaíochtaí difreáilte a fháil.

6. Chun na honnmhaireoirí a spreagadh dálaí leasa ainmhithe a urramú agus na húdaráis inniúla a chumasú chun ceartchaiteachas aisíocaíochtaí onnmhairiúcháin a fhíorú i gcás ina mbeidh sé sin ag brath ar cheanglais maidir le leas ainmhithe a urramú, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 227 i ndáil le ceanglais leasa ainmhithe lasmuigh de chríoch chustaim an Aontais, lena n-áirítear tríú páirtithe neamhspleácha a úsáid.

7. Chun saintréithe sonrachasaintréithe sonracha na n-earnálacha éagsúla a chur san áireamh, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 227, lena mbunófar ceanglais shonracha agus coinníollacha sonracha a ghlacadh maidir le hoibreoirí agus maidir leis na táirgí a bheidh cáilithe d'aisíocaíocht onnmhairiúcháin, agus comhéifeachtaí chun críocha aisíocaíochtaí onnmhairiúcháin a ríomh lena gcuirfear san áireamh próiseas aosaithe i leith deochanna biotáille ar leith a thagann ó ghránaigh.

Airteagal 203

Cumhachtaí cur chun feidhme i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin

Déanfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagfar sios na bearta is gá a ghlacadh chun an Chaibidil seo a chur chun feidhme, go háirithe:

(a) maidir le hathdháileadh na gcainníochtaí in-onnmhairithe nár leithdháileadh ná nár úsáideadh;

(b) maidir leis an modh chun íocaíocht na haisíocaíochta onnmhairiúcháin a ríomh an athuair nuair nach mbeidh an cód táirge nó an ceann scríbe a luafar ar cheadúnas ag teacht leis an táirge nó leis an gceann scríbe iarbhír;

(c) maidir le táirgí dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 196(1);

(d) maidir leis na nósanna imeachta agus méid an urrúis a bheidh le taisceadh;

(e) maidir leis na bearta a ghlacfar de bhun Airteagal 202(4) a chur i bhfeidhm.

▼B

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá tagraítear in Airteagal 229(2).

Airteagal 204

Cumhachtaí eile cur chun feidhme

Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh:

(a) lena leagtar síos bearta iomchuí chun mí-úsáid na solúbthachta dá bhforáiltear in Airteagal 199(2) a chosc, go háirithe i leith an nós imeachta chun iarratais a thíolacadh;

(b) lena leagtar síos na bearta is gá chun na gealltanais mhéide dá dtagraítear in Airteagal 201 a urramú, lena n-áirítear deireadh a chur le ceadúnas onnmhairithe a eisiúint nó eisiúint na gceadúnas a theorannú i gcás ina sárófar na gealltanais sin nó ina bhféadfaí iad a shárú;

(c) lena socraítear comhéifeachtaí atá i bhfeidhm maidir le haisíocaíochtaí onnmhairiúcháin i gcomhréir leis na rialacha a ghlacfar de bhun Airteagal 202(7).

Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin gan gan an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 229(2) nó (3)a chur i bhfeidhm.

CAIBIDIL VII

Próiseáil amach

Airteagal 205

Socruithe próiseála amach a chur ar fionraí

I gcás ina gcuirfear isteach ar mhargadh an Aontais nó inar dóigh go gcuirfear isteach air de thoradh socruithe próiseála amach, féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena gcuirtear, arna iarraidh sin do Bhallstát nó ar a thionscnamh féin, úsáid na socruithe próiseála amach ar fionraí i bpáirt nó go hiomlán, i gcás táirgí earnáil na ngránach, earnáil na ríse, earnáil na dtorthaí agus na nglasraí, earnáil na dtorthaí agus na nglasraí próiseáilte, earnáil an fhíona, earnáil na mairteola agus na laofheola, earnáil na muiceola, earnáil na caoireola agus na feola gabhair agus earnáil na feola éanlaithe clóis. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá tagraítear in Airteagal 229(2).

I gcás ina bhfaighidh an Coimisiún iarraidh ó Bhallstát, déanfaidh sé cinneadh ina leith, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, laistigh de chúig lá oibre tar éis dó an iarraidh a fháil. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá tagraítear in Airteagal 229(2).

I gcás ina mbeidh forais phráinneacha ríthábhachtacha ann a mbeidh údar maith leo, glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme atá infheidhme láithreach bonn i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 229(3).

Na bearta a ghlacfar, cuirfear in iúl iad láithreach do na Ballstáit agus beidh éifeacht acu láithreach.

▼B

CUID IV

RIALACHA IOMAÍOCHTA

CAIBIDIL I

Rialacha a bhaineann le gnóthais

Airteagal 206

Treoracha ón gCoimisiún i ndáil le rialacha iomaíochais a chur i bhfeidhm maidir le talmhaíocht

Ach amháin má fhoráiltear a mhalairt sa Rialachán seo, agus i gcomhréir le hAirteagal 42 CFAE, beidh feidhm ag Airteagal 101 go hAirteagal 106 CFAE agus ag na forálacha cur chun feidhme a ghabhann leo, faoi réir Airteagal 207 go hAirteagal 210 den Rialachán seo, maidir le gach comhaontú, gach cinneadh agus gach cleachtas dá dtagraítear in Airteagal 101(1) agus in Airteagal 102 CFAE a bhaineann le táirgeadh nó trádáil táirgí talmhaíochta.

Chun go n-áiritheofar feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh agus cur i bhfeidhm aonfhoirmeach rialacha iomaíocha an Aontais, cuirfidh an Coimisiún agus údaráis iomaíochta na mBallstát rialacha iomaíochta an Aontais i bhfeidhm i ndlúthchomhar lena chéile.

Thairis sin, foilseoidh an Coimisiún, i gcás inarb iomchuí, treoracha chun cuidiú leis na húdaráis iomaíochta náisiúnta, agus le gnóthais.

Airteagal 207

Margadh Ábhartha

Uirlis chun na teorainneacha iomaíochta idir ghnólachtaí a shainaithint agus a shainiú is ea an sainmhíniú den mhargadh ábhartha, agus bunófar é ar dhá eilimint charnacha:

(a) an margadh táirgí ábhartha: chun críocha na Caibidle seo, ciallaíonn 'margadh táirgí' an margadh lena gcuimsítear na táirgí uile sin a measann an tomhaltóir iad a bheith inmhalartaithe nó inionadaithe de bharr thréithe na dtáirgí, a bpraghsanna agus a n-úsáide beartaithe;

(b) an margadh geografach ábhartha: chun críocha na Caibidle seo, ciallaíonn 'margadh geografach' an margadh lena gcuimsítear an limistéar ina bhfuil baint ag na gnólachtaí lena mbaineann i soláthar na dtáirgí ábhartha, ina bhfuil na dálaí iomaíochta aonfhoirmeach a dhóthain agus ar féidir iad a shonrú ó limistéir chomharsanacha, go háirithe toisc go bhfuil na dálaí iomaíocha difriúil go maith sna limistéir sin.

Airteagal 208

Ceannasacht

Chun críocha na Caibidle seo, ciallaíonn 'ceannasacht' staid eacnamaíoch láidir atá ag an ngnóthas a chumasaíonn dó iomaíocht éifeachtach a chosc sa mhargadh ábhartha tríd an chumhacht a thabhairt dó feidhmiú neamhspleách go mór ar a chuid iomaitheoirí, ar a chuid custaiméirí agus sa deireadh ar an chuid tomhaltóirí.

▼B

Airteagal 209

Eisceachtaí: cuspóirí an Chomhbheartais Talmhaíochta agus feirmeoirí agus a gcomhlachais

1. Ní bheidh feidhm ag Airteagal 101(1) CFAE maidir leis na comhaontuithe, na cinntí agus na cleachtais dá dtagraítear in Airteagal 206 den Rialachán seo agus atá riachtanach chun na cuspóirí atá leagtha amach in Airteagal 39 CFAE a bhaint amach.

▼M5

Ní bheidh feidhm ag Airteagal 101(1) CFAE maidir le comhaontuithe, cinntí agus cleachtais chomhbheartaithe de chuid feirmeoirí, comhlachais feirmeoirí, nó comhlachais na gcomhlachas sin, nó eagraíochtaí táirgeoirí a aithnítear faoi Airteagal 152 nó faoi Airteagal 161 den Rialachán seo, ná comhlachais eagraíochtaí táirgeoirí a aithnítear faoi Airteagal 156 den Rialachán seo, ar comhaontuithe, cinntí agus cleachtais iad a bhaineann le táirgeadh nó díol táirgí talmhaíochta nó úsáid comháiseanna chun táirgí talmhaíochta a stóráil, a chóireáil nó a phróiseáil, ach amháin má chuirfear na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 39 CFAE i gcontúirt.

▼B

Ní bheidh feidhm ag an mír seo le comhaontuithe, le cinntí ná le cleachtais chomhbheartaithe a mbainfidh oibleagáid leo praghas comhionann a mhuirearú nó lena n-eiseofar iomaíocht.

2. Comhaontuithe, cinntí agus cleachtais chomhbheartaithe lena gcomhlíontar na coinníollacha dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, ní dhéanfar iad a thoirmeasc ná ní bheidh gá le réamhchinneadh chuige sin.

▼M5

Mar sin féin, féadfaidh feirmeoirí, comhlachais feirmeoirí, nó comhlachais na gcomhlachas sin, nó eagraíochtaí táirgeoirí a aithnítear faoi Airteagal 152 nó faoi Airteagal 161 den Rialachán seo, nó comhlachais eagraíochtaí táirgeoirí a aithnítear faoi Airteagal 156 den Rialachán seo, tuairim a iarraidh ar an gCoimisiún maidir le comhoiriúnacht na gcomhaontuithe, na gcinntí agus na gcleachtas comhbheartaithe sin leis na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 39 CFAE.

Déileálfaidh an Coimisiún leis na hiarrataí ar thuairimí go pras agus cuirfidh sé a thuairim chuig an iarratasóir laistigh de cheithre mhí tar éis iarraidh iomlán a fháil. Féadfaidh an Coimisiún, ar a thionscnamh féin nó ar iarraidh ó Bhallstát, ábhar tuairime a athrú, go háirithe más rud é gur chur an t-iarratasóir faisnéis neamhbheacht ar fáil nó má bhain sé mí-úsáid as an tuairim.

▼B

Maidir le haon imeachtaí náisiúnta nó maidir le haon imeachtaí de chuid an Aontais i ndáil le hAirteagal 101 CFAE a chur i bhfeidhm, beidh ar an bpáirtí nó ar an údarás a líomhnaíonn sárú ar Airteagal 101(1) an sárú sin a chruthú. Beidh ar an bpáirtí a éilíonn na díolúintí dá bhforáiltear i mír 1 den Airteagal seo a chruthú go bhfuil coinníollacha na míre sin á gcomhlíonadh.

Airteagal 210

Comhaontuithe agus cleachtais chomhbheartaithe eagraíochtaí idirchraoibhe

1. Ní bheidh feidhm ag Airteagal 101(1) CFAE maidir le cinntí, comhaontuithe ná cleachtais chomhbheartaithe de chuid eagraíochtaí idirchraoibhe atá aitheanta faoi Airteagal 157 den Rialachán seo a

▼B

bhfuil d'aidhm acu gníomhaíochtaí atá liostaithe i bpointe (c) d'Airteagal 157(1) agus i bpointe (c) d'Airteagal 157(3) den Rialachán seo a dhéanamh, agus i gcás earnáil na hola olóige agus na n-ológ boird agus earnáil an tobac, in Airteagal 162 den Rialachán seo.

2. Beidh feidhm ag mír 1 ar an gcoinníoll:

(a) gur cuireadh an Coimisiún ar an eolas faoi na comhaontuithe, na cinntí agus na cleachtais chomhbheartaithe dá dtagraítear sa mhír sin; agus

(b) más rud é nár chinn an Coimisiún, laistigh de dhá mhí tar éis dó na sonraí ar fad is gá a fháil, nach luíonn na comhaontuithe sin, na cinntí sin nó na cleachtais chomhbheartaithe sin le rialacha an Aontais.

I gcás nach gcinneann an Coimisiún nach luíonn na comhaontuithe, na cinntí agus na cleachtais chomhbheartaithe sin le rialacha an Aontais, leagfaidh sé a chinneadh amach gan an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 229(2) nó (3) a chur i bhfeidhm.

3. Ní fhéadfar na comhaontuithe, na cinntí agus na cleachtais chomhbheartaithe dá dtagraítear i mír 1 a chur i bhfeidhm roimh dhul in éag na tréimhse dhá mhí dá dtagraítear i bpointe (b) den chéad fhomhír de mhír 2.

4. Dearbhófar cibé nach bhfuil comhaontuithe, cinntí agus cleachtais chomhaontaithe ag luí le rialacha an Aontais más rud é:

(a) go bhféadfadh idir-roinnt margaí de chineál ar bith laistigh den Aontas a bheith mar thoradh orthu;

(b) go bhféadfaidís cur isteach ar dhea-fheidhmiú eagraíocht an mhargaidh;

(c) go bhféadfaidís saobhadh iomaíochta a chruthú nach bhfuil fíor-riachtanach chun cuspóirí an Chomhbheartais Talmhaíochta a bhaint amach a bheidh á saothrú ag gníomhaíocht na heagraíochta idirchraoibhe;

(d) go socróidh siad praghsanna nó cuótaí;

(e) go bhféadfaidís idirdhealú nó díothú iomaíochta a chruthú i dtaca le cion substaintiúil de na táirgí a bheidh i gceist.

5. Má mheasann an Coimisiún, tar éis dhul in éag na tréimhse dhá mhí dá dtagraítear i bpointe (b)) den chéad fhomhír de mhír 2nár comhlíonadh na coinníollacha maidir le mír 1 a chur i bhfeidhm, déanfaidh sé cinneadh, gan an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 229(2) nó (3) a chur i bhfeidhm, lena ndearbhófar go bhfuil feidhm ag Airteagal 101(1) CFAE maidir leis an gcomhaontú, leis an gcinneadh nó leis an gcleachtas comhbheartaithe a bheidh i gceist.

Ní bheidh feidhm ag an gcinneadh sin ón gCoimisiún tráth níos luaithe ná an dáta a dtugtar fógra ina leith don eagraíocht idirchraoibhe lena mbaineann, murar thug an eagraíocht idirchraoibhe sin faisnéis mhícheart nó murar bhain sí mí-úsáid as an díoluine dá bhforáiltear i mír 1.

6. I gcás comhaontuithe ilbhliantúla, beidh fógra na chéad bhliana bailí do bhlianta eile an chomhaontaithe. Mar sin féin, sa chás sin féadfaidh an Coimisiún, ar a thionscnamh féin nó ar iarratas ó Bhallstát eile cinneadh a eisiúint maidir le neamhluí tráth ar bith.

▼B

7. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar síos na bearta is gá maidir le cur i bhfeidhm aonfhoirmeach an Airteagail seo. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 229(2).

CAIBIDIL II

Rialacha maidir le státchabhair

Airteagal 211

Airteagail 107 go 109 CFAE a chur i bhfeidhm

1. Beidh feidhm ag Airteagal 107 go hAirteagal 109 CFAE maidir le táirgeadh agus trádáil táirgí talmhaíochta.

2. De mhaolú ar mhír 1, ní bheidh feidhm ag Airteagal 107 go hAirteagal 109 CFAE maidir le híocaíochtaí a dhéanfaidh Ballstáit de bhun aon cheann de na nithe seo a leanas agus i gcomhréir leo:

(a) na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo a mhaoineoidh an tAontas ina n-iomláine nó i bpáirt;

(b) Airteagail 213 go 218 den Rialachán seo.

▼M6

3. De mhaolú ar mhír 1 den Airteagal seo, ní bheidh feidhm ag Airteagail 107, 108 agus 109 CFAE maidir le bearta fioscacha náisiúnta lena gcinneann na Ballstáit diall ó rialacha ginearálta cánach trí lamháil a fhágáil go ndéantar an bonn cánach a chuirtear i bhfeidhm maidir le feirmeoirí a ríomh ar bhonn tréimhse ilbhliantúil d'fhonn an bonn cánach a chothromú thar thréimhse áirithe blianta.

▼B

Airteagal 212

Íocaíochtaí náisiúnta a bhaineann le cláir thacaíochta in earnáil an fhíona

De mhaolú ar mhír 44(3), féadfaidh na Ballstáit íocaíochtaí náisiúnta a dheonú i gcomhréir le rialacha an Aontais maidir le Státchabhair i gcás na mbeart dá dtagraítear in Airteagail 45, 49 agus 50.

Beidh feidhm ag an ráta uasta cabhrach a leagtar síos i rialacha ábhartha an Aontais maidir le státchabhair maidir le maoiniú poiblí foriomlán, lena n-áirítear cistí an Aontais agus cistí náisiúnta.

Airteagal 213

Íocaíochtaí náisiúnta do réinfhianna san Fhionlainn agus sa tSualainn

Faoi réir an údarú arna ghlacadh ag an Coimisiúin, gan an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 229(2) nó (3) a chur i bhfeidhm, féadfaidh an Fhionlainn agus an tSualainn íocaíochtaí náisiúnta a dhéanamh do tháirgeadh agus do mhargú réinfhianna agus táirgí réinfhia (Cóid CN ex 0208 agus ex 0210) a mhéad nach dtiocfaidh aon mhéadú ar na leibhéil táirgthe thraidisiúnta dá bharr sin.

Airteagal 214

Íocaíochtaí náisiúnta d'earnáil an tsiúcra san Fhionlainn

Féadfaidh an Fhionlainn íocaíochtaí náisiúnta suas le EUR 350 in aghaidh an heicteáir in aghaidh na bliana margaíochta a dhéanamh do shaothraithe biatais siúcra.

▼M1

Airteagal 214a

Íocaíochtaí náisiúnta d'earnálacha áirithe san Fhionlainn

Faoi réir a údaraithe ag an gCoimisiún, don tréimhse 2014-2020, féadfaidh an Fhionlainn na cabhracha náisiúnta a dheonú a dheonaigh sí in 2013 i gcónaí do tháirgeoirí ar bhonn Airteagal 141 d'Ionstraim Aontachais 1994, ar choinníoll:

(a) go mbeidh méid na cabhrach ioncaim céimlaghdaitheach thar an tréimhse uile agus nach sáródh sé in 2020 30% den mhéid a deonaíodh in 2013; agus

(b) sula mbainfí leas as an bhféidearthacht sin, go mbainfí leas iomlán as na scéimeanna tacaíochta faoin gCBT do na hearnálacha lena mbaineann.

Glacfaidh an Coimisiún a údarú gan an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 29(2) nó (3) den Rialachán seo a chur i bhfeidhm.

▼M6

In 2021 agus 2022, féadfaidh an Fhionlainn leanúint de na cabhracha náisiúnta dá dtagraítear sa chéad mhír a dheonú faoi réir na gcoinníollacha agus na méideanna céanna arna n-údarú ag an gCoimisiún don bhliain 2020.

▼B

Airteagal 215

Íocaíochtaí náisiúnta don bheachadóireacht

Féadfaidh Ballstáit íocaíochtaí náisiúnta faoi leith a dhéanamh do chosaint beachlann a bheidh faoi mhíbhuntáiste de dhroim dálaí struchtúracha nó nádúrtha nó íocaíochtaí a dhéanamh faoi phleananna forbartha eacnamaíocha, ach amháin i gcás íocaíochtaí a leithdháilfear ar chúrsaí táirgthe nó trádála.

Airteagal 216

Íocaíochtaí náisiúnta le haghaidh driogadh fíona i gcásanna géarchéime

1. Féadfaidh na Ballstáit íocaíochtaí náisiúnta a dhéanamh do tháirgeoirí fíona do dhriogadh deonach nó éigeantach fíona i gcásanna géarchéime a mbeidh údar leo.

Beidh na híocaíochtaí sin comhréireach agus beidh siad ina gcuidiú le dul i ngleic leis an ngéarchéim sin.

Ní sháróidh méid iomlán na n-íocaíochtaí a bheidh ar fáil i mBallstát in aon bhliain ar leith 15 % de na cistí a bheidh ar fáil san iomlán in aghaidh an Bhallstáit mar a leagtar síos don bhliain sin in Iarscríbhinn VI.

2. Déanfaidh Ballstáit ar mian leis úsáid a bhaint as na híocaíochtaí náisiúnta dá dtagraítear i mír 1 fógra cuí-réasúnaithe a thíolacadh don Choimisiún. Déanfaidh an Coimisiún cinneadh maidir leis an mbeart a fhormheas agus na híocaíochtaí a dhéanamh gan an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 229(2) nó (3)a chur i bhfeidhm.

3. Úsáidfear an t-alcól a bheidh mar thoradh ar dhriogadh dá dtagraítear i mír 1 chun críocha tionsclaíocha nó fuinnimh agus chun na gcríoch sin amháin chun aon saobhadh hiomaíochta a sheachaint.

4. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar sios na bearta is gá a ghlacadh chun an tAirteagal seo a chur i bhfeidhm. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 229(2).

▼M2

Airteagal 217

Íocaíochtaí náisiúnta ar mhaithe le táirgí a dháileadh ar leanaí

Féadfaidh na Ballstáit íocaíochtaí náisiúnta a dhéanamh chun grúpaí na dtáirgí incháilithe dá dtagraítear in Airteagal 23 a sholáthar do leanaí i bhforais oideachais, i gcás bearta tionlacain oideachais a bhaineann le táirgí den sórt sin agus i gcás na gcostas breise dá dtagraítear i bpointe (c) d'Airteagal 23(1).

Féadfaidh na Ballstáit na híocaíochtaí sin a mhaoiniú trí thobhach a ghearradh ar an earnáil lena mbaineann nó trí bhíthin aon ranníocaíocht eile ón earnáil phríobháideach.

▼B

Airteagal 218

Íocaíochtaí náisiúnta do chnónna

1. Féadfaidh na Ballstáit íocaíochtaí náisiúnta a dhéanamh, suas le EUR 120,75 ar a mhéad, in aghaidh an heicteáir in aghaidh na bliana, d'fheirmeoirí a tháirgeoidh na táirgí seo a leanas:

(a) almóinní a thagann faoi Chóid AC 0802 11 agus 0802 12;

(b) cnónna coill nó faoisceoga a thagann faoi Chóid AC 0802 21 agus 0802 22;

(c) gallchnónna a thagann faoi Chóid AC 0802 31 00 agus 0802 32 00;

(d) cnónna piostáise a thagann faoi Chóid AC 0802 51 00 agus 0802 52 00;

(e) pónairí lócaiste a thagann faoi Chód AC 1212 92 00.

2. Ní fhéadfar na híocaíochtaí náisiúnta dá dtagraítear i mír 1 a íoc ach i leith na limistéar uasta seo:

An Ballstát	Limistéar uasta (ha)
An Bheilg	100
An Bhulgáir	11 984
An Ghearmáin	1 500
An Ghréig	41 100
An Spáinn	568 200
An Fhrainc	17 300
An Iodáil	130 100
An Chipir	5 100
Lucsamburg	100
An Ungáir	2 900
An Ísiltír	100
An Pholainn	4 200
An Phortaingéil	41 300

▼B

An Ballstát	Limistéar uasta (ha)
An Rómáin	1 645
An tSlóivéin	300
An tSlóvaic	3 100
An Ríocht Aontaithe	100

3. Féadfaidh na Ballstáit deonú na n-íocaíochtaí náisiúnta dá dtagraítear i mír 1 a dhéanamh coinníollach ar na feirmeoirí a bheith ina gcomhaltaí d'eagraíochtaí táirgeoirí a dtabharfar aitheantas dóibh faoi Airteagal 152.

CUID V

FORÁLACHA GINEARÁLTA

CAIBIDIL I

Bearta eisceachtúla

Roinn 1

Suaitheadh sa mhargadh

Airteagal 219

Bearta in aghaidh suaitheadh sa mhargadh

1. D'fhonn aghaidh a thabhairt go héifeachtúil agus go héifeachtach ar bhagairtí go suaithfí an margadh, bagairtí arb é ardú suntasach nó titim shuntasach i bpraghsanna ar an margadh inmheánach nó seachtrach is cúis leo nó imeachtaí nó tosca eile lena ndéanfar na margaí a shuaitheadh go suntasach nó go mbaineann bagairt leo go suaithfí na margaí, ar dócha go leanfaidh an staid sin nó a cuid éifeachtaí ar an margadh ar aghaidh nó go rachaidh siad chun donais, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 227 i ndáil leis na beartais gá chun aghaidh a thabhairt ar staid an mhargaidh, agus aon oibleagáid atá mar thoradh ar na comhaontuithe idirnáisiúnta a tugadh i gcrích i gcomhréir le CFAE á n-urramú ar choinníoll go bhfuil an chuma air nach dealraíonn aon bhearta eile atá ar fáil faoin Rialachán seo leordhóthanach.

Sna cásanna baoil suaite margaidh dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo, nuair a éileoidh mórchúiseana práinne é, beidh feidhm ag an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 228 den Rialachán seo maidir le gníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun an chéad fhomhír den mhír seo.

Féadfar a áireamh ar na forais fhíor phráinne sin an gá le gníomhú láithreach chun aghaidh a thabhairt ar shuaitheadh margaidh nó chun é a chosc, i gcás ina dtarlaíonn na bagairtí suaite margaidh chomh sciobtha sin nó gan choinne i dtreo is nach mbeadh éifeacht ach amháin le gníomhú grod chun na dálaí sin a láimhseáil ar bhealach éifeachtach agus éifeachtúil, nó sa chás ina bhféadfaí bagairtí suaite margaidh dá sórt a chosc ó tharlú, ó leanúint ar aghaidh nó ó bheith ina ngéarchéim níos tromchúisí nó níos fadtréimhsí, nó i gcás, toisc gníomhú láithreach a mhoilliú, go ndéanfaí an suaitheadh a tharraingt nó a ghéarú nó go gcaithfí raon na mbeart a mbeadh gá leo níos déanaí chun aghaidh a thabhairt ar an mbagairt nó ar an suaitheadh a mhéadú nó i gcás go mbeadh táirgeadh nó dálaí margaidh thíos leis an moill sin.

▼B

2. Ní bheidh feidhm ag na bearta dá dtagraítear i mír 1 maidir le táirgí a liostaítear i Mír 2 de Chuid XXIV d'Iarscríbhinn I.

Féadfaidh an Coimisiún áfach, trí bhíthin gníomhartha tarmligthe a ghlacfar i gcomhréir leis an nós imeachta fíorphráinne dá dtagraítear in Airteagal 228, cinneadh a dhéanamh nach mbeidh feidhm ag na bearta dá dtagraítear i mír 1 ach amháin maidir le ceann amháin nó níos mó de na táirgí arna liostú i Roinn 2 de Chuid XXIV d'Iarscríbhinn I.

3. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar síos rialacha nós imeachta riachtanacha agus critéir theicniúla riachtanachachun na bearta a ghlacfar faoi mhír 1 agus faoi mhír 2 den Airteagal seo a chur chun feidhme.Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 229(2).

Roinn 2

Bearta um thacaíocht mhargaidh a bhaineann le galair ainmhtihte agus laghdú ar mhuinín tomhaltóirí i ngeall ar bhaol sláinte don phobal, d'ainmhithe nó do phlandaí

Airteagal 220

Bearta a bhaineann le galair ainmhithe agus le laghdú ar mhuinín tomhaltóirí i ngeall ar bhaol sláinte don phobal, d'ainmhithe, nó do phlandaí

1. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh mi dtaca le bearta tacaíochta don mhargadh atá buailte d'fhonn aird a thabhairt:

(a) ar na srianta ar thrádáil laistigh den Aontas agus ar thrádáil le tríú tíortha a chur san áireamh, ar srianta iad a d'fhéadfadh teacht as cur i bhfeidhm beart a ceapadh chun dul i ngleic le leathadh galar ainmhithe, agus

(b) ar shuaitheadh tromchúiseach margaidh a cuireadh síos go díreach do laghdú ar mhuinín tomhaltóirí i ngeall ar bhaol sláinte don phobal, d'ainmhithe, nó do phlandaí agus i ngeall ar ghalar.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 229(2).

2. Beidh feidhm ag na bearta dá bhforáiltear i mír 1 maidir le haon cheann de na hearnálacha seo a leanas:

(a) mairteoil agus laofheoil;

(b) bainne agus táirgí bainne;

▼B

(c) muiceoil;

(d) earnáil na caoireola agus na feola gabhair;

(e) uibheacha;

(f) earnáil na feola éanlaithe clóis.

Na bearta dá bhforáiltear i bpointe (b) den chéad fhomhír de mhír 1 a bhaineann le laghdú ar mhuinín tomhaltóirí i ngeall ar bhaol sláinte don phobal, nó do phlandaí, beidh feidhm acu freisin maidir le gach táirge talmhaíochta eile seachas iad sin atá liostaithe i Roinn 2 de Chuid XXIV d'Iarscríbhinn I.

Cumhachtófar don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta práinne dá dtagraítear in Airteagal 228, lena síntear liosta na dtáirgí sa chéad dá fhomhír den mhír seo.

3. Déanfar na bearta dá bhforáiltear i mír 1 arna iarraidh sin don Bhallstát lena mbaineann.

4. Ní fhéadfar na bearta dá bhforáiltear i bpointe (a) den chéad fhomhír de mhír 1 a dhéanamh ach amháin má tá bearta sláinte agus tréidliachta glactha go tapa ag an mBallstát lena mbaineann chun deireadh a chur leis an ngalar, agus ní fhéadfar iad a dhéanamh ach amháin a mhéad a bheidh siad fíor-riachtanach agus ar feadh na tréimhse a bheidh fíor-riachtanach le tacú leis an margadh lena mbaineann.

5. Cuirfidh an tAontas páirtmhaoiniú ar fáil a bheidh coibhéiseach le 50 % den chaiteachas a iompróidh na Ballstáit as na bearta dá bhforáiltear i mír 1.

Mar sin féin, maidir le hearnáil na mairteola agus na laofheola, earnáil an bhainne agus na dtáirgí bainne, earnáil na muiceola agus na caoireola agus earnáil na feola gabhair, cuirfidh an tAontas páirtmhaoiniú ar fáil a bheidh coibhéiseach le 60 % den chaiteachas sin i gcás ina bhfuiltear ag cur comhraic ar chrúb agus béil.

6. I gcás ina ndéanann táirgeoirí ranníocaíocht le caiteachas a iompróidh na Ballstáit, áiritheoidh na Ballstáit nach saobhfaidh sé sin cúrsaí iomaíochta idir táirgeoirí i mBallstáit éagsúla.

Roinn 3

Fadhbanna sonracha

Airteagal 221

Bearta chun fadhbanna sonracha a réiteach

1. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme maidir bearta práinne a mbeidh gá leo agus a bhféadfar údar a thabhairt leo chun fadhbanna sonracha a réiteach. Ní fhéadfaidh na bearta sin maolú ó fhorálacha an Rialacháin seo ach a mhéid a bhfuil fíorghá leis, agus go ceann tréimhse a bhfuil fíorghá léi. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 229(2).

▼B

2. Chun fadhbanna sonracha a réiteach, agus i gcás go n-éileoidh mór chúiseanna práinne cuí réasúnaithe é, maidir le cásanna arb é is móide go mbeidh siad ina gcúis le meath ar na dálaí táirgthe agus margaidh a bhféadfadh sé go mbeadh sé deacair aghaidh a thabhairt orthu dá gcuirfí moill ar bhearta a ghlacadh, glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme atá infheidhme láithreach bonn i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 229(3).

3. Ní ghlacfaidh an Coimisiún bearta faoi mhír 1 nó faoi mhír 2 ach amháin mura féidir na bearta fíorphráinne is gá i gcomhréir le hAirteagal 219 nó le hAirteagal 220 a ghlacadh.

4. Fanfaidh na bearta a ghlacfar faoi mhír 1 nó faoi mhír 2 i bhfeidhm ar feadh tréimhsí nach faide ná dhá mhí déag. Más ann do na fadhbanna sonracha sin fós a chuir faoi deara na bearta sin a ghlacadh tar éis na tréimhse sin, féadfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 227 lena mbunófar réiteach buan nó tograí reachtacha iomchuí a thíolacadh.

5. Cuirfidh an Coimisiún Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas maidir le haon bheart a ghlacfar faoi mhír 1 nó faoi mhír 2 laistigh de dhá lá oibre óna ghlacadh.

Roinn 4

Comhaontuithe agus cinntí le linn tréimshí de mhíchothromaíochtaí tromchúiseachasna margaí

Airteagal 222

Airteagal 101(1) CFAE a chur i bhfeidhm

▼M5

1. Le linn tréimhsí ina bhfuil míchothromaíochtaí tromchúiseacha sna margaí, féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh a mbeidh mar éifeacht acu nach mbeidh feidhm ag Airteagal 101(1) CFAE maidir le comhaontuithe agus cinntí feirmeoirí, comhlachais feirmeoirí nó comhlachais de chomhlachais mar sin, nó eagraíochtaí aitheanta táirgeoirí, comhlachais eagraíochtaí aitheanta táirgeoirí ná comhlachais eagraíochtaí aitheanta idirchraoibhe in aon cheann de na hearnálacha dá dtagraítear in Airteagal 1(2) den Rialachán seo, ar choinníoll nach mbainfear, leis na comhaontuithe agus na cinntí sin, an bonn d'fheidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh, go mbeidh mar aidhm dhocht acu an earnáil lena mbaineann a chobhsú agus go dtiocfaidh siad faoi cheann amháin nó níos mó ná ceann amháin de na catagóirí seo a leanas:

▼B

(a) tarraingt siar ón margadh nó leithdháileadh saor in aisce a gcuid táirgí;

(b) trasfhoirmiú agus próiseáil;

(c) stóráil ag oibreoirí príobháideacha;

(d) bearta cur chun cinn comhpháirteacha;

(e) comhaontuithe maidir le ceanglais cháilíochta;

(f) comhcheannach na n-ionchur is gá chun leathadh lotnaidí agus galar in ainmhithe agus plandaí san Aontas a chosc nó comhcheannach na n-ionchur is gá chun aghaidh a thabhairt ar éifeachtaí tubaistí nádúrtha san Aontas;

(g) pleanáil shealadach an táirgthe, lena gcuirtear san áireamh cineál sonrach an timthrialla táirgthe.

▼B

Sonróidh an Coimisiún i ngach gníomh cur chun feidhme raon feidhme substainteach agus geografach an mhaolaithe seo agus, faoi réir mhír 3, an tréimhse a mbeidh feidhm ag an maolú ina leith.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 229(2).

▼M5

_____

▼B

3. Ní bheidh na comhaontuithe agus na cinntí dá dtagraítear i mír 1 baili ach amháin ar feadh tréimhse suas le sé mhí.

Mar sin féin, féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena n-údaraítear na comhaontuithe, na cinntí agus na cleachtais chomhbheartaithe sin ar feadh tréimhse breise suas le sé mhí. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 229(2).

CAIBIDIL II

Cumarsáid agus tuairisciú

Airteagal 223

Ceanglais chumarsáide

1. Chun an Rialachán seo a chur i bhfeidhm, an margadh i dtáirgí talmhaíochta a anailísiú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air, trédhearcacht sa mhargadh a áirithiú, dea-fheidhmiú bhearta an Chomhbheartais Talmhaíochta a áirithiú, dea-fheidhmiú bhearta seiceála, rialaitheacha, faireacháin, meastóireachta agus iniúchta an Chombheartais Talmhaíochta a áirithiú, agus a gcomhlíonann na ceanglais a leagtar síos i gcomhaontuithe idirnáisiúnta a tugadh i gcrích i gcomhréir le CFAE a chomhlíonadh, lena n-áirítear ceanglais faoi na comhaontuithe sin maidir le fógra a thabhairt, féadfaidh an Coimisiún, i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear i mír 2, na bearta riachtanacha a ghlacadh maidir leis an gcumarsáid atá le déanamh ag gnóthais, Ballstáit, agus tríú tíortha.

Má dhéantar amhlaidh, cuirfear san áireamh na riachtanais sonraí agus na sineirgí idir foinsí féideartha sonraí. Féadfar an fhaisnéis a fhaightear a tharchur chuig eagraíochtaí idirnáisiúnta, údaráis inniúla triú tíortha nó í a chur ar fáil dóibh agus a phoibliú, faoi réir cosanta sonraí pearsanta agus leasa dhlisteanaigh gnóthas a rúin ghnó, lena n-áirítear praghsanna, a chosaint.

2. D'fhonn sláine na gcóras faisnéise a áirithiú agus barántúlacht agus dlisteanacht na ndoiciméad agus na sonraí tarchurtha lena mbaineann a áirithiú, beidh sé de chumhacht ag an gCoimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 227 lena leagtar síos an méid seo a leanas:

(a) cineál agus saghas na faisnéise a mbeidh fógra le tabhairt ina taobh;

(b) na catagóirí sonraí a bheith le próiseáil agus na huastréimhsí coinneála agus an chúis próiseála, go háirithe i gcás sonraí den sórt sin a fhoilsiú mar aon leis na sonraí sin a aistriú go tríú tíortha;

▼B

(c) na cearta rochtana ar an bhfaisnéis nó ar córais faisnéise a chuirtear ar fáil;

(d) coinníollacha maidir le foilsiú na faisnéise.

3. Déanfaidh an Coimisiún cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar síos, na bearta is gá a ghlacadh chun an tAirteagal seo a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear:

(a) na modhanna fógartha;

(b) na rialacha maidir leis an bhfaisnéis a mbeidh fógra le tabhairt ina taobh;

(c) socruithe le haghaidh bhainistiú na faisnéise a mbeidh fógra le tabhairt ina taobh, agus maidir leis an ábhar, le foirm, le huainiú, le minicíocht agus le sprioc-amanna na bhfógraí;

(d) na socruithe le haghaidh faisnéis agus doiciméid a tharchur chuig na Ballstáit nó chuig eagraíochtaí idirnáisiúnta, chuig údaráis inniúla triú tíortha nó chuig an bpobal, nó an fhaisnéis agus na doiciméid sin a chur ar fáil dóibh, faoi réir cosanta sonraí pearsanta agus leasa dhlisteanaigh gnóthas a rúin ghnó a chosaint.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 229(2).

Airteagal 224

Sonraí pearsanta a phróiseáil agus a chosaint

1. Baileoidh na Ballstáit agus an Coimisiún sonraí pearsanta chun na gcríoch a leagtar amach in Airteagal 223(1) agus ní dhéanfaidh siad na sonraí sin a phróiseáil ar aon bhealach a bheadh neamhréir leis na críocha sin.

2. Nuair a phróiseáiltear sonraí pearsanta chun críche faireacháin agus meastóireachta dá dtagraítear in Airteagal 223(1), beidh siad anaithnid agus próiseálfar i bhfoirm chomhiomlánaithe amháin iad.

3. Próiseálfar sonraí pearsanta i gcomhréir le Treoir 95/46/CE agus Rialachán (CE) Uimh. 45/2001. Go háirithe, ní stórálfar na sonraí sin i bhfoirm lena mbeifear in ann ábhair shonraí a aithint go ceann tréimhse níos faide ná mar a bhfuil gá leis ar mhaithe leis an gcúis lenar bailíodh iad nó lena bpróiseálfar tuilleadh iad agus na tréimhsí íosta coinneála a leagtar síos sa dlí náisiúnta agus i ndlí an Aontais a bhfuil feidhm leo á gcur san áireamh.

4. Cuirfidh na Ballstáit i bhfios do na hábhair shonraí go bhféadfaidh comhlachtaí náisiúnta agus comhlachtaí an Aontais a shonraí pearsanta a phróiseáil i gcomhréir le mír 1 agus sa mhéid sin go bhfuil sé de cheart acu leas a bhaint as na cearta a leagtar amach i Treoir 95/46/CE agus iRialachán (CE) Uimh. 45/2001 faoi seach.

▼B

Airteagal 225

Oibleagáid tuairiscithe an Choimisiúin

Tíolacfaidh an Coimisiún tuarascáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle:

(a) gach trí bliana agus don chéad uair faoin 21 Nollaig 2016 maidir leis na bearta a bhaineann le hearnáil na beachadóireachta mar a leagtar amach in Airteagal 55, Airteagal 56 agus Airteagal 57 iad, lena n-áirítear maidir leis na forbairtí is déanaí i ndáil le córais sainaitheanta coirceog beach;

(b) faoin 30 Meitheamh 2014 agus faoin 31 Nollaig 2018 maidir le forbairt staid an mhargaidh in earnáil an bhainne agus na dtáirgí bainne agus go háirithe maidir le feidhmiú Airteagail 148 go 151, Airteagal 152(3), Airteagal 157(3) lena measúnaítear go háirithe, na héifeachtaí ar tháirgeoirí bainne agus ar tháirgeadh bainne sna réigiúin faoi mhíbhuntáiste maidir leis an gcuspóir ginearálta táirgeadh a choinneáil ar bun sna réigiúin sin agus lena gcumhdaítear dreasachtaí féideartha chun feirmeoirí a spreagadh le comhaontuithe comhpháirteacha a dhéanamh maidir le comhtháirgeadh in éineacht le haon tograí iomchuí.

(c) faoin 31 Nollaig 2014 maidir lena bhféadfaí raon feidhme na scéimeanna scoile a leathnú chun ola olóige agus ológa boird a áireamh;

(d) faoin 31 Nollaig 2017 maidir le cur i bhfeidhm rialacha iomaíochta ar earnáil na talmhaíochta i ngach Ballstát, go háirithe maidir le feidhmiú Airteagail 209 agus 210, agus Airteagail 169, 170 agus 171 sna hearnálacha lena mbaineann.

▼M2

(e) faoin 31 Iúil 2023, maidir leis na critéir leithdháilte dá dtagraítear in Airteagal 23a(2) a chur i bhfeidhm;

(f) faoin 31 Iúil 2023, maidir le tionchar na n-aistrithe dá dtagraítear in Airteagal 23a(4) i leith éifeachtacht na scéime scoile i ndáil le dáileadh torthaí agus glasraí do scoileanna agus bainne do scoileanna.

▼B

CAIBIDIL III

Cúlchiste le haghaidh géarchéimeanna san earnáil talmhaíochta

Airteagal 226

Úsáidí an chúlchiste

Cistí arna n-aistriú ón gCúltaisce le haghaidh géarchéimeanna san earnáil talmhaíochta faoi na coinníollacha agus an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 25 de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 agus i mír 22 den Chomhaontú Idirinstitiúideach idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún maidir le smacht buiséadach, maidir le comhar in ábhair bhuiséadacha agus maidir le bainistíocht fhónta airgeadais, cuirfear ar fáil iad i gcomhar na mbeart a bhfuil feidhm ag an Rialachán seo maidir leo i gcás na bliana nó na mblianta a bhfuil an tacaíocht bhreise ag teastáil ina leith.

▼B

Go háirithe, aistreofar cistí i gcás aon chaiteachais faoi na caibidlí seo a leanas:

(a) Airteagail 8 go 21;

(b) Airteagail 196 go 204, agus

(c) Airteagal 219, Airteagal 220 agus Airteagal 221 den Rialachán seo.

CUID VI

TARMLIGEAN CUMHACHTA, FORÁLACHA CUR CHUN FEIDHME, FORÁLACHA IDIRTHRÉIMHSEACHA AGUS FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

CAIBIDIL I

Tarmligean cumhachta agus forálacha cur chun feidhme

Airteagal 227

An tarmligean a fheidhmiú

1. Is faoi réir na gcoinníollacha atá leagtha síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Tabharfar an chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear sa Rialachán seo a ghlacadh ar feadh tréimhse seacht mbliana ó 20 Nollaig 2013 Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná naoi mí roimh dheireadh na tréimhse seacht mbliana, tuarascáil a tharraingt suas maidir le tarmligean na cumhachta. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go huathoibríoch ar feadh tréimhsí comhfhaid, mura gcuirfidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná trí mhí roimh dheireadh gach tréimhse.

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear sa Rialachán seo a chúlghairm tráth ar bith. Déanfar le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Beidh éifeacht leis an lá tar éis lá foilsithe an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta ina dhiaidh sin a shonrófar sa chinneadh sin. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana féin.

4. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle ina leith an tráth céanna.

5. Tiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun an Rialacháin seo i bhfeidhm ach amháin má dhéanann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle agóid ina choinne laistigh de thréimhse dhá mhí ó cuireadh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle ar an eolas faoin ngníomh sin nó má chuireann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon in iúl don Choimisiún, roimh dhul in éag na tréimhse sin, nach ndéanfaidh siad agóid ina choinne. Cuirfear dhá mhí leis an tréimhse sin ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

Airteagal 228

Nós imeachta práinne

1. Gníomhartha tarmligthe a ghlacfar faoin Airteagal seo, tiocfaidh siad i bhfeidhm gan mhoill agus beidh feidhm acu fad nach ndéanfar

▼B

agóid i gcomhréir le mír 2. Sonrófar san fhógra a chuirfear chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir le gníomh tarmligthe arna ghlacadh faoin Airteagal seo na cúiseanna ar baineadh úsáid as an nós imeachta práinne.

2. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle agóid a dhéanamh i gcoinne gnímh tharmligthe faoin Airteagal seo i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 227(5). Sa chás sin, déanfaidh an Coimisiún an gníomh tarmligthe a aisghairm gan mhoill tar éis do Pharlaimint na hEorpa nó don Chomhairle fógra a thabhairt don Choimisiún maidir leis an gcinneadh agóid a dhéanamh.

Airteagal 229

Nós imeachta coiste

1. Beidh de chúnamh ag an gCoimisiún coiste dar teideal an Coiste um Chomheagrú na Margaí Talmhaíochta. Coiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 a bheidh sa Choiste sin.

2. I gcás ina dtagraítear don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

I gcás gníomhartha dá dtagraítear in Airteagal 80(3), i bpointí (c) agus (d) d'Airteagal 91, in Airteagal 97(4), in Airteagal 99, in Airteagal 106 agus in Airteagal 107(3) i gcás nach dtabharfaidh an coiste tuairim uaidh, ní dhéanfaidh an Coimisiún an dréachtghníomh cur chun feidhme a ghlacadh agus beidh feidhm ag an tríú fomhír d'Airteagal 5(4) de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

3. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 8 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011, i gcomhar le hAirteagal 5 den Rialachán sin.

CAIBIDIL II

Forálacha idirthréimhseacha agus críochnaitheacha

Airteagal 230

Aisghairmeacha

1. Aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1234/2007.

Mar sin féin, leanfaidh d'fheidhm a bheith ag na forálacha seo a leanas de Rialachán (CE) Uimh. 1234/2007:

(a) maidir leis an gcóras um tháirgeadh bainne a theorannú: Caibidil III de Theideal I de Chuid II, Airteagal 55, Airteagal 85 agus Iarscríbhinní IX agus X, go dtí an 31 Márta 2015;

(b) maidir le hearnáil an fhíona:

(i) Airteagal 85a go 85e maidir le limistéir dá dtagraítear in Airteagal 85a(2) nár grafadh go fóill agus maidir le limistéir dá dtagraítear in Airteagal 85b(1) nár tugadh chun rialtachta go fóill go dtí go ngrafar nó go dtabharfar chun rialtachta iad;

▼B

(ii) an córas idirthréimhseach do chearta um plandú arna leagan amach i bhForoinn II de Roinn IVa de Chaibidil III de Theideal i de Chuid II, go dtí an 31 Nollaig 2015;

(iii) Airteagal 118m(5) go dtí go n-ídeofar stoic na bhfíonta leis an sonrúchán "Mlado vino portugizac" a bheidh ann ar dháta aontachas na Cróite leis an Aontas;

(iv) Airteagal 118s(5) go dtí an 30 Meitheamh 2017;

▼M1

(ba) Airteagal 111 go dtí an 31 Márta 2015;

▼B

►C2 (c) Airteagal 113a(4), Airteagal 114, Airteagal 115 agus Airteagal 116, Airteagal 117(1) go (4) agus pointe (e)(iv) d'Airteagal 121, chomh maith le pointe IV de Chuid A, pointí I(2) agus (3) agus (III)(1) de Chuid B agus Cuid C d'Iarscríbhinn XIV, agus pointí 1, 3, 5 agus 6 de Chuid II agus pointe 2 de Chuid IV d'Iarscríbhinn XV chun críche na hAirteagail sin a chur i bhfeidhm ◄, go dtí dáta chur i bhfeidhm na rialacha margaíochta comhfhreagracha a bhunófar de bhun na ngníomhartha tarmligthe dá bhforáiltear in Airteagal 75(1), Airteagal 76(4), Airteagal 78(3) agus (4), Airteagal 79(1), Airteagal 80(4), Airteagal 83(4), Airteagal 86, Airteagal 87(2), Airteagal 88 (3), agus Airteagal 89 den Rialachán seo;

▼M1

(ca) Airteagal 125a(1)(e) agus (2) agus, i ndáil le hearnáil na dtorthaí agus na nglasraí, Iarscríbhinn XVIa, go dtí dáta chur i bhfeidhm na bpraghsanna lena mbaineann a bheidh le bunú de bhun na ngníomhartha tarmligthe dá bhforáiltear i bpointe(b) agus i bpointe (i)Airteagal 173(1);

▼B

(d) Airteagal 133a(1) agus Airteagal 140a go dtí an 30 Meán Fómhair 2014;

▼M1

(da) Airteagal 136, Airteagal 138 agus Airteagal 140 mar aon le hIarscríbhinn XVIII chun críocha na hAirteagail sin a chur i bhfeidhm, go dtí dáta chur i bhfeidhm na rialacha a bheidh le bunú de bhun na ngníomhartha cur chun feidhme dá bhforáiltear in Airteagal 180 agus i i bpointe (a) d'Airteagal 183 nó go dtí an 30 Meitheamh 2014, cibé acu is luaithe;

▼B

(e) an chéad fhomhír agus an dara fomhír d'Airteagal 182(3) go dtí deireadh na bliana margaíochta don siúcra 2013-2014 an 30 Meán Fómhair 2014;

(f) Airteagal 182(4) go dtí an 31 Nollaig 2017;

(g) Airteagal 182(7) go dtí an 31 Márta 2014.

▼C2

(h) Pointe (3) de Chuid III d'Iarscríbhinn XV go dtí an 31 Nollaig 2015;

▼B

(i) Iarscríbhinn XX go dtí dáta theacht i bhfeidhm an Togra a thiocfaidh in ionad Rialachán (CE) Uimh. 1216/2009 agus Rialachán Uimh. 614/2009 ([1]).

2. Déanfar tagairtí do Rialachán (CE) Uimh. 1234/2007 a fhorléiriú mar thagairtí don Rialachán seo agus do Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 agus léifear iad i gcomhréir leis an tábla comhghaoil atá leagtha amach in Iarscríbhinn XIV a ghabhann leis an Rialachán seo.

3. Aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 2271/96 agus (CE) Uimh. 1037/2001 ón gComhairle.

Airteagal 231

Rialacha idirthréimhseacha

1. Chun aistriú rianúil a áirithiú ó na socruithe dá bhforáiltear i Rialachán (CE) Uimh. 1234/2007 go dtí na socruithe atá leagtha síos sa Rialachán seo, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 227 maidir leis na bearta is gá chun cearta faighte agus ionchais dhlisteanacha feirmeoirí a chosaint.

2. Leanfaidh gach clár ilbhliantúil a ghlacfar roimh 1 Eanáir 2014 de bheith faoi réir na bhforálacha lena mbaineann de Rialachán (CE) Uimh. 1234/2007 tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo go dtí go mbeidh deireadh leis na cláir sin.

Airteagal 232

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

1. Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2014.

Mar sin féin:

(a) beidh feidhm ag Airteagal 181 amhail ón 1 Deireadh Fómhair 2014;

(b) beidh feidhm ag pointe II(3) de Chuid VII d'Iarscríbhinn VII ón 1 Eanáir 2016;

▼M5

_____

▼B

3. Beidh feidhm an 30 Meán Fómhair 2017 ag Airteagail 127 go 144 agus ag Airteagal 192 agus Airteagal 193 go dtí deireadh bliain mhargaíochta 2016/2017 maidir le siúcra.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

([1]) Rialachán Uimh. 614/2009 an 7 Iúil 2009 ón gComhairle maidir leis an gcomhchóras trádála d'ubh-albaimin agus do lachtalbaimin (IO L 181, 14.7.2009, lch. 8).

▼B

IARSCRÍBHINN I

LIOSTA DE NA TÁIRGÍ DÁ dTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 1(2)

CUID I

Gránaigh

Cuimsítear faoi earnáil na ngránach na táirgí atá liostaithe sa tábla seo a leanas:

	Cód AC	Tuairisc
(a)	0709 99 60	Grán Milis, úr nó fuaraithe
	0712 90 19	Grán milis triomaithe, iomlán, gearrtha, slisnithe, briste nó i bpúdar, ach nach bhfuil tuilleadh ullmhúcháin déanta air, ach amháin hibridí atá le cur
	1001 91 20	Gnáthchruithneacht agus síolta maislín
	ex 1001 99 00	Speilt, gnáthchruithneacht agus maislín nach bhfuil le cur
	1002	Seagal
	1003	Eorna
	1004	Coirce
	1005 10 90	Arbhar Indiach (arbhar) seachas hibridí
	1005 90 00	Arbhar Indiach seachas síolta
	1007 10 90, 1007 90 00	Sorgum gráin, seachas hibridí atá le cur
	1008	Ruán, síolta muiléid agus síolta éan; gránaigh eile
(b)	1001 11 00, 1001 19 00	Cruithneacht chrua (durum)
(c)	1101 00	Plúr cruithneachta nó maislín
	1102 90 70	Plúr seagail
	1103 11	Piocuaran agus min chruithneachta
	1107	Braich, rósta nó neamhrósta
(d)	0714	Casabhach, ararút, salep, bliosáin ghréine, prátaí milse agus fréamhacha agus tiúbair chomh-chosúla a bhfuil méid mór stáirse nó ionúiline iontu, úr, fuaraithe, reoite nó triomaithe, cibé acu atá siad slisnithe nó i bhfoirm millíní; laíon sáig
	ex 1102	Plúir gránaigh seachas plúr cruithneachta ná plúr maislín:
	1102 20	– Plúr arbhair Indiaigh (arbhar)
	1102 90	– Eile:
	1102 90 10	– – Plúr eorna
	1102 90 30	– – Plúr coirce
	1102 90 90	– – Eile
	ex 1103	Piocuaran gránaigh, min agus millíní ach amháin piocuaran agus min cruithneachta (fotheideal 1103 11), piocuaran agus min ríse (fotheideal 1103 19 50) agus millíní ríse (fotheideal 1103 20 50)
	ex 1104	Gráin ghránaigh a ndearnadh próiseáil eile orthu (mar shampla, scilligthe, rollta, calógach, péarlach, slisnithe nó garbhmheilte), seachas rís faoi theideal 1006 agus rís chalógach faoi fhotheideal 1104 19 91; ginidín gránach, iomlán, rollta, calógach nó meilte
	1106 20	Plúr, min agus púdar sáig nó fréamhacha nó tiúbar faoi cheannteideal 0714

▼B

Cód AC	Tuairisc
ex 1108	Stáirsí; ionúilin:
	– Stáirsí:
1108 11 00	– – Stáirse cruithneachta
1108 12 00	– – Stáirse arbhair Indiaigh (arbhar)
1108 13 00	– – Stáirse prátaí
1108 14 00	– – Stáirse casabhaigh
ex 1108 19	– – Stáirsí eile:
1108 19 90	– – – Eile
1109 00 00	Glútan cruithneachta, cibé acu atá sé triomaithe nó nach bhfuil
1702	Siúcraí eile, lena n-áirítear lachtós, maltós, glúcós agus fruchtós atá íon go ceimiceach, i bhfoirm sholadach; síoróipí siúcra nach bhfuil ábhar blaistithe ná dathúcháin curtha leo; mil shaorga, cibé acu atá sé measctha le mil nádúrtha nó nach bhfuil; caramal:
ex 1702 30	– Glúcós agus síoróip ghlúcóis, gan fruchtós nó a bhfuil níos lú ná 20 % d'fhruchtós iontu de réir meáchain ina staid thirim:
	– – Eile:
ex 1702 30 50	– – – I bhfoirm púdair chriostalaigh bháin, cibé acu atá sé ceirtleánaithe nó nach bhfuil, a bhfuil níos lú ná 99 % de ghlúcós de réir meáchain iontu ina staid thirim
ex 1702 30 90	– – – Eile, a bhfuil níos lú ná 99 % de ghlúcós de réir meáchain iontu ina staid thirim
ex 1702 40	– Glúcós agus síoróip ghlúcóis, a bhfuil 20 % ar a laghad, ach níos lú ná 50 %, d'fhruchtós iontu ina staid thirim, gan siúcra inbhéartaithe san áireamh:
1702 40 90	– – Eile
ex 1702 90	– Eile, lena n-áirítear siúcra inbhéartaithe agus siúcra eile agus cumaisc síoróipe siúcra a bhfuil 50 % d'fhruchtós de réir meáchain iontu ina staid thirim:
1702 90 50	– – Maltaideistrin agus síoróip mhaltaideistrine
	– – Caramal:
	– – – Eile:
1702 90 75	– – – – I bhfoirm púdair, cibé acu atá sé ceirtleánaithe nó nach bhfuil
1702 90 79	– – – – Eile
2106	Ullmhóidí bia nach sonraítear nó nach n-áirítear in aon áit eile:
ex 2106 90	– Eile
	– – Síoróipí siúcra blaistithe nó daite:
	– – – Eile
2106 90 55	– – – – Síoróip ghlúcóis agus síoróip mhaltaideistrine
ex 2302	Bran, géara agus iarmhair eile, cibé acu atá siad i bhfoirm millíní nó nach bhfuil, díorthaithe ó ghránaigh a chriathrú, a mhuilleáil nó a phróiseáil ar bhealach eile
ex 2303	Iarmhair ó mhonarú stáirse agus iarmhair chomhchosúla, laíon biatais, bagás agus fuíoll eile ó mhonarú siúcra, dríodar agus fuíollábhar ó ghrúdaireacht nó ó dhriogadh, cibé acu atá sé i bhfoirm millíní nó nach bhfuil:
2303 10	– Iarmhair ó mhonarú stáirse agus iarmhair chomhchosúla
2303 30 00	– Dríodar agus fuíollábhar ó ghrúdaireacht nó ó dhriogadh
ex 2306	Cáca ola agus iarmhair sholadacha eile, cibé acu atá siad meilte nó nach bhfuil nó i bhfoirm millíní, de thoradh úscadh saillte nó olaí plandúla, seachas na cinn faoi cheannteidil 2304 agus 2305:
	– Eile
2306 90 05	– – De ghinidín arbhair Indiaigh (arbhar)

▼B

Cód AC	Tuairisc
ex 2308 00	Ábhair ghlasraí agus fuíollábhar glasraí, fotháirgí agus iarmhair ghlasraí, cibé acu atá siad i bhfoirm millíní nó nach bhfuil, de chineál a úsáidtear i mbeathú ainmhithe, nach sonraítear nó nach n-áirítear in aon áit eile:
2308 00 40	– Dearcáin agus cnónna capaill; marc torthaí, seachas fíonchaora
2309	Ullmhóidí den chineál a úsáidtear i mbeathú ainmhithe:
ex 2309 10	– Bia do mhadraí nó do chait, ar an margadh le haghaidh miondíola:
2309 10 11 2309 10 13 2309 10 31 2309 10 33 2309 10 51 2309 10 53	– – Ina bhfuil stáirse, glúcós, síoróip ghlúcóis, maltaideistrin nó síoróip mhaltaideistrine faoi cheannteidil 1702 30 50, 1702 30 90, 1702 40 90, 1702 90 50 agus 2106 90 55 nó táirgí bainne
ex 2309 90	– Eile:
2309 90 20	– – Táirgí dá dtagraítear i nóta breise 5 le caibidil 23 den Ainmníocht Chomhcheangailte
	– – Eile, lena n-áirítear réamh-mheascáin:
2309 90 31 2309 90 33 2309 90 41 2309 90 43 2309 90 51 2309 90 53	– – – Ina bhfuil stáirse, glúcós, síoróip ghlúcóis, maltaideistrin nó síoróip mhaltaideistrine faoi cheannteidil 1702 30 50, 1702 30 90, 1702 40 90, 1702 90 50 agus 2106 90 55 nó táirgí bainne:

([1]) Chun críocha an fho-cheannteidil seo ciallaíonn 'táirgí bainne' táirgí a thagann faoi chuimsiú cheannteidil 0401 go 0406 mar aon le fo-cheannteidil 1702 11 00, 1702 19 00 agus 2106 90 51.

CUID II

Rís

Cuimsítear faoi earnáil na ríse na táirgí atá liostaithe sa tábla seo a leanas:

	Cód AC	Tuairisc
(a)	1006 10 21 go 1006 10 98	Rís sa chrotal (gan scilligeadh nó garbh), nach bhfuil le cur
	1006 20	Rís scilligthe (donn)
	1006 30	Rís leathmheilte nó rís lánmheilte, cibé acu atá sí snasta nó glónraithe nó nach bhfuil
(b)	1006 40 00	Rís bhriste
(c)	1102 90 50	Plúr ríse
	1103 19 50	Piocuaran agus min ríse
	1103 20 50	Millíní ríse
	1104 19 91	Gráinní ríse calógacha
	ex 1104 19 99	Gráinní ríse rollta
	1108 19 10	Stáirse ríse

▼B

CUID III

Siúcra

Cuimsítear faoi earnáil an tsiúcra na táirgí atá liostaithe sa tábla seo a leanas:

Cód AC	Tuairisc
(a) 1212 91	Biatas siúcra
1212 93 00	Cána siúcra
(b) 1701	Siúcra cána nó biatais agus siúcrós atá íon go ceimiceach, i bhfoirm sholadach
(c) 1702 20	Siúcra mailpe agus síoróip mhailpe
1702 60 95 agus 1702 90 95	Siúcraí eile i bhfoirm sholadach agus síoróipí siúcra, nach bhfuil ábhar blaistithe ná dathúcháin curtha leo, ach gan lachtós, glúcós, maltaideistrin ná iseaglúcós san áireamh
1702 90 71	Caramal a bhfuil 50 % nó níos mó de shiúcrós de réir meáchain san ábhar tirim
2106 90 59	Síoróipí blaistithe nó daite, seachas iseaglúcós, lachtós, glúcós agus síoróipí maltaideistrine
(d) 1702 30 10 1702 40 10 1702 60 10 1702 90 30	Iseaglúcós
(e) 1702 60 80 1702 90 80	Síoróip ionúiline
(f) 1703	Molás de thoradh úscadh nó mínghlanadh siúcra
(g) 2106 90 30	Síoróipí iseaglúcóis blaistithe nó daite
(h) 2303 20	Laíon biatais, bagás agus fuíollábhair eile ó mhonarú siúcra

CUID IV

Farae triomaithe

Cuimsítear faoi earnáil an fharae triomaithe na táirgí atá liostaithe sa tábla seo a leanas:

Cód AC	Tuairisc
(a) ex 1214 10 00	– Min agus millíní de mheidic na mbó atá triomaithe le teas saorga
	– Min agus millíní de mheidic na mbó, triomaithe agus meilte ar bhealaí eile
ex 1214 90 90	– Meidic na mbó, goirm choiligh, seamair, lúipíní, peasairí agus táirgí farae comhchosúla, atá triomaithe le teas saorga, seachas féar tirim agus cál farae agus táirgí a bhfuil féar tirim iontu
	– Meidic na mbó, goirm choiligh, seamair, lúipíní, peasairí, loiteog meala, pis phréacháin agus crúb éin, triomaithe agus meilte ar bhealaí eile
(b) ex 2309 90 96	– Tiúchain phróitéine faighte ó shú mheidic na mbó agus ó shú féir
	– Táirgí díhiodráitithe a fhaightear go heisiach ó iarmhair sholadacha agus sú a thagann ó ullmhú na dtiúchan thuasluaite

▼B

CUID V

Síolta

Cuimsítear faoi earnáil na síolta na táirgí atá liostaithe sa tábla seo a leanas:

Cód AC	Tuairisc
0712 90 11	Hibridí de ghrán milis:
	– le cur
0713 10 10	Piseanna (Pisum sativum):
	– le cur
ex 0713 20 00	Sicphiseánaigh (garbanzo):
	– le cur
ex 0713 31 00	Pónairí den speiceas Vigna mungo (L) Hepper nó Vigna radiata (L) Wilczek:
	– le cur
ex 0713 32 00	Pónairí dearga beaga (Adzuki) (Phaseolus nó Vigna angularis):
	– le cur
0713 33 10	Pónairí duánacha, lena n-áirítear pónairí pise bána (Phaseolus vulgaris):
	– le cur
ex 0713 34 00	Pónairí Bambara (Vigna subterranea nó Voandzeia subterranea):
ex 0713 35 00	– le cur
ex 0713 39 00	Piseanna bó (Vigna unguiculata):
	– le cur
	Eile:
	– le cur
ex 0713 40 00	Lintilí:
	– le cur
ex 0713 50 00	Pónairí leathana (Videarga cia faba var. major) agus pónairí capaill (Vicia faba var. equina, Vicia faba var. minor):
ex 0713 60 00	– le cur
	Piseanna colúir (Cajanus cajan):
	– le cur
ex 0713 90 00	Glasraí léagúmacha triomaithe eile:
	– le cur
1001 91 10	Speilt:
	– síol
1001 91 90	Eile
	– le cur
ex 1005 10	Síolta arbhair Indiaigh hibridigh (arbhar)
1006 10 10	Rís sa chrotal (gan scilligeadh nó garbh):
	– le cur
1007 10 10	Hibridí sorguim gráinne:
	– síol

▼B

Cód AC	Tuairisc
1201 10 00	Pónairí soighe, cibé acu atá siad briste nó nach bhfuil:
	– síol
1202 30 00	Piseanna talún, nach bhfuil rósta ná cócaráilte ar shlí eile, bíodh siad scilligthe nó gan scilligeadh, briste nó gan a bheith briste:
	– síol
1204 00 10	Ros lín, cibé acu atá siad briste nó nach bhfuil:
	– le cur
1205 10 10 agus	Síolta ráibe nó síolta colsa, cibé acu atá siad briste nó nach bhfuil:
ex 1205 90 00	– le cur
1206 00 10	Síolta lus na gréine, cibé acu atá siad briste nó nach bhfuil:
	– le cur
ex 1207	Síolta ola eile agus torthaí olúla, cibé acu atá siad briste nó nach bhfuil:
	– le cur
1209	Síolta, torthaí agus spóir, de chineál a úsáidtear le cur:

CUID VI

Leannlusanna

Cuimsítear faoi earnáil na leannlusanna na táirgí atá liostaithe sa tábla seo a leanas:

Cód AC	Tuairisc
1210	Buaircíní leannlusanna, úra nó triomaithe, bídís nó ná bídís meilte, púdraithe nó i bhfoirm millíní; lúpailin
1302 13 00	Súnna glasraí agus úisc leannlusanna

CUID VII

Ola olóige agus ológa boird

Cuimsítear faoi earnáil na hola olóige agus ológ boird na táirgí atá liostaithe sa tábla seo a leanas:

	Cód AC	Tuairisc
(a)	1509	Ola olóige agus a codáin, cibé acu atá siad scagtha nó nach bhfuil, ach nach ndearnadh modhnú ceimiceach orthu
	1510 00	Olaí eile agus a gcodáin, a fhaightear ó ológa amháin, cibé acu atá siad scagtha nó nach bhfuil, ach nach ndearnadh modhnú ceimiceach orthu, lena n-áirítear cumaisc de na holaí nó de na codáin sin le holaí nó le codáin faoin gceannteideal 1509
(b)	0709 92 10	Ológa, iad úr nó fuaraithe, le haghaidh úsáidí seachas ola a tháirgeadh
	0709 92 90	Ológa eile, úra nó fuaraithe
	0710 80 10	Ológa (neamhchócaráilte nó cócaráilte trí ghalú nó trí uisce a bheiriú), reoite
	0711 20	Ológa atá leasaithe go sealadach (mar shampla, le gás dé-ocsaíde sulfair, faoi sháile, in uisce sulfair nó i dtuaslagáin leasaitheacha eile), ach nach féidir iad a ithe díreach sa staid sin
	ex 0712 90 90	Ológa triomaithe, iomlána, gearrtha, slisnithe, briste nó i bpúdar, ach nach bhfuil tuilleadh ullmhúcháin déanta orthu
	2001 90 65	Ológa ullmhaithe nó leasaithe le fínéagar nó le haigéad aicéiteach
	ex 2004 90 30	Ológa ullmhaithe nó leasaithe seachas le fínéagar nó le haigéad aicéiteach, reoite
	2005 70 00	Ológa ullmhaithe nó leasaithe seachas le fínéagar nó le haigéad aicéiteach, nach bhfuil reoite

▼B

	Cód AC	Tuairisc
(c)	1522 00 31 1522 00 39	Iarmhair a thagann ó chóireáil substaintí sailleacha nó céaracha ainmhíocha nó plandúla ina bhfuil ola a bhfuil tréithe ola olóige aici
	2306 90 11 2306 90 19	Cáca ola agus iarmhair sholadacha eile de thoradh eastóscadh ola olóige

CUID VIII

Líon agus cnáib

Cuimsítear in earnáil an lín agus na cnáibe na táirgí atá liostaithe sa tábla seo a leanas:

Cód AC	Tuairisc
5301	Líon, amh nó próiseáilte ach gan bheith sníofa; barrach lín agus dramhaíl (lena n-áirítear dramhabhrais agus stoc gairnéadaithe)
5302	Fíorchnáib (Cannabis sativa L.) amh nó phróiseáilte ach gan bheith sníofa; barrach agus dramhaíl fíorchnáibe (lena n-áirítear dramhabhrais agus stoc gairnéadaithe)

CUID IX

Torthaí agus glasraí

Cuimsítear faoi earnáil na dtorthaí agus glasraí na táirgí atá liostaithe sa tábla seo a leanas:

Cód AC	Tuairisc
0702 00 00	Trátaí, úra nó fuaraithe
0703	Oinniúin, seallóidí, gairleog, cainneanna agus glasraí eile den chineál Alliaceae, úra nó fuaraithe
0704	Cabáistí, cóiliseacha, cálráib, cál agus praiseacha inite dá samhail, iad úr nó fuaraithe
0705	Leitís oighearghea l (Lactuca sativa) agus siocaire (Cichorium spp.), iad úr nó fuaraithe
0706	Cairéid, tornapaí, meacain bhiatais sailéid, salsabh, soiliriac, raidisí agus fréamhacha inite dá samhail, iad úr nó fuaraithe
0707 00	Cúcamair agus gircíní, úra nó fuaraithe
0708	Glasraí léagúmacha, bídís scilligthe nó ná bíodh, iad úr nó fuaraithe
ex 0709	Glasraí eile, úra nó fuaraithe, seachas glasraí faoi cheannteidil 0709 60 91, 0709 60 95, 0709 60 99, 0709 92 10, 0709 92 90 agus 0709 99 60
4. Ciallaíonn 'síoróip ionúiline' an táirge díreach a fhaightear trí hidrealú a dhéanamh ar ionúilin nó ar olagafruchtóis, a bhfuil 10 % d'fhruchtós ar a laghad ann de réir meáchain sa staid thirim, i bhfoirm shaor, arna shloinneadh mar choibhéisí iseaglúcóis/siúcra. D'fhonn srianta ar an margadh a sheachaint le haghaidh táirgí a bhfuil cumas milsiúcháin íseal acu arna dtáirgeadh ag próiseálaithe snáithín ionúiline gan chuóta síoróipe ionúiline, féadfaidh an Coimisiún trí bhithín gníomhartha tarmligthe de bhun phointe (a) d'Airteagal 125(4) an sainmhíniú seo a leasú.

5. Ciallaíonn 'conradh seachadta' conradh arna thabhairt i gcrích idir díoltóir agus gnóthas chun biatas a sheachadadh le haghaidh siúcra a mhonarú.

6. Ciallaíonn 'comhaontú laistigh den trádáil' ceann díobh seo a leanas:

   (a) comhaontú arna thabhairt i gcrích, sula dtabharfar conradh seachadta ar bith i gcrích, idir gnóthais nó eagraíocht gnóthas arna haithint ag an mBallstát lena mbaineann, nó grúpa eagraíochtaí gnóthas den chineál sin, ar láimh amháin agus comhlachas díoltóirí arna aithint ag an mBallstát lena mbaineann ar an láimh eile;

   (b) mura bhfuil comhaontú ann amhail an ceann dá dtagraítear i bpointe (a), an dlí maidir le cuideachtaí agus an dlí maidir le comharchumainn, chomh fada is a rialaíonn siad seachadadh biatais siúcra ag scairshealbhóirí nó ag baill cuideachta nó comharchumainn a dhéanann siúcra a mhonarú.

Roinn B:

Sainmhínithe a bhfuil feidhm acu maidir leis an tréimshe dá dtagraítear in Airteagal 124

1. Ciallaíonn 'siúcra cuóta', 'iseaglúcós cuóta' agus 'síoróip ionúiline cuóta' cainníocht ar bith de tháirgeadh siúcra, iseaglúcóis nó síoróipe ionúiline ar féidir a chur i leith bliana margaíochta ar leith faoi chuóta an ghnóthais lena mbaineann.

▼B

2. Ciallaíonn 'siúcra tionsclaíoch' cainníocht ar bith de tháirgeadh siúcra ar féidir a chur i leith bliana margaíochta ar leith os cionn na cainníochta siúcra dá dtagraítear i bpointe (5), a bhfuil sé beartaithe go dtáirgfeadh an tionscal ceann de na táirgí dá dtagraítear in Airteagal 140(2) as.

3. Ciallaíonn 'iseaglúcós tionsclaíoch' agus 'síoróip ionúiline thionsclaíoch' cainníocht ar bith de tháirgeadh iseaglúcóis nó síoróipe ionúiline ar féidir a chur i leith bliana margaíochta ar leith, a bhfuil sé beartaithe go dtáirgfeadh an tionscal ceann de na táirgí dá dtagraítear in Airteagal 140(2) as.

4. Ciallaíonn 'siúcra barrachais', 'iseaglúcós barrachais' agus 'síoróip ionúiline barrachais' cainníocht ar bith de tháirgeadh siúcra, iseaglúcóis nó síoróipe ionúiline ar féidir a chur i leith bliana margaíochta ar leith, os cionn na gcainníochtaí faoi seach dá dtagraítear i bpointe 1, i bpointe 2 agus i bpointe 3.

5. Ciallaíonn 'biatas cuóta' an biatas siúcra go léir a phróiseáiltear go siúcra cuóta.

6. Ciallaíonn 'scagaire lánaimseartha' aonad táirgthe:

— arb é an t-aon ghníomhaíocht a bhíonn ar siúl ann ná siúcra cána amh allmhairithe a mhínghlanadh, nó

— a ndearnadh mínphróiseáil ann sa bhliain mhargaíochta 2004/2005, nó 2007/2008 i gcás na Cróite, ar chainníocht de 15 000 tona ar a laghad de shiúcra cána amh allmhairithe.

CUID III

Sainmhínithe a bhaineann le hearnáil na leannlusanna

1. Ciallaíonn 'leannlusanna' na bláthraí triomaithe, ar a dtugtar buaircíní freisin, ón bplanda leannlusa dreaptha (baineann) (Humulus lupulus); bíonn dath glasbhuí agus cruth ubhchruthóideach ar na bláthraí seo, bíonn gas blátha acu agus bíonn siad idir 2 agus 5 cm ar airde de ghnáth.

2. Ciallaíonn 'púdar leannlusa' an táirge a fhaightear ó mhuilleáil a dhéanamh ar na leannlusanna, a bhfuil a ngnéithe nádúrtha go léir iontu.

3. Ciallaíonn 'púdar leannlusa a bhfuil cion lúpailin níos mó ann' an táirge a fhaightear trí leannlusanna a mhuilleáil i ndiaidh cuid de na duillí, na gais, na brachtanna agus na droimíní a bhaint go meicniúil.

4. Ciallaíonn 'úisc leannlusanna' na táirgí tiubhaithe a fhaightear ó ghníomh tuaslagóir ar na leannlusanna nó ar an bpúdar leannlusa.

5. Ciallaíonn 'táirgí leannlusanna measctha' meascán de dhá tháirge nó níos mó dá dtagraítear i bpointe 1 go 4.

CUID IV

Sainmhínithe a bhaineann le hearnáil an fhíona

A bhaineann le fíniúnacha

1. Ciallaíonn 'grafadh' díothú iomlán na stoc fíniúna go léir ar limistéar ina bhfuil fíniúnacha curtha.

2. Ciallaíonn 'plandáil' bunú cinnteach plandaí fíniúna nó codanna de phlandaí fíniúna, cibé acu atá siad nódaithe nó nach bhfuil, d'fhonn fíonchaora a tháirgeadh nó plandlann nódúcháin a bhunú.

3. Ciallaíonn 'nódú ar aghaidh' fíniúin a nódú a ndearnadh nódú uirthi cheana féin.

▼B

A bhaineann le táirgí

4. Ciallaíonn 'fíonchaora úra' torthaí na fíniúna a úsáidtear chun fíon a dhéanamh, aibí nó fiú beagán rísínithe, a bhféadfadh a bheith brúite nó meilte trí mhodhanna ghnáthshiléar fíona agus a d'fhéadfadh coipeadh alcólach a tháirgeadh uaidh féin.

5. Ciallaíonn 'úrfhíon fíonchaor úr coiscthe ó choipeadh trí alcól a chur leis' táirge mar seo a leanas:

   (a) táirge a bhfuil neart alcóil iarbhír aige nach lú ná 12 % de réir toirte agus nach mó ná 15 % de réir toirte;

   (b) táirge a fhaightear trí cheann amháin de na táirgí seo a leanas a chur le húrfhíon fíonchaor neamhchoipthe, a bhfuil neart alcóil nádúrtha nach lú ná 8,5 % de réir toirte aige agus a fhaightear ó chineálacha fíonchaor amháin ar féidir a aicmiú i gcomhréir le hAirteagal 81(2):

      (i) d'alcól neodrach de thionscnamh fíonmhar, lena n-áirítear alcól arna tháirgeadh ó dhriogadh fíonchaor triomaithe, ag a bhfuil neart alcóil iarbhír nach lú ná 96 % de réir toirte;

      (ii) nó de tháirge neamhchoigeartaithe a fhaightear ó dhriogadh fíona agus ag a bhfuil neart alcóil iarbhír nach lú ná 52 % de réir toirte agus nach mó ná 80 % de réir toirte.

6. Ciallaíonn “sú fíonchaor” táirge leachtach neamhchoipthe ach ar féidir a choipeadh a mbaineann an méid seo a leanas leis:

   (a) faightear é trí chóireáil chuí a dhéanann oiriúnach mar bhia don daoine é;

   (b) faightear ó fhíonchaora úra nó ó úrfhíon fíonchaor é nó trí athbhuanú. I gcás ina bhfaightear é trí athbhuanú, déanfar é a athbhuanú ó úrfhíon fíonchaor tiubhaithe nó ó shú fíonchaor tiubhaithe.

   Tá neart alcóil iarbhír nach mó ná 1 % de réir toirte ceadaithe don sú fíonchaor.

7. Is éard a chiallaíonn 'sú fíonchaor tiubhaithe' ná sú fíonchaor neamhdhóite a fhaightear trí dhíhiodráitiú páirteach sú fíonchaor arna dhéanamh trí aon mhodh údaraithe seachas teas díreach ar bhealach a fhágann nach lú ná 50,9 % an figiúr a léirítear ar athraonmhéadar arna úsáid i gcomhréir le modh atá le sannadh ag 20 °C.

   Tá neart alcóil iarbhír nach mó ná 1 % de réir toirte ceadaithe don sú fíonchaor tiubhaithe.

8. Ciallaíonn 'moirt fíona' an t-iarmhar:

   (a) arna charnadh in árthaí ina bhfuil fíon i ndiaidh coipthe, le linn stórála nó i ndiaidh cóireála údaraithe;

   (b) a fhaightear ón táirge dá dtagraítear in (a) a scagadh nó a lártheifneoiriú;

   (c) arna charnadh in árthaí ina bhfuil úrfhíon fíonchaor le linn stórála nó i ndiaidh cóireála údaraithe; nó

   (d) a fhaightear ón táirge dá dtagraítear in (c) a scagadh nó a lártheifneoiriú.

9. Ciallaíonn “marc fíonchaor” an t-iarmhar ó fhíonchaora úra a bhrú, cibé acu atá siad coipthe nó nach bhfuil.

▼B

10. Ciallaíonn 'piquette' táirge a fhaightear trí na bealaí seo a leanas:

(a) coipeadh marc fíonchaor neamhchóireáilte maothaithe in uisce; nó

(b) marc fíonchaor coipthe a láisteadh le huisce.

11. Ciallaíonn 'fíon atá treisithe le haghaidh driogadh' táirge mar seo a leanas:

(a) táirge a bhfuil neart alcóil iarbhír aige nach lú ná 18 % de réir toirte agus nach mó ná 24 % de réir toirte;

(b) táirge a fhaightear trí tháirge neamhchoigeartaithe a fhaightear ó dhriogadh fíona, agus a bhfuil neart alcóil iarbhír atá 86 % de réir toirte ar a mhéad ann, a chur le fíon nach bhfuil aon siúcra iarmharach ann agus sa chaoi sin amháin; nó

(c) táirge a bhfuil aigéadacht so-ghalaithe uasta de 1,5 gram in aghaidh an lítir aige, arna shloinneadh mar aigéad aicéiteach.

12. Ciallaíonn 'cuvée'

(a) an t-úrfhíon fíonchaor;

(b) an fíon; nó

(c) an meascán d'úrfhíonta fíonchaor agus/nó d'fhíonta a bhfuil tréithe éagsúla acu,

atá beartaithe chun cineál áirithe fíona súilínigh a ullmhú.

Neart alcóil

13. Ciallaíonn 'neart alcóil iarbhír de réir toirte' an líon toirteanna d'fhíoralcól atá ann ag teocht 20 °C in 100 toirt den táirge ag an teocht sin.

14. Ciallaíonn 'neart alcóil féideartha de réir toirte' an líon toirteanna d'fhíoralcól ag teocht 20 °C ar féidir a tháirgeadh trí choipeadh iomlán a dhéanamh ar na siúcraí atá in 100 toirt den táirge ag an teocht sin.

15. Ciallaíonn 'neart alcóil iomlán de réir toirte', suim an nirt alcóil iarbhír agus an nirt alcóil fhéideartha.

16. Ciallaíonn 'neart alcóil nádúrtha de réir toirte' an neart alcóil iomlán de réir toirte atá ag táirge sula ndéantar é a shaibhriú.

17. Ciallaíonn 'neart alcóil iarbhír de réir maise' líon na gcileagram d'fhíoralcól atá in 100 cileagram den táirge.

18. Ciallaíonn 'neart alcóil féideartha de réir maise' líon na gcileagram d'fhíoralcól ar féidir a tháirgeadh trí choipeadh iomlán a dhéanamh ar na siúcraí atá in 100 cileagram den táirge.

19. Ciallaíonn 'neart alcóil iomlán de réir maise' , suim an nirt alcóil iarbhír agus an nirt alcóil fhéideartha.

▼B

CUID V

Sainmhínithe a bhaineann le hearnáil na mairteola agus na laofheola

▼C2

Ciallaíonn 'bó-ainmhithe' ainmhithe beo den speiceas buaibheach clóis faoi chuimsiú chóid AC 0102 21, ex 0102 31 00, 0102 90 20, ex 0102 29 10 go ex 0102 29 99, 0102 39 10, 0102 90 91.

▼B

CUID VI

Sainmhínithe a bhaineann le hearnáil an bhainne agus na dtáirgí bainne

Chun críocha chur chun feidhme an chuóta taraife le haghaidh ime ón Nua-Shéalainn, ní eisiatar leis an ráiteas 'monaraithe go díreach ó bhainne nó ó uachtar' im a monaraíodh ó bhainne nó ó uachtar, gan ábhair stóráilte a úsáid, i bpróiseas aonair, neamhspleách agus gan bhriseadh, ina bhféadfadh an t-uachtar dul trí chéim saille bainne thiubhaithe agus/nó codánúchán na saille bainne sin.

CUID VII

Sainmhínithe a bhaineann le hearnáil na n-uibheacha

1. Ciallaíonn 'uibheacha sna blaoscanna' uibheacha éanlaithe clóis sna blaoscanna, úra, leasaithe nó cócaráilte, seachas uibheacha goir a shonraítear i bpointe 2.

2. Ciallaíonn 'uibheacha goir' uibheacha goir éanlaithe clóis

3. Ciallaíonn 'táirgí iomlána' uibheacha éan nach bhfuil sna blaoscanna, cibé acu atá siúcra breise nó ábhar milsiúcháin eile curtha leo nó nach bhfuil agus atá oiriúnach lena gcaitheamh ag an duine.

4. Ciallaíonn 'táirgí scartha' buíocáin uibheacha éan cibé acu atá siúcra breise nó ábhar milsiúcháin eile curtha leo nó nach bhfuil agus atá oiriúnach lena gcaitheamh ag an duine.

CUID VIII

Sainmhínithe a bhaineann le hearnáil na feola éanlaithe clóis

1. Ciallaíonn 'éanlaith chlóis bheo' éanlaithe, lachain, géanna, turcaithe agus guinithe beo a bhfuil meáchan níos mó ná 185 gram ag gach ceann díobh.

2. Ciallaíonn 'sicíní' éanlaithe, lachain, géanna, turcaithe agus guinithe beo a bhfuil meáchan nach mó ná 185 gram ag gach ceann díobh.

3. Ciallaíonn 'éanlaith chlóis mharaithe' éanlaithe maraithe den speiceas gallus domesticus, agus lachain, géanna, turcaithe agus guinithe maraithe, iomlána, le scairteach nó gan é.

4. Ciallaíonn 'táirgí díorthaithe' an méid seo a leanas:

   (a) táirgí a shonraítear i bpointe (a) de Chuid XX d'Iarscríbhinn I;

   (b) táirgí a shonraítear i bpointe (b) de Chuid XX d'Iarscríbhinn I, seachas éanlaith chlóis mharaithe agus scairteach inite, ar a dtugtar 'gearrthacha éanlaithe clóis';

   (c) scairteach inite a shonraítear i bpointe (b) de Chuid XX d'Iarscríbhinn I;

▼B

(d) táirgí a shonraítear i bpointe (c) de Chuid XX d'Iarscríbhinn I;

(e) táirgí a shonraítear i bpointe (d) agus (e) de Chuid XX d'Iarscríbhinn I;

(f) táirgí dá dtagraítear i bpointe (f) de Chuid XX d'Iarscríbhinn I, seachas na táirgí a thagann faoi chóid AC 1602 20 10.

CUID IX

Sainmhínithe a bhaineann le hearnáil na beachadóireachta

1. Le mil tuigfear gur mil atá i gceist mar a thagraítear dó i dTreoir 2001/110/CE ón gComhairle ([1]) lena n-áirítear maidir leis na príomhchineálacha meala.

2. Ciallaíonn 'táirgí beachadóireachta' mil, céir bheach, glóthach ríoga, gliú beach nó pailin.

([1]) Treoir 2001/110/CE ón gComhairle an 20 Nollaig 2001 maidir le mil (IO L 10, 12.1.2002, lch. 47).

▼B

IARSCRÍBHINN III

CÁILÍOCHT CHAIGHDEÁNACH RÍSE AGUS SIÚCRA DÁ dTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 7 AGUS IN AIRTEAGAL 135

A. **Cáilíocht chaighdeánach i gcomhair ríse gan scilligeadh**

Beidh na tréithe seo a leanas ag rís gan scilligeadh de cháilíocht chaighdeánach:

(a) beidh sé de cháilíocht mhaith agus chóir atá oiriúnach le díol, gan bholadh;

(b) beidh cion taisligh 13 % ar a mhéad inti;

(c) beidh toradh 63 % de rís lánmheilte de réir meáchain i ngráinní iomlána (glacfar le 3 % de ghráinní lomtha) aici le céatadán de réir meáchain de ghráinní ríse lánmheilte nach bhfuil de chaighdeán gan cháim:

gráinní cailceacha de rís gan scilligeadh faoi chóid AC 1006 10 27 agus 1006 10 98	1,5 %
gráinní cailceacha de rís gan scilligeadh faoi chóid AC seachas AC 1006 10 27 agus 1006 10 98:	2,0 %
gráinní a bhfuil stríoca dearga orthu	1,0 %
gráinní ballacha	0,50 %
gráinní ruaimnithe	0,25 %
gráinní buí	0,02 %
gráinní ómracha	0,05 %

B. **Cáilíochtaí caighdeánacha i gcomhair siúcra**

I. *Cáilíocht chaighdeánach i gcomhair biatais siúcra*

Bainfidh an méid seo a leanas le biatas de cháilíocht chaighdeánach:

(a) beidh sé de cháilíocht mhaith agus chóir atá oiriúnach le díol;

(b) beidh cion siúcra 16 % ann ag an bpointe glactha.

II. *Cáilíocht chaighdeánach i gcomhair siúcra bháin*

1. Bainfidh na tréithe seo a leanas le siúcra bán de cháilíocht chaighdeánach:

   (a) beidh sé de cháilíocht mhaith, dhílis agus inmhargaidh; tirim, i gcriostail ghráinneacha aonchineálacha, i saorshreabhadh;

   (b) polarú íosta: 99.7;

   (c) cion taisligh uasta: 0.06 %;

   (d) cion siúcra inbhéartaithe uasta: 0.04 %;

   (e) ní bheidh líon na bpointí arna socrú faoi phointe 2 níos mó ná 22 ina iomláine, ná:

      — 15 don chion luatha,

      — 9 don chineál datha, a shocraítear ag baint úsáide as modh Institiúid Teicneolaíochta Talmhaíochta Brunswick ('modh Brunswick'),

▼B

— 6 do dhath an tuaslagáin, a shocraítear ag baint úsáide as modh an Choimisiúin Idirnáisiúnta le haghaidh Modhanna Aonfhoirmeacha um Anailísiú Siúcra ('modh an ICUMS').

2. Comhfhreagróidh pointe amháin do:

(a) 0.0018 % de chion luatha arna shocrú ag baint úsáide as modh an ICUMSA ag 28° Brix,

(b) 0.5 aonad de chineál datha a shocraítear ag baint úsáide as modh Brunswick,

(c) 7.5 aonad dathúcháin an tuaslagáin a shocraítear ag baint úsáide as modh an ICUMSA.

3. Is ionann na modhanna a úsáidtear chun na fachtóirí dá dtagraítear i bpointe 1 a chinneadh agus na cinn a úsáidtear chun na fachtóirí sin faoi na bearta idirghabhála a chinneadh.

III. *Cáilíocht chaighdeánach i gcomhair siúcra amh*

1. Ba cheart go mbeadh táirgeacht siúcra bháin de 92 % ag siúcra amh den cháilíocht chaighdeánach.

2. Déanfar toradh an tsiúcra bhiatais amh a ríomh tríd an méid seo a leanas a dhealú ó chéim pholaraithe an tsiúcra sin:

(a) céatadán an chion luatha méadaithe faoi cheathair;

(b) céatadán an chion siúcra inbhéartaithe atá ann méadaithe faoi dhó;

(c) an uimhir 1.

3. Déanfar toradh an tsiúcra chána amh a ríomh trí 100 a dhealú ó chéim pholaraithe an tsiúcra sin méadaithe faoi dhó.

▼B

IARSCRÍBHINN IV

SCÁLAÍ AN AONTAIS UM AICMIÚ CONABLACH DÁ dTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 10

A. **Scála an Aontais um aicmiú conablach bó-ainmhithe atá 8 mí d'aois nó níos sine**

I. *Sainmhínithe*

Beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

1. ciallaíonn "conablach": corp iomlán ainmhí mharaithe mar a chuirtear i láthair é i ndiaidh a fhuilithe, a dhí-innithe agus a sheithithe;

2. ciallaíonn "leathchonablach": an táirge a fhaightear tríd an gconablach a scaradh go siméadrach trí lár gach veirteabra muineálaí, droma, lumbaí agus sacraí agus trí lár an steirnim agus na simfíse isceapúbasaí.

II. *Catagóirí*

Roinnfear na bó-chonablaigh sna catagóirí seo a leanas:

Z: conablaigh ainmhithe atá 8 mí d'aois nó níos mó ach níos óige ná 12 mhí;

A: conablaigh ainmhithe fireanna neamhchoillte atá 12 mhí d'aois nó níos mó ach níos óige ná 24 mhí;

B: conablaigh ainmhithe fireanna neamhchoillte atá 24 mhí d'aois nó níos mó;

C: conablaigh ainmhithe fireanna coillte atá 12 mhí d'aois nó níos mó;

D: conablaigh ainmhithe baineanna a raibh gamhain acu;

E: conablaigh ainmhithe baineanna eile atá 12 mhí d'aois nó níos mó.

III. *Aicmiú rúndachta*

Déanfar na conablaigh a aicmiú trí mheasúnú comhleantach a dhéanamh ar an méid seo a leanas:

1. Cruth, atá sainmhínithe mar seo a leanas:

Forbairt próifílí conablach, go háirithe na codanna bunriachtanacha (cruinn, droim, gualainn)

Aicme crutha	Tuairisc
S Uachtarach	Gach próifíl fíordhronnach; matáin shárfhorbartha (cineál conablaigh de mhatáin dhúbailte)
E Sármhaith	Gach próifíl idir dhronnach agus shárdhronnach; forbairt matán shármhaith
U An-mhaith	Próifílí atá dronnach ar an iomlán, forbairt matán an-mhaith
R Go maith	Próifílí atá díreach ar an iomlán, forbairt matán mhaith
O Réasúnta	Próifílí idir díreach agus cuasach; forbairt matán mheánach
P Lag	Gach próifíl idir cuasach agus an-chuasach; forbairt matán lag

▼B

2. Clúdach saille, atá sainmhínithe mar seo a leanas:

— An méid saille ar an taobh amuigh den chonablach agus i gcuas an chliabhraigh

Aicme an chlúdaigh shaille	Tuairisc
1 íseal	Gan aon chlúdach saille suas le clúdach saille íseal
2 éadrom	Clúdach saille éadrom, feoil le feiceáil i mbeagnach gach áit
3 meán	An fheoil i mbeagnach gach áit clúdaithe le saill ach amháin ar an gcruinn agus ar an ngualainn, deascáin bheaga saille i gcuas an chliabhraigh
4 ard	An fheoil clúdaithe le saill, ach páirt di fós infheicthe ar an gcruinn agus ar an ngualainn, roinnt deascán suntasach saille i gcuas an chliabhraigh
5 an-ard	An conablach ar fad clúdaithe le saill; deascáin mhóra i gcuas an chliabhraigh

Déantar na Ballstáit a údarú gach ceann de na haicmí dá bhforáiltear i bpointe 1 agus 2 a fhoroinnt i dtrí fho-aicme ar a mhéid.

IV. *Cur i láthair*

Cuirfear conablaigh agus leathchonablaigh i láthair:

(a) gan an ceann ná na cosa; déanfar an ceann a bhaint den chonablach ag an alt atloido-ocsapatach agus gearrfar na cosa ag na hailt “carpametacarpal” nó “tarsometatarsal”,

(b) gan na horgáin atá i gcuas an chliabhraigh agus i gcuas an bhoilg, gan na duáin, saill na nduán agus saill an pheilbhis nó leo,

(c) gan na baill ghiniúna agus na mataín atá ceangailte leo agus gan an t-úth nó an tsaill mhamach.

V. *Aicmiú agus aithint*

Ní mór do sheamlais atá faofa faoi Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [1] bearta a ghlacadh lena áirithiú go ndéanfar gach conablach agus leathchonablach ó bhó-ainmhithe fásta a mharaítear sna seamlais sin a bhfuil marc sláinte orthu, dá bhforáiltear in Airteagal 5(2) i gcomhréir le Caibidil III de Roinn i d'Iarscríbhinn i a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 854/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [2] a aicmiú agus a aithint de réir scála an Aontais.

Sula n-aithnítear iad trí mharcáil, féadfaidh Ballstáit údarú a dheonú chun an tsaill sheachtrach a bhaint ó na conablaigh nó na leathchonablaigh má sheasann an clúdach saille leis sin.

[1] Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 ag leagan síos rialacha sonracha sláinteachais do bhia de thionscnamh ainmhíoch (IO L 139, 30.4.2004, lch. 55).

[2] Rialachán (CE) Uimh. 854/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an.29 Aibreán 2004 lena leagtar síos rialacha sonracha maidir le rialuithe oifigiúla a eagrú i dtaca le táirgí de thionscnamh ainmhíoch atá ceaptha lena gcaitheamh ag an duine (IO L 139, 30.4.2004, lch. 206).

▼B

B. **Scála an Aontais um aicmiú conablach muc**

I. *Sainmhíniú*

Ciallaíonn “conablach” corp muice maraithe, fuilithe agus dí-innithe, iomlán nó roinnte ag an meánlíne.

II. *Aicmiú rúndachta*

Déanfar conablaigh a roinnt in aicmí de réir a gcion feola trua measta agus déanfar iad a aicmiú dá réir sin:

Aicmí	Feoil thrua mar chéatadán de mheáchan an chonablaigh
S	60 nó níos mó
E	55 nó níos mó ach níos lú ná 60
U	50 nó níos mó ach níos lú ná 55
R	45 nó níos mó ach níos lú ná 50
O	40 nó níos mó ach níos lú ná 45
P	níos lú ná 40

III. *Cur i láthair*

Cuirfear conablaigh i láthair gan teanga, guairí, crúba, orgáin ghinitiúla, saill bladhaire, duáin ná scairt.

IV. *An cion feola trua*

1. Déanfar an cion feola trua a mheasúnú trí mhodhanna grádaithe a údaróidh an Coimisiún trí bhithín ghníomhartha cur chun feidhme de bhun Airteagal 18(8). Ní fhéadfar ach modhanna atá cruthaithe de réir staidrimh bunaithe ar thomhas fisiceach cuid anatamaíoch amháin nó níos mó den chonablach muice a údarú. Beidh údarú na modhanna grádaithe faoi réir chomhlíonadh uaslamháltais le haghaidh earráide staidrimh le linn measúnaithe.

2. Ní dhéanfar luach tráchtála na gconablach a shocrú de réir an chion feola trua measta atá iontu amháin, áfach.

V. *Conablaigh a aithint*

Mura bhforálann an Coimisiún dá mhalairt trí bhithín ghníomhartha cur chun feidhme de bhun Airteagal 18(8)., déanfar conablaigh aicmithe a aithint trí iad a mharcáil de réir scála an Aontais.

C. **Scála an Aontais um aicmiú conablach muc**

I. *Sainmhíniú*

Beidh feidhm ag na sainmhínithe ar “conablach” agus “leathchonablach” beidh feidhm ag na sainmhínithe a leagtar síos i bpointe A.I.

II. *Catagóirí*

Roinnfear na conablaigh sna catagóirí seo a leanas:

A: conablaigh caorach níos óige ná 12 mhí d'aois,

B: conablaigh caorach eile.

III. *Aicmiú rúndachta*

Déanfar na conablaigh a aicmiú trí na forálacha i bpointe A.III. a chur i bhfeidhm mutatis mutandis. Cuirfear an téarma “ceathrú deiridh” isteach in ionad an téarma “cruinn” i bpointe A.III.1 agus i sraitheanna 3 agus 4 den tábla faoi phointe A.III.2 áfach.

▼B

IV. *Cur i láthair*

Cuirfear conablaigh agus leathchonablaigh i láthair gan an ceann (gearrtha ag an alt atlasocsapatach), ná na cosa (gearrtha ag na hailt charpaimeiteacarpacha nó tharsameiteatarsacha), an t-eireaball (gearrtha idir an séú agus an seachtú veirteabra eireaballach), an t-úth, na baill ghiniúna, an t-ae ná an sracadh. Cuimsítear na duáin agus saill na nduán sa chonablach.

Tugtar údarú do Bhallstáit cuir i láthair dhifriúla a cheadú i gcás nach n-úsáidtear an cur i láthair tagartha.

V. *Conablaigh a aithint*

Déanfar conablaigh agus leathchonablaigh aicmithe a aithint trí iad a mharcáil de réir scála an Aontais.

▼M2

IARSCRÍBHINN V

TÁIRGÍ DÁ dTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 23(5)

Catagóir I

— Táirgí de bhainne coipthe gan sú torthaí, blaistithe go nádúrtha

— Táirgí de bhainne coipthe ina bhfuil sú torthaí agus iad blaistithe go nádúrtha nó gan a bheith blaistithe

— Deochanna bainne-bhunaithe ina bhfuil cócó, sú torthaí nó ábhar atá blaistithe go nádúrtha

Catagóir II

Táirgí de bhainne coipthe nó neamhchoipthe ina bhfuil torthaí agus iad blaistithe go nádúrtha nó gan a bheith blaistithe.

▼**M6**

IARSCRÍBHINN VI

SRIANTA BUISÉID I dTACA LE CLÁIR TACAÍOCHTA DÁ dTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 44(1)

in EUR 1 000 in aghaidh na bliana buiséid

	2014	2015	2016	2017 -2020	2021 ar aghaidh
An Bhulgáir	26 762	26 762	26 762	26 762	25 721
An tSeicia	5 155	5 155	5 155	5 155	4 954
An Ghearmáin	38 895	38 895	38 895	38 895	37 381
An Ghréig	23 963	23 963	23 963	23 963	23 030
An Spáinn	353 081	210 332	210 332	210 332	202 147
An Fhrainc	280 545	280 545	280 545	280 545	269 628
An Chróit	11 885	11 885	11 885	10 832	10 410
An Iodáil	336 997	336 997	336 997	336 997	323 883
An Chipir	4 646	4 646	4 646	4 646	4 465
An Liotuáin	45	45	45	45	43
Lucsamburg	588	—	—	—	—
An Ungáir	29 103	29 103	29 103	29 103	27 970
Málta	402	—	—	—	—
An Ostair	13 688	13 688	13 688	13 688	13 155
An Phortaingéil	65 208	65 208	65 208	65 208	62 670
An Rómáin	47 700	47 700	47 700	47 700	45 844
An tSlóivéin	5 045	5 045	5 045	5 045	4 849
An tSlóvaic	5 085	5 085	5 085	5 085	4 887
An Ríocht Aontaithe	120	—	—	—	—

▼B

IARSCRÍBHINN VII

SAINMHÍNITHE, SONRÚCHÁIN AGUS TUAIRISCÍ DÍOLACHÁIN TÁIRGÍ DÁ dTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 78

Chun críocha na hIarscríbhinne seo, ciallaíonn "tuairisc díolacháin" an t-ainm faoina ndíoltar bia-ábhar, de réir bhrí Airteagal 5(1) de Threoir 2000/13/CE, nó ainm an bhia, laistigh de bhrí Airteagal 7 de Rialachán (AE) Uimh 1169/2011.

CUID I.

Feoil bó-ainmhithe atá níos óige ná 12 mí d'aois

I. Sainmhíniú

Chun críocha na Coda seo, ciallaíonn "feoil" gach conablach, feoil ar an gcnámh nó feoil dhíchnámhaithe, agus scairteach, gearrtha nó gan a bheith, a ceapadh lena chaitheamh ag an duine, faighte ó bhó-ainmhithe atá faoi bhun 12 mhí d'aois, atá úr, reoite nó domhainreoite, cibé acu atá sé clúdaithe nó pacáilte nó nach bhfuil.

II. Bó-ainmhithe atá níos óige ná 12 mí d'aois a aicmiú ag an seamlas

Ar iad a mharú, déanfaidh na hoibreoirí aicmiú ar gach bó-ainmhí atá faoi bhun 12 mhí d'aois, faoi mhaoirsiú an údaráis inniúil, i gceann den dá chatagóir seo a leanas:

(A) Catagóir V: bó-ainmhithe atá níos óige ná 8 mí d'aois

Litir aitheantais na catagóire: V;

(B) Catagóir Z: bó-ainmhithe atá 8 mí d'aois nó níos sine ach níos óige ná 12 mhí

Litir aitheantais na catagóire: Z.

Cuirfear an t-aicmiú sin i gcrích ar bhonn na faisnéise atá sa phas a bheidh in éineacht leis na bó-ainmhithe, nó ina éagmais sin, ar bhonn na mionsonraí atá sa bhunachar sonraí ríomhairithe dá bhforáiltear in Airteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 1760/2000 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]).

III. Tuairiscí díolacháin

1. Ní dhéanfar margaíocht ar fheoil bó-ainmhithe atá níos óige ná 12 mhí d'aois sna Ballstáit ach amháin faoi na tuairiscí díolacháin seo a leanas a leagtar síos do gach Ballstát:

(A) Maidir le feoil bó-ainmhithe atá níos óige ná 8 mí d'aois (Litir aitheantais na catagóire: V):

Tír mhargaíochta	Tuairiscí díolacháin le húsáid
An Bheilg	veau, viande de veau/kalfsvlees/Kalbfleisch
An Bhulgáir	месо от малки телета

([1]) Rialachán (CE) Uimh. 1760/2000 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Iúil 2000 lena mbunaítear córas chun bó-ainmhithe a shainaithint agus a chlárú agus maidir le mairteoil agus táirgí mairteola a lipéadú (IO L 204, 11.8.2000, lch. 1).

▼B

Poblacht na Seice	Telecí
An Danmhairg	Lyst kalvekød
An Ghearmáin	Kalbfleisch
An Eastóin	Vasikaliha
Éire	laofheoil, veal
An Ghréig	μοσχάρι γάλακτος
An Spáinn	Ternera blanca, carne de ternera blanca
An Fhrainc	veau, viande de veau
An Chróit	teletina
An Iodáil	vitello, carne di vitello
An Chipir	μοσχάρι γάλακτος
An Laitvia	Teļa gaļa
An Liotuáin	Veršiena
Lucsamburg	veau, viande de veau/Kalbfleisch
An Ungáir	Borjúhús
Málta	Vitella
An Ísiltír	Kalfsvlees
An Ostair	Kalbfleisch
An Pholainn	Cielęcina
An Phortaingéil	Vitela
An Rómáin	carne de viței
An tSlóivéin	Teletina
An tSlóvaic	Teľacie mäso
An Fhionlainn	vaalea vasikanliha/ljust kalvkött
An tSualainn	ljust kalvkött
An Ríocht Aontaithe	Veal

(B) Maidir le feoil bó-ainmhithe atá 8 mí d'aois nó níos sine ach níos óige ná 12 mhí (Litir aitheantais na catagóire: Z):

Tír mhargaíochta	Tuairiscí díolacháin le húsáid
An Bheilg	jeune bovin, viande de jeune bovin/ jongrundvlees/Jungrindfleisch
An Bhulgáir	Телешко месо
Poblacht na Seice	hovězí maso z mladého skotu
An Danmhairg	Kalvekød
An Ghearmáin	Jungrindfleisch

▼B

An Eastóin	noorloomaliha
Éire	laofheoil rosé, rosé veal
An Ghréig	νεαρό μοσχάρι
An Spáinn	Ternera, carne de ternera
An Fhrainc	jeune bovin, viande de jeune bovin
An Chróit	mlada junetina
An Iodáil	vitellone, carne di vitellone
An Chipir	νεαρό μοσχάρι
An Laitvia	jaunlopa gaļa
An Liotuáin	Jautiena
Lucsamburg	jeune bovin, viande de jeune bovin/ Jungrindfleisch
An Ungáir	Növendék marha húsa
Málta	Vitellun
An Ísiltír	rosé kalfsvlees
An Ostair	Jungrindfleisch
An Pholainn	młoda wołowina
An Phortaingéil	Vitelão
An Rómáin	carne de tineret bovin
An tSlóivéin	meso težjih telet
An tSlóvaic	mäso z mladého dobytka
An Fhionlainn	vasikanliha/kalvkött
An tSualainn	Kalvkött
An Ríocht Aontaithe	Beef

2. Is féidir cur leis na tuairiscí díolacháin dá dtagraítear i mír 1 trí ainm nó trí ►C2 ainmniúchán ◄ na bpíosaí feola nó scairteach atá i gceist a léiriú.

3. Ní bhainfear úsáid as na tuairiscí díolacháin atá liostaithe do chatagóir V i mír A den tábla a leagtar síos i bpointe 1 ná as aon ainm nua díorthaithe ó na tuairiscí díolacháin sin ach amháin má chomhlíontar ceanglais na hIar-scríbhinne seo.

   Go háirithe, ní bhainfear úsáid as na téarmaí “veau”, “telecí”, “Kalb”, “μοσχάρι”, “ternera”, “kalv”, “veal”, “vitello”, “vitella”, “kalf”, “vitela” ná “teletina” i dtuairisc díolacháin ná ní chuirfear in iúl iad ar lipéid feola bó-ainmhithe atá níos sine ná 12 mhí.

4. Ní bheidh feidhm ag na coinníollacha dá dtagraítear i mír 1 i gcás feola bó-ainmhithe ar cláraíodh ►C2 ainmniúchán tionscnaimh ◄ faoi chosaint nó tásc geografach faoi chosaint ina leith i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 510/2006 ón gComhairle ([1]), roimh an 29 Meitheamh 2007.

([1]) Rialachán (CE) Uimh. 510/2006 ón gComhairle an 20 Márta 2006 maidir le sonraí geografacha agus tuairiscí tionscnaimh do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-ábhair a chosaint (IO L 93, 31.3.2006, lch. 12).

▼B

IV. Sonra éigeantach ar an lipéad

1. Gan dochar do Threoir 2000/13/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Márta 2000 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le hearraí bia a lipéadú, a thíolacadh agus a fhógairt agus Airteagal 13, 14 agus 15 de Rialachán (CE) Uimh. 1760/2000, ag gach céim den táirgeadh agus den mhargaíocht, cuirfidh oibreoirí lipéid ar fheoil bó-ainmhithe atá níos óige ná 12 mhí d'aois ar a mbeidh an fhaisnéis seo a leanas:

(a) an tuairisc díolacháin i gcomhréir le pointe III den chuid seo den Iarscríbhinn;

(b) aois na n-ainmhithe ar mharú, á léiriú, de réir an cháis, ar an bhfoirm:

— “aois ar mharú: níos lú ná 8 mí”;

— “aois ar mharú: ó 8 go níos lú ná 12 mhí”.

De mhaolú ar phointe (b) den chéad fhomhír, féadfaidh oibreoirí an sonra maidir leis an gcatagóir a chur in ionad an tsonra maidir leis an aois ar mharú, faoi seach: “catagóir V” nó “catagóir Z”, ag céimeanna roimh scaoileadh an tomhaltóra dheiridh.

2. I gcás feola bó-ainmhithe atá níos óige ná 12 mhí d'aois a thugtar isteach lena díol gan a bheith réamhphacáistithe ag an bpointe miondíola leis an tomhaltóir deiridh, déanfaidh na Ballstáit rialacha a leagan síos maidir leis an mbealach a léireofar an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1.

V. Taifead

Ag gach céim den táirgeadh agus den mhargaíocht déanfaidh oibreoirí an fhaisnéis a leanas a thaifeadadh:

(a) uimhir aitheantais agus dáta breithe na n-ainmhithe, ar leibhéal an tseamlais amháin;

(b) uimhir thagartha lena bhféadfar nasc a bhunú idir, ar lámh amháin, aitheantas na n-ainmhithe óna dtionscnaíonn an fheoil agus, ar an láimh eile, an tuairisc díolacháin, an aois ar mharú agus litir aitheantais na catagóire a thugtar ar lipéad na feola;

(c) an dáta a dtagann na hainmhithe agus an fheoil san fhoras agus an dáta a n-imíonn siad.

VI. Seiceálacha oifigiúla

1. Ainmneoidh na Ballstáit an t-údarás inniúil nó na húdaráis inniúla a bhfuil freagracht orthu maidir le seiceálacha oifigiúla a dhéantar chun cur i bhfeidhm na Coda seo a fhíorú agus chun an Coimisiún a chur ar an eolas ina leith.

2. Déanfaidh an t-údarás inniúil nó na húdaráis inniúla seiceálacha oifigiúla i gcomhréir leis na prionsabail ghinearálta a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]), agus comhlíonadh rialacha um shláinte ainmhithe agus rialacha um leas ainmhithe a fhíorú ([2]).

([1]) Rialachán (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le rialuithe oifigiúla arna ndéanamh chun comhlíonadh rialacha dlí um beatha agus bia (IO L 165, 30.4.2004, lch 1).

([2]) Rialachán (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le feidhmiú rialuithe oifigiúla chun fíorú chomhlíonadh an dlí beatha agus bia, rialacha sláinte ainmhithe agus leasa ainmhithe a áirithiú (IO L 165, 30.4.2004, lch. 1).

▼B

3. Déanfaidh saineolaithe an Choimisiúin, i gcás inar gá, go comhpháirteach leis na húdaráis inniúla lena mbaineann, agus nuair is infheidhme, le saineolaithe na mBallstát, seiceálacha ar an láthair lena áirithiú go gcuirfear forálacha na hIarscríbhinne seo chun feidhme.

4. Déanfaidh aon Bhallstát a ndéanfar seiceálacha ar a chríoch gach cúnamh is gá a chur ar fáil don Choimisiún a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil dó chun a chuid cúraimí a chomhlíonadh.

5. I gcás feola a allmhairítear ó thríú tíortha, áiritheoidh údarás inniúil a ainmneoidh tríú tír, nó más infheidhme, comhlacht tríú páirtí neamhspleách go gcomhlíonfar ceanglais na Coda seo. Tabharfaidh an comhlacht neamhspleách dearbhú iomlán comhlíonta leis na coinníollacha a leagtar síos i gCaighdeán Eorpach EN 45011 nó ISO/IEC Treoir 65.

CUID II

Catagóirí na dtáirgí finiúna

(1) Fíon

Ciallaíonn "fíon" an táirge a fhaightear go heisiach ó choipeadh alcólach iomlán nó páirteach fíonchaor úr, cibé acu atá siad brúite nó nach bhfuil, nó d'úrfhíon fíonchaor.

Beidh an méid seo a leanas fíor maidir le fíon:

(a) beidh neart alcóil iarbhír nach lú ná 8,5 % de réir toirte aige, cibé acu a cuireadh na próisis a shonraítear i Roinn B de Chuid i d'Iarscríbhinn VIII i bhfeidhm nó nár cuireadh, ar choinníoll go dtagann an fíon go heisiach ó fhíonchaora a bhaintear i gcriosanna fíonsaothrúcháin A agus B dá dtagraítear san Fhoscríbhinn a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo, agus neart alcóil iarbhír nach lú ná 9 % de réir toirte i gcriosanna fíonsaothrúcháin eile;

(b) beidh neart alcóil iarbhír nach lú ná 4,5 % de réir toirte aige, de mhaolú ar an íosneart alcóil iarbhír is infheidhme i ngach cás eile, i gcás ina bhfuil ►C2 ainmniúchán tionscnaimh ◄ faoi chosaint nó tásc geografach faoi chosaint aige, cibé acu a cuireadh na próisis a shonraítear i Roinn B de Chuid i d'Iarscríbhinn VIII i bhfeidhm nó nár cuireadh;

(c) beidh neart alcóil iomlán nach mó ná 15 % de réir toirte ann. De mhaolú ar an méid sin, áfach:

— féadfaidh an uasteorainn do neart iomlán an alcóil a bheith chomh hard le 20 % de réir toirte i gcás fíonta a táirgeadh gan aon saibhriú ó limistéir fíonsaothrúcháin áirithe den Aontas, a bheidh le cinneadh ag an gCoimisiún trí bhíthin gníomhartha tarmligthe de bhun Airteagal 75(2),

▼M5

— féadfaidh an uasteorainn do neart iomlán an alcóil dul thar 15 % de réir toirte i gcás fíonta a bhfuil sonrúchán tionscnaimh faoi chosaint acu agus a táirgeadh gan saibhriú, nó a saibhríodh le próisis tiúchana páirtí a liostaítear i bpointe 1 de Roinn B de Chuid I d'Iarscríbhinn VIII agus leis na próisis sin amháin, ar choinníoll go bhféadfadh an méid sin a bheith i gceist leis an tsonraíocht táirge i gcomhad teicniúil an tsonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint lena mbaineann;

▼B

(d) faoi réir maoluithe a fhéadfaidh an Coimisiún a ghlacadh trí bhíthin gníomhartha tarmligthe de bhun Airteagal 75(2), beidh cion aigéadachta iomlán aige, a shloinntear mar aigéad tartarach, nach lú ná 3,5 gram in aghaidh an lítir nó 46,6 milleachoibhéis in aghaidh an lítir.

Ciallaíonn "retsina" fíon a tháirgtear i gcríoch gheografach na Gréige amháin ag úsáid úrfhíona fíonchaor atá cóireáilte le roisín ón bpéine Aleppo. Ceadaítear úsáid roisín an phéine Aleppo chun fíon "Retsina" a fháil agus chuige sin amháin, faoi na coinníollacha a leagtar síos san fhoráil is infheidhme maidir leis an nGréig.

▼B

De mhaolú ar phointe (b) den dara fomhír, meastar gur fíon iad “Tokaji eszencia” agus “Tokajská esencia”.

Mar sin féin, d'ainneoin Airteagal 60(2), féadfaidh na Ballstáit úsáid an téarma “fíon” a cheadú sna cásanna a leanas:

(a) má thugtar ainm toraidh i bhfoirm comhainm ar tháirgí ar an margadh a fuarthas trí choipeadh toraidh eile seachas fíonchaora; nó

(b) más cuid de chomhainm é.

Seachnófar aon mhearbhall maidir le táirgí a fhreagraíonn do na catagóirí fíona san Iarscríbhinn seo.

(2) Fíon nua atá fós faoi choipeadh

Ciallaionn “fíon nua atá fós faoi choipeadh” an táirge nach bhfuil an coipeadh alcólach críochnaithe fós ann agus nach bhfuil scartha óna mhoirt fós.

(3) Fíon licéir

Ciallaíonn “fíon licéir” an táirge:

(a) ag a bhfuil neart alcóil iarbhír nach lú ná 15 % de réir toirte agus nach mó ná 22 % de réir toirte;

(b) ag a bhfuil neart alcóil iomlán nach lú ná 17,5 % de réir toirte, ach amháin fíonta licéir áirithe le ►C2 hainmniúchán tionscnaimh ◄ nó le tásc geografach ó liosta atá le tarraingt suas ag an gCoimisiún trí bhíthin gníomhartha tarmligthe de bhun Airteagal 75(2);

(c) a fhaightear ó cheann díobh seo a leanas:

— úrfhíon fíonchaor atá faoi choipeadh,

— fíon,

— teaglaim de na táirgí thuas, nó

— úrfhíon fíonchaor nó meascán de le fíon i gcás fíonta licéir áirithe a bhfuil ►C2 ainmniúchán tionscnaimh ◄ faoi chosaint nó tásc geografach faoi chosaint acu, atá le cinneadh ag an gCoimisiún trí bhíthin gníomhartha tarmligthe de bhun Airteagal 75(2);

(d) ag a bhfuil neart nádúrtha alcóil tosaigh nach lú ná 12 % de réir toirte ach amháin fíonta licéir áirithe le ►C2 hainmniúchán tionscnaimh ◄ faoi chosaint nó le tásc geografach faoi chosaint ó liosta atá le tarraingt suas ag an gCoimisiún trí bhíthin gníomhartha tarmligthe de bhun Airteagal 75(2);

(e) a bhfuil an méid seo a leanas curtha leis:

(i) ina n-aonar nó i dteaglaim:

— alcól neodrach de bhunús fíniúna, lena n-áirítear alcól arna tháirgeadh ó dhriogadh fíonchaor triomaithe, ag a bhfuil neart alcóil iarbhír nach lú ná 96 % de réir toirte,

▼B

— fíon nó driogáit fíonchaor triomaithe, ag a bhfuil neart alcóil iarbhír nach lú ná 52 % de réir toirte agus nach mó ná 86 % de réir toirte;

(ii) in éineacht le ceann amháin nó níos mó de na táirgí seo a leanas, nuair is iomchuí:

— úrfhíon fíonchaor tiubhaithe,

— teaglaim de cheann de na táirgí dá dtagraítear i bpointe (e)(i) le húrfhíon fíonchaor dá dtagraítear sa chéad fhleasc agus sa cheathrú fleasc de phointe (c);

(f) lena bhfuil, de mhaolú ar phointe (e), ceann acu seo a leanas curtha fad is a bhaineann le fíonta licéir áirithe le ►C2 hainmniúchán tionscnaimh ◄ faoi chosaint nó tásc geografach faoi chosaint ó liosta atá le tarraingt suas ag an gCoimisiún trí bhíthin gníomhartha tarmligthe de bhun Airteagal 75(1):

(i) ceachtar de na táirgí a liostaítear i bpointe (e)(i) ina aonar nó i dteaglaim; nó

(ii) ceann amháin nó níos mó de na táirgí seo a leanas:

— alcól fíona nó alcól fíonchaor triomaithe ag a bhfuil neart alcóil iarbhír nach lú ná 95 % de réir toirte agus nach mó ná 96 % de réir toirte,

— biotáillí driogtha ó fhíon nó ó mharc fíonchaor, ag a bhfuil neart alcóil iarbhír nach lú ná 52 % de réir toirte agus nach mó ná 86 % de réir toirte,

— biotáillí driogtha ó fhíonchaora triomaithe ag a bhfuil neart alcóil iarbhír nach lú ná 52 % de réir toirte ach níos lú ná 94,5 % de réir toirte; agus

(iii) ceann amháin nó níos mó de na táirgí seo a leanas, nuair is iomchuí:

— úrfhíon fíonchaor leathchoipthe, a fhaightear ó fhíonchaora rísínithe,

— úrfhíon fíonchaor tiubhaithe a fhaightear trí theas díreach, a chomhlíonann an sainmhíniú ar úrfhíon fíonchaor tiubhaithe, ach amháin i gcás na hoibríochta sin,

— úrfhíon fíonchaor tiubhaithe,

— teaglaim de cheann de na táirgí atá liostaithe i bpointe (f)(ii) le húrfhíon fíonchaor dá dtagraítear sa chéad fhleasc agus sa cheathrú fleasc de phointe (c).

(4) Fíon súilíneach

Ciallaíonn “fíon súilíneach” an táirge:

(a) a fhaightear ón gcéad nó ón dara coipeadh alcólach:

— ó fhíonchaora úra,

— ó úrfhíon fíonchaor, nó,

— ó fhíon;

(b) a scaoileann dé-ocsaíd charbóin díorthaithe go heisiach ó choipeadh, nuair a osclaítear an coimeádán;

▼B

(c) ag a bhfuil brú barrachais, mar thoradh ar dhé-ocsaíd charbóin a bheith ar thuaslagadh ann, nach lú ná 3 bhar nuair a choinnítear ag teocht 20 °C i gcoimeádáin dhúnta é; agus

(d) nach mbeidh neart alcóil iomlán na cuvée atá beartaithe dá ullmhú níos lú ná 8,5 % de réir toirte.

(5) Ciallaíonn fíon súilíneach ar ardchaighdeán

Is éard a bheidh i "bhfíon súilíneach ar ardchaighdeán" ná an táirge:

(a) a fhaightear ón gcéad nó ón dara coipeadh alcólach:

— ó fhíonchaora úra,

— ó úrfhíon fíonchaor, nó

— ó fhíon;

(b) a scaoileann dé-ocsaíd charbóin díorthaithe go heisiach ó choipeadh, nuair a osclaítear an coimeádán;

(c) ag a bhfuil brú barrachais, mar thoradh ar dhé-ocsaíd charbóin a bheith ar thuaslagadh ann, nach lú ná 3,5 bar nuair a choinnítear ag teocht 20 °C i gcoimeádáin dhúnta é; agus

(d) nach mbeidh neart alcóil iomlán na cuvée atá beartaithe dá ullmhú níos lú ná 9 % de réir toirte.

(6) Fíon súilíneach aramatach ar ardchaighdeán

Ciallaíonn "fíon súilíneach" aramatach ar ardchaighdeán an fíon súilíneach ar ardchaighdeán:

(a) nuair atá an cuvée á chomhdhéanamh, a fhaightear trí úsáid a bhaint as úrfhíon fíonchaor nó úrfhíon fíonchaor faoi choipeadh agus atá díorthaithe ó chineálacha sonracha fíonchaor fíona ar liosta atá le tarraingt suas ag an gCoimisiún trí bhíthin gníomhartha tarmligthe de bhun Airteagal 75(2).

Déanfaidh an Coimisiún fíon súilíneach aramatach ar ardchaighdeán arna tháirgeadh go traidisiúnta trí úsáid a bhaint as fíon nuair atá an cuvée á chomhdhéanamh, a chinneadh trí bhíthin gníomhartha tarmligthe de bhun Airteagal 75(2);

(b) ag a bhfuil brú barrachais, mar thoradh ar dhé-ocsaíd charbóin a bheith ar thuaslagadh ann, nach lú ná 3 bhar nuair a choinnítear ag teocht 20 °C i gcoimeádáin dhúnta é;

(c) nach féidir neart alcóil iarbhír níos lú ná 6 % de réir toirte a bheith aige; agus

(d) nach féidir neart alcóil iomlán níos lú ná 10 % de réir toirte a bheith aige.

(7) Fíon súilíneach aeraithe

Ciallaíonn "fíon súilíneach" aeraithe an táirge:

(a) a fhaightear ó fhíon gan ►C2 ainmniúchán tionscnaimh ◄ faoi chosaint ná tásc geografach faoi chosaint;

(b) a scaoileann, nuair a osclaítear an coimeádán, dé-ocsaíd charbóin díorthaithe go huile nó go páirteach ón ngás sin a bheith curtha leis an táirge; agus

▼B

(c) ag a bhfuil brú barrachais, mar thoradh ar dhé-ocsaíd charbóin a bheith ar tuaslagadh ann, nach lú ná 3 bhar nuair a choinnítear ag teocht 20 °C i gcoimeádáin dhúnta é.

(8) Fíon leathshúilíneach

Ciallaíonnfíon leathshúilíneach an táirge:

(a) a fhaightear ó fhíon, fíon nua atá fós faoi choipeadh, úrfhíon ó chaora fíniúna nó úrfhíon ó chaora fíniúna atá fós faoi choipeadh a mhéid go bhfuil neart iomlán alcóil 9 % ar a laghad ag na táirgí sin;

(b) a bhfuil neart alcóil iarbhír nach lú ná 7 % de réir toirte ann;

(c) ag a bhfuil brú barrachais, mar thoradh ar dhé-ocsaíd charbóin inginiúil a bheith ar tuaslagadh ann, nach lú ná 1 bhar agus nach mór ná 2,5 bhar nuair a choinnítear ag teocht 20 °C i gcoimeádáin dhúnta é; agus

(d) a chuirtear i gcoimeádáin 60 lítear nó níos lú.

(9) Fíon leathshúilíneach aeraithe

Ciallaíonn "fíon leathshúilíneach" aeraithe an táirge:

(a) a fhaightear ó fhíon, fíon nua atá fós faoi choipeadh, úrfhíon ó chaora fíniúna nó úrfhíon ó chaora fíniúna atá fós faoi choipeadh;

(b) a bhfuil neart alcóil iarbhír nach lú ná 7 % de réir toirte agus neart alcóil iomlán nach lú ná 9 % de réir toirte ann;

(c) ag a bhfuil brú barrachais nach lú ná 1 bhar agus nach mó ná 2,5 bhar nuair a choinnítear ag teocht 20 °C i gcoimeádáin dhúnta é mar thoradh ar dhé-ocsaíd charbóin a bheith ar tuaslagadh ann atá curtha leis go hiomlán nó go páirteach; agus

(d) a chuirtear i gcoimeádáin 60 lítear nó níos lú.

(10) Úrfhíon fíonchaor

Ciallaíonn "úrfhíon fíonchaor" an táirge leachtach a fhaightear go nádúrtha nó trí phróisis fhisiceacha ó fhíonchaora úra. Tá neart alcóil iarbhír nach mó ná 1 % de réir toirte ceadaithe i gcás úrfhíona fíonchaor.

(11) Úrfhíon fíonchaor leathchoipthe

Ciallaíonn "úrfhíon fíonchaor" faoi choipeadh an táirge a fhaightear ó choipeadh úrfhíona fíonchaor ag a bhfuil neart alcóil iarbhír atá níos mó ná 1 % de réir toirte ach níos lú ná trí chúigiú dá neart alcóil iomlán de réir toirte.

(12) Úrfhíon fíonchaor leathchoipthe úsctha ó fhíonchaora rísínithe

Ciallaíonn "úrfhíon fíonchaor" faoi choipeadh úsctha ó fhíonchaora rísínithe an táirge a fhaightear ó choipeadh páirteach úrfhíona fíonchaor a fhaightear ó fhíonchaora rísínithe, ina bhfuil cion iomlán siúcra de 272 gram in aghaidh an lítir roimh choipeadh agus ag a bhfuil neart alcóil iarbhír agus nádúrtha nach lú ná 8 % de réir toirte. Maidir le fíonta áirithe, áfach, atá le cinneadh ag an gCoimisiún trí bhíthin gníomhartha tarmligthe de bhun Airteagal 75(2), agus a chomhlíonann na ceanglais seo, ní mheasfar gur úrfhíon fíonchaor faoi choipeadh úsctha ó fhíonchaora rísínithe iad.

▼B

(13) Úrfhíon fíonchaor tiubhaithe

Ciallaíonnúrfhíon fíonchaor tiubhaithe úrfhíon fíonchaor neamhdhóite a fhaightear trí dhíhiodráitiú páirteach úrfhíona fíonchaor a dhéantar trí aon mhodh údaraithe, seachas teas díreach, ar bhealach a fhágann nach lú ná 50,9 % an figiúr a léirítear ar athraonmhéadar a úsáidtear i gcomhréir le modh atá le sannadh i gcomhréir leis an tríú fomhír d'Airteagal 80(5) agus pointe (d) den chéad fhomhír d'Airteagal 91ag teocht de 20 °C.

Tá neart alcóil iarbhír den úrfhíon fíonchaor tiubhaithe nach mó ná 1 % de réir toirte ceadaithe.

(14) Úrfhíon fíonchaor tiubhaithe coigeartaithe

Ciallaíonn "úrfhíon fíonchaor tiubhaithe coigeartaithe":

(a) an táirge neamhdhóite leachtach:

(i) a fhaightear trí dhíhiodráitiú páirteach úrfhíona fíonchaor a dhéantar trí aon mhodh údaraithe, seachas teas díreach, ar bhealach a fhágann nach lú ná 61.7 % an figiúr a léirítear ar athraonmhéadar a úsáidtear i gcomhréir le modh atá le sannadh i gcomhréir le hAirteagal 80(5) agus agus pointe (d) den chéad fhomhír d'Airteagal 68ag teocht de 20 °C;

(ii) atá curtha faoi chóireáil údaraithe chun comhábhair seachas siúcra a dhí-aigéadú agus a dhíothú;

(iii) ag a bhfuil na saintréithe seo a leanas:

— pH nach mó ná 5 ag 25 Brix,

— dlús optúil ag 425 nm do thiús 1 cm nach mó ná 0,100 in úrfhíon fíonchaor tiubhaithe ag 25 Brix,

— cion siúcróis nach bhfuil le brath trí mhodh anailíse atá le sainiú,

— innéacs Folin-Ciocalteu nach mó ná 6,00 ag 25 °Brix,

— aigéadacht intoirtmheasctha nach mó ná 15 mhilleachoibhéis in aghaidh an chileagraim de shiúcraí iomlána,

— cion dé-ocsaíde sulfair nach mó ná 25 milleagram in aghaidh an chileagraim de shiúcraí iomlána,

— cion iomlán caitian nach mó ná 8 milleachoibhéis in aghaidh an chileagraim de shiúcraí iomlána,

— seoltacht ag 25 °Brix agus 20 °C nach mó ná 120 micrea-Siemens/cm,

— cion hiodrocsaimeitiolfurfurail nach mó ná 25 milleagram in aghaidh an chileagraim de shiúcraí iomlána,

— mesoinositol i láthair.

(b) an táirge neamhdhóite soladach:

(i) a fhaightear trí chriostalú a dhéanamh ar úrfhíona fíonchaor tiubhaithe coigeartaithe leachtacha gan tuaslagóir a úsáid;

(ii) atá curtha faoi chóireáil údaraithe chun comhábhair seachas siúcra a dhí-aigéadú agus a dhíothú;

▼B

(iii) a bhfuil na saintréithe a leanas aige tar éis é a chaolú i dtuaslagán ag 25 Brix:

— pH nach mó ná 7.5,

— dlús optúil ag 425 nm do thiús 1 cm nach mó ná 0.100,

— cion siúcróis nach bhfuil le brath trí mhodh anailíse atá le sainiú,

— innéacs Folin-Ciocalteu nach mó ná 6.00,

— aigéadacht intoirtmheasctha nach mó ná 15 mhilleachoibhéis in aghaidh an chileagraim de shiúcraí iomlána,

— cion dé-ocsaíde sulfair nach mó ná 10 milleagram in aghaidh an chileagraim de shiúcraí iomlána,

— cion iomlán caitian nach mó ná 8 milleachoibhéis in aghaidh an chileagraim de shiúcraí iomlána,

— seoltacht ag 20 °C nach mó ná 120 micrea-Siemens/cm,

— cion hiodrocsaimeitiolfurfurail nach mó ná 25 milleagram in aghaidh an chileagraim de shiúcraí iomlána,

— mesoinositol i láthair.

Tá neart alcóil iarbhír den úrfhíon fíonchaor tiubhaithe coigeartaithe nach mó ná 1 % de réir toirte ceadaithe.

(15) Fíon ó fhíonchaora rísínithe

Ciallaíonn "fíon ó fhíonchaora rísínithe" an táirge:

(a) a tháirgtear gan saibhriú, ó fhíonchaora a fágadh sa ghrian nó sa scáth i gcomhair díhiodráitiú páirteach;

(b) ag a bhfuil neart alcóil iomlán nach lú ná 16 % de réir toirte agus neart alcóil iarbhír nach lú ná 9 % de réir toirte; agus

(c) ag a bhfuil neart alcóil nádúrtha nach lú ná 16 % de réir toirte (nó 272 gram siúcra in aghaidh an lítir).

(16) Fíon ó fhíonchaora ró-aibí

Ciallaíonn "fíon ó fhíonchaora ró-aibí" an táirge:

(a) a tháirgtear gan saibhriú;

(b) ag a bhfuil neart alcóil nádúrtha níos mó ná 15 % de réir toirte; agus

(c) ag a bhfuil neart alcóil iomlán nach lú ná 15 % de réir toirte agus neart alcóil iarbhír nach mó ná 12 % de réir toirte.

Féadfaidh Ballstáit tréimhse aosaithe a leagan síos don táirge seo.

(17) Fínéagar fíona

Ciallaíonn "fínéagar fíona" fínéagar:

(a) a fhaightear go heisiach trí choipeadh aicéiteach fíona; agus

(b) ag a bhfuil aigéadacht iomlán nach lú ná 60 gram in aghaidh an lítir a shloinntear mar aigéad aicéiteach.

▼B

CUID III

Bainne agus táirgí bainne

1. Ciallaíonn 'bainne' an gnáththál mamach a fhaightear ó bhleán amháin nó níos mó gan aon rud a bheith curtha leis sin nó bainte as sin, agus an chiall sin amháin.

   Féadfar an téarma 'bainne' a úsáid sna cásanna seo a leanas, áfach:

   (a) i gcás bainne a chóireáiltear gan a chomhdhéanamh a athrú nó i gcás bainne a rinneadh a chion saille a chaighdeánú de réir Chuid IV;

   (b) i gcomhar le focal nó focail chun cineál, grád, tionscnamh agus/nó úsáid bheartaithe an bhainne sin a ainmniú nó chun cur síos a dhéanamh ar an gcóireáil fhisiceach nó ar an modhnú ar chomhdhéanamh atá déanta air, ar choinníoll go bhfuil an modhnú srianta do chomhábhair nádúrtha bhainne a chur leis agus/nó a bhaint as.

2. Chun críocha na Coda seo, ciallaíonn 'táirgí bainne' táirgí a fhaightear ó bhainne amháin, ar an tuiscint gur féidir substaintí a theastaíonn chun iad a dhéanamh a chur leo ar choinníoll nach n-úsáidtear na substaintí sin chun iad a chur in ionad, go huile nó go páirteach, aon chomhábhair bhainne.

   Forchoimeádfar iad seo a leanas go heisiach do tháirgí bainne.

   (a) na hainmneacha a leanas a úsáidtear ag gach céim margaíochta:

      (i) meadhg,

      (ii) uachtar,

      (iii) im,

      (iv) bláthach,

      (v) ola ime,

      (vi) cáiséiní,

      (vii) saill bhainne ainhidriúil,

      (viii) cáis,

      (ix) iógart,

      (x) ceifír,

      (xi) koumiss,

      (xii) viili/fil,

      (xiii) smetana,

      (xiv) fil;

      (xv) rjaženka,

      (xvi) rūgušpiens;

   (b) ainmneacha faoi chuimsiú bhrí Airteagal 5 de Threoir 2000/13/CE nó Airteagal 17 de Rialachan (AE) Uimh. 1169/2011 a úsáidtear le haghaidh táirgí bainne.

3. Is féidir an téarma 'bainne' agus na sonrúcháin a úsáidtear do tháirgí bainne a úsáid freisin i gcomhar le focal nó focail chun táirgí ilchodacha a shainiú, ar táirgí iad nach bhfuil aon chuid díobh ag tógáil ionad aon chomhábhair bhainne nó nach bhfuil beartaithe ionad comhábhair bhainne a thógáil agus dá bhfuil bainne nó táirge bainne ina chuid bhunriachtanach maidir le cainníocht nó tréithriú an táirge.

▼B

4. Maidir le bainne, luafar an speiceas ainmhí ón a dtagann an bainne, mura bó-ainmhí atá i gceist.

5. Ní ceadmhach na hainmhithe dá dtagraítear i bpointe 1, i bpointe 2 agus i bpointe 3 a úsáid d'aon táirge seachas dóibh siúd dá dtagraítear sa phointe sin.

   Ní bheidh feidhm ag an bhforáil seo, áfach, maidir le sonrúchán táirgí dá bhfuil an cineál soiléir ó úsáid thraidisiúnta agus/nó nuair is léir go n-úsáidtear na sonrúcháin chun cur síos a dhéanamh ar shaintréith an táirge.

6. Maidir le táirgí seachas iad siúd a bhfuil tuairisc orthu i bpointí 1, 2 agus 3 den Chuid seo, ní ceadmhach aon lipéad, doiciméad tráchtála, ábhar poiblíochta ná aon chineál fógraíochta mar a shainmhínítear iad in Airteagal 2 de Threoir 2006/114/CE ([1]) ón gComhairle, ná aon chineál cur i láthair a úsáid a mhaíonn, a chuireann in iúl nó a thugann le tuiscint gur táirge déiríochta atá sa táirge.

   Maidir le táirge ina bhfuil bainne nó táirgí bainne, áfach, ní ceadmhach an sonrúchán 'bainne' nó na sonrúcháin dá dtagraítear sa dara fomhír de phointe 2 den Chuid seo a úsáid ach amháin chun cur síos a dhéanamh ar na hamhábhair bhunúsacha agus chun na comhábhair a liostú i gcomhréir le Treoir 2000/13/CE nó le Rialachán 1169/2011.

CUID IV

Bainne lena chaitheamh ag an duine a thagann faoi chuimsiú chód AC 0401

I. Sainmhínithe

   Chun críocha na Coda seo:

   (a) ciallaíonn 'bainne' an táirge a fhaightear as bó amháin nó níos mó a bhleán;

   (b) ciallaíonn 'bainne óil' na táirgí dá dtagraítear i bpointe III atá beartaithe a sheachadadh chuig an tomhaltóir gan tuilleadh próiseála;

   (c) ciallaíonn 'cion saille' an cóimheas de réir maise de chodanna saille bainne in aghaidh gach céad cuid bainne sa bhainne lena mbaineann;

   (d) ciallaíonn 'cion próitéine' an cóimheas de réir maise de chodanna próitéine in aghaidh gach céad cuid bainne sa bhainne lena mbaineann (a fhaightear tríd an gcion nítrigine iomlán sa bhainne a mhéadú faoi 6,38 a shloinntear mar chéatadán de réir maise).

II. Seachadadh ar an tomhaltóir deiridh nó díol leis

   1 Ní ceadmhach ach bainne a chomhlíonann na ceanglais a leagtar síos do bhainne óil a sheachadadh gan phróiseáil ar an tomhaltóir deiridh nó a dhíol leis, go díreach nó trí bhialanna, ospidéil, ceaintíní nó oll-lónadóirí comhchosúla eile.

   2 Is iad na tuairiscí díolacháin a úsáidfear do na táirgí sin ná iad siúd a thugtar i bpointe III den Chuid seo. Ní úsáidfear na tuairiscí sin ach amháin do na táirgí dá dtagraítear sa phointe sin, gan dochar dá n-úsáid i dtuairiscí ilchodacha.

   3 Glacfaidh Ballstáit bearta chun tomhaltóirí a chur ar an eolas faoi chineál agus faoi chomhdhéanamh na dtáirgí lena mbaineann sna cásanna gur dócha mearbhall a bheith ann mura gcuirtear an fhaisnéis sin ar fáil.

([1]) Treoir 2006/114/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2006 a bhaineann le fógraíocht mhíthreorach agus chomparáideach (IO L 376, 27.12.2006, lch. 21).

▼B

III. Bainne óil

1. Measfar gur bainne óil a bheidh sna táirgí seo a leanas:

(a) bainne amh, bainne nár téadh os cionn 40 °C nó nach ndearnadh cóireáil air ag a bhfuil tionchar coibhéiseach;

(b) bainne iomlán: bainne teaschóireáilte a chomhlíonann ceann de na ceanglais a leanas maidir le cion saille:

(i) bainne iomlán caighdeánaithe: bainne a bhfuil ar a laghad 3,50 % (m/m) de chion saille ann. Féadfaidh Ballstáit foráil a dhéanamh, áfach, maidir le catagóir bhreise de bhainne iomlán ina bhfuil 4,00 % (m/m) de chion saille ann nó níos mó;

(ii) bainne iomlán neamhchaighdeánaithe: bainne le cion saille nár athraíodh tar éis bleáin trí shaill bhainne a chur leis nó a bhaint de nó trína mheascadh le bainne ina bhfuil an cion saille nádúrtha athraithe. Ní ceadmhach an cion saille a bheith níos lú ná 3,50 % (m/m), áfach;

(c) bainne leathbhearrtha: bainne teaschóireáilte a bhfuil an cion saille ann laghdaithe go 1,50 % (m/m) ar a laghad agus 1,80 % (m/m) ar a mhéad;

(d) bainne teaschóireáilte a bhfuil an cion saille ann laghdaithe go 0,50 % (m/m) ar a mhéad.

Measfar gur bainne óil atá i mbainne teaschóireáilte nach gcomhlíonann na ceanglais maidir le cion saille a leagtar síos i bpointe (b), i bpointe (c) agus i bpointe (d) den chéad fhomhír ar choinníoll go bhfuil an cion saille curtha in iúl go soiléir le pointe deachúlach amháin agus é inléite go soiléir ar an bpacáistíocht i bhfoirm "… % de shaill". Ní dhéanfar cur síos ar bhainne den chineál seo mar bhainne iomlán, mar bhainne leathbhearrtha ná mar bhainne bearrtha.

2. Gan dochar do phointe 1(b)(ii), ní cheadófar ach na modhnuithe seo a leanas:

(a) d'fhonn an cion saille a leagtar síos do bhainne óil a bhaint amach, an cion saille nádúrtha a mhodhnú trí uachtar a chur leis nó a bhaint de nó trí bhainne iomlán, bainne leathbhearrtha nó bainne bearrtha a chur leis;

(b) bainne a shaibhriú le próitéiní bainne, salainn mhianracha nó vitimíní i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1925/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]);

(c) an cion lachtóis a laghdú trína thiontú go glúcós agus galachtós.

Ní cheadófar modhnuithe i gcomhdhéanamh bainne dá dtagraítear i bpointe (b) agus i bpointe (c) ach amháin má tá siad léirithe go doscriosta ar phacáistíocht an táirge ionas gur féidir é a fheiceáil agus a léamh go furasta. Ní bhfaighidh léiriú den chineál sin réidh leis an oibleagáid maidir le lipéadú cothaithe a leagtar síos le Rialachán(AE) Uimh 1169/2011. I gcás ina gcuirtear próitéiní leis, ní mór cion próitéine an bhainne shaibhrithe a bheith cothrom le 3,8 % (m/m) nó níos mó.

([1]) Rialachán (CE) Uimh. 1925/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 2006 maidir le vitimíní agus mianraí agus substaintí áirithe eile a chur le bia; (IO L 404, 30.12.2006, lch. 26).

▼B

Féadfaidh Ballstáit teorainn a chur le modhnuithe, nó cosc a chur ar mhodhnuithe ar chomhdhéanamh bainne dá dtagraítear i bpointe (b) agus i bpointe (c).

3. Beidh an méid seo a leanas fíor faoi bhainne óil:

(a) beidh reophointe aige atá gar do mheán-reophointe bainne amh a dhéantar a thaifeadadh i limistéar tionscnaimh an bhainne óil a bhailítear;

(b) beidh mais ag an mbainne nach lú ná 1 028 gram in aghaidh an lítir i gcás bainne ina bhfuil 3,5 % (m/m) de shaill ag 20 °C nó an meáchan coibhéiseach in aghaidh an lítir i gcás bainne ina bhfuil cion saille éagsúil;

(c) beidh ar a laghad 2,9 % (m/m) de phróitéin ann i gcás bainne ina bhfuil 3,5 % (m/m) de shaill nó tiúchan coibhéiseach i gcás bainne ina bhfuil cion saille éagsúil.

CUID V

Táirgí ó earnáil an fheola éanlaithe clóis

I. Beidh feidhm ag an gCuid seo maidir le margaíocht a dhéanamh laistigh den Aontas i modh gnó nó trádála, ar tháirgí de chineálacha agus de léirithe áirithe feola éanlaithe clóis, agus ullmhóidí agus táirgí feola éanlaithe clóis nó ullmhóidí agus táirgí scairteach éanlaithe clóis, ó na speicis seo a leanas

— *Gallus domesticus*,

— lachain,

— géanna,

— turcaithe,

— guinithe.

Beidh feidhm ag na forálacha seo freisin maidir le feoil éanlaithe faoi sháile a thagann faoi réim chód AC 0210 99 39.

II. Sainmhínithe

(1) ciallaíonn 'feoil éanlaithe' feoil éanlaithe atá oiriúnach lena caitheamh ag an duine agus nach bhfuil aon chóireáil déanta uirthi seachas fuar-chóireáil;

(2) ciallaíonn “feoil úr éanlaithe” feoil éanlaithe nach bhfuil stalctha ag aon am ag an bpróiseas fuaraithe, roimh di a bheith coinnithe ag teocht nach ísle ná – 2 °C agus nach airde ná + 4 °C. Féadfaidh Ballstáit ceanglais teochta atá beagán éagsúil a leagan síos don íosmhéid ama is gá chun feoil úr éanlaithe a ghearradh agus a láimhseáil i siopaí miondíola nó in áitribh atá in aice le pointí díolacháin, i gcás ina ndéantar an gearradh agus an láimhseáil chun iad a sholáthar don tomhaltóir ar an láthair, agus chuige sin amháin;

(3) ciallaíonn “feoil reoite éanlaithe” feoil éanlaithe nach mór a bheith reoite chomh tapa agus is féidir taobh istigh de shrianta na ngnáthnósanna imeachta maraithe agus atá le coinneáil ag teocht nach airde ná – 12 °C ag am ar bith;

(4) ciallaíonn “feoil mhear-reoite éanlaithe clóis” feoil éanlaithe clóis atá le coinneáil ag teocht nach airde ná -18 °C ag am ar bith taobh istigh de na lamháltais dá ndéantar foráil i dTreoir 89/108/CEE ón gComhairle ([1]);

([1]) Treoir 89/108/CEE ón gComhairle an 21 Nollaig 1988 maidir leis comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le bia mear-reoite mar bhia don duine (IO L 40 11.2.1999, lch. 34).

▼B

(5) ciallaíonn “ullmhóid feola éanlaithe” feoil éanlaithe, lena n-áirítear feoil éanlaithe atá laghdaithe go blúirí, a bhfuil bia-ábhair, blastanais nó breiseáin curtha leis, nó atá curtha trí phróisis nach bhfuil leordhóthanach chun struchtúr shnáithíní mhatáin inmheánacha na feola a athrú;

(6) ciallaíonn “ullmhóid feola úire éanlaithe”

ullmhóid feola éanlaithe ar baineadh úsáid as feoil úr éanlaithe ann.

Féadfaidh Ballstáit ceanglais teochta atá beagán éagsúil a leagan síos, áfach, atá le cur i bhfeidhm don íosmhéid ama is gá agus sa mhéid is gá amháin chun gearradh agus láimhseáil feola éanlaithe a dhéantar sa mhonarcha le linn táirgeadh ullmhóidí feola úire éanlaithe a éascú;

(7) ciallaíonn “táirge feola éanlaithe clóis” táirge feola mar atá sé sainmhínithe i bpointe 7.1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 ar úsáideadh feoil éanlaithe clóis dó.

III. Beidh feoil éanlaithe clóis agus ullmhóidí feola úire éanlaithe á margú faoi cheann de na coinníollacha a leanas:

— úr,

— reoite,

— mear-reoite.

CUID VI

Uibheacha cearca de speiceas gallus species

I. Raon feidhme

1 Gan dochar d'Airteagal 75 a bhaineann le caighdeáin mhargaíochta uibheacha goir agus sicíní éanlaithe clóis, beidh feidhm ag an gCuid seo i ndáil leis an margaíocht laistigh den Aontas d'uibheacha a táirgeadh san Aontas, d'uibheacha a allmhairíodh ó thríú tíortha nó d'uibheacha a bheartaítear a onnmhairiú lasmuigh den Aontas.

2 Féadfar Ballstáit a dhíolmhú ó na ceanglais dá bhforáiltear sa Chuid seo, seachas pointe III(3), uibheacha a dhíolann an táirgeoir díreach leis an tomhaltóir deiridh:

(a) ar an láthair táirgeachta, nó

(b) i margadh poiblí áitiúil nó díol ó dhoras go doras i réigiún táirgeachta an Bhallstáit lena mbaineann.

I gcás ina dtugtar díolúine mar sin, beidh gach táirgeoir in ann a roghnú díolúine mar sin a chur i bhfeidhm nó gan í a chur i bhfeidhm. I gcás ina gcuirtear díolúine mar sin i bhfeidhm, ní fhéadfar grádú cáilíochta nó meáchain a úsáid.

Féadfaidh an Ballstát, i gcomhréir lena ndlí náisiúnta, sainmhíniú ar na téarmaí 'margadh poiblí áitiúil', 'díol ó dhoras go doras' agus 'réigiún táirgeachta' a shuí.

II. Grádú cáilíochta agus meáchain

1. Déanfar uibheacha a ghrádú de réir cáilíochta mar a leanas:

(a) Aicme A nó 'úr',

(b) Aicme B.

▼B

2. Déanfar uibheacha Aicme A a ghrádú de réir meáchain freisin. Ní éileofar grádú de réir meáchain, áfach, i gcás uibheacha a sheachadfar chuig an tionscal bia agus an tionscal neamhbhia.

3. Ní sheachadfar uibheacha Aicme B ach chuig an tionscal bia agus an tionscal neamhbhia.

III. Marcáil uibheacha

1 Déanfar uibheacha Aicme A a mharcáil leis an gcód táirgeora.

Déanfar uibheacha Aicme B a mharcáil leis an gcód táirgeora agus/nó le tásc eile.

Féadfaidh Ballstáit uibheacha Aicme B a dhíolmhú ón gceanglas sin i gcás ina ndéantar na huibheacha sin a chur ar an margadh go heisiach ar a gcríoch.

2. Déanfar na huibheacha a mharcáil i gcomhréir le pointe 1 ar an láthair táirgeachta nó ag an gcéad ionad pacála chuig a dtabharfar na huibheacha.

3. Déanfar uibheacha a dhíolann an táirgeoir leis an tomhaltóir deiridh ar mhargadh poiblí áitiúil i réigiún táirgeachta an Bhallstáit lena mbaineann a mharcáil i gcomhréir le pointe 1.

Féadfaidh Ballstáit, áfach, táirgeoirí a bhfuil suas le 50 bearóg a dhíolmhú ón gceanglas sin, ar choinníoll go léireofar ainm agus seoladh an táirgeora ag an bpointe díola.

CUID VII

Saillte inleata

I. Tuairisc díolacháin

Ní ceadmhach na táirgí dá dtagraítear i bpointe (f) d'Airteagal 78(1) a sholáthar ná a aistriú gan phróiseáil chuig an tomhaltóir deiridh go díreach ná trí bhialanna, ospidéil, ceaintíní nó áiteanna comhchosúla, mura gcomhlíonann siad na ceanglais a leagtar amach san Iarscríbhinn II.

Is iad tuairiscí díolacháin na dtáirgí sin na cinn a shonrófar in Iarscríbhinn II a gan dochar do phointe II(2), (3) agus (4).

Forchoimeádfar na tuairiscí díolacháin in Iarscríbhinn II do na táirgí a shainítear ann ag a bhfuil na cóid AC a leanas agus ag a bhfuil cion saille 10 % ar a laghad ach níos lú ná 90 % de réir meáchain:

(a) saillte bainne a thagann faoi réim chóid AC 0405 agus ex 2106;

(b) saillte a thagann faoi réim chód AC ex 1517;

(c) saillte atá comhdhéanta de tháirgí plandaí agus/nó ainmhithe a thagann faoi réim chód AC ex 1517 agus chód AC ex 2106.

Cion saille lúide salann a bheidh in dhá thrian ar a laghad den ábhar tirim.

Ní bhainfidh na tuairiscí díolacháin sin, áfach, ach le táirgí a bhíonn fós soladach ag teocht 20 °C, agus atá oiriúnach lena n-úsáid mar leatháin.

▼B

Ní bheidh feidhm ag na sainmhínithe seo maidir leis an méid seo a leanas:

(a) ainmniú táirgí a bhfuil a gcineál díreach soiléir ó úsáid thraidisiúnta agus/nó nuair a úsáidtear na hainmhithe go soiléir chun tuairisc a dhéanamh ar shaintréith de chuid an táirge;

(b) táirgí tiubhaithe (im, margairín, cumaisc) ina bhfuil cion saille 90 % nó níos mó.

II. Téarmaíocht

1. Féadfar an téarma 'traidisiúnta' a úsáid le chéile leis an ainm 'im' dá bhforáiltear i bpointe 1 de Chuid A d'Iarscríbhinn II, i gcás go bhfaightear an táirge go díreach ó bhainne nó ó uachtar.

   Chun críocha an phointe sin, ciallaíonn 'uachtar' an táirge a fhaightear ó bhainne i bhfoirm eibleachta den chineál ola-in-uisce ag a bhfuil cion saille bainne 10 % ar a laghad.

2. Cuirfear cosc ar théarmaí do tháirgí dá dtagraítear in Iarscríbhinn II ina luaitear, ina gcuirtear in iúl nó ina dtugtar le tuiscint cion saille seachas é sin dá dtagraítear san Iarscríbhinn sin.

3. De mhaolú ar mhír 2 agus anuas air sin, féadfar an téarma 'saill-laghdaithe' nó “éadrom” a úsáid do tháirgí dá dtagraítear in Iarscríbhinn II, le cion saille nach mó ná 62 %.

   Féadfaidh an téarma 'saill-laghdaithe' agus an téarma 'éadrom', teacht in ionad na dtéarmaí 'trí cheathrú saille' nó 'leathshaill' a úsáid áfach in Iarscríbhinn II.

4. Féadfar na tuairiscí díolacháin 'minarine' nó 'halvarine' a úsáid do tháirgí dá dtagraítear i bpointe 3 de Chuid B d'Iarscríbhinn II

5. Féadfar an téarma 'glasra' a úsáid le chéile leis na tuairiscí díolacháin i gCuid B d'Iarscríbhinn II, ar an gcoinníoll nach bhfuil sa táirge ach saill de thionscnamh glasraí lena ngabhann lamháltas 2 % den chion saille do shaill ainmhithe. Beidh feidhm ag an lamháltas seo chomh maith i gcás go dtagraítear do speiceas glasraí.

CUID VIII

Tuairiscí agus sainmhínithe ar ola olóige agus ar olaí prabhaite olóige

Beidh sé éigeantach na tuairiscí agus na sainmhínithe maidir le holaí olóige agus olaí prabhaite olóige a leagtar amach sa Chuid seo a úsáid i gcás mhargaíocht na dtáirgí lena mbaineann laistigh den Aontas, agus sa mhéid agus atá sé ag luí le rialacha éigeantacha idirnáisiúnta, i gcás trádála le tríú tíortha.

Ní féidir ach olaí dá dtagraítear i bpointí 1(a) agus (b), 3 agus 6 a mhargú le linn chéim an mhiondíola.

(1) OLAÍ OLÓIGE ÍONA

Ciallaíonn 'Olaí olóige íona' olaí a fhaightear ó thoradh an chrainn olóige trí mhodhanna meicniúla nó fisiceacha faoi choinníollacha nach ndéanann athruithe ar an ola, nach bhfuil aon chóireáil déanta uirthi seachas níochán, scineáil, lártheifneoiriú nó scagadh, ach amháin olaí a fhaightear trí úsáid a bhaint as tuaslagóirí nó a úsáideann aidiúvaigh a ghníomhaíonn go ceimiceach nó go bithcheimiceach, nó trí phróiseas ath-eistearúcháin agus aon mheascán le holaí de chineálacha eile.

▼B

Déantar olaí olóige íona a aicmiú go heisiach agus déantar cur síos orthu mar seo a leanas:

(a) Ola olóige úríon

Ciallaíonn 'Ola olóige úríon' ola olóige íon ag a bhfuil uas-aigéadacht shaor, i dtéarmaí aigéid oiléaigh, de 0,8 g in aghaidh 100 g, agus a gcomhlíonann a saintréithe eile iad siúd atá leagtha síos don chatagóir seo ag an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 75(2).

(b) Ola olóige íon

Ciallaíonn 'ola olóige íon' ola olóige íon ag a bhfuil uas-aigéadacht shaor, i dtéarmaí aigéid oiléaigh, de 2 g in aghaidh 100 g, agus a gcomhlíonann a saintréithe eile iad siúd atá leagtha síos don chatagóir seo ag an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 75(2).

(c) Ola olóige lampante

Ciallaíonn 'Ola olóige lampante' ola olóige íon ag a bhfuil aigéadacht shaor, i dtéarmaí aigéid oiléaigh, de níos mó ná 2 g in aghaidh 100 g, agus/nó a gcomhlíonann a saintréithe eile iad siúd atá leagtha síos don chatagóir seo ag an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 75(2).

(2) OLA OLÓIGE SCAGTHA

Ciallaíonn 'ola olóige scagtha' ola olóige a fhaightear trí ola olóige íon a scagadh, ag a bhfuil cion aigéadachta saoire, a shloinntear mar aigéad oiléach, nach mó ná 0,3 g in aghaidh 100 g, agus a gcomhlíonann a saintréithe eile iad siúd atá leagtha síos don chatagóir seo ag an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 75(2).

(3) OLA OLÓIGE — A CHOMHDHÉANTAR d'OLAÍ OLÓIGE SCAGTHA AGUS d'OLAÍ OLÓIGE ÍONA

Ciallaíonn 'OLA OLÓIGE — A CHOMHDHÉANTAR d'OLAÍ OLÓIGE SCAGTHA AGUS d'OLAÍ OLÓIGE ÍONA' Ola olóige a fhaightear trí ola olóige scagtha a mheascadh le hola olóige íon seachas ola olóige lampante, ag a bhfuil cion aigéadachta saoire, a shloinntear mar aigéad oiléach, nach mó ná 1 g in aghaidh 100 g, agus a gcomhlíonann a saintréithe eile iad siúd a leagtha síos don chatagóir seo ag an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 75(2).

(4) AMHOLA PHRABHAITE OLÓIGE

Ciallaíonn 'amhola phrabhaite oloige' ola a fhaightear ó phrabhaite olóige trína cóireáil le tuaslagóirí nó trí mhodhanna fisiceacha nó ola a fhreagraíonn d'ola olóige lampante, ach amháin saintréithe áirithe sonraithe, seachas ola a fhaightear trí ath-eistearúchán agus trí mheascáin le cineálacha eile ola, agus a gcomhlíonann a saintréithe eile iad siúd atá leagtha síos don chatagóir seo ag an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 75(2).

(5) OLA PHRABHAITE OLÓIGE SCAGTHA

Ciallaíonn 'OLA PHRABHAITE OLÓIGE SCAGTHA' Ola olóige a fhaightear trí amhola phrabhaite olóige a scagadh, ag a bhfuil cion aigéadachta saoire, a shloinntear mar aigéad oiléach, nach mó ná 0,3 g in aghaidh 100 g, agus a gcomhlíonann a saintréithe eile iad siúd atá leagtha síos don chatagóir seo ag an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 75(2).

(6) OLA PHRABHAITE OLÓIGE

Ciallaíonn 'OLA PHRABHAITE OLÓIGE' Ola a fhaightear trí ola phrabhaite olóige scagtha a mheascadh le hola olóige íon seachas ola olóige lampante, ag a bhfuil cion aigéadachta saoire, a shloinntear mar aigéad oiléach, nach mó ná 1 g in aghaidh 100 g, agus a gcomhlíonann a saintréithe eile iad siúd atá leagtha síos don chatagóir seo ag an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 75(2).

▼B

Foscríbhinn I

Criosanna fíonsaothrúcháin

Is iad seo a leanas a bheidh ina gcriosanna fíonsaothrúcháin:

(1) Is éard atá i gcrios fíonsaothrúcháin A:

(a) sa Ghearmáin: na limistéir ina bhfuil fíniúnacha curtha seachas iad siúd a áirítear i bpointe 2(a);

(b) i Lucsamburg: réigiún fíonsaothrúcháin Lucsamburg;

(c) sa Bheilg, sa Danmhairg, in Éirinn, san Ísiltír, sa Pholainn, sa tSualainn agus sa Ríocht Aontaithe: limistéir fíonsaothrúcháin na mBallstát sin;

(d) i bPoblacht na Seice: réigiún fíonsaothrúcháin Čechy.

(2) Is éard atá i gcrios fíonsaothrúcháin B:

(a) sa Ghearmáin, na limistéir ina bhfuil fíniúnacha curtha i réigiún sonraithe Baden;

(b) sa Fhrainc, na limistéir ina bhfuil fíniúnacha curtha sna ranna nach luaitear san Iarscríbhinn seo agus sna ranna seo a leanas:

— san Alsáis: Bas-Rhin, Haut-Rhin,

— sa Lorráin: Meurthe-et-Moselle, Meuse, Moselle, Vosges,

— in Champagne: in Champagne, Aisne, Aube, Marne, Haute-Marne, Seine-et-Marne,

— in Jura: Ain, Doubs, Jura, Haute-Saône,

— in Savoie: Savoie, Haute-Savoie, Isère (común Chapareillan),

— in Val de Loire: Cher, Deux-Sèvres, Indre, Indre-et-Loire, Loir-et-Cher, Loire-Atlantique, Loiret, Maine-et-Loire, Sarthe, Vendée, Vienne, agus na limistéir ina bhfuil fíniúnacha curtha in arrondissement Cosne-sur-Loire i roinn Nièvre;

(c) san Ostair, limistéar fíonsaothrúcháin na hOstaire;

(d) i bPoblacht na Seice, réigiún fíonsaothrúcháin Morava agus na limistéir ina bhfuil fíniúnacha curtha nach n-áirítear i bpointe 1(d);

(e) sa tSlóvaic, na limistéir ina bhfuil fíniúnacha curtha sna réigiúin seo a leanas: Malokarpatská vinohradnícka oblast, Južnoslovenská vinohradnícka oblast, Nitrianska vinohradnícka oblast, Stredoslovenská vinohradnícka oblast, Východoslovenská vinohradnícka oblast agus na limistéir fíonsaothrúcháin nach n-áirítear i bpointe 3(f);

(f) sa tSlóivéin, na limistéir ina bhfuil fíniúnacha curtha sna réigiúin seo a leanas:

— i réigiún Podravje: Štajerska Slovenija, Prekmurje,

— i réigiún Posavje: Bizeljsko Sremič, Dolenjska agus Bela krajina, agus na limistéir ina bhfuil fíniúnacha curtha sna réigiúin nach n-áirítear i bpointe 4(d);

▼B

(g) sa Rómáin, i limistéar Podișul Transilvaniei;

(h) sa Chróit, na limistéir ina bhfuil fíniúnacha curtha sna fo-réigiúin seo a leanas: Moslavina, Prigorje-Bilogora, Plešivica, Pokuplje agus Zagorje-Međimurje.

(3) Is éard atá i gcrios fíonsaothrúcháin C I:

(a) sa Fhrainc, na limistéir ina bhfuil fíniúnacha curtha:

— sna ranna seo a leanas: Allier, Alpes-de-Haute-Provence, Hautes-Alpes, Alpes-Maritimes, Ariège, Aveyron, Cantal, Charente, Charente-Maritime, Corrèze, Côte-d'Or, Dordogne, Haute-Garonne, Gers, Gironde, Isère (cé is moite de común de Chapareillan), Landes, Loire, Haute-Loire, Lot, Lot-et-Garonne, Lozère, Nièvre (ach amháin arrondissement Cosne-sur-Loire), Puy de-Dôme, Pyrénées-Atlantiques, Hautes-Pyrénées, Rhône, Saône-et-Loire, Tarn, Tarn-et-Garonne, Haute-Vienne, Yonne,

— in arrondissements Valence agus Die i roinn Drôme (ach amháin i gcantúin Dieulefit, Loriol, Marsanne agus Montélimar),

— in arrondissement Tournon, i gcantúin Antraigues, Burzet, Coucouron, Montpezat-sous-Bauzon, Privas, Saint-Etienne de Lugdarès, Saint-Pierreville, Valgorge agus la Voulte-sur-Rhône i roinn Ardèche;

(b) san Iodáil, na limistéir ina bhfuil fíniúnacha curtha i réigiún Valle d'Aosta agus i gcúigí Sondrio, Bolzano, Trento agus Belluno;

(c) sa Spáinn, na limistéir ina bhfuil fíniúnacha curtha i gcúigí A Coruña, Asturias, Cantabria, Guipúzcoa agus Vizcaya;

(d) sa Phortaingéil, na limistéir ina bhfuil fíniúnacha curtha sa chuid de réigiún Norte a chomhfhreagraíonn do limistéar ainmnithe fíona 'Vinho Verde' chomh maith le “Concelhos de Bombarral, Lourinhã, Mafra e Torres Vedras” (cé is moite de 'Freguesias da Carvoeira e Dois Portos'), a bhaineann leis an 'Região viticola da Extremadura';

(e) san Ungáir, na limistéir go léir ina bhfuil fíniúnacha curtha;

(f) sa tSlóvaic, na limistéir i Tokajská vinohradnícka oblasť; ina bhfuil fíniúnacha curtha;

(g) sa Rómáin, na limistéir ina bhfuil fíniúnacha curtha nach n-áirítear i bpointí 2(g) ná 4(f);

(h) sa Chróit, na limistéir ina bhfuil fíniúnacha curtha sna fo-réigiúin seo a leanas: Hrvatsko Podunavlje agus Slavonija.

(4) Is éard atá i gcrios fíonsaothrúcháin C II:

(a) sa Fhrainc, na limistéir ina bhfuil fíniúnacha curtha:

— sna ranna seo a leanas: Aude, Bouches-du-Rhône, Gard, Hérault, Pyrénées-Orientales (ach amháin i gcantúin Olette agus Arles-sur-Tech), Vaucluse,

— sa chuid de roinn Var a chuimsítear ó dheas le teorainn thuaidh chomúin Evenos, Le Beausset, Solliès-Toucas, Cuers, Puget-Ville, Collobrières, La Garde-Freinet, Plan-de-la-Tour agus Sainte-Maxime,

— in arrondissement Nyons agus i gcantún Loriol-sur-Drôme i roinn Drôme,

— sna codanna sin de roinn Ardèche nach liostaítear i bpointe 3(a);

▼B

(b) san Iodáil, na limistéir ina bhfuil fíniúnacha curtha sna réigiúin seo a leanas: Abruzzo, Campania, Emilia-Romagna, Friuli-Venezia Giulia, Lazio, Liguria, an Lombaird (ach amháin cúige Sondrio), Marche, Molise, Píomant, an Tuscáin, Umbria, Veneto (ach amháin cúige Belluno), lena n-áirítear na hoileáin a bhaineann leis na réigiúin sin, mar shampla Elba agus oileáin eile an oileánra Thuscánaigh, oileáin Ponziane, Capri agus Ischia;

(c) sa Spáinn, na limistéir ina bhfuil fíniúnacha curtha sna cúigí seo a leanas:

— Lugo, Orense, Pontevedra,

— Ávila (ach amháin na comúin a bhaineann leis an bhfíon ainmnithe "comarca" ó Cebreros), Burgos, León, Palencia, Salamanca, Segovia, Soria, Valladolid, Zamora,

— La Rioja,

— Álava,

— Navarra,

— Huesca,

— Barcelona, Girona, Lleida,

— sa chuid sin de chúige Zaragoza atá ó thuaidh ón Eabró,

— sna comunnes i gcúige Tarragona a áirítear in ►C2 ainmniúchán tionscnaimh ◄ Penedés,

— sa chuid sin de chúige Tarragona a bhaineann leis an bhfíon ainmnithe 'comarca' ó Conca de Barberá;

(d) sa tSlóivéin, na limistéir ina bhfuil fíniúnacha curtha sna réigiúin seo a leanas: Brda nó Goriška Brda, Vipavska dolina nó Vipava, Kras agus Slovenska Istra;

(e) sa Bhulgáir, na limistéir ina bhfuil fíniúnacha curtha sna réigiúin seo a leanas: Dunavska Ravnina (Дунавска равнина), Chernomorski Rayon (Черноморски район), Rozova Dolina (Розова долина);

(f) sa Rómáin, na limistéir ina bhfuil fíniúnacha curtha sna réigiúin seo a leanas:

Dealurile Buzăului, Dealu Mare, Severinului agus Plaiurile Drâncei, Colinele Dobrogei, Terasele Dunării, réigiún fíona an Deiscirt, lena n-áirítear réigiúin ghainimh agus réigiúin fhabhracha eile;

(g) sa Chróit, na limistéir ina bhfuil fíniúnacha curtha sna fo-réigiúin seo a leanas: Hrvatska Istra, Hrvatsko primorje, Dalmatinska zagora, Sjeverna Dalmacija agus Srednja i Južna Dalmacija.

(5) Is éard atá i gcrios fíonsaothrúcháin C III (a):

(a) sa Ghréig, na limistéir ina bhfuil fíniúnacha curtha sna nomoi seo a leanas: Florina, Imathia, Kilkis, Grevena, Larisa, Ioannina, Levkas, Akhaia, Messinia, Arkadia, Korinthia, Iraklio, Khania, Rethimni, Samos, Lasithi agus oileán Thira (Santorini);

(b) sa Chipir, limistéir ina bhfuil fíniúnacha curtha atá ag airdí os cionn 600 méadar;

(c) sa Bhulgáir, limistéir ina bhfuil fíniúnacha curtha nach n-áirítear i bpointe 4(e).

▼B

(6) Is éard atá i gcrios fíonsaothrúcháin C III (b):

(a) sa Fhrainc, na limistéir ina bhfuil fíniúnacha curtha:

— i ranna na Corsaice,

— sa chuid sin de Roinn Var atá suite idir an fharraige agus líne teorann chomúin Evenos, Le Beausset, Solliès-Toucas, Cuers, Puget-Ville, Collobrières, La Garde-Freinet, Plan-de-la-Tour agus Sainte-Maxime (ar comúin iad a áirítear),

— i gcantúin Olette agus Arles-sur-Tech i roinn Pyrénées-Orientales;

(b) san Iodáil, na limistéir ina bhfuil fíniúnacha curtha sna réigiúin seo a leanas: Calabria, Basilicata, Apulia, an tSairdín agus an tSicil, lena n-áirítear na hoileáin a bhaineann leis na réigiúin sin, amhail Pantelleria agus oileáin Lipari, Egadi agus Pelagie;

(c) sa Ghréig, na limistéir ina bhfuil fíniúnacha curtha nach liostaítear i bpointe 5(a);

(d) sa Spáinn: na limistéir ina bhfuil fíniúnacha curtha nach n-áirítear i bpointe 3(c) nó i bpointe 4(c);

(e) sa Phortaingéil, na limistéir ina bhfuil fíniúnacha curtha sna réigiúin nach n-áirítear i bpointe 3(d);

(f) sa Chipir, na limistéir ina bhfuil fíniúnacha atá ag airdí nach dtéann thar 600 méadar;

(g) i Málta, limistéir ina bhfuil fíniúnacha curtha.

(7) Is é atá i gcríochadóireacht na gcríoch a chuimsítear leis na haonaid riaracháin dá dtagraítear san Iarscríbhinn seo an chríochadóireacht a thagann ó na forálacha náisiúnta a bhí i bhfeidhm an 15 Nollaig 1981, agus i gcás na Spáinne, ó na forálacha náisiúnta a bhí i bhfeidhm an 1 Márta 1986 agus, i gcás na Portaingéile, ó na forálacha náisiúnta a bhí i bhfeidhm an 1 Márta 1998.

▼B

Foscríbhinn II

Saillte inleata

Grúpa saille	Tuairisc díolacháin	Catagóirí táirge
Sainmhínithe		Tuairisc bhreise ar an gcatagóir lena dtugtar léiriú ar an % de chion saille de réir meáchain
A. Saillte bainne Táirgí i bhfoirm eibleachta soladaí, intuargainte, den chineál uisce-in-ola den chuid is mó, a fhaightear ó bhainne agus/nó táirgí bainne áirithe, agus uathu sin amháin, arb í an tsaill an comhábhar bunriachtanach luacha iontu. Is ceadmhach, áfach, substaintí eile a theastaíonn chun iad a dhéanamh a chur leo, ar choinníoll nach n-úsáidtear na substaintí sin chun iad a chur in ionad, go huile nó go páirteach, aon chomhábhair bhainne.	1. Im	An táirge ina bhfuil cion saille bainne nach lú ná 80 % ach níos lú ná 90 %, ina bhfuil uaschion uisce 16 % agus ina bhfuil uaschion ábhair bhainne thirim neamhshaille 2 %.
	2. Im le trí cheathrú saille (*)	An táirge ina bhfuil cion saille bainne nach lú ná 60 % ach nach mó ná 62 %.
	3. Im leath-shaille (**)	An táirge ina bhfuil cion saille bainne nach lú ná 39 % ach nach mó ná 41 %.
	4. Leathán déiríochta X %	An táirge leis an gcion saille bainne seo a leanas: — níos lú ná 39 %, — níos mó ná 41 % ach níos lú ná 60 %, — níos mó ná 62 % ach níos lú ná 80 %.
B: Saillte Táirgí i bhfoirm eibleachta soladaí, intuargainte, den chineál uisce-in-ola den chuid is mó, a fhaightear ó shaillte soladacha agus/nó saillte leachtacha plandúla agus/nó ainmhíocha atá oiriúnach lena gcaitheamh ag an duine, ag a bhfuil cion saille bainne nach mó ná 3 % den chion saille.	1. Margairín	An táirge a fhaightear ó shaillte plandúla agus/nó ainmhíocha ina bhfuil cion saille nach lú ná 80 % ach níos lú ná 90 %.
	2. Margairín ina bhfuil trí cheathrú saille (***)	An táirge a fhaightear ó shaillte plandúla agus/nó ainmhíocha ina bhfuil cion saille nach lú ná 60 % ach nach mó ná 62 %.
	3. Margairín leath-shaille (****)	An táirge a fhaightear ó shaillte plandúla agus/nó ainmhíocha ina bhfuil cion saille nach lú ná 39 % ach nach mó ná 41 %.
	4. Leatháin saille X %	An táirge a fhaightear ó shaillte plandúla agus/nó ainmhíocha leis an gcion saille seo a leanas: — níos lú ná 39 %, — níos mó ná 41 % ach níos lú ná 60 %, — níos mó ná 62 % ach níos lú ná 80 %.

▼B

Grúpa saille	Tuairisc díolacháin	Catagóirí táirge
Sainmhínithe		Tuairisc bhreise ar an gcatagóir lena dtugtar léiriú ar an % de chion saille de réir meáchain
C. Saillte atá comhdhéanta de tháirgí plandaí agus/nó ainmhithe Táirgí i bhfoirm eibleachta soladaí, intuargainte, den chineál uisce-in-ola den chuid is mó, a fhaightear ó shaillte soladacha agus/nó saillte leachtacha plandúla agus/nó ainmhíocha atá oiriúnach lena gcaitheamh ag an duine, ag a bhfuil cion saille bainne idir 10 % agus 80 % den chion saille.	1. Cumasc	An táirge a fhaightear ó mheascán de shaillte plandúla agus/nó ainmhíocha ag a bhfuil cion saille nach lú ná 80 % ach níos lú ná 90 %.
	2. Cumasc le trí cheathrú saille (*****)	An táirge a fhaightear ó mheascán de shaillte plandúla agus/nó ainmhíocha ag a bhfuil cion saille nach lú ná 60 % ach nach mó ná 62 %.
	3. Cumasc leath-shaille (******)	An táirge a fhaightear ó mheascán de shaillte plandúla agus/nó ainmhíocha ag a bhfuil cion saille nach lú ná 39 % ach nach mó ná 41 %.
	4. Leathán cumaiscthe X %	An táirge a fhaightear ó mheascán de shaillte plandúla agus/nó ainmhíocha a bhfuil an cion saille seo a leanas ann: — níos lú ná 39 %, — níos mó ná 41 % ach níos lú ná 60 %, — níos mó ná 62 % ach níos lú ná 80 %.

(*) a fhreagraíonn do 'smør 60' sa Danmhairgis.
(**) a fhreagraíonn do 'smør 40' sa Danmhairgis.
(***) a fhreagraíonn do 'margarine 60' sa Danmhairgis.
(****) a fhreagraíonn do 'margarine 40' sa Danmhairgis.
(*****) a fhreagraíonn do 'blandingsprodukt 60' sa Danmhairgis.
(******) a fhreagraíonn do 'blandingsprodukt 40' sa Danmhairgis.

▼C2

Ní fhéadfar cion saille bainne na dtáirgí a liostaítear san Fhoscríbhinn seo a mhodhnú ach le próisis fhisiciúla.

▼B

IARSCRÍBHINN VIII

CLEACHTAIS FÍONEOLAÍOCHTA DÁ dTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 80

CUID 1

Saibhriú, aigéadú agus dí-aigéadú i gcriosanna fíonsaothrúcháin áirithe

A. **Teorainneacha saibhrithe**

1. I gcás ina bhfágann dálaí aeráide gur gá é i gcriosanna áirithe fíonsaothrúcháin an Aontais, féadfaidh na Ballstáit lena mbaineann cur le neart alcóil nádúrtha de réir toirte maidir le fíonchaor, úrfhíon fíonchaor, úrfhíon fíonchaor faoi choipeadh, fíon nua atá fós faoi choipeadh agus fíon a fhaightear ó chineálacha éagsúla fíonchaor is féidir a aicmiú de réir Airteagal 81.

2. Bainfear an méadú i neart alcóil nádúrtha de réir toirte amach trí na cleachtais fíoneolaíochta dá dtagraítear i Roinn B agus ní rachaidh sé thar na teorainneacha seo a leanas:

(a) 3 % de réir toirte i gcrios fíonsaothrúcháin A;

(b) 2 % de réir toirte i gcrios fíonsaothrúcháin B;

(c) 1,5 % de réir toirte i gcrios fíonsaothrúcháin C.

▼M5

3. I mblianta ina bhfuil dálaí aeráide an-mhífhabhrach, féadfaidh na Ballstáit an teorainn (na teorainneacha) a leagtar síos i bpointe 2 a ardú faoi 0,5 % mar eisceacht i gcás na réigiún lena mbaineann. Déanfaidh na Ballstáit fógra a thabhairt don Choimisiún i leith aon ardú den sórt sin.

▼B

B. **Próisis saibhrithe**

1. Ní dhéanfar an méadú i neart alcóil nádúrtha de réir toirte dá bhforáiltear i Roinn A ach amháin:

(a) i gcás fíonchaor úr, úrfhíona fíonchaor faoi choipeadh nó fíona nua atá fós faoi choipeadh, trí shiúcrós, úrfhíon fíonchaor tiubhaithe nó úrfhíon fíonchaor tiubhaithe coigeartaithe a chur leis;

(b) i gcás úrfhíona fíonchaor, trí shiúcrós, úrfhíon fíonchaor tiubhaithe nó úrfhíon fíonchaor tiubhaithe coigeartaithe a chur leis, nó trí thiúchan páirteach, lena n-áirítear cúlosmóis;

(c) i gcás fíona, trí thiúchan páirteach trí fhuarú.

2. Beidh na próisis dá dtagraítear i bpointe 1 comheisiatach i gcás ina bhfuil fíon nó úrfhíon fíonchaor saibhrithe le húrfhíon fíonchaor tiubhaithe nó úrfhíon fíonchaor tiubhaithe coigeartaithe agus inar íocadh cabhair faoi Airteagal 103y de Rialachán (CE) Uimh. 1234/2007.

3. Ní ceadmhach an siúcrós dá bhforáiltear i bpointí 1(a) agus (b) a chur leis ach amháin trí thirimshiúcrú agus sna limistéir seo a leanas:

(a) crios fíonsaothrúcháin A;

▼B

(b) crios fíonsaothrúcháin B;

(c) crios fíonsaothrúcháin C,

cé is moite d'fhíonghoirt, sa Ghréig, sa Spáinn, san Iodáil, sa Chipir, sa Phortaingéil, agus fíonghoirt i ranna na Fraince atá faoi dhlínse na gcúirteanna achomhairc in:

— Aix-en-Provence,

— Nîmes,

— Montpellier,

— Toulouse,

— Agen,

— Pau,

— Bordeaux,

— Bastia.

Féadfaidh na húdaráis náisiúnta saibhriú trí thirimshiúcrú a údarú, áfach, mar eisceacht sna ranna thuasluaite sa Fhrainc. Tabharfaidh an Fhrainc fógra don Choimisiún agus do na Ballstáit eile faoi aon údarú den sórt sin.

4. Ní mhéadófar toirt tosaigh fíonchaor brúite úr, úrfhíona fíonchaor, úrfhíona fíonchaor faoi choipeadh nó fíona nua atá fós faoi choipeadh, mar thoradh ar úrfhíon fíonchaor tiubhaithe nó úrfhíon fíonchaor tiubhaithe coigeartaithe a chur leo, faoi níos mó ná 11 % i gcrios fíonsaothrúcháin A, 8 % i gcrios fíonsaothrúcháin B agus 6,5 % i gcrios fíonsaothrúcháin C.

5. I gcás tiúchana úrfhíona fíonchaor nó fíona a chuaigh trí na próisis dá dtagraítear i bpointe 1:

(a) ní laghdófar toirt tosaigh na dtáirgí sin faoi níos mó ná 20 %;

(b) d'ainneoin phointe 2(c) de Roinn A, ní mhéadóidh sé neart alcóil nádúrtha na dtáirgí seo faoi níos mó ná 2 % de réir toirte.

6. Ní dhéanfaidh na próisis dá dtagraítear i bpointe 1 agus i bpointe 5 an neart alcóil iomlán de réir toirte, i gcás na bhfíonchaor úr, úrfhíona fíonchaor, úrfhíona fíonchaor faoi choipeadh, fíona nua atá fós faoi choipeadh, nó fíona, a mhéadú thar na céatadáin seo a leanas de réir toirte:

(a) 11,5 % i gcrios fíonsaothrúcháin A;

(b) 12 % i gcrios fíonsaothrúcháin B;

(c) 12.5 % i gcrios fíonsaothrúcháin C I;

(d) 13 % i gcrios fíonsaothrúcháin C II; agus

▼B

(e) 13.5 % i gcrios fíonsaothrúcháin C III.

7. De mhaolú ar phointe 6, féadfaidh Ballstáit an méid a leanas a dhéanamh:

(a) maidir le fíon dearg, uasteorainn neart alcóil iomlán de réir toirte na dtáirgí dá dtagraítear i bpointe 6 a ardú go 12 % de réir toirte i gcrios fíonsaothrúcháin A agus go 12,5 % de réir toirte i gcrios fíonsaothrúcháin B;

(b) maidir le táirgeadh fíonta le ►C2 hainmniúchán tionscnaimh ◄, neart alcóil iomlán na dtáirgí dá dtagraítear i bpointe 6 a ardú de réir toirte go leibhéal atá le cinneadh ag Ballstáit.

C. **Aigéadú agus dí-aigéadú**

1. D'fhéadfadh fíonchaora úra, úrfhíon fíonchaor, úrfhíon fíonchaor faoi choipeadh, fíon nua atá fós faoi choipeadh, agus fíon a bheith faoi réir na rudaí seo a leanas:

(a) dí-aigéadú i gcriosanna fíonsaothrúcháin A, B agus C I;

(b) aigéadú agus dí-aigéadú i gcriosanna fíonsaothrúcháin C I, C II agus C III (a), gan dochar do phointe 7; nó

(c) aigéadú i gcrios fíonsaothrúcháin C III (b).

2. Féadfar na táirgí, seachas fíon, dá dtagraítear i bpointe 1 a aigéadú suas le 1,50 g/l ar a mhéid a shloinntear mar aigéad tartarach, nó 20 milleachoibhéis in aghaidh an lítir.

3. Féadfar fíonta a aigéadú suas le 2,50 g/l ar a mhéid a shloinntear mar aigéad tartarach, nó 33,3 milleachoibhéis in aghaidh an lítir.

4. Féadfar fíon a dhí-aigéadú suas le 1 g/l ar a mhéid a shloinntear mar aigéad tartarach, nó 13,3 milleachoibhéis in aghaidh an lítir.

5. Féadfar úrfhíon fíonchaor atá beartaithe do thiúchan a dhí-aigéadú go páirteach.

6. D'ainneoin phointe 1, i mblianta ina bhfuil dálaí aeráide eisceachtúla, féadfaidh Ballstáit aigéadú na dtáirgí dá dtagraítear i bpointe 1 a údarú i gcriosanna fíonsaothrúcháin A agus B, faoi na coinníollacha dá dtagraítear i bpointí 2 agus 3.

7. Beidh aigéadú agus saibhriú, ach amháin trí mhaolú atá le glacadh ag an gCoimisiún trí bhíthin gníomhartha tarmligthe de bhun Airteagal 75(2), agus beidh aigéadú agus dí-aigéadú an táirge chéanna, ina bpróisis chomheisiatacha.

D. **Próisis**

1. Ní bheidh aon cheann de na próisis dá dtagraítear i Ranna B agus C údaraithe, cé is moite d'aigéadú agus dí-aigéadú fíonta, mura ndéantar iad faoi choinníollacha atá le cinneadh ag an gCoimisiún trí bhíthin gníomhartha tarmligthe de bhun Airteagal 75(2), nuair atá fíon nó aon deoch eile ó earnáil an fhíona a ceapadh lena chaitheamh ag an duine, seachas fíon súilíneach nó fíon súilíneach aeraithe sa chrios fíonsaothrúcháin inar saothraíodh na fíonchaora úra a úsáideadh, á dhéanamh as fíonchaora úra, úrfhíon fíonchaor, úrfhíon fíonchaor faoi choipeadh nó fíon nua atá fós faoi choipeadh.

▼B

2. Tarlóidh tiúchan na bhfíonta sa chrios fíonsaothrúcháin inar saothraíodh na fíonchaora úra a úsáideadh.

3. Ní tharlóidh aigéadú ná dí-aigéadú fíonta ach amháin agus fíon á dhéanamh agus sa chrios fíonsaothrúcháin inar saothraíodh na fíonchaora a úsáideadh chun an fíon atá i gceist a tháirgeadh.

4. Cuirfear na húdaráis inniúla ar an eolas maidir le gach ceann de na próisis dá dtagraítear i bpointí 1, 2 agus 3. Déanfar amhlaidh freisin maidir leis na cainníochtaí úrfhíona fíonchaor tiubhaithe, úrfhíona fíonchaor tiubhaithe coigeartaithe nó siúcróis a bhíonn á gcoinneáil ag daoine nó grúpaí daoine dlíthiúla nó nádúrtha i bhfeidhmiú a ngairme, go háirithe táirgeoirí, buidéalaithe, próiseálaithe agus ceannaithe, atá le socrú ag an gCoimisiún trí bhíthin gníomhartha tarmligthe de bhun Airteagal 75(2), ag an am céanna agus san áit chéanna le fíonchaora úra, úrfhíon fíonchaor, úrfhíon fíonchaor faoi choipeadh nó fíon ar an mórchóir. Féadfar na cainníochtaí seo a iontráil i gclár earraí isteach agus úsáid stoic seachas iad a fhógairt, áfach.

5. Déanfar gach ceann de na próisis dá dtagraítear i Ranna B agus C a thaifeadadh ar an doiciméad faoi iamh, mar a fhoráiltear in Airteagal 147, a bhfuil na táirgí a chuaigh trí na próisis curtha i gcúrsaíocht i gcomhréir leis.

6. Ní dhéanfar na próisis sin dá dtagraítear i Roinn B agus Roinn C, faoi réir maoluithe a bhfuil údar tugtha leo ag dálaí aeráide eisceachtúla, a chur i gcrích:

(a) tar éis an 1 Eanáir i gcrios fíonsaothrúcháin C;

(b) tar éis an 16 Márta i gcriosanna fíonsaothrúcháin A nó B, agus ní dhéanfar iad ach amháin le haghaidh táirgí an fhómhair fíonchaor díreach roimh na dátaí sin.

7. D'ainneoin phointe 6, is féidir tiúchan trí fhuarú agus aigéadú agus dí-aigéadú fíonta a dhéanamh i rith na bliana.

CUID II

Srianta

A. **Faisnéis Ghinearálta**

1. Ní chuirfear uisce sa bhreis leis an táirge in aon chleachtas fíoneolaíochta údaraithe, ach amháin i gcás inar gá leis mar gheall ar riachtanas teicniúil sonrach.

2. Ní chuirfear alcól sa bhreis leis an táirge in aon chleachtas fíoneolaíochta, ach amháin i gcás cleachtas a bhaineann le húrfhíon fíonchaor úr a fháil ina stoptar coipeadh trí alcól, fíon licéir, fíon súilíneach, fíon treisithe i gcomhair dríogtha agus fíon leathshúilíneach a chur leis.

3. Ní bhainfear úsáid as fíon atá treisithe i gcomhair driogtha ach amháin i gcomhair driogtha.

B. **Fíonchaora úra, úrfhíon fíonchaor agus sú fíonchaor**

1. Ní bhainfear úsáid as úrfhíon fíonchaor úr ina stoptar coipeadh trí alcól a chur leis ach amháin i rith céime ullmhúcháin táirgí nach dtiteann faoi chóid AC 2204 10, 2204 21 agus 2204 29. Tá sin gan dochar d'aon fhoráil níos déine ar féidir le Ballstáit a chur i bhfeidhm ar ullmhúchán táirgí ar a gcríoch féin, ar táirgí iad nach dtiteann faoi chóid AC 2204 10, 2204 21 agus 2204 29.

▼B

2. Ní dhéanfar fíon de shú fíonchaor ná de shú fíonchaor tiubhaithe ná ní chuirfear le fíon iad. Ní dhéanfar coipeadh alcólach orthu ar chríoch an Aontais.

3. Ní bhainfidh pointí 1 agus 2 le táirgí atá beartaithe chun táirgí a tháirgeadh, in Éirinn, sa Ríocht Aontaithe agus sa Pholainn, ar táirgí iad a thagann faoi réir chód AC 2206 00 a bhféadfaidh Ballstáit úsáid comhainm a cheadú ina leith, lena n-áirítear an sonrúchán díolacháin 'fíon'.

4. Ní chuirfear úrfhíon fíonchaor faoi choipeadh a uscadh ó fhíonchaora rísínithe ar an margadh ach amháin chun fíonta licéir a mhonarú agus sna limistéir fíonsaothrúcháin sin amháin ina raibh an úsáid sin traidisiúnta iontu an 1 Eanáir 1985, agus chun fíonta ó fhíonchaora ró-aibí a mhonarú.

5. Ní ceadmhach táirgí dá dtagraítear i gCuid II d'Iarscríbhinn VII a dhéanamh d'fhíonchaora úra, úrfhíon fíonchaor, úrfhíon fíonchaor faoi choipeadh, úrfhíon fíonchaor tiubhaithe, úrfhíon fíonchaor tiubhaithe coigeartaithe, úrfhíon fíonchaor ar cuireadh stop lena choipeadh trí alcól a chur leis, sú fíonchaor, sú fíonchaor tiubhaithe agus fíon, nó meascáin de na táirgí sin, de thionscnamh tríú tíortha, ná ní fhéadfar iad a chur le táirgí den chineál sin i gcríoch an Aontais.

C. **Fíonta a mheascadh**

Beidh toirmeasc ar chumasc fíona de thionscnamh tríú tír le fíon de chuid an Aontais agus ar chumasc idir fíonta de thionscnamh tríú tíortha, san Aontas.

D. **Fotháirgí**

1. Beidh toirmeasc ar róbhrú fíonchaor. Cinnfidh Ballstáit, ag cur dálaí áitiúla agus teicniúla san áireamh, an íoschion alcóil a bheidh sa mharc agus sa mhoirt tar éis bhrú na bhfíonchaor.

